O'Leary, Peter
Mo sgeal fein

UNIVERSITY OF TORONTO
3 1761 01474527 7

PB
1399
O54Z465
1914

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

mo sgéal féin

peadar ua laoġaire

Mo Sgéal Féin

LIBRARY

An t-Aṫair Peadar Ua Laoġaire
Canónaċ, S.P.
do sgríoḃ

An t-Aṫair Pádraic Ua Dóṁnaill, D.D.
Tiġearna Easbog Ráṫaboṫ
do sgríoḃ a ċeannṗort

Brún agus Ó Nualláin, Teor.
i mBaile Áṫa Cliaṫ i mBéal Feirste
i gCorcaiġ i bPortláirge

LIBRARY
19
AUG
1976
UNIVERSITY OF TORONTO

PB
1399
O54 Z465
1914

Fógarthar gach ceart ar cosnamh.

Clár na gCaibidiol.

		Leaṫanaċ
I.	Mo ṡínsear	1
II.	Lios Caragáin	9
III.	Rógairí	16
IV.	Clampar dlíġe	25
V.	Dá arm aigne	30
VI.	An gorta	36
VII.	Sgoil Ċaraig an ime	48
VIII.	Trí liaṫróidí duḃa	54
IX.	Sgoil Maġċromṫa agus Coláisde Ċolmáin	61
X.	Siuḃal na gcnuc	70
XI.	An Ṁangarta	76
XII.	Ar ṁullaċ na Mangartan	85
XIII.	Maġ Nuaḋat	94
XIV.	Baoġal ar an nGaeluinn	99
XV.	Gnó sagairt; agus teaċt na ḃfíníní	106
XVI.	"A Ḋia, saor Éire!"	116
XVII.	I gCill Ṡeanaiġ agus i gCill Úird	121
XVIII.	Séamus Fréiní, an foġluiḋe	130
XIX.	An staonaḋ ó'n ólaċán	136
XX.	Ár sgoil i Ráṫ Ċormaic	146
XXI.	I Maġċromṫa	152
XXII.	An sgoil sa Ráṫ	157
XXIII.	An LAND LEAGUE	160
XXIV.	Ataruġaḋ ar an saoġal	166
XXV.	Éagcóir agus díoġaltas agus smaċt-dliġṫe	174
XXVI.	"BARRY THE RAKE"	179
XXVII.	Tineóntaiṫe agus tiġearnaí	185
XXVIII.	"MADAM ANNE"	193
XXIX.	Baile Ṁistéala	198
XXX.	Ó Ḋún ar Aill go Caisleán Ua Liaṫáin	208
XXXI.	Obair Ċosanta na Gaeluinne	211
XXXII.	Onóir do'n obair	215

Mo Sgéal Féin

I

Mo Ṡínsear.

Sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle sé ċéad a dó do briseaḋ caṫ ar Ġaeḋlaiḃ agus ar an dá Aoḋ, Aoḋ ua Néill agus Aoḋ Ruaḋ ua Dóṁnaill, i n-aice Ċionntsáile. Ḃí naoi mbliana caiṫte an uair sin ag muintir na h-Éirean ag troid go dian i gcoinniḃ a naṁad ar son na h-Éirean agus ar son an Ċreidiṁ, agus i gcaiṫeaṁ na naoi mblian san do rugadar buaḋ ar na Gallaiḃ ins gaċ caṫ trom d'ár buaileaḋ eatarṫa go dtí an briseaḋ sin Ċionntsáile. Do loit an t-aon ḃriseaḋ amáin sin buaḋ na naoi mblian, agus ḃí Éire fé ċosaiḃ a naṁad airís.

Ansan do ġluais an cos-ar-bolg agus an t-éirleaċ, agus an feall i rioċt dlíġe, agus an t-éiṫeaċ i rioċt na fírinne ; na Gaeḋil d'á ruagaḋ a' talaṁ a sínsear nuair ná séanfaidís a gcreideaṁ, agus an talaṁ 'á ṫabairt do ropairiḃ iasaċta anall ó Ṡasana agus ó Albain ; go dtí gur ċuir déine na h-éagcóra féaċaint ar na Gaeḋlaiḃ eiriġe amaċ airís agus iaraċt eile do ḋéanaṁ ar iad féin a ċosaint ar a leiṫéid de léirsgrios.

Daċad blian tar éis ḃriseaḋ Ċionntsáile iseaḋ

d'eiriġeadar amaċ airís. Nuair a ḃí an t-eiriġe amaċ san d'á ḃeartuġaḋ iseaḋ aduḃairt file éigin :—

“ Ḃliain a daċad beiḋ aitean gan síol gan ḃláṫ,
'S an ḃliain i n'aice beiḋ Sasanaiġ sínte ar lár.”

Ḃa ró ḋóḃair go dtagaḋ an focal san fíor an uair sin. Ṫáinig Eoġan Ruaḋ ua Néill, mac driṫár d'Aoḋ ua Néill, anall go h-Éirinn, agus do cuireaḋ i gceannas Gaeḋal Ulaḋ é. Fear stuama, cróḋa, éirimeaṁail, oilte ar ċogaḋ agus ar ġnóṫaiḃ cogaiḋ, ab eaḋ é, mar ba ḋual dó ḃeiṫ. Ṫáinig mórán de ċlainn na n-uasal a díbireaḋ tar éis ḃriseaḋ Ċionn-tsáile, ṫánadar anall ó'n Spáinn agus ó'n ḃFrainnc agus ó áiteanaiḃ eile de'n Eúróip, agus níor ḃ'ḟada go raiḃ slóiġte líonṁara Gaeḋal ins gaċ cúig de ċúigiḃ na h-Éirean, agus iad “ ag seasaṁ a gcirt.” Do leanadar ag “ seasaṁ a gcirt ” go dtí gur ḋein Eoġan Ruaḋ ua Néill, ag an mBeinn mBorb, gníoṁ díreaċ de ṡaġas an ġníṁ a ḋein driṫáir a aṫar agus Aoḋ Ruaḋ ua Dóṁnaill ag Béal an Áṫa Buiḋe deiċ mbliana agus daċad roimis sin.

Ḃí uaisle Gaeḋal agus sean Ġall cruinniġṫe an uair sin i gCill Ċainniġ agus iad ag déanaṁ dliġṫe agus riaġalta do ṁuíntir na h-Éirean, agus gan ar ċumas ṁuíntir Ṡasana aon ċur isteaċ a ḋéanaṁ orta ná aon ċosg do ċur le n-a ngnó. Aċ nuair a rug Eóġan Ruaḋ ua Néill an buaḋ uaṫḃásaċ ag an mBeinn mBorb ṫáinig éaḋ ar ċuid des na h-uaisliḃ Gaeḋlaċa eile. I ndiaiġ ar ndiaiġ do ṁéaduiġ agus do leaṫanuiġ an fuaṫ agus an droċ aigne acu dó-san agus d'á ċéile. Ṫáinig easaontas, leis, sa Ċoṁairle, i gCill Ċainniġ, idir na Gaeḋil agus na

ṡean Ġaill. Ḋein an naṁaid gaċ aon diċeal, le feall agus le h-éiteaċ agus le cleasaiḋeaċt, ag séideaḋ fé gaċ taoḃ i gcoinniḃ an taoiḃ eile, ag taḃairt na leat-ḃfaḃar uata, na neite do tógfaḋ taoḃ agus ná tógfaḋ an taoḃ eile, go dtí gur ṁó an fuaṫ a ḃí ag uaisliḃ na Cóṁairle agus ag taoiseaċaiḃ na slóġ d'á ċéile 'ná mar a ḃí ag aon taoḃ acu do'n naṁaid. Tar éis naoi mbliain ḃí an gnó san Ċill Ċainniġ tuitite as a ċéile ċóṁ glan agus dá mba briseaḋ eile mar ḃriseaḋ Ċionntsáile a ḃéaḋ tagaite orta. Ansan ṫáinig Cromwell, agus do ḋein sé sin léirsgrios agus éirleaċ agus cos-ar-bolg, ar Ġaeḋlaiḃ agus ar an gcreideaṁ, agus ba neaṁníḋ an léirsgrios a lean briseaḋ Ċionntsáile seaċas é.

Tar éis ḃriseaḋ Ċionntsáile, bíoḋ gur ag na Gallaiḃ a ḃí an buaḋ, ḃí lán a gcroíḋe d'eagla acu roimis na Gaeḋlaiḃ. Mar ġeall ar an eagla san ḋeineadar síoṫċáin leó. Níor ṡíoṫċáin dáiríriḃ an tsíoṫċáin sin, áṁtaċ. Síoṫċáin ċun fill agus ċun uisge-fé-talaṁ ab eaḋ í. Ní raiḃ sí abfaḋ déanta nuair a ṫosnuiġ an feall. Do leig na Gaill orta go ḃfuaradar eólus ar eiriġe amaċ eile ḃeit beartuiġte ag uaisliḃ na nGaeḋal i gcoinniḃ na nGall agus i gcoinniḃ ríġ Sacsan. Coir ḃáis ab eaḋ an beartuġaḋ san dá ḃféadfaí é deiṁniuġaḋ. Ċun é deiṁniuġaḋ ní raiḃ le déanaṁ aċ breiṫ, 'n-a nduine agus 'n-a nduine, ar na h-uaisliḃ Gaeḋlaċa agus iad do ḃreiṫ anonn go Lúnduin agus iad do triail ṫall, agus dá dtaḃarfaí ciontaċ iad, an ċroċ a taḃairt dóiḃ. Do tuig na h-uaisle Gaeḋlaċa an cleas san. Ḃí ciall ċeannaiġ fáġalta acu go daingean um an dtaca san. Ḃí ḟios acu go maiṫ ná raiḃ aon ċoir

déanta acu, ná raiḃ aon eiriġe amaċ beartuiġte acu, ná aon ċuiṁneaṁ acu ar a leiṫéid ; ná raiḃ uata aċ cead suaiṁnis agus socaraċta tar éis a naoi mbliana cogaiḋ. Aċ ḃí 'ḟios acu, leis, nuair a curtí dlíġ Sasana i bfeiḋm ar ḋuine, nár ċosaint do'n duine sin macántaċt ná neaṁċiontaċt, go mór mór, má ba ḋuine é go raiḃ talaṁ nó tiġearnas nó saiḋ-ḃreas aige le cailleaṁaint.

Do ṫuig uaisle na nGaeḋal an níḋ sin go maiṫ an uair sin, agus do ṫeiṫeadar a' h-Éirinn sar a bféad-faí an cleas Gallda san a ḋ'imirt orṫa, iad do ṫriall agus iad do ḋaoraḋ agus iad do ċroċaḋ.

Nuair a ḃíodar imṫiġṫe ḃí áṫas ar an ríġ agus ar na Gallaiḃ. Níor ḃ'ḟearr leó rud a ḋeineadar uaisle na nGaeḋal 'ná teiteaḋ le n-a n-anam. Ḃí talaṁ breáġ fada fairsing Ċúig' Ulaḋ fágta 'n-a nḋiaiġ acu, ċóṁ maiṫ díreaċ agus ḃéaḋ sé fágta 'n-a nḋiaiġ acu dá bfanaidís agus go gcroċfaí iad. Sin a raiḃ ó'n naṁaid. Do ṫóg an naṁaid an talaṁ agus do roinneadar eatarṫa é.

D'imṫiġ na h-uaisle Gaeḋlaċa dob' aoirde an uair sin a' Cúig' Ulaḋ. Ḃí uaisle móra na Muṁan imṫiġṫe roimis sin. Níor ḟág san i n-Éirinn, ṫuaiḋ ná ṫeas, aċ na mion-uaisle agus na daoine boċta. Deiċ mbliana agus daċad 'n-a ḋiaiġ san, nuair a críoċnuiġeaḋ an léirsgrios a ḋein Cromwell, do deineaḋ iaraċt ṁarḃuiġteaċ ar ṡlioċt Gaeḋal go léir, idir uasal agus íseal, do ġlanaḋ a' talaṁ na h-Éirean amaċ, le díbirt nó le bás. Ní ġlacfaidís an creideaṁ nua pé meallaḋ ná marḃuġaḋ a déan-faí orta ċuige. Ní ġlacfaidís é ar ais ná ar éigin. Ċeap an naṁaid, d'á ḃríġ sin, ná raiḃ le déanaṁ leó aċ iad do ḋísgiuġaḋ ar fad. Ḃí a ċiall féin

ag an naṁaid sa ġnó san. Nuair a díbreaḋ na h-uaisle móra a' Cúig' Ulaḋ, d'ḟan talaṁ Ċúig' Ulaḋ ag an naṁaid. Dá ḃféadfaí slioċt Gaeḋal go léir do ṁarḃuġaḋ nó do ḋíbirt a' h-Éirinn, d'ḟágfaḋ san talaṁ na h-Éirean go léir ag an naṁaid. Isé an talaṁ a ḃí ó'n naṁaid, ar sgáṫ creidiṁ.

An léirsgrios a lean briseaḋ Ċionntsáile do luiġ sé go trom ar uaisliḃ móra na nGaeḋal, aċ ċuaiḋ a lán des na mion-uaisliḃ saor uaiḋ. Aċ nuair a táinig léirsgrios Ċromwell do luiġ sé ar an uile ḋuine de ṡlioċt na nGaeḋal, idir uasal agus íseal. Do leaṫ sé ar fuid na dúṫa go léir, isteaċ i ngleann-taiḃ uaigneaċa agus i n-áiteanaiḃ imiġéineaṁla, i dtreó nár ḟéad aon áit ná aon aicme daoine dul uaiḋ. Daoine a ḃí an uair sin 'n-a gcóṁnuiġe ins na h-áiteanaiḃ imigcéineaṁla san, agus go raiḃ a sínsear rómpa 'n-a gcóṁnuiġe ionta ar feaḋ na gcéadta blian agus na ḃfiċidí glún, go sáṁ agus go suaiṁneasaċ, saor ó ḃuaireaṁ agus ó ċruaḋtan na gcogaí a ḃí coitċianta ar siúḃal lasmuiċ díoḃ, do ṡrois léirsgrios Ċromwell iad. Do creaċaḋ agus do sgriosaḋ iad. An méid nár cuireaḋ ċun báis díoḃ doḃ' éigean dóiḃ teiteaḋ le n-a n-anam as na sean áiteanaiḃ cóṁnuiġte sin, beó boċt, agus imteaċt ar fuid an tsaoġail.

Ḃí an uair sin sa taoḃ tiar d' Uiḃ Laoġaire, sa Ṁuṁain, caisleán nár ró ṁór, agus Caisleán Ċaraig na Cora an ainim a ḃí air. Ḃí beirt driṫár 'n-a gcóṁnuiġe sa ċaisleán san. Diarmuid ua Laoġaire ab ainim do ḋuine acu, agus Conċuḃar ua Laoġaire ab ainim do'n duine eile. Do ṡrois an léirsgrios iad. B'éigean dóiḃ imteaċt, agus an caisleán agus

an ḋúṫaiġ d'ḟágailt ag coigcríoċ éigin iasaċta. Ṫánadar andeas go Baile Ṁúirne. Do ṗós duine acu bean de ṁuintir Ḋuinnín a ḃí 'n-a cóṁnuiġe ar na h-Ollánaiḃ, agus d'ḟan sé ansan. Do réir mar a h-innseaḋ dom doḃ' é sin Conċuḃar. Ċuaiḋ Diarmuid soir go h-áit ar a dtugtí Caraig na Ṁadraí, agus ċuir sé fé ann. Tamall 'n-a ḋiaiġ san do ċuaiḋ duine de ṡlioċt Ċonċuḃair ó-ṫuaiḋ go Dúṫ' Alla, agus ċuaiḋ sé ċun cóṁnuiġṫe ar an Mullaċ Ruaḋ, ċeiṫre ṁíle ar an dtaoḃ ṫuaiḋ de Ṡráid an Ṁuilinn, i n-aice Ċuilinn Uí Ċaoiṁ. Do ṗós sé sin bean ar a dtugtí Aoiḃlín an Réiḋleáin. Is dóiċ liom gur de ṁuintir Ċeallaċáin gur ḃ' eaḋ í. Ḃí mac acu san agus Conċuḃar ab ainim dó, agus fear ana ċiallṁar, ana stuaṁḋa, ab eaḋ é. Do ṗós sé bean de ṁuintir Icíḋe, inġean do Ṫaḋg ua h-Icíḋe, Taḋg ṁac Aindriais, a ḃí 'n-a ċóṁnuiġe ṫiar ar an Aṫán, ar ḃruaċ Aḃan Ṁóire. Neill ní Taiḋg a tugtí ar an inġín. Ḃí lán tiġe de ċlainn acu. Sioḃán ab ainim do ḋuine des na h-inġean-aiḃ.

Ḃí Diarmuid, fé mar a h-innseaḋ dom, 'n-a cóṁnuiġe ar Ċaraig na Madraí. Ḃí mac aige sin agus Conċuḃar ab ainim dó. Nuair a ḃí an Conċuḃar san pósta agus ag déanaṁ dó féin, ḃí buaċaill aimsire aige, agus Conċuḃar ab ainim do'n ḃuaċaill, leis, agus de ṁuintir Laoġaire ab eaḋ é, agus, d'á ḋeasgaiḃ sin, "Conċuḃar Máiġistir" agus "Conċuḃar Buaċaill" a tugtí ar an mbeirt. Ḃí clann ag an gConċuḃar Máiġistir sin, aċ cóṁ tiuġ agus a tagaidís do ġeiḃdís bás. Ḃí sé féin agus a bean go h-ana ḃuarṫa mar ġeall air sin. Do ṫárla, trát, go raiḃ súil le duine eile clainne acu. Ḃí an t-am

ag teacht, ach má bhí, do bhí an buaidhirt agus an t-eagla orta araon go n-imtheóchadh an leanbh san fé mar imthigh an chuid eile a tháinig roimis. Bhí an buaidhirt agus an t-eagla ar an máthair chómh mór san gur baoghal, dá mba ná béadh aon chúis eile chun na díobhála dhéanamh, nár bheag an buaidhirt aigne chuige. Raint laethanta sar a dtáinig an t-am chun na clainne theacht, do bhuail chúcha an dorus isteach bean ná feacaidh aoinne acu riamh roimis sin. D'fhiafraigh fear an tíghe dhi cár b' as í.

"Thánag abhfad ó bhaile anso chúghaibh," ar sisi, "adtuaidh ó Chill Dara."

Ansan d'fheuch sí ar an mnaoi.

"Ná bíodh aon bhuaidhirt ná aon eagal ort an turus so," ar sisi. "Mairfidh an t-é atá ag teacht anois, ach is ar aon choinghill amháin é," ar sisi. "Tugtar ainim chúil le cine air, agus mairfidh sé."

Nuair a bhí an méid sin ráidhte aici d'imthigh sí uatha an dorus amach, agus ní feacaidh aoinne í, beó ná marbh, sa n-áit 'n-a dhiaigh san.

Níor bh'fhada go dtáinig an chlann; mac óg. Conchubhar nó Diarmuid nó Art nó Céadach nó Fear, na h-ainmneacha do bhain leis an gcine; ach do tugadh Barnabí ar an mac san, ainim nár h-airigheadh riamh roimis sin ar aoinne de mhuintir Laoghaire. Tháinig mac eile 'n-a dhiaigh. Do leanadh ar an gcúl le cine, agus do tugadh Peadar mar ainim air. Do mhair an beirt, agus do dhein fir móra maithe díobh. Do phós Barnabí agus bhí beirt mhac aige. Thug sé Diarmuid ar dhuine acu, i n-aimhdheóin an chúil le cine, agus thug sé Peadar ar an mac eile, ainim a dhritháir.

Nuair a bhí an beirt mhac san eirighthe suas b' éigean

do Ḃarnabí imṫeaċt ó Ċaraig na Madraí. Níor ḟéadas riaṁ a ḋéanaṁ amaċ cad é an ċúis.

Sa n-am gcéadna san ḃí 'n-a ċóṁnuiġe tuaiḋ ar Ġleann Daiṁ, ag bun Ṁullaċ an Ois, fear n-ar b' ainim dó Diarmuid ua Tuaṫaiġ. Ḃí beirt inġean aige, Sioḃán ní Ṫuaṫaiġ agus Máire ní Ṫuaṫaiġ. Tá ar an dtaoḃ ṫeas de Ġleann Daiṁ baile gur b' é ainim atá air 'ná Lios Caragáin. Ḃí an baile sin 'n-a talaṁ anáirde le linn Ḃarnabí uí Laoġaire agus a ḃeirt ṁac a ḃeiṫ ag imṫeaċt ó Ċaraig na Madraí. Do ṫóg Diarmuid ua Tuaṫaiġ an talaṁ san a ḃí anáirde, agus ḋein sé dá ḟeirm de, agus ṫug sé an dá ḟeirm d'á ḃeirt inġean, do Ṡioḃán agus do Ṁáire. Ḃí meas ana ṁór aige ar ḃeirt ṁac Ḃarnabí uí Laoġaire. Ḋein sé dá ċleaṁnas leó. Ṫug sé Sioḃán do Ḋiarmuid agus ṫug sé Máire do Ṗeadar, agus ċuir sé isteaċ sa dá ḟeirm ar Lios Caragáin iad ċun cóṁnuiġṫe. Ḃí féar bó agus fiċe ins gaċ feirm díoḃ, agus ḃí an dá lánaṁain óg láidir, ábalta ar pé tairḃe a ḃí sa talaṁ do ḃaint as. Níor ṫalaṁ maiṫ é. Talaṁ fiain fliuċ ab eaḋ an ċuid ba ṁó ḋé. Aċ do tógaḋ dá líon-tiġe ṁóra maiṫe ċreideaṁnaċa air. Ḃí lán tiġe de ċlainn ag gaċ lánaṁain acu. Ḃí cúig duine déag nó sé duine déag clainne ag Peadar agus ag Máire ní Ṫuaṫaiġ. Diarmuid ab ainim do'n ṁac ba ṡine a ḃí ag Peadar.

Nuair a ṫáinig an t-am ċuige do ṫráċtaḋ ar ċleaṁnas idir an Diarmuid sin agus Sioḃán ní Laoġaire, an inġean úd Ċonċubair uí Laoġaire a ḃí an uair sin 'n-a ċóṁnuiġe tuaiḋ ar an Mullaċ Ruaḋ, i n-aice Ċuilinn Uí Ċaoiṁ. Do tuigeaḋ gur ṁaiṫ an cleaṁnas le déanaṁ é. Do tuigeaḋ leis, go raiḃ an gaol ann, agus go mb' ḟéidir nár ḃ' ḟoláir col do

réiḋteaċ sar a nḋéanfaí an pósaḋ. Do cóṁairiġeaḋ an gaol, ar an dá taoḃ, siar go dtí an ḃeirt driṫár. Diarmuid óg agus Concuḃar ua Laoġaire, an ḃeirt úd a díḃreaḋ a' Caisleán Ċaraig na Cora; agus do fuaraḋ, ó'n gcóṁaireaṁ, go raiḃ an gaol, ar gaċ taoḃ, níba ṡia amaċ 'ná an cúigṁaḋ glúin. Do deineaḋ an cleaṁnas. Do pósaḋ Diarmuid Ruaḋ ua Laoġaire, mac do Ṗeadar ua Laoġaire agus do Ṁáire ní Ṫuataig ar Lios Caragáin, le Sioḃán ní Laoġaire, inġean do Ċoncuḃar ua Laoġaire agus do Neill ní Icíde, a ḃí ar an Mullaċ Ruaḋ. Sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle oċt gcéad tríoċad a naoi, ḃí mac ag an mbeirt sin. Mise an mac san.

II

Lios Caragáin

Ḃí oċtar mac agus oċtar inġean ag Ṗeadar ua Laoġaire agus ag Ṁáire ní Ṫuataig, mo ṡean-aṫair agus mo ṡeana-ṁáṫair. Ḃí dá ḟeirm ṫailiṁ acu, an ḟeirm ar Lios Caragáin, féar bó agus fiċe, agus feirm eile ṫíos ar Ċill Ġobnatan, féar cúig cinn déag de ḃuaiḃ. Ḃí san mait go leór, aċ níor ró ṁór an saoġaltas é ċun sé duine déag clainne do tóġaint air agus do ċur i gcríċ as. Dá maireaḋ an t-aṫair go dtí go mbéaḋ sé suas le deiċ mbliana agus trí fiċid nó mar sin, b' ḟéidir go bḟéadfaḋ sé rud éigin fóġanta déanaṁ do'n ċlainn; aċ ṫáinig

an bás air, slán mar a n-innstear é, nuair ná raiḃ sé aċ oċt mbliana agus daċad. D'á ġioraċt í an aimsir a fuair sé ċuige, ḃí an ċuid ba ṁó de'n ċlainn inġean curta i gcríċ aige sar a ḃfuair sé bás, agus iad curta i gcríċ go maiṫ aige. Ní raiḃ aige le déanaṁ do'n ċlainn ṁac aċ an talaṁ do raint eatarta. D'ḟág sé Lios Caragáin le h-udaċt ag ceaṫrar acu, a leaṫ ag beirt agus an leaṫ eile ag an mbeirt eile. Fuair duine de'n ċeaṫrar san bás go luaṫ i ndiaiġ an aṫar. Ansan do ḋein an triúr a ḃí 'n-a ḋiaiġ trí treana de'n ḟeirm eatarta féin, i dtreó ná raiḃ aċ féar seaċt mbó ag an nduine acu. Duine de'n triúr san ab eaḋ m' aṫair-se.

Déarfaḋ duine nár ṁaiṫ an ċiall d'aon ḟear óg bean do ṫabairt leis agus é féin do ṡocaruġaḋ ċun cóṁnuiġṫe ar ḟeirm beag de'n tsórd san, féar seaċt mbó, agus gan ann aċ droċ talaṁ. Gan aṁras níor ṁaiṫ an ċiall dó é dá mbéaḋ caoi aige ar a ṁalairt de ṡocaruġaḋ a ḋéanaṁ dó féin, aċ ní raiḃ. Ní raiḃ aon ḟéaċaint suas an uair sin ag aoinne de ṁuíntir na h-Éirean aċ an talaṁ. Ḃíodar féin agus a sínsear, an uair sin agus ar feaḋ na gcéadta blian roimis sin, gearta amaċ glan ó aon tsaġas eile sliġe beaṫa aċ aṁáin ḃeiṫ ag obair ar an dtalaṁ ag déanaṁ cíosa do ṁáiġistiriḃ ; agus do gearfaí amaċ ó'n sliġ ḃeaṫa san, leis, iad, aċ nár ḃ' féidir aon daoine eile ḋ'ḟáġail a ḋ'ḟéadfaḋ oiread cíosa ḋéanaṁ as an dtalaṁ agus a ḋ'ḟéadaidís sin a ḋéanaṁ. D'á éaġmuis sin, nuair a pósaḋ m' aṫair agus mo ṁáṫair ní raiḃ an sgéal i n-aon ċor ċóṁ h-olc ag feirmeóiriḃ na h-Éirean agus ḃí sé aċu tamall 'n-a ḋiaiġ san. Ḃí prátaí ag fás agus ḃí airgead maiṫ le fáġail ar im. Déanfaḋ an t-ím an

cíos, agus ansan ḃéaḋ gaċ aon toraḋ eile d'á mbainfí as an dtalaṁ, ḃéaḋ sé ag an ḃfeirmeóir dó féin. Do ċotóċaḋ na prátaí agus an bainne an lín-tíġe, agus ċuirfeaḋ stráice lín agus an olan a ḃéaḋ ar ṫrí cinn de ċaoiriḃ balcais éadaiġ orta.

Is fíor go mbíoḋ droċ ṁeas an uair sin ar an bpráta agus ar an mbraon bainne mar ḃiaḋ. Aċ tá so le ráḋ agam-sa anois, ag féaċaint siar dom ar an aimsir sin agus ar an mbiaḋ sin, agus ar na daoine a tógaḋ leis an mbiaḋ sin. Na fir agus na mná a ḃí an uair sin i n-Éirinn ba ṫreise agus ba ḋeaġṡláintiġe iad go mór 'ná na fir agus na mná atá ann anois. Ní feictí ċoiḋċe an uair sin cailín ná buaċaill gan lán béil d'ḟiacalaiḃ breaġṫa láidire geala istiġ i gceann gaċ duine acu, agus gaċ fiacal acu san ċóṁ cruaiḋ ċóṁ daingean le caraig cloiċe. Cad a ċítear anois? Ní túisge a ḋ'ḟásaid na fiacala i mbéalaiḃ na leanḃ 'ná siúd ag dreóġaḋ agus ag feóċaḋ iad láiṫreaċ, agus ag imṫeaċt 'n-a smúsaċ, agus go gcaiṫtear fiacala bréagaċa do ċur isteaċ nó ní ḟéadfaḋ an leanḃ biaḋ d'iṫe i n-aon ċor! Cad a ċuirean an dreóġaḋ agus an feóċaḋ ar na fiacalaiḃ? Cuirean an droċ ġoile. Agus cad fé ndear an droċ ġoile? Cad fé ndear é aċ an biaḋ ḃeiṫ mí-ḟoláin. Agus an biaḋ mí-ḟoláin sin a ḋeinean an t-éirleaċ san ar na fiacalaiḃ, ar nóin tá ḟios ag an saoġal go ndeinean sé díoḃáil ṁór do'n ċolainn go léir. Tá ḟios ag an saoġal náċ féidir do leanḃ, do ġarsún nó do ċailín ḃeag, sláinte ċeart a ḃeiṫ acu nuair a ḃíd na fiacala ag leaġaḋ ar an gcuma san amaċ as an gceann acu. Dá mb' áil leó an tae agus an ḃulóg ḃán do ċaiteaṁ uaṫa, agus cromaḋ airís ar an bpráta agus ar an mbainne do ċaiteaṁ mar

ḃiaḋ agus mar ḋiġ, nó ar an arán cruiṫneaċtan d'iṫe i n-inead na bulóige báine, ḃéaḋ fiacala agus goile agus sláinte acu mar a ḃíoḋ agá sinsear.

Is dóiċ liom gur b' é cuiṁne is sia am' ċeann mé ḃeiṫ ar a baclainn ag mnaoi éigin, ní cuiṁin liom anois cé 'rḃí. Ḃí sí 'n-a seasaṁ ar aġaiḋ an doruis isteaċ, i dtreó go raiḃ raḋarc agam-sa an dorus amaċ agus anonn ar an mbaile ar a dtugtí an Ċaṫairín Duḃ, agus ar an gcnuc ar a dtugtí an Doire Liaṫ. Ḃí, agus tá fós, drom fada fiacalaċ bearnaċ ar an gcnuc san, agus is cuiṁin liom go maiṫ mé ḃeiṫ ag déanaṁ iongnaḋ des na fiacalaiḃ, agus des na bearnaċaiḃ a ḃí eatarta, agus 'ġá fiafraiġe díom féin cad fé ndear iad a ḃeiṫ ċóṁ garḃ san i ndrom an ċnuic sin. Is cuiṁin liom, 'n-a ḋiaiġ san, conus mar a ċuireas aiṫne ar ċnuc atá lastuaiḋ de'n Doire Liaṫ agus gurḃ' é ainim a tugtí air 'ná an Ċura Liaṫ. Tamall 'n-a ḋiaiġ san airís is cuiṁin liom go ḃfeicinn, soir ó-ḋeas ó n-ár ndorus féin, tiġ agus crainn ṁóra 'n-a tímpal, agus go ndeirtí liom gur b' é sin tiġ Sioḃán ní Ḃuaċalla ar Ḃán an tSeana Ċnuic, nó, Ḃárr an tSeana Ċnuic, ní ḟeadar cé' cu. Ḃí mac ag Sioḃán ní Ḃuaċalla, agus Conċuḃar ua Corcarta ab ainim dó. Ċuireas aiṫne air nuair a ḃíomair araon éiriġte suas. Fear galánta creideaṁnaċ ab eaḋ é, agus cóṁarsa maiṫ.

Tar éis raint aimsire ḃíos ábalta ar ġaḃáil amaċ sa ċlós agus ar ḋul soir go cúinne na h-ioṫlann, i dtreó go mbíoḋ raḋarc agam, ní h-aṁáin anonn ar an gCaṫairín agus ar an nDoire Liaṫ agus soir ó-ṫuaiḋ ar an gCura Liaiṫ, aċ anonn, leis, ar ár gcuid tailiṁ féin go léir. Níor talaṁ fóġanta é. Ḃí an ċuid ba ṁó dé fiain, gan saoṫruġaḋ riaṁ. Ḃí bóṫar ó

cúinne na h-iotlann anonn go dtí áit ar a dtugtí Bara na Réiḋe, mar a dtáinig bóiṫrín eile crosta air. Ḃí tiġ beag ag an gcrois sin agus Peig na Croise a tugtí ar ṡeana ṁnaoi a ḃí 'n-a cóṁnuiġe sa tiġ ḃeag san. Seana ḃean ḋeas ġráḋṁar ab eaḋ í. Is minic 'n-a ḋiaiġ san a tugas tamall de lá 'n-a tiġ beag ag caint léi. Ní raiḃ aon focal Béarla aici, aċ ḃí Gaeluinn ana ḃreaġ ana ḃlasta aici. Beannaċt Dé le n-a h-anam!

Cúinne na Réiḋe a tugtí mar ainim ar an gcúinne de'n réiḋ a ḃí ar an dtaoḃ eile de'n ḃóṫar ó tiġ Peig na Croise. Linne ab eaḋ an réiḋ sin. Réiḋ gan puinn tairḃe ab eaḋ í. Ní raiḃ ag fás uirṫi aċ fraoċ, agus ní puinn dé sin féin a ḃí ag fás uirṫi. Do ḃriseaḋ isteaċ 'n-a ḋiaiġ san an cúinne de'n réiḋ sin a ḃí i n-aice na croise, agus Páircín Ċúinne na Réiḋe a tugaḋ mar ainim ar an bpáircín a deineaḋ ann.

Tamall beag siar ó-tuaiḋ ó Páircín Ċúinne na Réiḋe, agus ó tiġ ḃeag Peig na Croise, ḃí tiġ beag eile agus ḃí mac do Peig na Croise 'n-a ċóṁnuiġe ann. Ḃí sé pósta ag mnaoi de ṁuintir Ċriaḋáin. Máire Ruaḋ a tugtí ar an mnaoi sin. Laḃrás ab ainim do'n fear, do ṁac Peig na Croise, Laḃrás ua Duinnín. Ḃí inġean ag an mbeirt sin agus Peig ab ainim di. Peig Laḃráis a tugtí uirṫi. Ní raiḃ aon focal Béarla aici, ná agá h-aṫair. Siní an cailín beag a ḃíoḋ ag innsint na sgéal dúinn. Isí d'inis an sgéal san Ṡéadna dúinn. Ḃíos féin ag éisteaċt léi 'gá innsint. Ḃíomair go léir óg go maiṫ an uair sin. Do ċoimeádas an sgéal am' ċeann, agus do ċuireas síos i leaḃar é mórán blianta 'n-a ḋiaiġ san. Ní dóiċ liom go ḃfuil aon rian de tiġ Peig

na Croise le feisgint ag an gcrois anois, ná aon ṗioc de rian an tíġe ḃig eile aċ cóṁ beag. Ní ḟeadar cá ḃfuil Peig Laḃráis anois, ná an mairean sí i n-aon ċor. Tá Laḃrás féin agus Máire Ruaḋ tar éis ḃáis le mórán aimsire, gura maiṫ an ṁaise ḋ'á n-anam é !

D'airiġeas rud a ḋein Máire Ruaḋ nuair a ḃí an ḋroċ ṡaoġal ann, agus b' ḟéidir nár ṁisde é ḋ'innsint anso. Ar an ngarraiḋe prátaí iseaḋ ṁaireaḋ gaċ aon duine boċt an uair sin, agus ar pé ḃraon bainne a ġeiḃeaḋ sé ó'n ḃfeirmeóir go mbíoḋ slíġ fir oibre aige uaiḋ. Ṫugaḋ an feirmeóir leaṫ-acra tailiṁ leasuiġṫe do'n ḟear oibre, agus do ḋíolaḋ an fear oibre cíos an tíġe ḃig, agus pé rud a ḃíoḋ le díol as an leaṫ-acra, leis an obair a ḋeineaḋ sé do'n ḟeirmeóir. Ḃíoḋ an bata scóir acu, agus ċoimeádaidís araon an cúntas ar an mbata scóir. Is aṁlaiḋ a ḃíoḋ an bata scóir 'n-a ḋá leaṫ ar a ḟaiḋ, agus leaṫ acu ag an ḃfear oibre agus an leaṫ eile acu ag an ḃfeirmeóir. Nóair a ḃíoḋ an cúntas acu le cur síos, do ṫagaidís i ḃfoċair a ċéile agus a leaṫ féin de'n ḃata ag gaċ duine acu. Ansan, cuir i gcás go mbéaḋ cúig lá oibre déanta ag an ḃfear oibre, do ṡínfidís an dá leaṫ-ḃata suas le n-a ċéile, agus do ġearfaḋ duine acu cúig scóir le sgiain ar an dá leaṫ-ḃata, scór, nó fáibre, i n-aġaiḋ gaċ lae oibre d'ár deineaḋ. Do gearfaí na fáibrí i dtreó go luiġfeaḋ an sgian ar an dá leaṫ-ḃata i n-aonfeaċt, agus go mbéaḋ gaċ fáibre gearṫa isteaċ ionta araon. Ansan do ċoimeádfaḋ gaċ aoinne a leaṫ féin de'n ḃata scóir, agus níor ḃ'ḟéidir d'aoinne acu éagcóir a ḋéanaṁ ar an nduine eile, mar níor ḃ' ḟéidir scór do ġearaḋ amaċ 'ná scór do ċur

isteaċ gan an dá leaṫ-ḃata do ṡíneaḋ le ċéile airís, agus nuair a sínfí le ċéile iad do ċaiṫfeaḋ na páibrí teaċt isteaċ le n-a ċéile cruinn, pé mar a gearaḋ iad ar dtúis.

Sar a dtáinig an duḃ ar na prátaí bíoḋ an toraḋ ċóṁ maiṫ san go mbíoḋ a ndóiṫin mór bíḋ, i gcóir na bliana, ag lín-tíġe ná béaḋ ró ṁór, sa méid prátaí a ḃéaḋ sa leaṫ-acra tailiṁ leasuiġte. Dá mbéaḋ lín-tíġe mór ann ní ḃéaḋ acu aċ breis tailiṁ leasuiġte do ḃeiṫ sa ġaraiḋe acu. Ní raiḃ aon ċuiṁneaṁ acu ar aon tsaġas eile bíḋ, agus dá mbéaḋ féin ní raiḃ aon ḟáġail acu air. D'ḟág san i bpúnc uaṫḃásaċ iad nuair a ṫáinig an duḃ ar na prátaí.

Aċ i dtaoiḃ Ṁáire Ruaḋ. Ḃí an garaiḋe aici féin agus ag Labrás. Ṫáinig an duḃ air. D'airiġeas í féin 'ġá innsint conus mar a ċaiṫ sí an lá ag féaċaint ar an ngaraiḋe, nuair a ḃí na gais ag loḃaḋ agus ag tuitim, agus í ag gol, agus ná féidir sí an doṁan cá ḃfaiġdís aon ruḋ le n-iṫe. Ní raiḃ aon ṁaiṫ sa ġaraiḋe. Nuair a ḃí pé rainc bíḋ a ḃí sa tiġ iṫte acu, do ġoill an t-ocras ar Labrás boċt. Ṫáinig dataċa air. Ní ḟéadfaḋ sé eiriġe as an leabaiḋ. B' éiġean do Ṁáire gabáil amaċ ag "soláṫar," mar a deirtí, .i. a d'iaraiḋ déarca. D'imṫiġeaḋ an ḃean san amaċ ar maidin, agus í ar dúḃ-ċéalacan, agus téiġeaḋ sí siar go Claedig, treasna na gcnuc, ceaṫair nó cúig de ṁíltiḃ sliġe. Ḃí daoine muinntearṫa éigin ansan aici. Do ṫugtí galúinín bainne di. Ṫugaḋ sí léi abaile an galúinín bainne sin. Ċuireaḋ sí ar an dteine é go dtí go ndeineaḋ gruṫ agus meaḋg dé. Ansan do ṫugaḋ sí an gruṫ do Labrás agus d'ólaḋ sí féin an meaḋg. Do lean an ḃean san ag déanaṁ an ġníṁ sin go dtí

go ḃfuair Labrás boċt bás. Ní ḟeadar-sa cá raiḃ an "bean uasal" eile do ḋéanfaḋ an uair sin é. An creideaṁ láidir a ḃí istiġ 'n-a croiḋe, isé ċuir ḟéaċaint ar Ṁáire Ruaḋ an gníoṁ san do ḋéanaṁ.

Aċ ní raiḃ aon ċuiṁneaṁ ag aoinne i n-Éirinn ar Prátaiḃ dúḃa an céad lá úd a ṡeasuiġeas-sa ag cúinne na h-iotlann ag féaċaint anonn ar tiġ Peig na Croise, agus ar Páircín Ċúinne na Réiḋe, agus ar tiġ Ṁáire Ruaḋ, agus ar na páirceanaiḃ beaga eile atá uaiḋ siar, Páirc na dTulaċán agus Páirc na Luaċra; agus ar an gCnucán Ruaḋ, agus ar an gcaidséar atá déanta, anuas tríd an gCnucán Ruaḋ agus tríd an bportaċ, ag srután a ṫagan anuas ó'n gCura Liaṫ. Táid siad go léir ansúd fós díreaċ mar a ḃíodar an céad lá a ḋ'ḟéaċas-sa anonn orṫa ó ċúinne na h-iotlann. Táid siad go fuar agus go fiain agus go boċt, aċ má táid féin, is orṫa is fearr liom ḃeiṫ ag cuiṁneaṁ anois nuair a ḃíon uain agam ar ċuiṁneaṁ, mar is orṫa agus ar a ndéanaṁ a ḃíos ag cuiṁneaṁ an céad uair riaṁ a h-innseaḋ dom gur ḃ' é Dia a ḋein an doṁan.

III

RÓGAIRÍ

Do ṫéiḋinn soir go minic go cúinne na h-iotlann, aċ dob' ḟada go ndeaġas tairis sin soir. Ḃí blúire beag de ṫalaṁ gan daingean lastuaiḋ de'n iotlainn, agus an Seana Ṁaċa a tugtí air. Ní raiḃ aon ċeart

ag aoinne ṡeaċas a ċéile ċun an tSeana Ṁaca, mar níor ḃ' ḟiú aon rud é. Ḃí daoine 'n-a gcóṁnuiġe i dtiġ a ḃí lastiar d'ár dtiġ-ne. De ṁuintir Iarlaiṫe ab eaḋ iad. Ḃíoḋ géana ṁuintir Iarlaiṫe ar an Seana Ṁaca go minic. Ḃí ar na géanaiḃ sin gandal mór bán, "sgafaire gléigeal gandail," agus ni raiḃ an beiṫiġeaċ allta san le fáġail, sa n-Aifric ṫeas ná ins na h-Indiaṫaiḃ ṫoir ná i n-aon ṗáirt eile de'n doṁan, a ḋ'ḟéadfaḋ sgannraḋ do ċur i gcroiḋe aon duine mar an sgannraḋ do ċuireaḋ an rógaire gandail sin am' ċroiḋe-se an uair sin. Nuair a ṫagainn go cúinne na h-ioṫlann agus nuair a ċinn na géana ar an Seana Ṁaca, do riṫinn ṫar n-ais ċóṁ géar agus do ruiṫfeaḋ duine ó león buiḋe nó ó león breac. Dá mbéaḋ na géana abfad suas uaim d'ḟanfainn tamall, b'ḟéidir, ag féaċaint orṫa, aċ ḃíoḋ mo ċeann cromṫa agam agus mé ar sgáṫ na caraige sar a' bfeicfeaḋ an gandal mé. Uaireanta ḃíoḋ radarc maiṫ agam air agus gan aon radarc aige orm. Níor ḃ' iongnaḋ an sgannraḋ. Nuair a ṫógaḋ sé a ċeann agus ṡeasuiġeaḋ sé suas díreaċ, ḃíoḋ sé níob' aoirde go mór 'ná mise. Do ṫuiginn uaireanta go bfeiceaḋ sé mé go maiṫ, aċ go mbíoḋ an biṫeaṁnaċ 'á leigint air ná feiceaḋ. Ḃíoḋ a ċeann cromṫa aige agus é ag piocaḋ an féir glais, aċ ḃíoḋ 'fios agam-sa go maiṫ gur ag faire orm a ḃíoḋ sé, agus ag feiṫeaṁ féaċaint an raġainn amaċ ar an Seana Ṁaca, i dtreó go sínfeaḋ sé a ṁuineál fada bán agus go ruiṫfeaḋ sé ċúġam ċun mé d'iṫe. Do ċuaḋas amaċ ar an Seana Ṁaca aon uair aṁáin nuair a ṁeasas ná raiḃ sé féin ná na géana ann i n-aon ċor. Ḃíodar ann a gan fios dom. Níor tugas aon rud fé ndeara go dtí go bfeaca ċúġam é, agus

a ċeann ċun an tailiṁ aige, agus a ṁuineál sínte aige. Do ḃéiceas agus do riteas. Do rugas na cosa uaiḋ, aċ b' ar éigin é. D'iompuiġ sé ṫar n-ais agus d'aireóḟá míle ó ḃaile é ag sgreadaiġ agus ag maoiḋeaṁ ar an ngaisge a ḃí déanta aige. Do ċonac agus d'airiġeas go minic ó ṡin an sgreadaċ céadna agus an maoiḋeaṁ céadna ag teaċt a' gandal nár ġé, a' gandal fir, mar ġeall ar ġníoṁ ná raiḃ aon ṗioc níba ċróḋa 'ná gníoṁ an ġandail úd a ḃí ar an Seana Ṁaċa an uair úd.

Tá páirc ar aġaiḋ an doruis amaċ, agus "an ṗáirc sin amuiċ" a tugtí an uair sin uirṫi. Ḃí bearna ar aġaiḋ an doruis ċun dul isteaċ sa ṗáirc sin. Do ḃuailinn-se amaċ, agus soir an bearna san agus soir tré lár na páirce, uaireanta, nuair a ḃíoḋ an gandal ar an Seana Ṁaċa. Ansan ḃíoḋ radarc agam ó-ṫuaiḋ ar an gCnuc mBuiḋe, agus ar an gCaol, mar ar marḃuiġeaḋ gandal eile aḃfad 'n-a ḋiaiġ san, agus ar Ġleann Daiṁ, mar a raiḃ Taḋg na n-Uḃ 'n-a ċóṁnuiġe ; agus suas ar Ċaraigín an Radairc, agus ar Ṫúirín an Ċasúrlaiġ, agus síos ar Ṗáirc na gCloċ, agus ar Ṗáirc na Coise, agus ar Ṗáirc na h-Aḃan agus ar Ṗáirc na Gainiṁe. Ċuireas aiṫne orṫa go léir i ndiaiġ 'céile. Páircíní beaga boċta cruaḋa ab eaḋ iad. Droċ ṫalaṁ ab eaḋ an áit go léir. Aċ san a dtáinig an duḃ ar na prátaí d'ḟásaidís go maiṫ i n-aon tsaġas tailiṁ, agus ḃiaḋ breaġ foláin flúirseaċ ab eaḋ iad do ḋaoiniḃ nó do ḃuaiḃ nó do ċapailliḃ, nó d'aon ruḋ beó a ḋ'ḟéadfaḋ biaḋ a ḋ'iṫe i n-aon ċor. Ḃéaḋ bliain anois agus airís b' ḟéidir, agus tiocfaḋ meaṫluġaḋ ar na garaiḋṫiḃ, tré tiormaċt aimsire, nó tré ḋroċ ġaoiṫ éigin, nó mar ġeall ar galar éigin a ḃéaḋ ar an síol, i dtreó

go bfanfaḋ na prátaí ró ṁion, nó ná béaḋ aon aḋbar acu sa talaṁ. Tabarfaḋ san bliain ganaċúiseaċ do ḋaoiniḃ. Béaḋ "Concubar Mór sa ċúinne" agá lán. Ní ḟanaḋ puinn d'aon tsagas eile bíḋ sa tír. Pé gráinne arbair a saoṫruiġtí do caittí é ḋíol, nó an ċuid ba ṁó ḋé, ċun an ċíosa ḋéanaṁ. Deineaḋ daoine a ndíċeal ċun oiread des na prátaiḃ miona do ċoimeád agus ḋéanfaḋ an garaiḋe do ċur i gcóir na h-aiṫbliana. Ansan, b'ḟéidir, do ṫiocfaḋ an aimsir go raṫṁar i gcaiṫeaṁ na h-aiṫbliana. D'ḟásfaḋ na garaiḋte go saiḋbir, ċóṁ saiḋbir sin go mbéaḋ na clasa dúnta ins gaċ aon ġaraiḋe i gcaiṫeaṁ an tsaṁraiḋ, agus brat trom de bláṫanaiḃ bána orta i ndeire an tsaṁraiḋ, agus prátaí nua le fáġail ionta oiḋċe Luġnasa, lán sgiatóige fé gaċ aon ġas, agus nár iṫ duine riaṁ isteaċ 'n-a béal biaḋ do b' ḟearr 'ná iad. Ansan ní ċuiṁneóċ' aoinne an ċuid eile de'n bliain sin ar "July an ċabáiste."

Isé cúis n-a dtugtí "July an ċabáiste" ar an mí sin, 'ná so,—Nuair a tagaḋ droċ bliain ní bíoḋ aon rud le n-iṫe ag daoiniḃ aċ an cabáiste i gcaiṫeaṁ an mí sin, i dtreó nuair a tagaḋ oiḋċe Luġnasa agus na prátaí nua, go mbíoḋ árd áṫas ar gaċ aoinne deire beiṫ le "July an ċabáiste."

Nuair a bíoḋ mo ċuaird tabarṫa agam tríd an bpáirc a bí ar aġaiḋ an doruis amaċ, do ṫéiġinn soir sa páirc a bí lastoir di. An Páirc Dronnaċ a tugtí ar an bpáirc sin, mar bí sí árd 'n-a lár fé mar a béad drún uirṫi. Is dóiċ liom gur ó'n árdán san atá i lár na páirce dronnaiġe sin a fuaras an ċéad raḋarc síos ar an bpáirc mbuiḋe agus ar ċnapóigín páirce atá lastíos di go dtugtí "Árd Pádraig"

uirṫi. Ní feadar cad 'n-a ṫaoḃ gur tugaḋ "Árd Pádraig" uirṫi, murab aṁlaiḋ a ṁeas duine éigin go raiḃ deaḃraṁ éigin aici leis an Árd Pádraig úd atá lastuaiḋ de'n Ḃearnain Dearg i gContae Luimniġe. Pé 'n Éirinn é, ḃí aiṫne ṁaiṫ agam-sa ar an Árd Pádraig a ḃí i n-ár gcuid tailiṁ féin aḃfad sar ċuireas eolus ná aiṫne ar an Árd Pádraig eile.

Is dóiċ liom, leis, gur am' ṡeasaṁ ar lár na Páirce Dronnaiġe a ḃíos, am' ṡeasaṁ ar ḃara na druinne, nuair a leigeas mo ṡúil an ċéad uair riaṁ ar Ḋaingean na Saileaċ. Siar ó-ḋeas uaim iseaḋ ċonac an daingean san, agus isé a ḃí ag féaċaint go garḃ agus go goirgeaċ agus go míċoṁtromaċ. Níor ṁisde daingean a ṫaḃairt air. Níor ḋóiċ le duine go ḃféadfaḋ aon rud beó dul isteaċ air; agus dá dtéiġeaḋ rud isteaċ ameasg na gcaraigreaċ san ná béaḋ aon ḃreiṫ aige ar ṫeaċt amaċ go deó asta, táid siad ċóṁ mí-ċuiḃsaċ san, ċóṁ h-anspianta san. Aċ cad 'n-a ṫaoḃ gur tugaḋ Daingean na Saileaċ air? Ní raiḃ oiread agus an meaṫán ba ṡuaraiġe de ṡlait sailiġe ná de ṡlait fuinseóige ná d'aon tsaġas eile slaite le feisgint ar na caraigreaċaiḃ géara glasa loma atá air, ó'n gceann ṫuaiḋ dé go dtí an ceann ṫeas, ná ó n-a ṁullaċ go dtí a ḃun. Ḃíoḋ, áṁṫaċ, go raiḃ san mar sin an ċéad lá a fuaras-sa raḋarc siar air ó lár na Páirce Dronnaiġe, do h-innseaḋ dom 'n-a ḋiaiġ san ná raiḃ na caraigreaċa ċóṁ noċtaite sin i gcóṁnuiġe. Duḃairt fear liom a ḃí trí fiċid blian d'aois nuair a rugaḋ mise, go raiḃ Daingean na Saileaċ clúdaite go breaġ le coillṫiḃ nuair a ḃí sé féin 'n-a ġarsún, agus ná béaḋ bac air dul ó'n gceann ṫuaiḋ go dtí an ceann ṫeas

de'n ċnuc ar ġéagaiḃ crann, gan aon ċos leis do ċur ar an dtalaṁ. Do leagaḋ an t-adṁad, aċ do lean an ainim, Daingean na Saileaċ, ar an gcnuicín.

Nuair a bíoḋ gort sa ṗáirc ar aġaiḋ an doruis amaċ, ní ḟéadainn dul amaċ inti ná dul tríti soir, mar bíoḋ an t-arḃar níḃ' aoirde go mór 'ná mé féin, agus do raġainn amú ann. Ansan, nuair a bíoḋ an gort bainte ní ḟéadainn dul soir tríd an bpáirc, mar bíoḋ na coinlíní agus na briogadáin sa ċoinleaċ, agus do ṗriocfaidís mo ċosa. Ní bíoḋ bróga ar aon leanḃ an uair sin, ná ar aon daoine óga. Ar ḋaoine a bíoḋ eiriġte suas féin ní bíoḋ bróg ná stoca aċ aṁáin Dé Doṁnaiġ, nuair a bídís ag dul go dtí an t-Aifrean, nó an lá a beidís ag dul i n-áit éigin as baile. Ḃíoḋ a rian air, bíoḋ cosa cruaḋa foláine acu gan beann ar ḟuaċt. Anois ní foláir bróga do ċur ar ċosaiḃ an leinḃ aḃfad sar a bḟéadan sé siuḃal ná cos do ċur ar an dtalaṁ i n-aon ċor. Fágan san cosa leicte agá lán acu, leicteaċt cos a leanan díoḃ i gcaiteaṁ a saoġail. B' ḟearr an tseana ṡlíġ.

Is cuiṁin liom lá áiriġte, nuair a bíos, is dóiċ liom, trí bliana d'aois. Ḃí gort nó coinleaċ sa páirc a bí ar aġaiḋ an tiġe amaċ, i dtreó go mb' éigean dom fanṁaint istiġ. Ḃí bata agam agus mé ag marcaiḋeaċt an ḃata síos agus suas ar fuid an úrláir, mar 'ḋ eaḋ gur ċapall an bata. Ċonac a lán daoine iasaċta amuiċ sa ċlós agus iad ag cogarnaiġ agus ag caint. Tuigeas go raiḃ duine mór éigin ag teaċt agus go raḃadar ag feiteaṁ leis D'airiġinn anois as airís an focal "an máiġistir," agus "Mr. Saunders." Fé deire do táinig duin' uasal mór beatuiġte isteaċ, agus do ṡuiḋ sé ar ċataoir i lár an tiġe, agus do líon na daoine iasaċta go léir

isteaċ 'n-a ḋiaiġ. Ḃí m' aṫair ar duine de'n ṁuintir a ṫáinig isteaċ. Isé do ċuir an ċaṫaoir i lár an tíġe do'n duin'uasal ċun go suiḋfeaḋ sé uirti. Ní raiḃ focal a' h-aoinne. Ní ḃíoḋ sgáṫ ná eagal orm féin an uair sin roim aon tsaġas duine, uasal ná íseal, muraḃ' ionan a's roimis an ngandal úd. Siúd anonn mé agus do ṡeasuiġeas ar aġaiḋ an duin'uasail amaċ.

"Good morrow, Mr. Saunders!" arsa mise leis, go fáilteaċ.

"Oh, good morrow, boy! good morrow, boy!" ar seisean, agus do rug sé ar ġualainn orm agus ṫaraing sé ċuige mé go raḃas idir a ḋá ġlúin aige.

"Tell me, my boy," ar seisean, "did you eat any meat to-day?"

"Don't you know," arsa mise, láiṫreaċ bonn, "that I ate a piece of a goose long ago, when it was Christmas!"

Ṁeasas go dtuitfeaḋ an t-anam tur teiṫ as a raiḃ láiṫreaċ le neart gáirí. Do ġáir an duin'uasal féin, leis, agus do sgaoil sé uaiḋ mé.

Is cuiṁin liom an méid sin anois ċóṁ maiṫ, ċóṁ glan, agus dá mba indé nó seaċtṁain ó ṡin a tuitfeaḋ sé amaċ. Is cuiṁin liom, leis, go dian ṁaiṫ an iongnaḋ a ṫáinig orm nuair a ċonac ag cur an anama amaċ ag gáirí iad go léir, agus ná feaca féin go raiḃ aon ċúis ġáirí sa méid aduḃart. Ṫáinig lá, tamall 'n-a ḋiaiġ san, agus do ṫuigeas go h-áluinn cad a ċuir ag gáirí iad.

Ċun an ċíosa d' árduġaḋ orṫa go léir iseaḋ ṫáinig an "máiġistir" an uair sin. Nuair a ċuir sé ċúġam-sa an ċeist i dtaoḃ na feóla is aṁlaiḋ a ḃí sé ag lorg leaṫ-sgéil. Dá n-abrainn-se gur iteas

feóil an ṁaidean san, nó inné roimis sin, nó seaċtṁain roimis sin, do ḃéaḋ an leat-sgéal a ḃí uaiḋ aige. D'ḟéadfaḋ sé a ráḋ, "Ḃíon feóil le n-iṫe agaiḃ-se gaċ aon tseaċtṁain. Taisbeánan san go ḃfuil mo ċuid tailiṁ-se agaiḃ ró ṡaor. Caiṫfiḋ siḃ tuille cíosa taḃairt dom." Aċ nuair ná raiḃ ag an leanḃ le maoiḋeaṁ aċ gur iṫ sé smut de ġé fadó nuair a ḃí an Nodlaig ann, do baineaḋ na cosa glan ó aon leat-sgéal ċun cíosa d' árduġaḋ. Siné an rud a ċuir ag gáirí iad go léir. Do ġáir an duin'uasal féin, aċ is dóiċ liom gur ḃ' í "gáire Ṡeáġain dóiġte" an ġáire a dein sé. Do sgaoil sé uaiḋ mé tapaiḋ go maiṫ ar aon ċuma. Níor ṫeastuiġ a ṫuille de'n ġé uaiḋ.

Ní dóiċ liom gur ḟéad sé an cíos a d'árduġaḋ an uair sin. Ḃí léas ag na tineóntaiṫiḃ ar an dtalaṁ. Níor ḃ' uiriste an cíos a ḋ'arduġaḋ orṫa go dtí go dtuitfeaḋ an léas. Mar sin féin áṁṫaċ, léas mí-áḋḃaraċ ab eaḋ é. Léas i bpáirt ab eaḋ é. Ṫug san ana ḃúntáiste do'n ṁáiġistir. Dá ḃfágaḋ duine des na tineóntaiṫiḃ a ċíos gan díol, d'ḟéadfaḋ an máiġistir a ċur ḟiaċaiḃ ar an gcuid eile é ḋíol ṫar a ċeann.

Sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle oċt gcéad a h-aon, (1801) iseaḋ do deineaḋ an léas. An uair sin díreaċ iseaḋ ḃí "aimsir Ḃonaparte" ag tosnuġaḋ. Níor ḃ'ḟada go raiḃ airgead mór le fáġail ar gaċ aon rud a ḃí ag an ḃfeirmeóir le díol. Do ṫuig an máiġistir an méid sin, agus ḃí a ċroíḋe briste mar ġeall ar an léas a ḃeiṫ ann 'ġá ċosg ar aon árduġáḋ cíosa. Do ċrom sé féin agus an t-agent a ḃí aige ar an uile ṡaġas uisge-fé-ṫalaṁ a ḋéanaṁ féaċaint an ḃféadfaidís an léas do ḃriseaḋ. Siol

an tseift ar ar ṡocaruiġeadar ċuige sin. Ḃí ar na tineóntaiṫiḃ aon duine amáin ná bioḋ a ċios ollaṁ aige nuair a ḃíoḋ sé ag glaoḋaċ. Do sgaoileaḋ leis ar feaḋ raint blianta go dtí go raiḃ sé mórán i ndiaiġ láṁa. Ansan do h-éiliġeaḋ ar an gcuid eile an cíos a ḃí ar an ḃfear san. D'eiriġ ana ċlampar dliġe mar ġeall air sin. Ní ḋíolfaḋ an ċuid eile cíos an ḟir sin. Níor ḃeag le gaċ aoinne a ċíos féin do ḋíol. Do ṁeas an máiġistir go ḃféadfaḋ sé an léas do ḃriseaḋ mar ġeall air sin. Tar éis mórán costais agus mórán clampair do ḋíoladar é, agus do ṫug an dlíġ ḋóiḃ talaṁ an ḟir sin go dtí go mbéaḋ a gcuid féin fáġalta ṫar n-ais acu as an dtalaṁ. Tamall 'n-a ḋiaiġ san d'eiriġ clampar eile de'n tsaġas céadna. Ní cuiṁin liom go raiḃ an áit aon lá riaṁ gan clampar de'n tsórd san go dtí gur ṫuit an léas san, tímpal na bliana 1874. Do h-árduiġeaḋ an cíos ansan i ḃfeirmitiḃ. Aċ níor díolaḋ puinn riaṁ de'n ċíos árd san. D'ḟan an ċuid ba ṁó ḋé gan díol go dtí go dtáinig an stailc úd a cuireaḋ suas i gcoinniḃ cruaḋ-ċíosa.

Tá a gcuid tailiṁ ceannaiġte amaċ anois, fés na dliġṫiḃ nua so, ag clainn na ndaoine a ṫug an aimsir úd go léir ag troid i gcoinniḃ na h-éagcóra.

IV

clampar dlíġe

Is cuiṁin liom, agus mé ana ḃeag, ḃeiṫ am' ṡuiḋe sa ċúinne i n-aice na teine tráṫnóna geiṁriġ. Ḃí seana Ḋiarmuid ua Laoġaire, driṫáir aṫar do m'aṫair-se, 'n-a ṡuiḋe ar ċaṫaoir lasmuiċ ḋíom ar an dtaoḃ gcéadna de'n teine. D'á ċóṁarṫa san féin ḃí gaḋar leis a ṫáinig i n-aonḟeaċt leis, 'n-a luiġe istiġ idir ċosaiḃ na caṫaoireaċ. Ṫagaḋ sé féin agus an gaḋar go minic mar sin ċúġainn, nuair a ḃíoḋ na h-oíḋċeanta fada ann, agus ṫugaḋ sé tamall de ṫosaċ na h-oíḋċe ag caint agus ag innsint seana sgéalta. An oíḋċe seo adeirim do ṫárla ḋó ḃeiṫ ag tráċt ar an gcéad ċlampar dlíġe a ḋ'éiriġ ameasg na dtineóntaiṫe mar ġeall ar an léas a ḃeiṫ i bpáirt acu. D'eiriġ an clampar san aḃfad sar a dtánag-sa ar an saoġal. Ní raiḃ m' aṫair aċ 'n-a leanḃ nuair eiriġ sé. Ḃí duine des na tineóntaiṫiḃ 'n-a ċóṁnuiġe ar an dtaoḃ ṫuaiḋ de'n ċnuc, ag bun na faille ar a dtugtar Faill na bḞiaċ. Leaba Ḋiarmuda a tugtar ar an dtaoḃ san de'n ċnuc, agus Lios Caragáin ar an dtaoḃ teas, mar a raḃamair féin i n-ár gcóṁnuiġe.

Ḃí an léas raint blianta ar biṫ. Ḃí an t-airgead breaġ mór d'á ḟáġail ar gaċ aon rud, mar ġeall ar ċogaiḃ Ḃonaparte. Ḃí an "máiġistir" go cráiḋte cancaraċ toisg gan neart a ḃeiṫ ḋó an cíos d'árduġaḋ. Isé rud ar ar ṡocaruiġ sé féin agus a reaċtaire 'ná sgaoileaḋ leis an dtineóntaiḋe a ḃí

ar leaba Diarmuda agus gan aon leaṫṗinne cíosa d'éileaṁ air ar feaḋ aḃfad. Do leigeadar orta gur le truaġ dó a ḋeineadar é. Ní ḃíoḋ an cíos aige nuair a ḃíoḋ sé ag glaoḋaċ agus an ċuid eile ag díol, agus do leigidís orta nár ṁait leó ḃeit dian air. Nuair a ḃí oiread amuiċ aige agus gur ḋóiċ leó go ndiúltóċ' an ċuid eile d'é ḋíol tar a ċeann do ċom-áineadar an dlíġ ar siubal. Do ċosain an ċuid eile an cás. Tar éis mórán trioblóide agus mórán cosdais do ḃuaḋdar ar an máiġistir. Do ḋíoladar an cíos tar ċeann an ḟir a ḋ'ḟan siar, aċ do tugaḋ dóiḃ úsáid na feirme a ḃí aige-sean go dtí go mbéaḋ a gcuid féin acu tar n-ais aisti. Ansan iseaḋ d'eiriġ an toirmeasg ar fad. Ní taḃarfaḋ fear na feirme talaṁ ná airgead dóiḃ. B'éigean dóiḃ gaḃáil tré ċúrsa eile dlíġe ċun é ċur a' seilḃ, agus nuair a ḃí ugdarás dlíġe acu ċun na sealḃa, b'éigean dóiḃ féin dul agus é ċur amaċ, nó é ġaḃáil 'n-a ṗrisúnaċ, gan aon ċongnaṁ ó armáil na ríġeaċta.

Do ċruinniġ cualaċt díoḃ. Ḃí cuid acu luat láidir óg. Ḃí fear díoḃ go raiḃ ana urċar ciotóige aige. Aon rud go gcaitfeaḋ sé cloċ leis as an gciotóig do ḃuailfeaḋ sé é. Dóṁnall ua Tuataig ab ainim dó. Ní raiḃ aon arm teine acu. Ṫugadar aġaiḃ ar an dtiġ. Sar ar ṫánadar ró aċmair do'n tiġ ṫáinig an fear a ḃí uata amaċ agus guna aige. Do stad cuid acu nuair a ċonacadar an guna. D'aimsiġ Dóṁnall ua Tuataig ḋá ċloiċ, cloċ ins gaċ láiṁ leis. Do ṡiúḃluiġ sé go réiḋ i dtreó an ḟir go raiḃ an guna aige. Do ṫóg seisean an guna agus ṡín sé i dtreó Ḋóṁnaill é. Níor staon Dóṁnall. Do ṡiúḃluiġ sé cos ar ċois i dtreó an guna. Ṫeastuiġ ó Ḋóṁnall teaċt i ngioraċt faid

a urċair féin d'ḟear an ġuna. Nuair a fuair fear an ġuna ag teaċt ró aċmair dó é, do ġaiḃ sé amus cruinn air, agus ṫaraing sé an triccer. Do ḃuail an casúr a ḃuille, aċ do ṫeip teine. Do lean Dóṁnall ag teaċt. Do ṫóg an fear eile an guna airís agus ṫug sé iaraċt eile ar an urċar do ċaiṫeaṁ. Do ṫeip teine an tarna h-uair. Do ṫeip teine an triṁaḋ h-uair. Fé ḋeire ḃí Dóṁnall ċóṁ h-aċmair agus ṫeastuiġ uaiḋ ḃeiṫ. Do ċaiṫ sé urċar na ciotóige. Do h-aimsiġeaḋ fear an ġuna i gclár a éadain leis an gcloiċ díreaċ sar a' raiḃ uain aige ar a ṁéar do luiġe ar an dtriccer an ceaṫraṁaḋ uair. Do ṫuit sé. Do tógaḋ uaiḋ an guna agus do ceangalaḋ é. Nuair a ṫáinig sé ċuige féin ḃí sé istiġ i gcara trucaileaċ agus iadsan 'ġá ḃreiṫ leó go Máġċromṫa 'n-a ṗrísúnaċ.

Ní raiḃ de stoc acu le tabairt leó as an áit aċ cúpla seana ċaoira. Ḃíodar ag gabáil síos Bóṫar na Caṫairíneaċ agus an dá ṡeana ċaoira rómpa amaċ, agus an guna 'n-a láiṁ ag duine acu. Ḃíodar deiṁniġṫeaċ go raiḃ an guna folaṁ agus gur ḃ'ṡiné cúis n-ar ṫeip teine na trí h-uaire as a ċéile. Ṫuigeadar ná raiḃ ó'n ḃfear aċ eagla ċur orṫa ; ná raiḃ aon aiḋm aige ar aoinne do ṁarḃaḋ. D'eiriġ aiġneas éigin eatarṫa. Ḃí an t-aiġneas ag dul i ngéire. Do ṫóg an fear go raiḃ an guna 'n-a láiṁ aige, do ṫóg sé an guna le spórt, mar 'ḋ eaḋ ċun an aiġnis do ċosg.—" Eist do ḃéal nó láṁfaḋ ṫu ! " ar seisean le duine de'n ḃeirt a ḃí ag déanaṁ an aiġnis. Ḃí a ṁéar ar an dtriccer. Do luiġ sé ar an dtriccer. Le linn luiġe ar an dtriccer dó do ḃuail fear eile láṁ ar ḃairille an ġuna agus d'iompuiġ sé i leiṫ taoiḃ é. Do ġluais an t-urċar

'n-a lán neart agus do thuit ceann des na caoire marbh ar an mbóthar!

Bhí iongnadh agus alltacht orta go léir. Ní raibh aon choinne acu ná go raibh an guna folamh. Do chaith an fear go raibh an guna 'n-a láimh aige, chaith sé é féin ar ghealacán a dhá ghlún ar an mbóthar ag breith a bhuidheachais le Dia nár bh' é an duine a bhí marbh aige i n-inead na seana chaereach. Agus b' é duine bhéadh marbh aige é 'ná an Dómhnall ó Tuathaig céadna do bhí tar éis an phrísúnaig do leagadh tamall beag roimis sin leis an gcloich a chaith sé as an gciotóig leis.

"Airiú, a chrochaire," ar siad go léir leis an bprísúnach, "do mheasais dáiríribh Dómhnall ó Tuathaig do lámhach!"

Níor labhair an prísúnach focal. D'iompuigheadar air agus do geóbhfaí go maith air mura mbéadh Dómhnall ó Tuathaig 'ghá chosaint.

Do rugadh síos go Mághchromtha é, agus do cuireadh tré pé cúrsaí dlighe a bhí riachtanach é. Do dhíol duine éigin des na tineóntaithibh an cíos a bhí ar an bhfeirm agus do tugadh dó an fheirm go dtí go mbéadh a chuid féin tar n-ais aige aisti.

Bhíos-sa ag éisteacht leis an méid sin sgéil agus mé sáidhte istigh sa chúinne, agus níor chuaidh aon fhocal de'n sgéal amú uaim; agus ní raibh oiread agus aon fhocal amháin d'ár tháinig chúgham gur ghádh dom a dh'fhiafraighe cad é an brígh a bhí leis. Thuigeas an chaint chómh cruinn agus do thuig seana Dhiarmuid féin í.

Lá éigin timpal na h-aimsire céadna bhí beirt fear ag obair thíos i bPáirc na gCloch. Ní cuimhin liom anois ciacu ag cur prátaí a bhíodar nó ag baint

prátaí. Bhíos féin ann, leis. Bhíos am' sheasamh ar a n-aghaidh amach ag éisteacht leó agus iad ag caint. Isiad beirt a bhí ann 'ná Labhrás ua Duinnín agus fear n-ar b' ainim dó Mícheál ua Laoghaire. Firín ana bheag, ana dhubh, ab eadh é, agus Mícheál Dubh a tugtí air. Pé caint a bhí ar siúbhal acu measaim gur b' amhlaidh nár mhaith leo mise bheith ag éisteacht chómh géar leis an gcaint. Chaitheadar uatha an chaint, agus d'iompuigheadar orm-sa.

"Seadh anois, a Pheadair," arsa Mícheál Dubh, "ciacu againn is measa leat ?"

"Is measa leis mise," arsa Labhrás.

"Thugais d'éitheach, ní measa," arsa Mícheál ; "is measa leis mise," ar seisean.

"Deirim-se gur bréag dhuit sin," arsa Labhrás ; "is measa leis mise."

"Cuirfidh mé geall leat," arsa Mícheál, "gur measa leis mise."

"Seadh, a Pheadair," arsa Labhrás, "ciacu againn is measa leat ?"

"Is measa liom tusa," arsa mise, "agus is fearr liom Mícheál."

Do stad an bheirt agus d'fhéachadar orm. Ansan d'fhéachadar ar a chéile, agus do sgeartadar ar gháirí.

"Airiú, nách géarchúiseach an bioránach é !" arsa Labhrás.

"Is ait an freagra é," arsa Mícheál Dubh. "Is measa leis tusa agus is fearr leis mise !"

Le n-a linn sin d'fhéach Labhrás anonn i dtreó a thighe féin a bhí thall ar mhullach na réidhe. Bhí gáirdín beag cabáiste aige thall ar aghaidh an tighe amach. Bhí cúpla gabhar aige thall, leis. Do thárla, nuair fhéach sé

anonn, go raiḃ an dá ġaḃar 'n-a seasaṁ i n-aice ċlaiḋe an ġáirdín, lasmuiċ de'n ċlaiḋe, aċ gur ḋóiċ le duine d'ḟéaċfaḋ orta ó Ṗáirc na gCloċ, go raḃadar laistiġ de'n ċlaiḋe. Ċeap Laḃrás boċt gur laistiġ a ḃíodar agus ná fágfaidís aon ḃlúire de'n ċaḃáiste gan iṫe. Ċuir sé a ṁéar 'n-a ḃéal agus do leig sé fead ḃreaġ láidir ḃinn ar an muintir tall. Ní raiḃ aon ṁaiṫ ḋó ann; níor airiġ aoinne é. Do leig sé fead eile. Níor ṫáinig aoinne amaċ as an dtiġ.

" Ó, a ċreaċ láidir é! mo ġáirdín breaġ! Beiḋ sé iṫte! beiḋ sé iṫte!" ar seisean.

Siúd anonn é agus é ag ruiṫ. Nuair a ṡrois sé an áit tall fuair sé gur lasmuiċ de'n ċlaiḋe a ḃí na gaḃair, agus ná raiḃ aon ḃlúire dioḃála déanta do'n ġáirdín.

V

Dá Arm Aigne

Ag féaċaint siar dom anois ar an saġas Gaeluinne a ḃí d'á laḃairt am' tímpal ins gaċ aon ḃall an uair sin, agus 'ġá cur i gcomparáid dom leis an nGaeluinn a ḋ'airiġinn 'n-a diaiġ san i n-áiteanaiḃ eile, téiġean sé 'n-a luiġe go daingean ar m' aigne go raiḃ sí níos fearr agus níos cruinne agus níos slaċtṁaire, agus 'n-a teannta san níos treise mar arm aigne, 'ná aon tsaġas Gaeluinne d'ár airiġeas riaṁ ó ṡin a' ḃéalaiḃ

daoine ná a' leaḃraiḃ. 'Ġá cur i gcomparáid dom le teangṫaċaiḃ eile, le Laidion nó le Gréigis nó le Fraincis, fé mar a ḋ'ḟoġlumuiġeas raint díoḃ 'n-a ḋiaiġ san, téiġean sé 'n-a luiġe ar m'aigne, gur ḃ'ḟearr d'arm aigne í 'ná aon teanga acu. B'ḟéidir go raiḃ an Ġréigis níḃ' ḟearr 'ná í nuair a ḃí an Ġréigis beó agus muintir na Gréige 'ġá labairt, aċ ní raiḃ ar mo ċumas-sa an ċomparáid a ḋéanaṁ aċ aṁáin idir mo Ġaeluinn ḃeó féin agus an Ġréigis a fuaras ins na leaḃraiḃ ; agus ċóṁ fada agus ċuaiḋ an ċomparáid sin ḃí an buaḋ agam' Ġaeluinn féin. Is dóċa go ndéarfaḋ duine a tógaḋ i n-áit eile, nó i gcúig eile, i n-Éirinn, an rud céadna i dtaoḃ Gaeluinne na cúige gur tógaḋ é féin ann. Aċ tá raint neiṫe againn ċun an sgéil do ḃraṫ. Sar ar ḟágas-sa Lios Caragáin níor airiġeas riaṁ amaċ a' béal duine na h-abarṫa so, .i. " Tá mé " ; " ḃí me " ; " ḃí siad." D'airiġinn i gcóṁnuiġe " Táim " ; " ḃíos " ; " ḃíodar," ⁊c. Neiṫe beaga iseaḋ iad san. Aċ is neiṫe beaga iad a tagan isteaċ go mion minic sa ċaint. Agus is slaċt ar an gcaint an móḋ dlúiṫte seaċas an móḋ sgurṫa. Ar an gcuma gcéadna, is neaṁṡlaċt ar an gcaint an móḋ sgurṫa seaċas an móḋ dlúiṫte. D'á éaġmuis sin bíon sa ċaint ḋlúiṫte neart agus fuinneaṁ nách féidir a ḃeiṫ sa ċaint a bíon ag tuitim as a ċéile.

Lasmuiċ ar fad de'n deifriġeaċt san atá, i slaċt agus i neart agus i bfuinneaṁ, idir an ċaint go mbíon a lán de'n ṁóḋ sgurṫa inti agus an ċaint a ġlacan mar roġa an móḋ dlúiṫte, ḃí sa Ġaeluinn a ḃí am' tímpal-sa deiċ mbliana agus trí ficid ó sin, tréiṫe ċun nirt agus ċun fuinniṁ agus ċun deisḃéalaiġe agus ċun géire urlabra agus ċun

solusṁaire, náċ féidir liom a ḋ'ḟágail anois i n-aon tsórd cainte d'á bfuil ar siubal, i mBéarla ná i nGaeluinn. Tá bárr 'á tabairt do'n ṁóḋ sgurta sa Ġaeluinn, agus móḋ sgurta ar fad iseaḋ an Béarla. Tá an Béarla tuitite as a céile ar fad.

Mura mbéaḋ an bean úd a táinig adtuaiḋ agus do tug léi an ainim cúil le cine úd, ní béaḋ "Peadar" mar ainim orm-sa. B'ḟéidir ná beinn ann i n-aon ċor. Agus mura mbéaḋ gur díbreaḋ amaċ ameasg na gcnuc seana Ḃarnabí agus a beirt ṁac, Diarmuid agus Peadar, ní béaḋ an Ġaeluinn agam, nó ní béaḋ sí ar aon tslaċt agam, agus ní beinn 'ġá sgrí anso anois mar atáim. Táim ag déanaṁ mo ḋíċil ar í ċur síos am' sgríbinn díreaċ mar a fuair mo ċluas í ó ḋaoine mar ṡeana Ḋiarmuid ua Laoġaire agus mar Ṁiċeál Dub, agus mar Ṁáire Ruaḋ, agus mar a h-inġean, .i. Peig.

Aċ má bí caoi ṁait agam ar an nGaeluinn a beit agam ar áilleaċt ó'n gcéad neómat n-ar tosnuiġ caint ar teaċt dom, bí caoi ṁait agam, leis, ar Ḃéarla beit agam ar an áilleaċt gcéadna díreaċ, ó'n gcéad neómat gcéadna. Seo mar a tarla san. Bí, mar adúbart, atair mo ṁátar, Conċubar ua Laoġaire, 'n-a ċóṁnuiġe ar an Mullaċ Ruaḋ, ceitre míle ó-tuaiḋ ó Ṡráid an Ṁuilinn. Bí feirm mór tailiṁ aige ann, agus talaṁ foġanta ab eaḋ é, murar b' ionan agus portaiġte agus caraigreaċa Lios Caragáin. Bí féar daċad bó aige de'n talaṁ san, agus bí sé acfuinneaċ neaṁspleaḋaċ go mait. I n-éagmuis é beit acfuinneaċ, fear creideaṁnaċ ab eaḋ é go raib meas ag uasal agus ag íseal air. Bean ana ċreideaṁnaċ, ameasg uasal agus íseal, leis, ab eaḋ an bean a bí pósta aige, Neill ní Icíde,

Neill ní Taiḋg, ingean do Ṫaḋg 'aċ Aindriais a ḃí ṫiar ar an Aṫán, mar adúḃraḋ. Ḃí cúigear mac acu agus triúr ingean. Do cuireaḋ tabairt suas maiṫ ar an gclainn, 'sé sin fé mar a ḃí caoi an uair sin ar aon níḋ i bfuirm tabairt suas do cur ar ċlainn i n-Éirinn. Do cuireaḋ beirt de'n ċlainn ingean, ċóṁ luaṫ agus ḃíodar i n-aois ċuige, siar go Cill Áirne ar sgoil, agus do cuireaḋ beirt de'n ċlainn ṁac ar sgoil Laidne. Do ċuaiḋ duine de'n ḃeirt ṁac san isteaċ sa ċoláisde 'n-a ḋiaiġ san ċun ḃeiṫ 'n-a ṡagart. Nuair a ḃí raint blianta caiṫte sa ċoláisde aige do ṫuig sé i n-a aigne ná raiḃ an ġlaoḋ fáġalta aige ó Ḋia ċun beiṫ 'n-a ṡagart, agus ṫáinig sé aḃaile agus ċrom sé ar sgoil Laidne do ṁúineaḋ i gCeann Tuirc. Tamall sar ar ḟág sé an coláisde fuair a aṫair bás. Ansan do ṫáinig an ḃeirt ingean aḃaile ó Ċill Áirne. Do pósaḋ duine acu, Neill, le fear gur ḃ' ainim do Risteárd ó Laoġaire, a ḃí 'n-a ċóṁnuiġe ṫiar ar Ċnuc an Eirbaill, cúig ṁíle soir ó-ṫuaiḋ ó Ċill Áirne. Ċuaiḋ an ingean eile de'n ḃeirt soir go Ceann Tuirc ag triall ar a dritáir ċun beiṫ ag tabairt conganta ḋó sa sgoil. I dteannta na neiṫ' eile a múineaḋ di i gCill Áirne do múineaḋ raint éigin Frainncise di. Ní doċa gur múineaḋ an Ḟrainncis di i dtreó go dtuigfeaḋ fear ó'n bḞrainnc í, aċ do múineaḋ di í ċóṁ maiṫ agus do féadaḋ é. Nuair a ċuaiḋ sí ag triall ar a dritáir agus ḃí sí ag caḃruġaḋ leis sa sgoil, is ag múineaḋ Béarla agus Frainncise a ḃíoḋ sisi, agus eisean ag múineaḋ na Laidne agus na Gréigise. Ansan, nuair a ḃí sí ceiṫre bliana fiċead nó mar sin, do pósaḋ í féin agus m' aṫair agus ṫáinig sí go Lios Caraġáin.

Ṫug sí léi mórán leaḃar, leaḃair Ḃéarla agus

leabair Frainncise. Cóṁ luat agus bíos-sa ábalta ar aon ṁúineaḋ do ġlacaḋ do tosnuiġ sí ar Ḃéarla do ṁúineaḋ dom, agus ansan ar an bFrainncis do ṁúineaḋ dom, i dtreó go mbínn bodar go minic ó daoine a tagaḋ isteaċ, nó do ḃuaileaḋ umam amuiċ, 'ġá iaraiḋ orm Frainncis do labairt dóiḃ.

Pé sagas an Ḟrainncis, ḃí an Béarla go bríoġṁar aici, níb' ḟearr go mór agus níba ċruinne, agus níba ċirte, 'ná aon Ḃéarla do múintí ins na sgoileanaiḃ. Aċ ba ċuma dóṁ-sa cad é an sagas Béarla do múintí ins na sgoileanaiḃ, mar ḃí na sgoileana ró ḟada uaim. An sgoil ba ġiorra dúinn ḃí sí cúig ṁíle móra uainn. Ba ṁait an ḃail orm-sa nár ḃ' féidir dom dul ar an sgoil sin. Dá mbéaḋ sí níba ċóṁgaraíġe dúinn, is dóċa, níḋ náċ iongnaḋ, go dtab-arfainn mo laetanta istiġ inti; agus dá dtugainn, níor ḃ' féidir dom gan an droċ Ḃéarla do ḋul i bfeiḋm ionam. B'éigean dom fanṁaint sa ḃaile, agus pé múineaḋ a tug mo ṁátair dom déanaṁ leis, go dtí gur neartuiġeas. Ḃíos trí bliana déag sar a ndeiġeas isteaċ i n-aon sgoil. Ḃí a raiḃ de leaḃ-raiḃ Béarla sa ḃaile againn léiġte agus at-léiġte agam um an dtaca san. Cóṁ luat agus ḃí ionam gabáil amaċ ag aeḋreaċt na mbó, ḃíoḋ pé leabar ab ḟearr a taitneaḋ liom ḃíoḋ sé agam amuiċ cois-claiḋe nó tuir nó sgeiċe agus mé 'ġá léiġeaḋ. 'Sé rud a táinig as dom 'ná go raiḃ mórán de Milton agus de Shakespeare agus de Rudeki (leabar ná feaca riaṁ ó ṡin) de ġlan ṁeabair agam.

Má ḃí Béarla mait agam' ṁátair agus tabairt suas mait uirti, ḃí an Ġaeluinn aici ar áilleaċt, leis. Ní raiḃ tiġ a h-atar aċ timpal le ceatraṁaḋ ṁíle ó Ċuilinn Uí Ċaoiṁ. Ḃí Gaeluinn breaġ d'á labairt

an uair sin i gCuilinn Uí Ċaoiṁ agus ar fuaid Ḋúṫ'Alla go léir. Ní deirim ná go bfuil Gaeluinn ṁaiṫ le h-aireaċtaint fós i gCuilinn. Aċ tá sí náċ mór caiṫte uaṫa ag formór ṁuíntir Ḋúṫ'Alla. Ṫugas féin tamall aimsire, bliain is dóiċ liom, i nḊúṫ'Alla, i n-aice Ċeann Tuirc, breis agus deiċ mbliana a's daċad ó ṡin. Ḃí aos óg na h-áite an uair sin ag eiriġe suas agus gan aon ḟocal Gaeluinne acu, agus donais an sgéil ar fad, an saġas Béarla a ḃí acu níor airiġeas riaṁ roimis sin ná riaṁ ó ṡin aon ċaint ċóṁ gránna leis. Nuair a ḃínn ag éisteaċt leo ċuiridís coitċianta i gcuiṁne dom an focal a deireaḋ Diarmuid ua Muíneaċáin :—

"Na daoine is lúġa ciall i n-Éirinn
Daoine gan Ḃéarla gan Ġaeluinn."

I gCuilinn Uí Ċaoiṁ a ḃíoḋ Diarmuid 'n-a ċóṁnuiġe, agus is dóċa gur tug sé fé ndeara na daoine óga ag caiteaṁ na Gaeluinne uaṫa agus ag labairt an Ḃéarla ġránna briste.

Ḃí ana ṡeans orm-sa pé 'r domhan é. Ḃí idir Ḃéarla agus Gaeluinn agam os cionn mo ċliabáin. Mura mbéaḋ an áit 'n-ar rugaḋ agus 'n-ar tógaḋ mé, áṁṫaċ, ní ḃéaḋ an Ġaeluinn agam, agus mura mbéaḋ an ṁáṫair a tugaḋ dom ní ḃéaḋ an Béarla agam. Agus féaċ, mura mbéaḋ idir Ġaeluinn agus Béarla do ḃeiṫ agam mar atáid, ní ḃéaḋ aon ḃreiṫ i n-aon ċor agam ar an obair a ḋéanaṁ atá déanta agam. Pé feaḃas fé leiṫ a ḃéaḋ ar an mBéarla agam, ní ṫabarfaḋ sé aon ċumas dom ar an nGaeluinn do ġlacaḋ mar arm aigne agus do láiṁseáil mar arm aigne. Is aṁlaiḋ a ḃéaḋ an Béarla a'm ċur amú sa láiṁseáil sin. Pé feaḃas fé leiṫ a

ḃéaḋ agam ar an nGaeluinn ḃéaḋ an cur amú céadna aici-si 'á ḋéanaṁ orm i dtaoḃ an Ḃéarla. Aċ do fuaras greim fé leiṫ ar gaċ arm de'n dá arm aigne, agus eólus fé leiṫ ar conus gaċ arm acu do láiṁseáil ; ansan, i n-inead ḃeiṫ ag cur a ċéile amú orm, is aṁlaiḋ a ḃíd siad ag caḃruġaḋ le n-a ċéile agam.

VI

AN GORTA

Ċóṁ luaṫ agus ḃíon aon ċiall ag teaċt do leanḃ is gnáṫ daoine ḃeiṫ ag cur na ceiste ċuige cad í an ġairm beaṫa ḃéaḋ aige nuair a ḃéaḋ sé mór. Is cuiṁin liom go maiṫ an ċeist sin a ḃeiṫ ḋ'á cur ċúġam féin go fíor ṁinic. Ní cuiṁin liom go raiḃ aon ḟreagra riaṁ agam le taḃairt ar an gceist aċ an t-aon ḟreagra aṁáin, .i. gur am' ṡagart a ḃeinn. Ḃí an méid sin socair os cóṁair m' aigne ó ṫosaċ, agus ní cuiṁin liom go raiḃ a ṁalairt riaṁ os cóṁair m' aigne, ná ní cuiṁin liom caṫain a ṫosnuiġ m' aigne ar ḃeiṫ 'ġá ṡocaruġaḋ gur am' ṡagart a ḃeinn nuair a ḃeinn eiriġṫe suas.

Tá ḟios agam go maiṫ go mbíoḋ daoine ag déanaṁ magaiḋ de'n sgéal, mar ba léir do gaċ aoinne ná raiḃ i n-aon ġaor do'n ġustal riaċtanaċ agam' aṫair ċun taḃairt fé n-a leiṫéid d'obair. Ḃí ḟios agam féin, leis, cóṁ luaṫ agus ṫáinig aon tuisgint dom,

ná raiḃ an gustal aige, agus níor ċuir san mé ó é ḃeiṫ daingean am' ainne gur am' ṡagart a ḃeinn, pé cuma 'n-a dtiocfaḋ san ċun cinn. Mura mbéaḋ an duḃ a ṫeaċt ar na prátaí agus an droċ ṡaoġal do ṫeaċt i ndiaiġ an duiḃ, ní deirim 'ná go mbéaḋ sé ábalta ar an méid sgolaiḋeaċta a ḃéaḋ riaċtanaċ do ṫaḃairt dom. Aċ d'iompuiġ an droċ ṡaoġal gaċ aon rud taoḃ síos suas. Agus rud ab iongantaċ, isiad na feirmeóirí móra láidire do ṫuit ar dtúis. An fear ná raiḃ aige aċ an ḟeirm ḃeag, féar sé nó seaċt de ḃuaiḃ, do ċoiméad sé a ġreim, agus an fear go raiḃ an ḟeirm ṁór ḟairsing aige do briseaḋ é go luaṫ nuair a ṫáinig an t-aṫaruġaḋ saoġail. An t-é ná raiḃ aige aċ an beagán níor ċaill sé aċ an beagán. Ní raiḃ an cíos mór ná na glaoiḋte móra air roiṁe sin. Ḃí taiṫiġe aige ar ṁaireaċtaint gan iomarca rabairne. Níor ró ḋeacair dó cúbaḋ ċuige beagáinín eile, agus na glaoiḋte beaga d'ḟreagairt gan iomarca cruaḋtain do ċur air féin. Aċ an t-é go raiḃ an ḟeirm ṁór aige ḃí taiṫiġe ar an mbeaṫa ċostasaṁail aige. Ḃí sé neaṁspleaḋaċ an fad a ḟreagair an ḟeirm. Nuair a ṫáinig an t-aṫaruġaḋ, do stad toraḋ na feirme láiṫreaċ. Ḃí an ċailleaṁaint ró ṁór, agus ḃí an rabairne ró ṁór agus na glaoiḋte ró ṁór. Níor ḃ' féidir iad do ḟreagairt agus do sguabadar d'á ḃonnaiḃ é. Is cuiṁin liom go maiṫ conus mar a ḋ'airiġinn an sgéal nua d'á innsint agus iongnaḋ 'á ḋéanaṁ dé : Ó ! ar airiġis ? Tá a leiṫéid seo briste ! Tá a ċuid tailiṁ anáirde. Tá sé féin imtiġte. D'éaluiġ sé. Tá a ċuid tailiṁ anáirde."

Do h-airiġtí go minic, "Tá a ċuid tailiṁ anáirde" ; aċ ní h-airiġtí i n-aon ċor an uair sin, "Tá a ċuid

tailiṁ tógtha ag duine eile." Ní raibh aon fonn ar aoinne talaṁ a thógaint. Na daoine a chailleadh a gcuid tailiṁ bhíodh an sgéal go h-olc acu. Ní bhíodh biadh ná creideaṁaint acu, agus ní bhíodh le déanaṁ acu ach dul a d'iaraidh déarca. Ní fada a bhídís a d'iaraidh na déarca nuair a tagadh breóiteacht orta agus gheibhdís bás. Ní bhíodh an taithíghe acu ar an ocras ná ar an gcruadhtan, agus ní sheasuighdís abhfad nuair a thagadh an t-ocras agus an cruadhtan orta. Go minic, nuair a bhíodh an t-ocras dian orta, do chaithidís eirighe agus gabháil amach agus aghaidh a thabhairt ar tigh cóṁarsan éigin a bhíodh, b'fhéidir, cóṁ dealbh leó féin, nó geall leis, féachaint an bhfaighdís lán béil de rud éigin le n-ithe a bhainfeadh an bhuile ocrais díobh.

Is cuiṁin liom bheith, lá, agus mé ocht mbliana d'aois is dóich liom, am' sheasaṁ ag cúinne na h-iothlann. Chonac bean ag gabháil chúgham aníos an cnucán. Bhí sí cos-lomrachta. Bhí sí ag siúbhal ana réidh agus bhí saothar uirthi mar bhéadh ar duine a bhéadh ag rith. Bhí a béal ar leathadh i dtreó go raibh radharc agam ar na fiacalaibh agus í ag séideadh. Ach isé rud a chuir an iongnadh ar fad orm 'ná a cosa. Bhí a cosa ataithe i dtreó go raibh gach aon chos acu, ó n-a glúinibh síos, cóṁ mór cóṁ raṁar le galún. Chuaidh an radharc san cóṁ daingean san i n-achran am' aigne go bhfuil sé os cóṁair mo shúl anois cóṁ gléineach agus bhí sé an lá san, bíodh go bhfuil tímpal cúig bliana agus trí ficid ó shin ó chonac é. Bhí an bhean san neaṁspleadhach neaṁaṁgarach go maith go dtí go dtáinig an dubh ar na prátaí.

Bhíos lá eile, ní fheadar an roimis siúd nó 'n-a dhiaigh é, istigh i n-ár dtigh féin am' sheasaṁ ar lic an

tínteáin. Ṫáinig buaċaill an dorus isteaċ. Ċonac an aġaiḋ a ḃí air agus an sgeón a ḃí 'n-a ḋá ṡúil, sgeón ocrais. Tá an aġaiḋ sin agus an dá ṡúil sin os cóṁair m' aigne anois ċóṁ glan ċóṁ soiléir agus ḃíodar an lá san nuair ṫugas an t-aon ḟéaċaint aṁáin sin orta. Ṫug duine éigin cannta aráin dó. Ṫug sé snap ar an arán agus ṫug sé a ḋrom linn agus a aġaiḋ ar an ḃfalla, agus ṡáiḋ sé an t-arán 'n-a ḃéal, agus ḋirig sé ar an arán ḋ'iṫe le h-airc i dtreó gur ḋóiċ leat go dtaċtfaḋ sé é féin. Níor ṁeasas an uair sin go raiḃ aon iongnaḋ ró ṁór agam 'á ḋéanaṁ dé féin ná de'n airc a ḃí air ċun an aráin ; aċ d'fan an radarc am' aigne, agus fanfaiḋ an dá lá 's 'n faid a ṁairfead.

Is cuiṁin liom tráṫnóna éigin i gcaiṫeaṁ na h-aimsire sin agus na daoine ag ruiṫ isteaċ 's amaċ agus iad ag caint. Sa ġeiṁre ab eaḋ é. Ḃí an oiḋċe tar éis tuitim. D'airiġeas an focal, " Ṫíos ag Caraigín an Easaiġ iseaḋ ḋ'airiġeas an liúġ ! " " Siné airís é ! " arsa duine eile, agus do riṫeadar go léir amaċ. Tamall 'n-a ḋiaiġ san ṫánadar isteaċ airís agus seanduine boċt acu eatarta. Ċuireadar 'n-a ṡeasaṁ ar an úrlár é. Is ar éigin a ḃí sé ábalta ar ṡeasaṁ. Ḃíos-sa ar a aġaiḋ amaċ agus radarc agam ar a ċeannaċaiḃ. Ḃí a ḃéal ar leaṫaḋ agus a ḃeóil taraingṫe, síos agus suas, i dtreó go raiḃ na fiacala, an méid a ḃí aige díoḃ, noċtaiṫe. Ċonac an dá starfiacal ṁóra fada ḃuiḋe 'n-a ḃéal agus an sgeón 'n-a ḋá ṡúil agus an sgannraḋ 'n-a ġnúis. Ċím anois iad ċóṁ maiṫ agus do ċonac an uair sin iad. Cóṁarsa dob' eaḋ é. Is aṁlaiḋ a ċomáin an t-ocras amaċ é féaċaint an ḃféadfaḋ sé aon rud le n-iṫe d'fáġail. Ċuaiḋ an fear boċt amú ar fuaid

an portaig a bhí lastíos de Charaigín an Easaigh. Nuair a fuair sé é féin ag dul amú tháinig eagal air go dtuitfeadh sé i bpoll éigin agus go mbáthfaí é. Níor dhein sé ach stad agus cromadh ar liúireach. Béas ab eadh é sin an uair sin ag daoine a bheadh ag dul amú. Bhí liúgh áirighthe chuige, agus do thuig gach aoinne conus an liúgh san do chur suas, i dtreó nuair a h-aireófaí an liúgh go mbeadh fios ag gach aoinne a d'aireóch' é cad é an brígh bheadh leis, agus go gcruinneóchadh na daoine fé dhéin an t-é bheadh ag dul amú.

Bhí stábla beag ag ceann an tighe againn. Tháinig duine bocht n-ar b' ainim dó Pádraig ua Buachalla agus do tugadh beith istigh sa stábla dó féin agus d'á mhnaoi agus do bheirt leanbh a bhí acu. D'fhanadar sa stábla ar feadh raint seachtmhainí; bhí bothán beag acu féin 'n-a dhiaigh san. Síle ab ainim do'n t-é ba shine de'n bheirt leanbh. Bhí buachaill aimsire againn agus Conchubhar ab ainim dó. D'airigheas Síle lá ag caint leis.

"A Chon," ar sise.

"Teacht, a Shíle," arsa Con.

"Ní'l aon chaint agam-sa anois," ar sise.

"Airiú, cad eile cad 'tá agat, a Shíle?" arsa Con.

"Tá Béarla," ar sise.

"Airiú, cad é an Béarla féadfá-sa bheith agat?" arsa Con.

"Béarla Pheadair agus Sheághainín Pilib," ar sise. Duine bocht a bhí i mbothán i n-aice na h-áite ab eadh Seághainín Pilib.

"Agus ar nóin is caint Béarla, a Shíle," arsa Con.

"Caint Béarla!" ar sise, agus iongnadh uirthi.

"Ar nóin," ar sise, "dá mb' eaḋ, do tuigfí é!"

Ḃí máṫair Ṡíle lá agus mám gairḃéil aici sa ċorcáinín tón-leaṫan go ndeineaḋ sí an císte do ḃácáil ann, bácús a tugtar air. Ḃí sí ag sgiúraḋ agus ag sgiomar an ḃácúis ḃig, istiġ ann, leis an ngairḃéal.

"Ó, a Ṁam!" arsa Síle, "an aṁlaiḋ a ċuirfir an gairḃéal sa ċíste?"

"Is aṁlaiḋ, a Ṡíle," ars'an ṁáṫair.

Siúd amaċ Síle. Ċonaic sí Con.

"Ó, a Ċon," ar sisi, "cad a ḋéanfaimíd? cad a ḋéanfaimíd i n-aon ċor?"

"Cad 'tá anois ort, a Ṡíle?" arsa Con.

"Tá," ar sisi, "gairḃéal glas a ḃeiṫ agam' ṁáṫair 'á ċur sa ċíste ḋúinn, agus ní ḟeadar an tsaoġal conus féadfaimíd an císte d'iṫe. Ḃrisfear ár bfiacala go léir. Tá cuid des na cloċa sa ġairḃéal ana ṁór. Ní fágfar fiacal i gceann aoinne againn. Aċ is cuma do Ḋiarmuidín é. Ní'l aon ḟiacal i n-aon ċor aige fós."

Driṫáir beag óg a ḃí ag Síle ab eaḋ Diarmuidín. Siúd isteaċ Con go bfeicfeaḋ sé cad a ḃí ag máṫair Ṡíle 'á ḋéanaṁ. Nuair a ċonaic sé cad é an gnó a ḃí de'n ġairḃéal ḃí spórt acu.

Ṫáinig an gorta, agus b'éigean do Ṡíle agus d'á h-aṫair agus d'á máṫair agus do Ḋiarmuidín imteaċt síos go Maġċromta agus dul isteaċ i dtiġ na mboċt. An túisge n-a raḃadar istiġ ann do sgaraḋ iad go léir le n-a céile. Do cuireaḋ an t-aṫair ameasg na bfear. Do cuireaḋ an ṁáṫair ameasg na mban. Do cuireaḋ Síle ameasg na gcailíní mbeag. Agus do cuireaḋ Diarmuidín ameasg na

leanḃ óg. Ḃí an tiġ go léir, agus a raiḃ de ḋaoine boċta ann, múċta le gaċ aon tsaġas droċ ḃreóit-eaċtaí. Na daoine, ċóṁ tiuġ agus ṫagaidís isteaċ náċ mór, ag tuitim le h-éagcruas, slán mar a n-innstear é, agus iad ag fáġail báis ċóṁ tiuġ agus ṫagaḋ an galar orṫa. Ní ḃíoḋ slíġ d'á leaṫ sa tiġ. Ní ḋeinidís, an méid ná féadaḋ dul isteaċ díoḃ, aċ dul agus iad féin do ṡíneaḋ ar port na h-aḃan ar an dtaoḃ ṫíos de'n droċad. Do ċítí ansan iad gaċ aon ṁaidean tar éis na h-oíḋċe, agus iad sínte 'n-a sraṫanaiḃ ann, cuid acu ag corruiġe agus cuid acu socair go leór, gan aon ċor acu 'á ċur díoḃ. Do tagtí ar ball agus do tógtí an ċuid acu ná bíoḋ aon ċor acu 'á ċur díoḃ, agus do curtí isteaċ i dtru-cailíḃ iad agus do beirtí suas iad go h-áit i n-aice Ċaraig an Staiḋre mar a raiḃ poll mór leaṫan doiṁ-inn ar osgailt dóiḃ, agus do curtí síos sa poll san i dteannta 'ċéile iad. Do deintí an rud céadna leis an méid a bíoḋ marḃ istiġ sa tiġ díoḃ tar éis na h-oíḋċe.

Ní ró ḟada, tar éis dul isteaċ dóiḃ, agus tar éis sgaraṁaint le n-a ṁáṫair dó, go dtáinig an bás ar Ḋiarmuidín. Do caiṫeaḋ anáirde ar an dtrucail an corp beag agus do rugaḋ suas go dtí an poll mór é, agus do caiṫeaḋ isteaċ ann é i dteannta na gcorp eile. Aċ ba ċuma do'n leanḃ é. Ḃí a anam ṫuas i láṫair Dé, i n-aoiḃneas, aḃfad sar ar caiṫeaḋ a ċorp sa poll. Níor ḃ' ḟada gur lean Síle Diar-muidín. Ċuaiḋ a corp óg sa poll, aċ ċuaiḋ a n-anam suas mar a raiḃ Diarmuidín, i láṫair Dé, i n-aoiḃneas na ḃflaṫas, mar a raiḃ sólás aici agus cóṁluadar naoṁ agus aingeal, agus cóṁluadar na Maiġdine Muire, agus caint a ḃí níos fearr

go mór 'ná "Béarla Peadair agus Seáġainín Pilib."

Ḃí an t-aṫair agus an ṁáṫair ag fiafraiġe agus ag ceistiuċán ċóṁ minic agus d'ḟéadadar é i dtaoḃ Ṡíle agus Ḋiarmuidín. Ní raiḃ an beirt aḃfad tar éis báis nuair airiġeadar é. Ḃí an Ġaeluinn ag na daoine boċta go léir. Ní raiḃ sí ag na h-uaċtaránaiḃ, nó ní raiḃ sí acu aċ go h-olc. D'ḟéadaḋ na daoine boċta eólus d'ḟáġail ar a ċéile go minic a gan ḟios dos na h-uaċtaránaiḃ. Ċóṁ luaṫ agus fuair an t-aṫair agus an ṁáṫair go raiḃ an beirt leanḃ tar éis báis, ṫáinig a leiṫéid sin de ḃuairt agus d'uaigneas orta ná féadfaidís fanṁaint sa n-áit. Ḃíodar deiġilte ó n-a ċéile, aċ fuaradar caoi ar ḟocal éigin do ċur ċun a ċéile. Ṡocaruiġeadar ar éalóḋ as an áit. Cáit ab ainim do'n ṁnaoi. Do ṡleaṁnuiġ Pádraig amaċ as an dtiġ ar dtúis. Do stad sé ṫuas i mbara Ḃóṫair na Sop ag fanṁaint le Cáit. I gcionn tamaill do ċonaic sé ag teaċt í, aċ ḃí sí ag siúḃal ana réiḋ. Ḃí an ḃreóiteaċt uirṫi. Ċomáineadar leó suas i dtreó Ċaraig an Staiḋre. Ṫánadar ċun na h-áite 'n-a raiḃ an poll mór. Ḃí ḟios acu go raiḃ an beirt leanḃ ṫíos sa poll san ameasg na gcéadta corp eile. Do stadadar i n-aice an puill agus ġoileadar a ndóiṫin. Ṫuas ar an nDoire Liaṫ, lastoir de'n Ċaṫairín, a ḃí an boṫán n-a rabadar 'n-a gcóṁnuiġe ann sar a ndeiġeadar isteaċ i dtiġ na mboċt. D'ḟágadar an poll mór, agus ṫugadar aġaiḋ siar ó-ṫuaiḋ ar an nDoire Liaṫ, mar a raiḃ an boṫán. Ḃí an áit sé ṁíle 'ṡliġ uaṫa, agus ḃí an oiḋċe ag teaċt, aċ ċomáineadar leó. Ḃí an t-ocras orta agus ḃí an ḃreóiteaċt ar Ċáit. B'éigean dóiḃ

siúḃal ana réiḋ. Nuair a ḃí cúpla míle de'n tslíġ curṫa ḋíoḃ acu b' éigean do Ċáit stad. Ní féadfaḋ sí dul a ṫuille. Do casaḋ cóṁarsain orṫa. Do tugaḋ deoċ agus blúire éigin bíḋ ċúċa, aċ ní leig-feaḋ sgannraḋ d'aoinne ḃeiṫ istiġ a ṫaḃairt dóiḃ toisg iad a ḃeiṫ tagaiṫe lom díreaċ ó'n bpoorhouse, agus an droċ ḃreóiteaċt a ḃeiṫ ar an mnaoi. Níor ḋein Pádraig aċ an ḃean do ṫógáilt ċuige ar a ṁuin agus comáint leis siar ó-ṫuaiḋ fé ḋéin an ḃotáin.

Ḃí an fear boċt féin lag go maiṫ. Ḃéaḋ sé dian air an tslíġ ċur ḋé gan aon ualaċ a ḃeiṫ air. Nuair a ḃí an t-ualaċ air b'éigean ḋó stad go minic agus an t-ualaċ do leigint uaiḋ siar ar ċlaiḋ an ḃóṫair ar feaḋ tamaill. Aċ pé tuirse a ḃí air do lean sé ag cur na slíġe ḋé. Níor sgar sé leis an ualaċ. Do ṡrois sé an botán. Ḃí an botán fuar folaṁ roimis, gan teine gan teas.

Amáireaċ a ḃí ċúġainn ṫáinig cóṁarsa éigin ċun an ḃotáin. Ċuaiḋ sé isteaċ. Ċonaic sé an ḃeirt istiġ agus iad araon marḃ, agus ḋá ċois a ṁná istiġ 'n-a ḃrollaċ ag Pádraig, fé mar ḃéaḋ sé a d'iaraiḋ iad do ṫéiḋ. Do ḋeaḃróċ' an sgéal gur ṁoṫuiġ sé lagaċar an ḃáis ag teaċt ar Ċáit agus a cosa fuar, agus gur ċuir sé na cosa isteaċ 'n-a ḃrollaċ féin ċún an fuaċta do ḃaint asta.

"Ba ṁaiṫ, agus ba ḋílis, agus dob' uasal an fear é!" adéarfaiḋ duine éigin b'féidir, "agus dob' uasal an gníoṁ a ḋein sé!"

Is fíor. Aċ deirim-se an méid seo leat. Do deineaḋ na mílte gníoṁ de'n tsaġas ċéadna san ar fuaid na h-Éirean i gcaiteaṁ na h-aimsire sin, agus níor ḋein aoinne puinn iongnaḋ ḋíoḃ mar ġeall ar a ḃfeaḃas de ġníoṁarṫaiḃ. Dar le gaċ aoinne

níor ḋein Pádraig ua Buaċalla aċ an rud a ḋéanfaḋ aon ḟear gur ḃ'ḟiú é Críostaiḋe ṫabairt air.

Ḃí an firín úd n-ar ḃ' ainim dó Míċeál ua Laoġaire 'n-a ċóṁnuiġe i mbotán ná raiḃ aḃfad ó'n mbotán n-a ḃfuair Pádraig ua Buaċalla agus a ḃean bás ann. Míċeál Duḃ a tugtí mar leas-ainim ar Ṁíċeál ua Laoġaire. Caitlín Pruiséal ab ainim d'á ṁnaoi. Ḃí lán tíġe de ċlainn acu. Ní raiḃ oiread agus aon ḟocal aṁáin Béarla acu féin ná ag aoinne de'n ċlainn. Ṫáinig an gorta go dian orta. Taḋg ab ainim do'n ṁac ba sine a ḃí acu. Ċonaic sé a aṫair agus a ṁáṫair ag dul i laige leis an ocras, agus an t-é ḃ' óige de'n ċlainn sínte marḃ i gcúinne an ḃotáin. D'árduiġ sé tuaġ agus sgian leis, agus siúd amaċ é, ar tuitim na h-oiḋċe. Ċuaiḋ sé isteaċ i gcró beiṫiġeaċ le duine des na cóṁarsain, agus ṁairḃ sé ceann des na buaiḃ. Ḃain sé cuid de'n ċroicean de'n ḃoin. Do noċt sé an méid de'n ḟeoil a ṫeastuiġ uaiḋ a ḃreiṫ leis. Ṫug sé leis an dá ċeaṫraṁain deiriġ. Ṫáinig sé aḃaile. Ḃí béile ṁaiṫ an oiḋċe sin acu go léir. Nuair a ḃí an t-ocras bainte ḋíoḃ do rug Taḋg leis amaċ an corp a ḃí sa ċúinne, agus ḋein sé poll amuiċ sa ġáirdín, agus ċuir sé an corp ann.

Nuair a ṫáinig an ṁaidean d'eiriġ muintir na bó. Do fuaraḋ an ḃó marḃ amuiċ sa ċró, agus an dá ċeaṫ-raṁain ḋeiriġ di imtiġte. D'imtiġ an fear gur leis í go Maġċromta agus tug sé leis barántas cuardaiġ. Ḃí tuairim aige cár rugaḋ an ḟeóil. Ṫáinig sé féin agus pé oifigeaċ dlíġe a ḃí le n-a ċois aige, go botán Ṁíċil Duiḃ. Do fuaraḋ na cnáṁa agus cuid de'n ḟeóil. Do gaḃaḋ 'n-a ṗrísúnaċ Taḋg agus do rugaḋ síos go Maġċromta

é, agus do cuireaḋ isteaċ sa ṗrisún é. Nuair a ṫáinig an t-am do trialaḋ é. Do daoraḋ é gan puinn ríġnis, agus do cuireaḋ an loċ amaċ é. Níor airiġeas aon tuairisg riaṁ ó ṡin ar cad d'imṫiġ air 'n-a ḋiaiġ san, ná ar cad í an ċríċ a rug é.

D'imṫiġ Miċeál agus Caitilín agus an méid a ḃí beó de'n ċlainn d'imṫiġeadar as an mbotán agus ċuadar ag siúḃal rómpa.

Raint laeṫanta tar éis iad a ḃeiṫ imṫiġte ḃí cóṁarsa éigin ag gaḃáil ṫar an mbotán. Ċonaic sé gaḋar sa ġáirdín agus rud éigin 'n-a ḃéal aige. Ċaiṫ sé cloċ leis an ngaḋar; do ċaiṫ an gaḋar uaiḋ an rud a ḃí 'n-a ḃéal aige agus do riṫ sé leis féin. Ṫáinig an ċóṁarsa agus ba ḃeag ná gur ṫuit sé le sgannraḋ agus le h-uaṫḃás nuair a fuair sé gur ḃ' é rud a ḃí 'n-a ḃéal ag an ngaḋar 'ná láṁ duine! Níor ḋein Taḋg an poll doiṁinn a ḋóiṫin sar ar ċuir sé an corp úd síos ann.

D'aimsiġ an ċóṁarsa bosga nó rud éigin d'á ṡórd, agus ṫóg sé an ċuid eile de'n ċorp aníos as an bpoll, agus do rug sé leis go dtí an roilig ba ġiora ḋó an bosga, agus ċuir sé ann é. Níor ḃ' aon iongnaḋ an uair sin aoinne aṁáin a ḋ'ḟeisgint ag dul ċun roilge agus cóṁra i dtrucail aige, nó ar a ṁuin dá mba ná béaḋ an trucail ná an capall aige.

Sin mar a ḃí an sgéal an uair sin, go grána agus go fuaṫṁar agus go déistineaċ, mór-tímpal na h-áite 'n-ar tógaḋ mise. Tuigim go raiḃ an sgéal ar an gcuma gcéadna díreaċ mór-tímpal na h-Éireann go léir. Agus, donas an sgéil ar fad, ní le toil Dé, i gceart, a ḃí an sgéal ar an gcuma san. Le toil daoine iseaḋ ḃí an sgéal aṁlaiḋ. Do sgaoileaḋ amaċ a' h-Éirinn an ḃliain sin oiread arḃair, ní h-eaḋ,

aċ a ḋá oiread, agus ċoṫóċ' a raiḃ de ḋaoine beo i n-Éirinn. Ḃí cuanta na h-Éirean lán de loingeas, agus na loingeas lán d'arḃar na h-Éirean, ag imṫeaċt as na cuantaiḃ, agus na daoine ar ḟuaid na h-Éirean ag fáġail leis an ocras.

“Cad 'n-a ṫaoḃ nár coimeádaḋ an t-arḃar?” a déarfaiḋ duine, b'ḟéidir.

Níor coimeádaḋ é mar níor ḃ' ḟoláir é ḋíol ċun an ċíosa déanaṁ, é féin agus an t-ím agus an ḟeóil, agus an uile ḃlúire eile de ṫoraḋ an tailiṁ, aċ aṁáin an práta. Do rug an duḃ an práta leis, agus ansan níor ḟan aon ḃlúire biḋ le n-iṫe ag na daoine.

“Cad 'n-a ṫaoḃ,” adéarfaiḋ duine, b'ḟéidir, “nár deineaḋ dlíġ ċun na ndaoine do ċosaint ar an éag-cóir sin a ċuir ḟéaċaint orṫa an t-arḃar do ḋíol agus gan aon rud le n-iṫe do ċoimeád dóiḃ féin?”

Mo ṫruaġ do ċeann gan ċiall! “Dlíġ ċun na ndaoine do ċosaint,” arsa tusa. Airiú, dá dtráċtfá an uair sin le h-uaisliḃ Ṡasana ar ḋlíġ ċun na ndaoine do ċosaint, déarfaidís gur ar buile ḃeiḟeá.

Ní ċun na ndaoine ċosaint a ḋeineaḋ muintir Ṡasana dliġṫe an uair sin i n-aon ċor. Ċun na ndaoine do ḃrúḋ síos agus do ċreaċaḋ, agus do ċur ċun bá's le gorta agus le gaċ aon tsaġas éag-córa iseaḋ ḋeineaḋ muintir Ṡasana dliġṫe an uair sin. Is ait an scéal é, aċ ḃí sórd seanḟocail ag muintir Ṡasana an uair sin. Sidé an seanḟocal:—

“Éagcóir ar an máiġistir iseaḋ ceart do ṫaḃairt do'n tineóntaiḋe.”

VII

Sgoil Ċaraig an Ime

Nuair a ḃíos tímpal trí bliana déag d'aois do cuireaḋ suas tiġ sgoile i gCaraig an Ime ṫoir. Go dtí san is istiġ sa ḃaile a ḃíoḋ an sgoil agam féin agus ag an gcuid eile de ċlainn m'aṫar agus mo ṁáṫar. Ḃímís ag obair fan lae ar an ḃfeirm ḃeag, an méid againn a ḃí ábalta ar aon rud i ḃfuirm oibre do ḋéanaṁ. Nuair a ṫagaḋ an oíḋċe do lasaḋ mo ṁáṫair coinneal ar an mbórd, agus ċuireaḋ sí i n-ár suíḋe tímpal an ḃúird sinn, agus ṫugaḋ sí na leaḃair dúinn, agus múineaḋ sí ár gceaċtana dúinn. Ḃí an múineaḋ ṫugaḋ sí dúinn níb' ḟearr go mór 'ná an múineaḋ a tugtí dos na leanḃaiḃ a ḃíoḋ ins na sgoileanaiḃ. Mar sin féin do ceaptí, níḋ nár ḃ' iongnaḋ, gur ċóir gur ḃ' ḟearr an múineaḋ a tugtí ins na sgoileanaiḃ.

Do h-osgalaḋ sgoil Ċaraig an Ime. Do cuireaḋ múinteóir isteaċ ann d'ár ḃ' ainim Cormac ua Luasa. Do cuireaḋ mise ar sgoil ann. Is cuiṁin liom go maiṫ an ċéad lá ċuas isteaċ ann. Ní ḟeidir Cormac cad é an rang de'n sgoil 'n-a gcuirfeaḋ sé mé. Ḃí cuid de'n eólus ró ṁaiṫ agam, agus ḃí tuille ḋé ná raiḃ i n-aon ċor agam. Ḃíos ábalta ar na leaḃair a ḃí acu do léiġeaḋ ar áilleaċt, níb' ḟearr go mór 'ná na buaċaillí dob' ḟearr a ḃí aige. Ansan ḃí rudaí eile nár airiġeas riaṁ aon teaċt ṫórsa. Isé rud a ḋeineaḋ sé 'ná tamall ṫíos agus tamall ṫuas a ṫaḃairt dom. Ċuireaḋ sé tamall ag múineaḋ mé agus tamall ag foġluim. Ḃí taḃairt

suas maiṫ air féin, agus an ceann go maiṫ aige. Aċ ḃí sé ana ṫeasaiḋe.

Sa sgoil sin a ċonac, an ċéad uair riaṁ, rud a ċuir iongnaḋ mo ċroiḋe orm, daoine óga ag foġluim focal, agus 'ġá léiġeaḋ, agus 'ġá laḃairt, agus 'ġá innsint cad é an bríġ a ḃíoḋ leó, agus gan aon ṗioc d'á ḟios acu cad é an ḃríġ a ḃíoḋ leis na focalaiḃ 'ná leis an mbríġ! Ní baoġal go mbíoḋ rud de'n tsórd san sa ḃaile againn. Ní baoġal go ḃfáġtí aon ḟocal gan a ḃríġ taḃairt dúinn i dtreó go dtuig-fimís idir focal agus bríġ.

Is cuiṁin liom conus mar a ḃínn, uaireanta, nuair a ḃímís ag sgrúduġaḋ na gceaċt agus sinn i n-ár suiḋe ag desganaiḃ na sgoile. Ḃínn am' ṡuiḋe agus na buaċaillí eile, cuid acu níba ṁó agus níba ṡine go mór 'ná mé, bailiġṫe am' ṫimpal i dtreó go mbínn múċta acu, agus mé ag freagairt ceisteana dóiḃ, 'ġá innsint dóiḃ cad é an bríġ a ḃíoḋ leis na focalaiḃ a ḃíoḋ sa ċeaċt. Iongnaḋ orṫa-san cá ḃfuaras-sa an t-eólus go léir, agus iongnaḋ orm-sa conus féadfaḋ aoinne ḃeiṫ gan an t-eólus san. Do ċíoḋ Cormac sinn, aċ ní leigeaḋ sé air go ḃfeiceaḋ. Ḃíoḋ ḟios aige go mbíoḋ tairḃe d'á ḋéanaṁ, agus ḃíoḋ sé sásta.

Níor ḃ' aon iongnaḋ i n-aon ċor an sgéal a ḃeiṫ mar sin idir mise agus na buaċaillí eile úd. Níor tugaḋ dóiḃ-sin riaṁ an ċaoi a tugaḋ dóṁ-sa ar an eólus a ḃeiṫ agam ar na focalaiḃ Béarla úd. Ní airiġdís coíḋċe aon ḟocal sa ḃaile aċ Gaeluinn, nó Béarla briste. An Béarla a ḃí ins na leaḃraiḃ a ḃí acu ba mar a céile dóiḃ é agus Gréigis.

Ḃí an Ġaeluinn go breaġ againn go léir. Ḃí sí go h-áluinn ag Cormac féin. Ḃí an clós a ḃí ar

agaiḋ tiġe na sgoile amaċ ḃí sé lán de ċaraigreaċaiḃ móra cloċ. Ċonac beirt ḟear ann lá agus iad ag briseaḋ na gcloċ ċun iad a ḃreiṫ as an áit. Ḃí Cormac ag caint leis na fearaiḃ. As Gaeluinn a ḃíodar ag caint. Ḃí aon ċloċ aṁáin ann agus ḃí teipiṫe ar na fearaiḃ í ḃriseaḋ, ḃí sí ċóṁ cruaiḋ sin. Ḃí sí trí nó ceaṫair de ṫroiġṫiḃ ar raiṁre ar gaċ aon tslíġ, agus í, ba ḋóiċ leat, ċóṁ cóṁċruinn le liaṫróid coise. Ḃí na fir ag iniúċaḋ uirti féaċaint a' ḃfeadfaidís aon áit ḟáġail 'n-a sgoilfeaḋ buille maiṫ láidir de'n órd í aċ í ḃualaḋ ann. Ḃí ag teip orta. Do rug Cormac ar an órd. Fear óg láidir cruaiḋ fuinneaṁail ab eaḋ é an uair sin.

"Druidiḋ amaċ uaiṫe!" ar seisean.

Ḃain sé casaḋ as an órd, agus ḃuail sé a ḃuille ċóṁ maiṫ agus ḃí 'n-a ċuisleanaiḃ agus 'n-a ċorp é ḃualaḋ. Ḃíos ag féaċaint air. Ba ḋóiċ leat gur ṁó go mór an fuinneaṁ a ḃí leis an órd ag eiriġe de'n ċloiċ 'ná mar a ḃí leis ag teaċt anuas uirti. Is dóiċ liom gur ċrit an t-adṁad i láiṁ Ċormaic i dtreó gur ċuir sé codla grífín sa láiṁ. Ċait sé uaiḋ an t-órd agus ċuir sé an láṁ 'n-a ṗóca.

"Is éadtroma cleite 'ná é, a Ċormáic!" arsa duine des na fearaiḃ.

Ḃí an séipéal i n-aice na sgoile i gCaraig an Ime, agus téiġmís go léir ó tiġ na sgoile isteaċ sa tséipéal nuair a ḃíoḋ an Teagasg Críosdaiḋe le foġluim againn. Ní ḃíoḋ aon focal Béarla d'á labairt sa tséipéal aċ fíor ḃeagán. Ḃíoḋ ḋá oiread ag foġluim Teagasg Críosdaiḋe sa tséipéal agus ḃíoḋ ag foġluim léiġinn sa sgoil, agus ní baoġal

ná go dtuigtí an uile ḟocal de'n ṁúineaḋ a tugtí sa tséipéal.

Is cuiṁin liom lá agus sinn go léir i dteannta 'ċéile istiġ sa tséipéal. Ḃí sagart ann agus é ag múineaḋ an Teagasg Críosdaiḋe, agus ba ró ṁait ċuige é. Ḃí an Ġaeluinn aige go ceólṁar. Ṫéiġinn féin agus buaċaillí eile go minic treasna na gcnuc cos-lomraċta ar maidin Dé Doṁnaiġ ċun an tséipéil n-a mbíoḋ sé ċun Aifrinn do ráḋ ann, i dtreó go ḃféadfaimís éisteaċt leis an seanamóin Ġaeluinne ṫugaḋ sé uaiḋ, bíoḋ an tseanamóin ċóṁ breaġ san. Ḃí sé sa tséipéal an lá adeirim, agus ḃí, an ċuid ba lúġa ḋé, suas le cúpla céad duine ag foġluim ann. Trát éigin i gcaiṫeaṁ na h-aimsire do ḃuail ċúġainn an dorus isteaċ garsúinín ana ḃeag agus seál fillte fé n' osguil aige. Ṡiúbluiġ sé ċúġainn aníos go h-ana réiḋ agus an dá ṡúil ar an sagart aige. Ċeap an sagart go mb' ḟéidir go raiḃ sgát air nó eagla. Do labair sé go réiḋ agus go cneasta leis.

"Seaḋ, a ġarsúin," arsa'n sagart, "cad tá uait?"

"Tá duine des na cailíní beaga san, a Aṫair," arsa'n garsúinín, agus ní raiḃ sgát ná eagla 'n-a ċaint ná 'n-a ġlór. Do labair sé ċóṁ dána agus dá mbéaḋ sé ċóṁ mór ċóṁ láidir leis an sagart féin. Do ṗléasgamair go léir ag gáirí. Do ċuir an sagart féin sgeartaḋ gáire as. Níor ċuir san aon ċorḃuais ar an ngarsún.

"Agus cad ab áil leat de'n seál san?" arsa'n sagart.

"Ċun é ċasaḋ uirṫi, a Aṫair," arsa'n garsún.

Ansan iseaḋ ḃí an spórt againn agus sinn go léir

ins na tritiḃ gáirí. Le n-a linn sin do léim duine des na cailíníḃ amaċ ó'n gcuid eile, agus do riṫ sí ċun an ġarsúin agus do ṡnap sí uaiḋ an seál, agus ċaiṫ sí aniar uirṫi é agus siúd amaċ í. D'ḟéaċ sé 'n-a diaiġ.

"Imṫiġ soir go Meall na h-Órnan, a Ṗeig," ar seisean, "agus abair leó go mbeimíd ag déanaṁ ime Dé Luain agus go mbeiḋ na spealadóirí againn Dé Máirt."

Nuair a ḃí an méid sin ráiḋte aige do ḃuail sé ċúġainn suas agus ṡeasaiṁ sé i n-ár measg.

Níor sgar cuiṁne an ġarsúin sin riaṁ ó ṡin le m' aigne. Aḃḟad 'n-a ḋiaiġ san, nuair a ṫagaḋ an leanḃ agus an ċaint suas ċúġam am' aigne agus ḃínn ag breiṫniuġaḋ ar an sgéal, ḃínn ag cur an leinḃ sin, mar a ḃí sé an uair sin, i gcomparáid leis an gcuma 'n-a raiḃ sé tamall 'n-a ḋiaiġ san má ċuaiḋ sé ar sgoil Ġallda, agus má ḟoġluim sé an saġas Béarla a ḃí ins na sgoileanaiḃ sin. Ḃí sé an uair sin go neaṁsgáṫmar agus go seasaṁaċ i n-a aigne, go súil-aibiġ agus go h-ollaṁ ċun freagra ṫaḃairt nuair a cuirfí ceist ċuige. D'ḟéaċ sé suas idir an dá ṡúil ar an sagart nuair a ḃí sé ag caint leis. Ḃí sé dána gan ḃeiṫ droċ-ṁúinte.

Ní ḟeaca riaṁ ó ṡin é. Aċ do ċonac daoine ḋ'á ṡórd go minic ó ṡin. Agus tá ḟios agam go dian ṁaiṫ, má ṫug sé raint aimsire i n-aon sgoil Ġallda agus má ḟoġluim sé an saġas Béarla a ḃíoḋ ionta, nár ḃ'ḟada gur imṫiġ an tseasaṁaċt as a ṡúiliḃ agus as a ċroíḋe, agus má ḃí air teaċt isteaċ i séipéal agus seál fé n'osguil aige, agus gur ċuir sagart éigin na ceisteana úd ċuige, gur b' aṁlaiḋ a ḃí sé

ag smiḋireaċt ġáirí i n-inead freagra ṫabairt, agus gur ag lúṫáil a ḃí sé i n-inead seasaṁ díreaċ. I n-inead ḃeiṫ dána gan ḃeiṫ droċ-ṁúinte gur b' aṁlaiḋ a ḃí sé droċ-ṁúinte gan ḃeiṫ dána.

Ḃí beirt nó triúr ban sa ṗaróiste agus cúpla gearaċaile le gaċ mnaoi acu ag foġluim Teagasg Críosdaiḋe sa tséipéal. Ní ḋéanfaḋ Gaeluinn an gnó i n-aon ċor dos na mnáiḃ sin. Níor ḃ'ḟoláir an Teagasg Críosdaiḋe ṁúineaḋ as Béarla d'á gclainn. Ḃí ceaṫrar nó cúigear, as an dá ċéad, agus iad ag casaḋ le Teagasg Críosdaiḋe ḋ'ḟoġluim as Béarla. Do curtí mise 'ġá ṁúineaḋ. Ḃíos ana ḃeag agus iadsan ana ṁór. Is cuiṁin liom go maiṫ an obair a ḃíoḋ agam orta a d'iaraiḋ bríġe na ḃfocal do ċur isteaċ 'n-a gceann, agus é ag teip orm glan. Ar dtúis ní ḟéadaidís an focal do ráḋ. Nuair a deirinn leó "Resurrection" do ráḋ, ní deiridís aċ "Rerusection," nó rud éigin mar sin. Ansan nuair a ṫugainn an bríġ ḋóiḃ, do ṫuiginn ná téiġeaḋ an bríġ isteaċ i n-aon ċor 'n-a n-aigne. Fé ḋeire nuair a ṫugainn an bríġ ḋóiḃ fé leiṫ, gan bac leis an ḃfocal, do ġlacaidís é, aċ ní ḟéadaḋ mo ḋíċeal an focal agus an bríġ ṫabairt i n-aonfeaċt ḋóiḃ. Ḃéaḋ "Resurrection" acu, agus ḃéaḋ "to rise again from the dead" acu, aċ ní ḟéadaidís coíḋċe a ṫuisgint gur ḃ' aon níḋ aṁáin an dá níḋ sin. Ansan, nuair a deirinn ná raiḃ sa dá níḋ aċ an t-aon níḋ aṁáin, .i. "Aiseiriġe ár Slánuiġteóra," do lasaḋ a súile agus do ġáiridís.

Raint blianta 'n-a ḋiaiġ san ḃí an sgéal níba ṡeaċt measa 'ná san féin. Ḃí forṁór na ndaoine óga ag foġluim an Teagasg Críosdaiḋe as Béarla agus gan aon focal Gaeluinne acu. Ansan ní raiḃ

"Resurrection" acu, ná "rising again from the dead," ná "Aiseiriġe ár Slánuiġṫeóra"!

Ní dóiċ liom gur deineaḋ éagcóir aigne riaṁ ar ḋaoiniḃ óga, i n-aon ṗáirt de'n doṁan, ċóṁ mór agus a deineaḋ ar aos óg na h-Éireann nuair a cuireaḋ orṫa an saġas múineaḋ sin a ḋ'ḟág sa deiré iad gan Ḃéarla gan Ġaeluinn. Nuair a bíos-sa ar sgoil i gCaraig an Ime, suas le trí fiċid blian ó ṡin, iseaḋ ḃí an éagcóir sin ag tosnuġaḋ. Mura mbéaḋ idir Ḃéarla agus Gaeluinn a beiṫ ró ḋaingean istiġ ionam-sa ḃéaḋ an sgéal go h-olc agam.

Dá mba ná béaḋ agam aċ an Ġaeluinn anois, ní taḃarfaí aon toraḋ orm pé olc maiṫ a ḃéaḋ sí agam. Agus dá mba ná béaḋ agam aċ an Ḃéarla, ní ḟéadfainn aon úsáid a ḋéanaṁ de ċun na Gaeluinne do ṡaoṫruġaḋ pé olc maiṫ a ḃéaḋ sé agam.

VIII

Trí Liaṫróidí Duḃa

Tá faid ṁaiṫ sa tsliġ ó Lios Caragáin go Caraig an Ime, agus sliġ ġarḃ anacair iseaḋ an tsliġ. Nuair a bíoḋ an aimsir fliuċ fuar do ċaiṫinn fanṁaint sa ḃaile. Ḃíoḋ an aimsir fliuċ fuar minic go leór. Do ṫuig m' aṫair, beannaċt Dé le n' anam, go raiḃ a lán de'n aimsir ag imṫeaċt gan tairḃe uaim. Ḃí

sgoil i Maġċromṫa an uair sin, agus ḃí árd ċáil uirṫi féin agus ar an máiġistir a ḃí uirṫi. Is dóiċ liom go mb' ḟéidir go raiḃ Cormac ua Luasa ag caint le m' aṫair agus go ndúḃairt sé leis gur mór an truaġ gan mo ṡeans a ṫaḃairt dom i sgoil Maġċromṫa.

Timpal na h-aimsire céadna san d'éiriġ clampar dliġe airís idir tineóntaiṫe an ḃaile agus an máiġistir. D'ḟan duine des na tineóntaiṫe gan a ċíos do ḋíol nuair a ḃí an cíos ag glaoḋaċ. An t-agent a ḃí os a gcionn Broderick ab ainim dó. Claḃaire rógaire ab eaḋ é. Do leig sé do'n ḟear a ḃí ag fanṁaint siar ó'n gcíos a ḋíol fanṁaint siar go dtí go raiḃ cuid ṁaiṫ gan díol aige. Do ḋein sé an méid sin i dtreó go ḃféadfaḋ sé teaċt orṫa go léir leis an éileaṁ. Ḃí súil aige go ndiúltóċaidís do'n éileaṁ. Ḃí ḟios aige go raiḃ cuid acu agus gur ḃ' ar éigin a ḃíodar ábalta ar a gcuid féin de'n ċíos do ċur le céile agus gan bac do'n éileaṁ eile. Dá ndiúltuiġdís ḃéaḋ an léas briste, agus d'ḟéadfaḋ sé iad go léir do ċaiteaṁ amaċ, agus árduġaḋ cíosa ḋ'ḟáġail do'n ṁáiġistir, agus bread ṁaiṫ a ḋ'ḟáġail dó féin as gaċ feirm ḃeag d'á dtaḃarfaḋ sé do tineóntaiḋe nua.

Do ċuir na tineóntaiṫe le céile agus do ċosnadar an dliġ. Ċuireadar le céile, aċ ba ḋeacair leó cur le céile. Ṫagaidís ċun ár dtíġe-na ag déanaṁ cóṁairle, mar b' é an tiġ ba cóṁgaraiġe dóiḃ go léir é. Is cuiṁin liom go maiṫ lá agus iad bailiġṫe istiġ sa tiġ againn. Ṫugadar an lá go léir ag caint agus do teip orṫa socaruġaḋ ar cad ba ċeart dóiḃ a ḋéanaṁ.

"Tá sé i n'. oiḋċe," arsa duine acu. "Tá sé ċóṁ maiṫ againn dul aḃaile anois agus teaċt anso airís

Dé Céadaoin seo chúghainn. Tá aimsir ár ndóithin fós againn chun labhairt le n-ár n-atúrnae."

Bhí Seághan ua Laoghaire, mac do sheana Dhiarmuid ua Laoghaire, ag éisteacht leis an gcaint sin. Do labhair sé. (Ní raibh aon fhocal Béarla d'á labhairt sa chómhairle sin.)

"Sead!" arsa Seághan ua Laoghaire. "Tá an lá go léir caithte ansan agaibh ag caint agus ní'l aon rud déanta agaibh. Ní'l socair agaibh ar cad tá le déanamh agaibh ach chómh beag agus bhí nuair a thánabhair anso ar maidin. Imtheóchaidh sibh abhaile anois. Tiocfaidh sibh anso airís Dé Céadaoin seo chúghainn. Tiocfaidh Seághan ua Luasa anso agus gur cuma nó watch gach aon tsúil leis. Tiocfaidh Micheál ua Laoghaire anso agus gur fiú chúig phúint gach aon fhocal uaidh. Tiocfaidh Barnaby anso agus gur cuma é nó Socrates. Tiocfaidh sibh go léir anso agus coimeádfaidh gach aoinne agaibh a aigne beag aige féin, agus ní dhéanfaidh sibh aon tsocarughadh an lá san ach chómh beag agus 'tá déanta indiu agaibh. Sleamhnóchaidh an aimsir uaibh go dtí go mbeidh sé ró dhéanach chun labhartha le h-aon atúrnae. Ansan beidh Broderick agus Saunders anuas sa bhraiceal oraibh go léir, agus neart dóibh a rogha cor a thabhairt daoibh."

Bhíodar go léir ag cur an anama amach ag gáirí nuair a bhí deire ráidhte aige. Do shocaruigheadar ar dhul láithreach agus labhairt leis an atúrnae, agus an dlígh chur i bhfeidhm chun iad féin do chosaint. Do bhuadhdar ar an máighistir sa dlígh. Do díoladh cíos an fhir a bhí i ndiaigh láimha, agus do tugadh dóibh an fheirm a bhí aige go dtí go mbéadh a gcuid féin tar n-ais acu aisti.

Nuair a bhí an méid sin clampair i leith taoibh do

ṡocaruiġ m' aṫair ar mé ċur ar sgoil síos go Maġċromṫa, ar feaḋ tamaill ar aon ċuma. Ḃa ró ḋeacair ḋó é ḋéanaṁ. Ḃíos díreaċ ag tosnuġaḋ ar ḃeiṫ ábalta ar raint oibre ḋéanaṁ, agus ḃí gáḋ leis an gcongnaṁ aige d'á ṡuaraiġe é. Aċ ḃí an dúil sa léiġean aige féin riaṁ, agus ṫeastuiġ uaiḋ raint éigin dé a ṫaḃairt d'á ṁac, pé cuma 'n-a dtiocfaḋ sé air.

Ḃíos i Maġċromṫa go minic roimis sin. Is cuiṁin liom go raḃas ann tamall maiṫ roimis sin, agus go raḃas am' ṡeasaṁ ag ceann an droċaid, ag bun Ḃóṫar na Sop. Ḃíos ag féaċaint anonn ar an gcaisleán atá ṫall ag an gceann eile de'n droċad. Ċonac, ar aġaiḋ an ċaisleáin amaċ, ar an dtaoḃ ṫoir de'n tsráid ḃeag ar a dtugtar Sráid an Ċaisleáin tiġ éigin mór agus fallaí árda daingeana 'n-a ṫimpal, agus trí slata caola árda 'n-a seasaṁ anáirde as, agus mar ḃéaḋ liaṫróidín duḃ anáirde ar fad ar ḃara gaċ slaite acu. Ní raiḃ aon ṗioc d'á ḟios agam an uair sin cad é an bríġ a ḃí leis na slataiḃ sin agus na liaṫróidí beaga anáirde orṫa. Aḃfad 'n-a ḋiaiġ san iseaḋ do h-innseaḋ dom gur sparaí iarainn gur ḃ' eaḋ na slata san, agus gur trí plaoisgeana gur ḃ' eaḋ na trí liaṫróidí beaga. Ḃ'ṡiniad trí cinn na ḃfear a croċaḋ mar ġeall ar Ṁ'Leaċlainn ua Dúḃgáin. Cárṫaiġ ab eaḋ iad, agus triúr driṫár ab eaḋ iad, Cormac agus Ceallaċán agus Taḃg. Do ċuir Malachi ḟeuċaint ar Ċormac Bob Hutchinson do láṁaċ. Ansan do ḋearḃuiġ sé ar Ċormac. Ansan ḃí eagal air go ndéanfaḋ duine éigin de'n ḃeirt driṫar díoġaltas air féin mar ġeall ar an ndearḃuġaḋ, agus isé rud a ḋein sé'ná dearḃuġaḋ ar an dtriúr i n-aonfeaċt. Do croċaḋ an

triúr i n-aonḟeaċt, agus do cuireaḋ a dtrí cinn ansúd anáirde ar na sparaiḃ caola árda úd, agus do fágaḋ ann iad ar feaḋ mórán blianta. Do ċonac-sa ann iad agus mé am' ṡeasaṁ ag ceann an droċaid an lá úd. Níor ró ḟada 'n-a ḋiaiġ san gur tógaḋ anuas na trí plaoisgeana. Ḃí náire ar na h-uaisliḃ iad ḟágaint ann níba ṡia.

Do lean an gníoṁ san, agus gníoṁarta eile do ḋein sé 'n-a ḋiaiġ san, d'á gcasaḋ mar asaċán le Malachi agus le gaċ aoinne d'á ġaoltaiḃ riaṁ ó ṡin. Níor ṁait le h-aoinne aon ḃaint a ḃeit aige leó, ḃí a leitéid sin de ġráin ag an bpoibiliḋeaċt go léir orta. Ba ṁór an éagcóir é sin, áṁtaċ, mar daoine galánta macánta ab eaḋ a bḟorṁór, ċóṁ galánta ċóṁ macánta le h-aon treaḃċas eile daoine a ḃí sa dúṫaiġ.

Ḃí Diarmuid ua Tuataig, atair Ṁáire ní Ṫuataig, atair mo ṡeana ṁátar-sa, 'n-a ċóṁnuiġe ar Gleann Daiṁ. Tá srután idir an áit 'n-a raiḃ sé 'n-a ċóṁnuiġe agus feirm eile atá lastiar de'n feirm sin. Ḃí an feirm tiar le cur. Cé tiocfaḋ agus tógfaḋ an feirm tiar aċ fear n-ar ḃ' ainim dó Dóṁnall ua Dúḃgáin, gaol gairid do Ṁalachi. Ḃí Diarmuid ua Tuataig ar buile, a ráḋ go mbéaḋ aoinne de'n droċ aicme sin ċóṁ cóṁgarac dó. Ní fada ḃí Dóṁnall ua Dúḃgáin lastiar de'n tsrután 'n-a ċóṁnuiġe nuair a buail sé féin agus Diarmuid ua Tuataig umá ċéile maidin breaġ ṡaṁraiḋ.

"Dia 's Muire duit, a Ḋiarmuid uí Ṫuataig!" arsa Dóṁnall.

Ṫug Diarmuid a ċúl leis agus buail sé tairis gan labairt. Do ġluais an aimsir. Níor ḃ' fada go dtug Diarmuid fé ndeara gur ċóṁarsa ana ṁait, ana ṡíotċánta, ana ċneasta, Doṁnall, pé gaol a

bí le Malachi aige. Bliain díreać ó'n lá a beannuiġ Dómnall do Diarmuid do buail an beirt umá céile airis.

"Dia 's Muire duit, a Dómnaill uí Dúbgáin!" arsa Diarmuid.

Ṫug Dómnall a cúl leis agus buail sé tairis, díreać mar a dein Diarmuid an céad lá úd. Bliain eile díreać ó'n lá san do buail an beirt umá céile an tríṁad h-uair.

"Ó, Dia 's Muire 's Pádraig duit, a Diarmuid uí Ṫuaṫaig!" arsa Dómnall, díreać mar a déarfaḋ sé dá mba an neómat san a béaḋ Diarmuid tar éis beannuġaḋ ḋó. Má ṫug Diarmuid bliain gan labairt ṫug Dómnall bliain gan freagairt. Do ġáir an beirt go sultṁar agus bíodar ana ṁuintearḋa le n-a céile as san amaċ.

Ṫáinig an t-am ċuige, agus an ċaoi air, agus do cuireaḋ síos go Maġċromṫa mé go dtí an sgoil a bí ag fear d'ár b' ainim Míċeál de Bál. Bí an sgoil ċóṁ maiṫ san go dtagaḋ sgoláirí ċúiċi ó'n ndúṫaiġ go léir mór-tímpal. Is cuiṁin liom go maiṫ go raib an measgán mearaiḋe céadna ar an máiġistir sin a bí ar Ċormac ua Luasa i gCaraig an Ime, i dtaob cad é an rang sa sgoil 'n-ar ceart mé ċur. Bí cuid de'n eólus ró ṁaiṫ agam d'aon rang íseal, agus gan cuid de maiṫ a ḋóiṫin agam do rang uaċtarać. Aċ do socaruiġeaḋ an sgéal. Is cuiṁin liom, leis, nuair a bímís ag sgrudúġaḋ na gceaċt ins na leabraiḃ léiġinn, go mbíoḋ gasraḋ des na buaċaillíḃ am' tímpal, ag brúṫ isteać orm ar gać aon taoḃ, agus a leabar ag gać duine acu, agus mé 'ġá innsint dóiḃ conus na focail do ráḋ agus cad é an bríġ a bíoḋ leó. Níor ċóir, áṁṫać, aon

ċreideaṁaint a ṫabairt dóm-sa mar ġeall air sin. An t-eólus a tugaḋ dóm-sa sa ḃaile ar leaḃraiḃ agus ar léiġean an Ḃéarla níor tugaḋ dóiḃ-sin riaṁ é.

I mḂóṫar na Sop, i dtiġ fir n-ar ḃ' ainim dó Seáġan ua Séaḋa, iseaḋ ḃínn ar lóisdín. Ḃí aiṫne aige féin agus agam' aṫair ar a ċéile. Fear fial deaġ-ċroiḋeaċ ab eaḋ é. Níor ṫóg sé aon leaṫpinne díoluiġeaċta riaṁ as mo lóisdín, agus ḃíos ann tamall maiṫ, cúpla bliain nó trí. Ṫéiġinn suas aḃaile go Lios Caraġáin gaċ aon tSaṫarn. Tá mac do'n Seáġan ó Séaḋa céadna san sa tsráid ċéadna san 'n-a ċóṁnuiġe anois, agus Seáġan ua Séaḋa is ainim dó, agus tá sé ċóṁ bunúsaċ ċóṁ creideaṁnaċ d'ḟear agus atá le fáġail sa ḃarúntaċt.

Tar éis raint aimsire ḃeiṫ caiṫte agam sa sgoil sin Ṁiċíl de Ḃál i Maġċromṫa, ní cuiṁin liom anois i gceart cad é méid aimsire, do laḃair Miċeál de Ḃál le m' aṫair. Ḃuaileadar suas Bóṫar na Sop le cois a ċéile agus iad ag caint.

"Is mór go léir an truaġ," arsa Miċeál, "gan caoi ṫaḃairt do'n ġarsún san ar na teangṫaċaiḃ a ḋ'ḟoġluim. Ní'l a ṫuille agam-sa le múineaḋ ḋó, 'sé sin a ṫuille go mbéaḋ aon tairḃe ḋó ann. Agus an méid atá múinte agam dó," ar seisean, "cad é an tairḃe ḋó anois é má's ṫuas sa ḃaile ċeapan tú é ċoimeád?"

D'innis m' aṫair dó go n-airiġeaḋ sé mise 'ġá ráḋ i gcóṁnuiġe riaṁ gur ḃ' ḟearr liom 'ná a ḃfeaca riaṁ gur am' ṡagart a ḃeinn.

"Aċ cad é an ṁaiṫ ḃeiṫ ag tráċt air sin," ar seisean, "agus gan aon ḃreiṫ agam-sa ar ċailleaṁaint leis ċun sagairt a ḋéanaṁ dé!"

"Ní ḃéaḋ an ċailleaṁaint ċóṁ mór i n-aon ċor

agus is dóiċ leat é," arsa'n fear eile. "Tá sgoil Laidne anso i Maġċromṫa anois. D'ḟéadfá é ċur ar an sgoil sin anois agus ní ḃéaḋ agat le díol as aċ púnt sa ráṫa. I gcionn cúpla bliain nó trí, ó'n aiṫne atá curṫa agam-sa air, do raġainn i n-uraḋas duit air, go mbéaḋ oiread Laidne agus Gréigise foġlumṫa aige agus ḃéarfaḋ isteaċ i gColáisde Ṁaiġe Nuaḋat é. Ansan ní ḃéaḋ ort aon leaṫpinne eile do ċailleaṁaint leis, agus i gcionn sé nó seaċt de ḃlianaiḃ, dá mb' é toil Dé go seasóċ' a ṡláinte, ḃéaḋ sé ag teaċt ċúġat abaile 'n-a ṡagart. Tá an ċúil-ḟéiṫ ann ċun na foġluma agus an éirim. Má ċoimeádan tú sa ḃaile é ní ḃeiḋ puinn d'á ḃárr agat. Ní ḟásfaiḋ sé ró ṁór ċoiḋċe. Ní ḃeiḋ an téagar ná an neart ann ba ġáḋ ċun sglábaiḋeaċta déanaṁ ar an ḃfeirm, agus dá mbéaḋ féin tá do ḋóiṫin conganta agat sa ċuid eile de'n ċlainn."

B' é críċ an sgéil é gur ṡocaruiġ m' aṫair ar mé ċur ag foġluim na Laidne.

IX

sgoil maġċromṫa agus coláisde ċolmáin

Ḃí sgoil Laidne ar an dtaoḃ tall de'n droċad, i Maġċromṫa, an uair sin, díreaċ ag bun an ċaisleáin, ag firín beag d'ár ḃ'ainim Mac Nally. Do raġfá tar droċad anonn i dtreó an ċaisleáin, agus nuair

a ḃeifeá ag an gceann ṫall de'n droċad, díreaċ ag ceann slaite an droċaid, d'iompófá isteaċ i leiṫ do láṁa deise agus do raġfá síos cúpla cisċéim staiġre nó trí. Ansan do ċífeá dorus ar t' aġaiḋ amaċ. Do ḃuailfeá an dorus. Do h-osgalófaí ḋuit. Do raġfá isteaċ sa halla. Do h-osgalófaí dorus eile ḋuit ar do láiṁ ḋeis. Do raġfá isteaċ i seómra. Ċífeá ansan istiġ róṁat seisear nó mórṡeisear garsún 'n-a suiḋe ag bórd agus an máiġistir ag ceann an ḃúird, iad-san ag foġluim agus an máiġistir 'ġá múineaḋ. Ċífeá fuinneóg ar aġaiḋ an doruis isteaċ. D'ḟéaċfá an ḟuinneóg san amaċ agus ċífeá, buailte suas le bun na fuinneóige, an aḃa, an Solán, ag gaḃáil tar an ḃfuinneóig soir, agus isteaċ fé ṡúiliḃ an droċaid, go breaġ ciúin leaṫan réiḋ.

Istiġ sa tseómra san, agus mo ġuala ċlé leis an ḃfuinneóig sin, iseaḋ do leigeas-sa mo ṡúile an ċéad uair riaṁ ar na trí focalaiḃ beaga millteaċa úd, .i. "hic, haec, hoc." Ní'l ansan agat aċ trí cinn acu, aċ tá deiċ gcinn fiċid acu ar fad i ndíċlaonaḋ an aon ḟocailín sin aṁáin. Ṫáinig taiṫíġe ṁaiṫ agam orṫa 'n-a ḋiaiġ san, aċ an ċéad uair riaṁ a ċuireas ċun iad d'ḟoġluim, ansúd ar aġaiḋ na fuinneóige úd isteaċ, do ḃriseadar mo ċroiḋe ionam. Dá n-innstí ḋom ar dtúis cad é an bríġ a ḃí leó do ġeóḃaḋ m' aigne greim éigin orṫa ; aċ níor h-innseaḋ. Doḃ' ait an saġas múineaḋ é. Na focail d'á ngaḃáil ar dtúis do ġlan ṁeaḃair sar a dtugtí aon ċaoi do'n ḃreiṫeaṁantas ar iad do láiṁseáil i n-aon ċor ! Agus gur ċóir go mbéaḋ 'ḟios ag aoinne go mbéaḋ aon ċiall aige gur b'usa go mór rud a ġlacaḋ do ġlan ṁeaḃair nuair a tuigtear é 'ná sar a dtuigtear é.

Aċ go deiṁin le fírinne is mó go mór an ḟoġluim gan tuisgint a deintí sa tseómra ḃeag úd 'ná an ḟoġluim le tuisgint.

Aċ ní raḃas ró ḟada sa tseómra nuair a ḃíos ag gaḃáil do "Ċaesar." Is cuiṁin liom go raḃas lá éigin gan dul ar sgoil. Ní cuiṁin liom anois an ċúis a ċoimeád gan dul ann mé. Ḃíos istiġ i dtiġ Ṡeáġain uí Ṡéaḋa um tráṫnóna agus mé ag gaḃáil do "Ċaesar" ar mo ḋíċeal. Ṫánag go dtí an focal "propterea quod." Ḃí ḟios agam gur ḃ' ionann "propterea" agus "because." "Agus," arsa mise liom féin, "cad ċuige an 'quod'?" Ḃíos i bpúnc. Ní ḟéadfainn i n-aon ċor a ḋéanaṁ amaċ cad é an gnó a ḃí ag an "quod" sa n-áit sin. Cé ḃuailfeaḋ ċúġam isteaċ aċ an máiġistir. Ṫáinig sé féaċaint cad a ċoimeád ó'n sgoil mé an lá san. D'innseas dó. Ḃí sé sásta. Dúḃairt sé go raiḃ eagal air gur breóite a ḃíos. Siúd ċun an leaḃair mé.

"Look here, sir," arsa mise, "what is the meaning of this 'propterea quod'?"

"Oh," ar seisean, "'propterea quod' is 'because.'"

"But," arsa mise, "what is 'quod'?"

"Oh," ar seisean, "that is quite simple. 'Quod' is 'because'; 'propterea quod' is 'because';" agus d'ḟéaċ sé orm ċóṁ maiṫ le n-a ráḋ, "You must be very stupid not to see that simple matter."

Níor ċuas níba ṡia ar an sgéal leis, níḋ nár ḃ'iongnaḋ. Ḃí "propterea" "because" agam. Agus ḃí "quod" "because" agam. Agus ḃí "propterea quod" "because" agam. Agus mura sásúċaḋ san mé, cad a ṡásóċaḋ mé?

Ċuir an máiġistir sin i gcuiṁne ḋom sgéal a ḋ' airiġeas aḃfad roimis sin ó Ṡeáġan ua Laoġaire,

ó'n ḃfear úd a dúḃairt le Seáġan ua Luasa gur ċuma nó watch gaċ aon tsúil leis.

Fadó, nuair a ṫáinig na Frannċaiġ isteaċ i gcuan Ḃeanntraiġe, ḃí beirt aeḋrí bó i n-áit éigin lastoir de Ḃeanntraiġe. Diarmuid ab ainim do ḋuine acu agus Dóṁnall ab ainim do'n ḟear eile. Ḃí an dá feirm ar a raḃadar ag aeḋreaċt teóranaċ d'á ċéile. Do ḃuaileaḋ an ḃeirt umá ċéile go minic ar ḋá ṫaoḃ ċlaiḋe na teóran agus ḃídís ag seanaċaiḋeaċt. Ní túisge a ḃí na Frannċaiġ istiġ i gcuan Ḃeanntraiġe 'ná mar a leaṫ an sgéal go tiuġ ar fuaid na dúṫa san mór-ṫímpal. Do ḃuail an ḃeirt aeḋrí umá ċéile.

"Dia 's Muire duit, a Ḋiarmuid."

"Dia 's Muire 's Pádraig duit, a Ḋóṁnaill."

"An ḃfuil aon sgéal nua agat, a Ḋiarmuid ?"

"Ambriaṫar go ḃfuil, a Ḋóṁnaill, agus náċ aon sgéal fóġanta é aċ toġa droċ sgéil."

"Aċ ! Dia linn ! a Ḋiarmuid. Agus cad é an saġas sgéil é ?"

"Tá go ḃfuil invasion ana ṁór go léir ag teaċt."

"Agus cé inis duit, a Ḋiarmuid, go raiḃ sé ag teaċt ?"

"Tá sé i mbéal gaċ aoinne."

"Aċ ! go ḃfóiriḋ Dia orainn ! Cad a ḋéanfaid na daoine i n-aon ċor ?"

"Ní ḟeadar an tsaoġal cad a ḋéanfaid siad. Beiḋ an sgéal go h-olc acu is baoġalaċ."

"Agus cogar, a Ḋiarmuid. Caṫain atá sé ag teaċt ?"

"Ambasa aċ tá sé buailte leat, a ṁic ó."

"Invasion" mór ! Dia linn a's Muire !"

"Invasion mór go díreaċ, an t-invasion is mó d'ár táinig ar Éirinn riaṁ fós."

"Agus cogar, a Ḋiarmuid. Mar is eól duit, ní duine ró ṫuisgionaċ mise i neiṫiḃ de'n tsórd san. Cad é an saġas ruda, an dtuigean tú mé, an t-invasion mór so?"

"Tá, a Ḋomnaill, (an dtuigean tú mé?) invasion; 'sé sin le ráḋ, 'invasion.' Ní'l aċ mar a déarfaḋ duine 'invasion,' ansan, tá ḟios agat."

"Ó, tá 'ḟios agam, a Ḋiarmuid."

Do ċuireaḋ Seáġan ua Laoġaire sgeartaḋ gáire as nuair a ḃíoḋ an sgéal san inste aige, agus go deiṁin do ċuireaḋ gaċ aoinne a ḃíoḋ ag éisteaċt leis sgeartaḋ gáire as. Do ṁíniġ an máiġistir úd "propterea quod" dóṁ-sa ar an gcuma gcéadna díreaċ:—

"Ní'l aċ mar a déarfá 'because' ansan, tá 'ḟios agat."

"Tá 'ḟios agam," arsa mise, agus d'ḟágas ansan an sgéal.

Ḃí ana ḋúil ag an máiġistir i ngal tobac. An faid a ḃímís-ne ag casaḋ le "hic, haec, hoc" d'ḟoġluim ḃíoḋ an máiġistir boċt ag ól a ṗiopa. Ḃí an fear boċt go maiṫ ċuige. Ḃíoḋ sé ag tarang an ṗiopa agus an deataċ ag gluaiseaċt ar fuid an tseómra go dtí gur ḃ' ar éigin féadaimís a ċéile d'ḟeisgint, ní áiriġim leaḃar do léiġeaḋ.

Fé ḋeire d'imtiġ sé as an sráid ar fad, agus d'ḟáġ sé ansan sinn.

Ḃí sgoil eile Laidne i Maġċromta an uair ċéadna. Ṫuas i mḃótar Massy a ḃí an sgoil sin, agus fear d'ár ḃ' ainim Toirḋéalḃaċ ua Goilíḋe a ḃí 'ġá múineaḋ. Nuair a ḃí Mac Nally imtiġte ċuaḋmair go léir suas

ag triall ar Ua Goiliḋe. Is dóiċ liom gur ṫugas leaṫḃliain ar an sgoil sin.

An uair sin díreaċ iseaḋ do h-osgalaḋ Coláisde Ċolmáin i Mainistir Ḟear Muiġe. Níor ḃ'ḟéidir dóṁ-sa, ná d'á lán dem' ṡórd, dul isteaċ sa ċoláisde sin, mar do ċaiṫfinn deiċ bpúint fiċid sa mbliain do ḋíol asam féin ann.

Nuair a h-osgalaḋ Coláisde Ċolmáin ḃí cuid des na sagartaiḃ ar fuid na dúṫa ag gearán go cruaiḋ ar an éagcóir a ḋéanfaḋ an coláisde sin ar na buaċaillíḃ go raiḃ éirim aigne acu agus ná raiḃ an gustal airgid agá n-aiṫreaċaiḃ. Mar ġeall ar an ngearán do ḋein an t-Easbog, an t-Aṫair Liam ua Caṫáin, socaruġaḋ. Do ṡocaruiġ sé, aon ḃuaċaill go mbéaḋ an éirim aigne tar bár aige agus ná béaḋ an t-airgead aige, go gcaiṫfí é ġlacaḋ saor isteaċ i gColáisde Ċolmáin. Do ṡásaiṁ an méid sin a lán des na sagartaiḃ. Ḃí cuid acu ná raiḃ sásta. Dúḃradar 'n-a n-aigne ná féadfaḋ an socaruġaḋ san puinn tairḃe ḋéanaṁ. Ná raiḃ aon airgead ċun an ċoláisde ċoimeád suas aċ an t-airgead a ḋíolfaḋ na buaċailli asta féin ann. D'á ḃríġ sin nár ḃ' ḟéidir aċ fíor ḃeagán díoḃ a ġlacaḋ isteaċ saor, pé éirim aigne ḃéaḋ acu. Dúḃairt a lán des na sagartaiḃ gur ḃ' ḟearr leigint do gaċ aon ḃuaċaill a ċuid léiġinn do ṡoláṫar 'n-a roġa sgoil agus ansan an t-ineaḋ i gColáisde Ṁaiġe Nuaḋat a ṫaḃairt do'n ḃuaċaill ab ḟearr. Dúḃairt tuille acu nár ṁaiṫ i n-aon ċor an rud é sin. Gur ṁór an osgailt aigne, agus an osgailt súl, d'aon ḃuaċaill caoi ṫaḃairt dó ar raint aimsire ċaiteaṁ i sgoil éigin poiḃilíḋe i n-aice an ḃaile sar a' raġaḋ sé isteaċ i gColáisde Ṁaiġe Nuaḋat. D'á éagṁuis sin, nuair a ḃéaḋ triail comórtais idir

ḃuaċaillíḃ ós na sgoileanaiḃ tuaṫa agus na buaċaillí a ḃéaḋ i gColáisde Ċolmáin, go mbéarfaḋ buaċaillí an Ċoláisde an buaḋ leó pé éirim aigne ḃéaḋ ag buaċaillíḃ na tuaṫa. Dúḃraḋ 'n-a ċoinniḃ sin, go raiḃ an múineaḋ ins na sgoileanaiḃ tuaṫa, nó i gcuid acu ar aon ċuma, níḃ' fearr 'ná an múineaḋ a ḃéaḋ le fágail istiġ sa Ċoláisde, tar éis an deiċ bpúint fiċid sa mbliain a ḃeiṫ díolta as.

Ḃí sagart paróiste sa Doṁnaċ Ṁór, deiċ míle soir ó-ṫuaiḋ ó Maġċromṫa, agus ḃí sé ar an aigne sin go daingean. Ċun a ṫaisbeáint go raiḃ an ceart aige do ruġ sé leis ó Maġċromṫa Toirḋéalḃaċ ua Goiliḋe, agus d'osgail sé sgoil sa Doṁnaċ Ṁór dó, agus ċuir sé ag múineaḋ na dteangṫaċa ann é.

D'ḟág san mise airís ar seaċrán. Aċ ḃí fear de ṁuintir Ṡúilliobáin, fear ó Ċiarraiġe, ag múineaḋ sgoile i gCeann Tuirc, agus ḃí fear gur ḃ' ainim dó Tomás ua Laoġaire 'n-a ċóṁnuiġe ar Doire na Móna, tímpal trí ṁíle siar ó Ċeann Tuirc. Clann na beirte driṫár ab eaḋ an Tomás ua Laoġaire sin agus mo ṁáṫair-se. Ċuas ó-ṫuaiḋ go Ceann Tuirc ar sgoil agus ṫagainn go Doire na Móna gaċ aon oiḋċe go tiġ Ṫomáis uí Laoġaire. Ṫugas, is dóiċ liom, bliain nó bliain go leiṫ ag dul ar an sgoil sin.

Ḃí an sgoil sin maiṫ go leór ar feaḋ tamaill. Ḃí mórán sgoláirí ag teaċt ann, agus ní raiḃ aon ċongnaṁ ag an máiġistir. Is aṁlaiḋ a ḃíoḋ gaċ aoinne 'ġá ṁúineaḋ féin cóṁ maiṫ agus d'ḟéadaḋ sé é, go minic. Amuiċ i seana stábla a ḃíoḋ an sgoil againn. Ḃí an seana stábla maiṫ go leór i gcaiṫeaṁ an tsaṁraiḋ. Nuair a ṫáinig an geiṁre ḃí an donas le fuaire air. Nuair a ḃíoḋ an aimsir ana ḟuar ḃíoḋ teine againn. Ní raiḃ aon tsimné ar an stábla.

Ḃí poll sa ḃfalla, áṁtaċ, lastiar de'n teine. Ḃíoḋ an poll go maiṫ an fad a ḃíoḋ imṫeaċt na gaoiṫe tríd siar. Aċ nuair a ḃíoḋ an ġaoṫ ag séideaḋ tríd an bpoll aniar ḃímís múċta ag an ndeataċ. Ba ṁeasa go mór an deataċ 'ná an fuaċt. Agus go deiṁin is aṁlaiḋ a ḃíoḋ an fuaċt agus an deataċ i n-aonḟeaċt againn, mar ní ḃíoḋ an teine aċ go h-olc.

Fé deire do tuigeaḋ ins gaċ aon ḃall nár ḃ'aon ṁaiṫ do sgoileanaiḃ tuaṫa ḃeiṫ ag dul i gcomórtas leis an gcoláisde a ḃí i Mainistir Ḟear Muiġe. Do ċrom na h-aiṫreaċa, pé mar a ḃí aon ġustal acu ċuige, ar na buaċaillíḃ do ċur go dtí an coláisde. Do socaruiġeaḋ neiṫe sa ċoláisde i dtreó go ḃféadfaḋ buaċaill teaċt ann agus gan ḃeiṫ air an deiċ bpúint fiċid do ḋíol. D'ḟéadfaḋ sé teaċt agus lóisdín a ṫógaint sa tsráid agus dul isteaċ sa ċoláisde gaċ aon lá. Ansan ní ḃéaḋ air aċ sé púint sa mbliain do ḋíol as an sgolaiḋeaċt agus d'ḟéadfaḋ sé é féin do ċoṫuġaḋ ċóṁ saor agus do b' féidir é.

Tuig at' aigne, a léiġṫeóir, go raiḃ an saoġal ana ċruaiḋ an uair sin ar ṁuintir na h-Éirean. An t-é go mbíoḋ feirm tailiṁ aige ċaiṫeaḋ sé ḃeiṫ ag obair ó ḋuḃ go duḃ ċun an ċíosa ḋéanaṁ, agus ċun é féin agus pé muiriġean a ḃíoḋ air do ċoṫuġaḋ agus do ċlúdaċ ar ċuma éigin. An fear a ḃeartuiġeaḋ tabairt suas do ċur ṁac leis, do ċaiṫeaḋ sé dúbailt oibre do ḃaint as féin agus as an gcuid eile de'n ċlainn ċun an t-aoinne aṁáin sin do ċur ċun cinn. D'á ḃríġ sin, an buaċaill a raġaḋ go Coláisde Ċolmáin agus do ṫógfaḋ lóisdín sa tsráid dó féin, do ċaiṫfeaḋ sé é féin do ċoṫuġaḋ gan puinn rab-airne, nó ḃéaḋ éagcóir aige 'á ḋéanaṁ ar an muintir

a ḃéaḋ sa ḃaile 'n-a ḋiaiġ, ag obair go cruaiḋ ċun eisean do ċur ċun cinn.

Fé mar a ḃí na buaċaillí ag imṫeaċt as na sgoil-eanaiḃ tuaṫa ḃíodar-san, níḋ náċ iongnaḋ, ag dul ċun deiriḋ agus ag dul i n-olcas. Do ṫuig m' aṫair-se i n' aigne nár ḃ' aon ṁaiṫ ḋó mé ċoimeád níba ṡia i gCeann Tuirc. Do ṡocaruiġ sé i n' aigne gur ḃ' ḟearra ḋó mé ċur go Coláisde Ċolmáin am' sgoláire lae. Do ḋein sé an níḋ sin. Ṫugas bliain ar lóisdín sa tsráid agus ag dul isteaċ sa Ċoláisde gaċ aon lá. Nuair a ṫáinig deire na bliana agus an triail comórtais, féaċaint cé ġeóḃaḋ dul go Coláisde Ṁaiġe Nuaḋat do ċuas isteaċ sa ċomórtas ċóṁ maiṫ le các.

Ḃí buntáiste ṁór ag na buaċaillíḃ a ḃí 'n-a gcóṁ-nuiġe istiġ sa Ċoláisde ar na buaċaillíḃ a ḃí amuiċ ar lóisdín, mar do ḃítí ag múineaḋ na muintire istiġ gaċ aon tráṫnóna. Ċuaiḋ ceaṫrar agus trí fiċid des na buaċaillíḃ isteaċ ar an gcomórtas san. Nuair a ḃí an triail ḋéanta do fuaraḋ go raḃas-sa ar an gceaṫramaḋ duine. Ní raiḃ aċ triúr ann a ḃí níḃ' ḟearr 'ná mé. Ní raiḃ aon ṁaiṫ ḋom sa méid sin, mar ní raiḃ aċ trí h-inid folaṁ i Maġ Nuaḋat an ḃliain sin. Ċuaiḋ m' aṫair ansan agus do laḃair sé leis an Easbog agus ċuir sé i gcuiṁne ḋó an socaruġaḋ a deineaḋ nuair a h-osgalaḋ an Coláisde. Mar ġeall ar an socaruġaḋ san do ṫug an t-Easbog ineaḋ saor sa Ċoláisde ḋom i gcaiṫeaṁ na bliana a ḃí ċúġainn, agus nuair a ṫáinig an triail airís do ċuas go Maġ Nuaḋat. Sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle oċt gcéad trí fiċid a h-aon ab eaḋ é sin.

X

Siuḃal na gCnuc

Ó'n uair a ṫosnuiġeas ar na teangṫaċaiḃ d'ḟoġluim i Maġċromṫa ḃínn ṫuas sa ḃaile go minic. Ṫéiġinn aḃaile gaċ aon tSaṫarn, agus ansan ṫagainn anuas airís ar maidin Dé Luain. D'á éaġmuis sin ḃínn ṫuas sa ḃaile nuair a tugtí laeṫanta saoire do luċt na sgoile. Do leanaḋ na laeṫanta saoire cúpla seaċtṁain nó trí. An faid a ḃínn sa ḃaile ḃínn ag obair ar an ḃfeirm ḃeag i dteannta na cod' eile de'n ċlainn. Ṫug san taiṫíġe ṁaiṫ dom ar gaċ aon tsaġas oibre sgláḃaiḋeaċta ḋéanaṁ. Ḃíos ábalta ar ráinn do láiṁseáil nó ar ṡluasaid do láiṁseáil. Ní h-anaṁ a ḃí teinneas am' ġéagaiḃ agus am' ḋrom ó ḃeiṫ ag baint féir le speil, nó ag baint ṁóna le sleán, nó ag baint ċoirce le corán. Ḃí fios agam an 'mó dias a ḋéanfaḋ teiḋal agus an 'mó teiḋal a ḋéanfaḋ dórnán, agus an 'mó dórnán a ḋéanfaḋ punan. Ḃí fios agam conus súiste do ċasaḋ agus láiṫreán arḃair do ḃualaḋ, gaċ 'ré mbuille i gcoinniḃ buailteóra eile, agus mo ḃuille do ḃualaḋ ar an gcuma doḃ' ḟearr ċun an ġráinne ḃaint as an dtuiġe.

Uaireanta is ag aeḋreaċt a curtí mise nuair a ḃíoḋ an ċuid eile ag obair. Deirtí liom go ḃféadfainn ḃeiṫ ag gaḃáil do'n leaḃar i dteannta na h-aeḋreaċta ḋéanaṁ. Is cuiṁin liom lá agus mé ag déanaṁ na h-aeḋreaċta go ḃfeaca gaṁna iasaċta i dteannta na mbó. Ṫall ar an muing mbig a ḃí na ba agam. Ċeapas, níḋ nár ḃ' iongnaḋ, gur anoir ó ḃuaiḋ na Caṫairíneaċ a ṫáinig na gaṁna iasaċta.

Ċromas ar na gaṁna iasaċta, dar liom, do ḋeiġilt amaċ ó n-ár mbuaiḃ féin agus do ċoṁáint soir aḃaile. Ní raiġdís soir dom. Pé díċeal a ḋéanfainn ar iad a ċomaint soir ní raiġdís soir dom. Ċonaic an ṁuintir eile mé agus iad ag obair i bPáirc na n-Aḃan. Ḃíodar ag faire orm agus iad ag gáirí. D'innseadar dom ar ball gur linn féin na gaṁna a ḃí agam 'á ċomáint ċun siúḃail. Is aṁlaiḋ a ḃí na gaṁna imṫiġṫe as m' aiṫne toisg mé ḃeiṫ as baile ċóṁ mór. Do castí liom go minic 'n-a ḋiaiġ san an dearṁad a ḋeineas. "Siné," a deirtí, "an buaċaill nár aiṫin a ġaṁna féin!"

Lá éigin eile d'á dtánag aḃaile ḃí cúpla gaḃar le taḃairt aduaiḋ ó Leaba Ḋiarmuda.

"Raġad-sa agus taḃarfad liom iad," arsa mise. Ḃí an fonn orm ċun an ċnuic do ṡiúḃal. Ċuireas an cnuc ó-ṫuaiḋ díom. Do ṡuiḋeas ar Ḟaill na bḞiaċ ag féaċaint uaim síos agus ag féaċaint am' tímpal ar na sléiḃtiḃ. Nuair a ḃí tamall maiṫ caiṫṫe ansan agam ḃuaileas an cnuc siar agus ṫugas tamall am' ṡuiḋe i n-áit eile. Fé ḋeire ċuas síos go dtí an áit 'n-a raiḃ an dá ġaḃar. Ḃíodar ceangailte d'á céile. Ċomáineas róṁain iad an cnuc suas i dtreó go ḃféadfainn teaċt cóṁgar an ċnuic aḃaile leó. B'ḟearra dom gur ḃ' é an tímpal a ġeóḃainn, soir go Caraig an Stáca, mar a raiḃ an cosán fé m' ċois agam. Ní h-é sin a ḋeineas, aċ aġaiḋ a taḃairt ar an gcnuc. Ní raiḃ fios agam go raiḃ oiread de'n lá caiṫṫe agam ag féaċaint am' tímpal. Um an dtaca 'n-a raḃas féin agus na gaḃair ar ṁullaċ an ċnuic ḃí sé i n' oiḋċe ḋuḃ. I dteannta é ḃeiṫ i n' oiḋċe ḋuḃ ḃí ceó tagaiṫe ar an gcnuc. Leis an ndoirċeaċt agus leis an gceó is ar éigin féadainn na gaḃair a

ḋ'ḟeisgint agus iad roṁam amaċ ar an bḟionán. Ċromas ar an dtalaṁ fé m' ċosaiḃ agus am' ṫimpal do ḃreiṫniuġaḋ, cóṁ fada agus d'ḟéadas é sa doirċeaċt, le h-eagla go raiġinn amú. Ḃí m' aġaiḋ, dar liom, lom díreaċ, síos ar an áit 'n-a raiḃ ár dtiġ féin. Ḃíoḋ an dá ġaḃar a d'iaraiḋ gaḃáil soir i n-inead gaḃáil siar ó-ḋeas i dtreó na h-áite 'n-a raiḃ ár dtiġ, dar liom-sa. Do ṫánag rómpa agus ċasas anoir iad cúpla uair. Fé ḋeire do riṫeadar uaim soir, agus níor ḟéadas teaċt rómpa go dtí gur ċuadar isteaċ i gclós éigin. Siúd gaḃair ag aṁstaraiġ láiṫreaċ. Do leanas na gaḃair isteaċ sa ċlós. Ḃí dorus an tíġe ar m' aġaiḋ amaċ. Ṫáinig bean amaċ. "Cé h-é sin?" ar sise. D'aiṫniġeas í laiṫreaċ. D'innseas di cé 'r ḃ' é mé. Cailín de ṁuintir Luasa ab eaḋ í. Nuair a ḃíos ag dul isteaċ sa ċlós san ṫaḃarfainn an leaḃar gur isteaċ i gclós Ṁiċíl Ḃreaṫnaig ṫoir ar Gleann Daiṁ a ḃíos ag dul. Nuair a ċonaċ an tiġ ṁeasas, ḃíos deiṁniġṫeaċ dé, gur ḃ'é tiġ Ṁiċíl Ḃreaṫnaig a ḃí agam. Nuair a laḃair an cailín liom isí céad ċeist a ṫáinig ċun m' aigne 'ná "Cad a ṫug anso a leiṫ go tiġ Ṁiċíl Ḃreaṫnaig í sin?" I ndiaiġ céile do léiriġeaḋ dom gur ḃ' aṁlaiḋ a ḃí measgán mearaiḋe tar éis teaċt orm. Is ag an dá ġaḃar a ḃí an ceart. Ḃíos-sa a d'iaraiḋ na ngaḃar do ċoṁáint as an slíġ ċóir d'á n-aiṁḋeóin. Ċoimeád na gaḃair mise ar an slíġ ċóir dom' aiṁḋeóin. D'á dtugaḋ na gaḃair mo ṡlíġ féin dóṁ-sa an oiḋċe sin, is siar ċun Millín na Móna a ṫaḃarfaimís aġaiḋ, áit a ḃí lán an uair sin de pollaiḃ doiṁne uisge. Ní ḃéaḋ aon ḃreiṫ againn gan dul isteaċ i bpoll éigin acu. Gan aon daḃt ar doṁan do báṫfaí mise an oiḋċe sin mura

mbéaḋ an dá ġabar úd a ḃeiṫ ag taisbeáint na sliġe dom.

Lá éigin, an ḟaid a ḃíos ag dul ar sgoil go Ceann Tuirc, ṫug mo neaṁṫuisgint féin contaḃairt eile orm, agus ba ró ḋóbair dom gan teaċt saor as. D'ḟágas Lios Caragáin Lá Doṁnaiġ agus d'éisteas Aifrean i gCaraig an Ime. Ansan ṫugas aġaiḋ ó-ṫuaiḋ bóṫar Sráid a' Ṁuillinn, ċun dul go Doire na Móna an oiḋċe sin agus ḃeiṫ i n-am ċun dul go Ceann Tuirc ar maidin Dé Luain a ḃí ċúġainn. Nuair a ḃíos ag gaḃáil Céim Caraige síos do ċonac ar m' aġaiḋ anonn Caisleán Ċille Miḋe agus cnuc Cláraiġe. Ḃí an lá go h-áluinn agus an spéir ana ġlan. Dúḃart liom féin ná raiḃ aon teóra leis an raḋarc le breaġṫaċt a ḃéaḋ agam ar an ndúṫaiġ go léir mór-tímpal dá mbeinn ar ṁullaċ an ċnuic sin. Dúḃart liom féin go ḃféadfainn gaḃáil suas fan an ċaisleáin go bárr an ċnuic agus féaċaint am' tímpal, agus ansan ruiṫ le fánaiḋ síos isteaċ sa tsráid, agus go mbeinn sa tsráid ċóṁ luaṫ, naċ mór, agus dá ngaḃainn an bóṫar. Siúd suas mé ċun an ċnuic ċóṁ luaṫ agus ṫánag ar aġaiḋ an ċaisleáin. Níor ṡroiseas bara an ċnuic ċóṁ luaṫ agus ṁeasas do ṡroisfinn é. Um an dtaca n-a raḃas ar ḃara an ċnuic ḃí an ġrian aḃfad níba ṡia siar, agus síos, ná mar a ċeapas a ḃéaḋ sí. Ḃí an raḋarc go breaġ gan aṁras. Ḃí Mullaċ an Ois agus Claedeaċ, agus na cnuic ṁóra eile go léir, laistiar díom agus laisteas díom, agus iad

"Ag bagairt a gcinn de ḋruim a ċéile,"

agus gan aon ḃlúire ceóiġ orṫa, aċ iad ċóṁ glan san gur ḋóiċ le duine gur niġte a ḃíodar. Ḃí

Ṁuisire ar m' aġaiḋ soir agus é ċóṁ niġte leó. Ní raiḃ an cóṁarṫa soininne air :

“Ceó ar Ṁuisire 's Cláraċ lom
An cóṁarṫa soininne is fearr ar doṁan.”

Ḃí Dúṫ 'alla go léir leaṫta amaċ ansúd féin' ṡúiliḃ, soir, agus ó-ṫuaiḋ agus siar, agus an ġrian ag taiṫneaṁ air, agus é ċóṁ breaġ ċóṁ mór ċóṁ leaṫan ! Ḃí na cnucáin ḃeaga ṫíos ag bun an ċnuic, agus bíoḋ go raḃadar árd go maiṫ dá mbeifeá laisṫíos díoḃ, ní ṁoṫófá aon aoirde i n-aon ċor ionta nuair a ḃeifeá ag féaċaint síos orṫa ó ṁullaċ an ċnuic. Ḃa dóiċ leat gur talaṁ leiḃéalta ar fad iad.

Aċ ḃí an ġrian ag druidim ró ḟada síos ċun na gcnuc a ḃí laisṫiar díom, agus do riṫeas le fánaiḋ síos i dtreó na sráide. Ḃí an tslíġ síos ċun na sráide níba ṡia 'ná mar a ṁeasas, agus níba ċrosta go mór 'ná mar a ṁeasas. B' éigean dom clataċa móra ċur díom, agus páirceana treaḃṫa, agus cumair a ḃí lán de sgeaċaiḃ, agus fé ḋeire, nuair a ḃíos ag dul isteaċ sa tsráid ḃí tuitim na h-oíḋċe ann. Ḃí tuitim na h-oíḋċe ann agus ḃí seaċt míle, de ṁíltiḃ móra fada idir mé agus Doire na Móna, agus ní raiḃ aiṫne agam ar aoinne i Sráid an Ṁuilinn, ná ag aoinne orm. Ṫugas aġaiḋ ar an mbóṫar. Ṡiúḃluiġeas soir tríd an sráid go géar ; ó-ṫuaiḋ go Drisean ; go Droċad an Ċaoil. Ḃíos ag cur an ḃóṫair díom agus doirċeaċt na h-oíḋċe ag méaduġaḋ. Fé ḋeire do ṁoṫuiġeas an tuirse ag teaċt orm. Ansan ṁoṫuiġeas an tart ag teaċt orm. Ansan do ṁoṫuiġeas mé féin ag laguġaḋ leis an ocras. Ḃíos gan aon ḃlúire bíḋ a ḋ'iṫe ó ḟágas an baile ar maidin. Aċ do ċomáineas liom. Um an dtaca go raḃas ċóṁ fada soir ó-ṫuaiḋ le Doire na Groiḋe

bíos ċóṁ buailte amaċ san gur ṡíneas ar ḃara ċlaiḋ an ḃóṫair ċun an tuirse ċur díom beagán. Ḃíos ar mo ṡuaiṁneas ansan ar feaḋ tamaill. Ar ball do ṡaṁluiġeas go raḃas ag tuitim am' ċodla. Le n-a linn sin do ṁotuiġeas mar a ḃéaḋ codla gríṗín ag ruiṫ tréam' ballaiḃ go léir. Do léimeas suas. Ṫuigeas láiṫreaċ dá dtuiteaḋ mo ċodla i gceart orm ar ṁullaċ an ċlaiḋ sin gur marḃ a ġeóṗaí ann mé ar maidin. Siúd ċun bóṫair airís mé. Ḃí eólus na slíġe go maiṫ agam. Do ṡroiseas tiġ Ṫomáis uí Laoġaire ar Doire na Móna. Ḃíodar gan dul a ċodla nuair a ṡroiseas an tiġ, bíoḋ go raiḃ sé aḃfad tar éis a dóḋéag a' ċlog sa n-oíḋċe. Ḃí driṫáir do Ṫomás sa tiġ. Diarmuid ab ainim dó. Ḃí sé féin agus mise ana ṁór le n-a ċéile. B' é an ċéad duine é a ċonaic mé ag teaċt an dorus isteaċ ċuige. Ḃí iongnaḋ air cad a ṫug ċóṁ déanaċ mé. Ḃí iongnaḋ ba ṁó 'ná san air nuair a fuair sé gur ḃ' ar éigin a ḃí ionam labairt leis. Do tugaḋ mo ḋóiṫín le n-iṫe agus le n-ól dom láiṫreaċ. Ċuas a ċodla, agus go deiṁin do ċodlas go sáṁ.

Níor innseas d'aoinne cad a ċuir an tuirse go léir orm, ná conus mar ba ḋóbair dom fanṁaint i mbara an ċlaiḋ ar taoḃ an ḃóṫair i n-aice ṡéipéil Ḋoire na Groiḋe. Níor innseas d'aoinne i n-aon ċor riaṁ ó ṡin é. Ḃí náire orm a ṫabairt le ráḋ d'aoinne go dtaḃarfainn a leiṫéid de ċúrsa, gan ġáḋ gan riaċtanas.

Tá aon rud aṁáin, áṁtaċ, a ċuirean cancar mór anois orm agus atá ag cur cancair orm riaṁ ó sin. Ag maċtnaṁ dom 'n-a ḋiaiġ san ar ag gcuma 'n-a mbídís ag féaċaint orm an oíḋċe sin, nuair a ṁeas-aidís ná binn ag féaċaint orta, do buaileaḋ isteaċ

am' aigne gur ṁeasadar gur b' aṁlaiḋ a casaḋ cuideaċta éigin orm i Sráid an Ṁuillinn agus gur rugadar isteaċ i dtiġ tabairne éigin mé—agus gur b' é sin a ċoimeád amuiċ ċóṁ déanaċ mé, agus do ċuir an tuirse go léir orm agus do ḃain mo ċaint díom !

Féaċ gur b' uiriste éagcóir a ḋéanaṁ ar ḋuine ! Go mór mór nuair a ṫugan duine féin an ċaoi ċuige le beart éigin mí-ċuíbsaċ.

XI

An Ṁangarta

Tá sé ċoṁ maiṫ agam a ḋ'innsint sa n-áit seo conus mar a deineas beart a ḃí mí-ċúiḃsaċ go leór aḃfad sar a' ndeiġeas isteaċ i n-aon sgoil riaṁ aċ aṁáin an sgoil a ṫug mo ṁáṫair dom. Ḃíos, is dóiċ liom, tímpal deiċ mbliana ḋ'aois, nó b' ḟéidir ag déanaṁ ar ḃeiṫ aon ḃliain déag. Ḃí trí nó ceaṫair de ċolanaiḃ beaga seasga agam' aṫair le cur siar go dtí an Leitir Ċeanan, ar an gcnuc, i dtreó go gcaiṫfidís an saṁraḋ ann agus go ḃfágfaí an ḟosaiḋeaċt sa ḃaile ag na buaiḃ bainne. Ḃí fear oibre againn. Míċeál ua Fineagáin ab ainim dó. Ḃí dataċa ag imirt ar an nduine mboċt. Déanfaḋ sé obair maiṫ go leór aċ ní ḟéadfaḋ sé ruiṫ. Dúḃraḋ leis na ba seasga do ċomáint leis siar go dtí an cnuc. Dúḃraḋ liom-sa dul le n-a ċois i dtreó dá mbéaḋ na ba ag ruiṫ uaiḋ,

a' d'iaraiḋ teaċt tar n-ais abaile, go ndéanfinn-se ruiṫ agus teaċt rómpa dó.

Ċomáineamair linn iad, Daingean na Saileaċ siar; síos ar ḃóṫar Ċnuic an Iúḃair; siar go Béal an Ġeárṫa; siar tré Ċaraig an Aḋmaid; siar ċun an Ṁuillinn. Ag an Muillean do ċuamair ó-ḋeas tar an ndroċad. Ansan do ċomáineamair an bóṫar siar iad go Cúil Aoḋa; fan Loċ' an Ḃogaiḋ siar; tré Ḋoirín na Gréine; agus siar go bun an ċnucáin mar a dtosnuiġean an bóṫar ag gaḃáil suas Cúm na n-Éag. Ṫáinig tuirse ar Ṁiċeál ag bun an ċnuic sin. Dúḃairt sé liom-sa aire taḃairt dos na buaiḃ agus do ṡín an duine boċt ar ṫaoḃ an ḃóṫair agus ċoidil sé greas dó féin. Ní raiḃ aon loċt ag na buaiḃ air sin. Ḃí féar breaġ glas ar gaċ taoḃ de'n ḃóṫar agus d'iṫeadar a ndóiṫin dé.

Nuair a ḃí a ġreas codlata déanta ag Miċeál agus greas maiṫ ingír déanta ag na buaiḃ do ċomáineamair linn airís iad; suas cliaṫán an ċnuic go bara Ċúm na n-Éag agus siar bóṫar Neidín go dtí gur ṡroiseamair an Leitir Ċeanan, nó, mar a dúḃairt file éigin nó bean caointe éigin, "an Leitir ná léiġtear."

Ċuamair isteaċ i dtiġ na ndaoine go mba leó an cnuc. Fuaramair rud le n-iṫe agus le n-ól go fial. Ḃí sé 'n-a tráṫnóna ṁór luaṫ. D'fan Miċeál istiġ, aċ do ċuas-sa i n-aonfeaċt le fear óg de ṁuintir an tiġe a ḃí ċun na mbó do ċomáint suas an cnuc ċun na h-áite 'n-a raḃadar le fanṁaint, i dteannta na mbó eile a ḃí ann ar an gcuma gcéadna.

Ḃí bean ó'n gcóṁarsanaċt san pósta, ar Protus, i bparóiste Ṫuaṫ na Droman, ag dritáir aṫar dóṁ-sa. An faid a ḃíomair ag gaḃáil suas an cnuc ḃí radarc againn ó-ḋeas ar na tiġṫiḃ a ḃí ar an dtaoḃ teas

de'n ġleann. Ċromas ar ċeistiuċán ar an mbuaċaill a ḃí lem' ċois 'ġá ḟiafraiġe de cé ḃí'n-a ċóṁnuiġe, "sa tiġ úd tall,"—"sa tiġ eile úd tall"—agus mar sin, go dtí gur ainimniġ sé duine de ṁuintir Ṫuama.

"Ná fuil bean as an dtiġ sin pósta lastoir i n-áit éigin?" arsa mise.

"Tá go díreaċ," ar seisean. "Tá sí pósta ag fear de ṁuintir Laoġaire ṫoir ar fad ar Proṫus."

"Cad é an ainim atá ar an ḃfear san?" arsa mise.

"'Peadar Ruaḋ,' a ṫugaid siad air," ar seisean.

Sin a raiḃ uaim. D'ḟéaċas go géar ar an dtiġ i dtreó gur ċuireas a ċóṁarṫaí isteaċ am' aigne go daingean. Ċomáineamair linn suas na ba go dtí gur ċuireamair isteaċ i gcumar breaġ ċlúṫṁar iad, mar a raiḃ a lán eile ba seasga, agus gairḃṫean a taiṫn leó acu agus iad ag ingior air go suairc.

Ḃíomair ar an gcliaṫán ṫuaiḋ de'n "Leitir ná léiġtear" an uair sin agus ḃí radarc breaġ againn. Ḃí gleann ana ḋoiṁinn, ana leaṫan lastuaiḋ dínn, agus cnuc ana ṁór, ana árd lastuaiḋ de'n ġleann.

"Cad é an ainim atá ar an gcnuc mór san?" arsa mise.

"Ar airiġis riaṁ teaċt tar an Mangartain?" ar seisean.

"D'airiġeas go minic," arsa mise. "'Mangarta an Ċeóiġ' a ḋ'airiġinn i n-aṁránaiḃ air."

"Ní misde Mangarta an Ċeóiġ a ṫabairt air go deiṁin," ar seisean. "Ḃíon an ceó go trom agus go dorċa air uaireanta."

"Is dóċa," arsa mise, "go ḃfuil radarc ana ṁór ó n-a ḃara."

"Tá," ar seisean, "radarc ana ṁór ó n-a ḃara.

ba dóiċ leat go bfeicfeá Éire go léir ó n-a bara dá mbéad an lá glan."

"Tá sé ana ġlan anois," arsa mise. "Ní beid an ġrian ag dul féi go ceann tamaill. Beid aimsir ár ndóiṫin againn ċun dul suas go dtí a bara agus an radarc breaġ d'feisgint. Téanam ort."

D'féaċ sé orm.

"An bfuil fios agat," ar seisean, "cad é an faid atá an cnuc san uait anois ? "

"Ba dóiċ liom," arsa mise, "go bfuil sé dá míle go maiṫ uainn."

"Dá míle ! " ar seisean agus iongnad air. "Isé méid atá an cnuc san uait anois, a ṁic ó," ar seisean, "'ná deiċ míle ; agus dob' usa duit go mór fiċe míle de bóṫar a ṡiúbal 'ná an deiċ míle sin ! "

Ní dúbart a tuille, aċ deineas ceapad am' aigne féin. Dúbart liom féin go n-eireóċainn ana ṁoċ ar maidin amáireaċ a bí ċúġainn agus go raġainn go bara an ċnuic sin sar a mbéad Miċeál ua Fineagáin as a leabaid.

Ṫanamair abaile. Ċuas isteaċ sa tiġ. Bí seana bean ag caint istiġ agus ṁeasas go raib fearg uirṫi. Do buaileadh isteaċ am' aigne gur doiċeal a bí uirṫi roṁam. Níor leigeas aon rud orm. Do ṡleaṁnuiġeas ċun an doruis. Níor deacair dom sleaṁnuġad ċun an doruis, mar ní rabas tar éis dul abfad isteaċ ó'n ndorus. Ċóṁ luaṫ agus fuaras mé féin ar an dtaob amuiċ de'n dorus ċuireas an talaṁ díom ! Síos liom ċun na glaise agus anonn tar glaise, agus suas, ar an dtaob ṫeas de'n ġlaise agus de'n bóṫar, ċun tiġe ṁuintir Ṫuama. Ċóṁ luaṫ agus tánag isteaċ sa ċlós, siúd trí nó ceaṫair de ġadaraib ag aṁstaraiġ orm. Siúd beirt nó triúr

am' ċosaint orṫa. Ḃuaileas tórsa go léir isteaċ, idir ġaḋaraiḃ agus luċt cosanta. Ḃuaileas suas ċun na teine. Ḃí sé tamall beag tar éis na h-oíḋċe ṫuitim. Nuair a ṡroiseas an teine ċonac seana ḃean ḃreaġ ṁór ḃroṫalaċ ṁáiṫreaṁail agus í n-a suiḋe ar ḟuarma i n-aice na teine, i leiṫ mo láiṁe clé. D'ḟéaċas uirṫe agus d'imṫiġeas agus ṡuiḋeas ar ċaṫaoir a ḃí ar an dtaoḃ eile de'n teine. Níor laḃras le h-aoinne agus níor laḃair aoinne liom, ar feaḋ tamaill. Fé ḋeire do laḃair an ḃean ṁór liom go breaġ séiṁ sultṁar.

"Seaḋ, a ġarsúin," ar sisi, "cár ġaḃais ċúġainn?"

"Go deiṁin," arsa mise, "ba ċóir go n-aiṫneóċaḋ siḃ mé! agus do ġáireas.

Níor laḃair aoinne ar feaḋ tamaill eile, aċ ḃí an ḃean ṁór ag cur na súl tríom. Fé ḋeire do laḃair sí airís.

"B'ḟéidir gur anoir a ġaḃais ċúġainn?" ar sisi.

"Is anoir," arsa mise, "agus Peadar Ua Laoġaire is ainm dom."

"Seaḋ, a Ṗeadair Uí Laoġaire," ar sisi, "aiṫniġim go maiṫ anois tú. Mac do Ḋiarmuid iseaḋ tú."

"Mac do Ḋiarmuid iseaḋ mé," arsa mise.

Do cuireaḋ gaċ aon ċóir orm láiṫreaċ agus ní baoġal gur ṁoṫuiġeas aon doiċeal róṁam. Ní raiḃ aon ḃlúire doiċil sa n-áit eile róṁam aċ ċóṁ beag, pé rud a ċuir am' aigne go raiḃ.

Ċuas a ċodla. Aċ ḃí an Ṁangarta am' aigne agam. Ċóṁ luaṫ agus ċonac an ċéad aṁsgarnaċ de ṡolus an lae ar maidin ḃíos am ṡuiḋe agus amuiċ. Siúd síos mé go dtí an bóṫar. Nuair a ṫánag ar an mbóṫar d'ḟéaċas uaim ó-ṫuaiḋ. Ní raiḃ aon radarc

ar an Mangartain ó'n mbóṫar, aċ ḃí ḟios agam cad é an treó baill 'n-a raiḃ an cnuc. Ṡiúḃluiġeas an bóṫar siar go dtí go raḃas, mar a ṁeasas, ar aġaiḋ an ċnuic ó-ḋeas, nó, go dtí go raiḃ, do réir mo ḃreiṫeaṁantais, an Ṁangarta ar m' aġaiḋ ó-ṫuaiḋ díreaċ. Ansan d'imṫiġeas isteaċ tar claiḋ an ḃóṫair agus ṫugas m' aġaiḋ ó-ṫuaiḋ tríd an sliaḃ. Ḃí an talaṁ ana ġarḃ, ana mí-ċoṫromaċ, lán de ċloċaiḃ agus de ṫurtógaiḃ agus de pollaiḃ agus de ċaraigreaċaiḃ, aċ do ċomáineas liom ó-ṫuaiḋ díreaċ. Ḃí srutáin leaṫana doiṁinne róṁam le gaḃáil ṫórsa. Do stadainn uaireanta ar bruaċ srutáin acu ag féaċaint síos ar na breacaiḃ beaga a ḃíoḋ ionta ṫíos, ag sgeinnt anonn 's anall, agus ag dul isteaċ fés na cloċaiḃ nuair a ċíḋis mé. Ansan do ċomáininn liom ó-ṫuaiḋ airís agus mé ag faire ċúġam, ag braṫ air nár ḃ' ḟada go ḃfeicfinn ceann mór raṁar na Mangartan ag eiriġe ċúġam de ḋruim an ċnuic ar a raḃas ag siúḃal. Aċ ḃí an ġrian ag eiriġe lastoir agus ní raiḃ an Ṁangarta ag eiriġe lastuaiḋ. Ḃí tiġ ṁuíntir Ṫuama agus na tiġṫe eile a ḃí sa ċóṁarsanaċt ag imṫeaċt as mo raḋarc lasteas, agus ní raiḃ aon rud lastuaiḋ díom fós, ná lastoir díom, ná laistiar díom, aċ an sliaḃ agus é lán des na cloċaiḃ agus des na turtógaiḃ agus des na caraigreaċaiḃ. Ḃí an ġrian ag druidim suas ar an spéir lastoir agus an brotal ag tosnuġaḋ ar ṫeaċt aisti, agus ḃí tart ag teaċt orm. Ḃaineas deoċ breaġ a' ceann des na srutánaiḃ, agus ċomáineas liom ó-ṫuaiḋ.

Fé ḋeire do ċonac ceann mór raṁar na Mangartan ag eiriġe ċúġam. D'féaċas go géar air. Do ṁeasainn go mbíoḋ sé ag suaṫaḋ agus ag guagaḋ

agus 'ġá luasgaḋ féin anonn 's anall i n-aġaiḋ gaċ ciscéim d'á dtugainn. Ṫuigeas go maiṫ gur b' é an ḟaid abí sé uaim fé ndeár an luasgarnaċ san, nó a ḋeaḃraṁ. Ċomáineas liom ó-ṫuaiḋ tamall eile go dtí gur osgail an gleann mór leaṫan doiṁinn fúm ṫíos lastuaiḋ díom, agus idir mé agus an Mangarta.

Ḃí tamall maiṫ de'n ṁaidin imṫiġṫe um an dtaca san. Ḃí ocras ag teaċt orm. Ḃíos suaiṫte go maiṫ, agus tuirse orm agus allus orm, ó ḃeiṫ ag siúḃal tríd an sliaḃ. D'ḟéaċas ar an ngleann a ḃí ansúd ar leaṫaḋ ar m' aġaiḋ amaċ, agus d'ḟéaċas uaim ó-ṫuaiḋ ar an Mangartain—agus ċuiṁniġeas ar an deiċ míle úd a ḃí níba ḋeacra do ṡiúḃal 'ná fiċe míle. Ambasa aċ do ċuiṁniġeas gur ḃ'ḟearr gan dul a tuille.

Ansan d'ḟéaċas am' tímpal. Ḃí ḟios agam go raiḃ Cúm na n-Éag ar m' aġaiḋ soir díreaċ, agus go ḃféadfainn cómġar mór a ḋéanaṁ aċ aġaiḋ a ṫaḃairt soir. Ḃí ḟios agam, leis, nár ḃ' ḟada go mbuailfeaḋ tiġ éigin umam, agus nár ḃaoġal ná go ḃfaġainn mo ḋóitin le n-iṫe ann. Siúd soir mé tríd an sliaḃ. Ḃíos ag cur na sliġe díom soir go dtí gur ṁeasas nár ḃ'ḟéidir dom gan ḃeiṫ ag teaċt ar Ċúm na n-Éag. Ṫánag ar ċúm, aċ níor ḃ' é Cúm na n-Éag é. Clais ṁór ḟada ab eaḋ an cúm, mar a ḃéaḋ gearaḋ mór fada leaṫan tríd an sliaḃ, ó-ṫuaiḋ agus ó-ḋeas, agus srután beag ag ruiṫ ó-ḋeas tríd an ngearaḋ, le tuitim an tailiṁ, agus bóṫar tríd an ngearaḋ, fan an tsrutáin. Ḃa ḋóiċ le duine gur ḃ' é rud an gearaḋ san, tríd an sliaḃ, 'ná caiḋséar a ḋein an srután do féin, aċ aṁáin go raiḃ an caiḋséar ró ṁór, ró leaṫan, ró ḋoiṁinn, agus an

srután ró ṡuaraċ. Dá mbéaḋ seaċtṁain fearṫana ann, áṁṫaċ, agus an ḟearṫainn trom, ní dóiċ liom go mbéaḋ an srután ró ṡuaraċ ċun an ċaiḋséir a ḋéanaṁ. Do stadas ar bruaċ an ċaiḋséir ar feaḋ tamaill. Ḃí cúis staid agam. Ḃí an tsál imṫiġṫe ó ḃróig liom. Ní raiḃ puinn greama ag bonn na bróige eile. Agus ḃí tuirse agus ocras orm. Ḃíos ag féaċaint 'an bóṫar ó-ṫuaiḋ. Ḃí radarc aḃfad ó-ṫuaiḋ agam, mar ḃí an bóṫar díreaċ agus ḃí an áit 'n-a raḃas árd go maiṫ os cionn an ḃóṫair agus os cionn an tsrutáin. Níor ḃ' fada go ḃfeaca ag gaḃáil ċúġam an bóṫar a-dtuaiḋ rud a ċuir iongnaḋ agus alltaċt orm. Ḃí an rud ag siúḃal ar nós duine. Aċ ní ḟeaca ar aon duine riaṁ a leiṫéid de ċeann le méid. Ḃí sé ag siúḃal ana ġéar. Fé mar a ḃí sé ag teaċt i gcóṁgar dom iseaḋ ba ṁó a ċonac an deaḃraṁ daona air, aċ an ceann a ḃeiṫ ag dul i méid go h-uaṫḃásaċ. Níor ḃ'fada go ḃfeaca go raiḃ adarca beaga ar an gceann. Go luaṫ tar éis na n-adarc a taḃairt fé ndeara dom do ṫuigeas an sgéal go léir. Bean a ḃí ann agus corcán ar a ceann aici, a ceann sáiḋte suas i mbéal an ċorcáin aici agus an corcán lán d'ḟéar ṫirim, i dtreó ná gortó-faí an ceann, agus trí cosa an ċorcáin anáirde mar béaḋ trí aḋaircíní.

Cóṁ luaṫ agus ṫuigeas an méid sin do riṫeas síos agus ṫar srután soir agus ḃíos 'n-a coinniḃ ar an mbóṫar um an dtaca 'n-a dtáinig sí suas.

Níor leigeas blúire orm i dtaoḃ na preiḃe do ḃí bainte aici asam.

"Dia 's Muire ḋuit!" arsa mise léi.

"Dia 's Muire ḋuit a's Pádraig, a ġarsúin," ar sisi; "aċ ní aiṫniġim ṫu. Ní dóiċ liom,"

ar sisí, "gur aoinne de ġarsúnaiḃ na h-áite seo ṫú?"

"Ní h-eaḋ," arsa mise. "Anoir ó Ċluanḋroċaḋ iseaḋ mé, agus táim ag déanaṁ cóṁgair soir abaile. Táim ag tabairt aġaiḋ soir ar Ċúm na n-Éag. An ḃfuil Cúm na n-Éag abfaḋ soir as so?"

D'ḟéaċ sí go géar orm.

"Ó Ċluanḋroċaḋ!" ar sise. "Aililiú!" ar sisi. "Cúm na n-Éag!" ar sisi. Ansan, fé mar ḃéaḋ a h-iongnaḋ curṫa ḋi aici, d'iompuiġ sí orm. "Aċ," ar sisi, "tá Cúm na n-Éaġ ana ḟada soir as so, agus tá an tsliġ ana ġarḃ ana ṁí-ċoṫromaċ. Buail mar seo síos i n-aonḟeaċt liom-sa agus cuirfead ar an mbóṫar tú. Tá bóṫar breaġ réiḋ agat ó'n gcrois seo ṫíos soir go Cúm na n-Éag, agus as san soir go dtí muilean Ḃaile Ṁúirne. Agus go deiṁin is fada an bóṫar é ḋuit-se le siúḃal anois."

Ċomáineas liom síos le n-a cois. Níor ḃ'fada go ḃfeaca, ṫíos ag an gcrois, fear agus bata 'n-a láiṁ aige agus é ag croṫaḋ an ḃata ċúġam go feargaċ. Miċeál ua Fineagáin a ḃí ann. Ḃí an duine boċt tar éis an lae ċaiṫeaṁ a'm ċuardaċ. Nuair eiriġ sé ar maidin ní raiḃ aon tuairisg orm ag aoinne ḋó. Ċonaic duine éigin mé ag dul anonn go tiġ Ṁuintir Ṫuama. Ċuaiḋ sé anonn. Ní raiḃ aon tuairisg ṫall orm aċ gur ṫugas an oíḋċe ann agus ná feacaiḋ aoinne mé ag imṫeaċt ar maidin. Ṫáinig sé anall. Ṫall ná abus ní raiḃ aon tuairisg orm.

"Cad a ḋéanfad i n-aon ċor!" ar seisean. "Conus a ṫabarfad aġaiḋ ar a aṫair agus ar a ṁáṫair!"

"Imṫiġ ort abaile," arsa gaċ aoinne leis. "Ṫoir sa ḃaile róṁat a ġeóḃair é, gabaim-se orm!"

Ar an mbóṫar ag dul abaile a ḃí sé nuair a ċonaic

sé ċuige a-dtuaiḋ an bótar úd tríd an gcaiḋséar mé. Ḃí fearg air, aċ ba ṁó an t-átas a ḃí air 'ná an ḟearg. Ní leigfeaḋ sé as a raḋarc as san amaċ mé go dtí go raḃamair araon sa ḃaile. Nuair a ṡroiseamair an baile ḃí iongnaḋ orm-sa. Níor labair sé oiread agus focal amaċ as a ḃéal ċun aon ġearáin a ḋéanaṁ orm mar ġeall ar an sgannraḋ a ċuireas air! Ní baoġal gur laḃras féin ar an sgéal go dtí aḃfad 'n-a ḋiaiġ san.

XII

AR ṀULLAĊ NA MANGARTAN

Aḃfad 'n-a ḋiaiġ san, leis, do ċuas go mullaċ na Mangartan, aċ is ó'n dtaoḃ tuaiḋ a ċuas anáirde air, ó Ċill Áirne. Ḃíos níba ṡine agus níba treise an uair sin 'ná mar a ḃíos an lá a ċuas siar go dtí an "Leitir ná léiġtear." Ḃíos am' aonar agus ḃí an lá ana ḃreaġ. D'ḟágas Cnuc an Eirbaill ċóṁ luaṫ agus ḃí mo ḃrecfaist iṫte agam, agus ċuireas gaċ aon ċóṁgar díom riar ó-ḋeas go dtí go raḃas ag bun an ċnuic. Ansan do ċuardaiġeas an cosán a ḃí, mar a h-innseaḋ dom, ó ḃun an ċnuic suas go dtí a ḃara, an cosán a deineaḋ ann fé ċosaiḃ na ndaoine iasaċta a ṫagaḋ ann ċun Cill Áirne agus na raḋarcana breaġta atá timpal air a ḋ'ḟeisgint. Cóṁ luaṫ agus do ṫánag ar an gcosán do ċoṁáineas liom suas. Nuair a ṫagaḋ an saoṫar orm, tré ḋéine

an cnuic, do stadainn agus d'ḟéaċainn am' ṫímpal ar an nDúṫaiġ a ḃí laistiar díom. Ḃí an raḋarc san ag leaṫanuġaḋ agus ag dul i mbreaġṫaċt fé mar a ḃíos ag druidim suas. Nuair a ḃíos tamall maiṫ suas ḃí an raḋarc ċóṁ breaġ ċóṁ mór ċóṁ leaṫan sin go stadaḋ m' anál orm nuair ḟéaċainn am' ṫímpal air. Fé ḋeire do ṡroiseas an fiaraḋ. Do stadas ansan tamall maiṫ ag féaċaint am' ṫímpal. Dob' uaṫḃásaċ an raḋarc é! Ḃí an lá ċóṁ glan le criostal. Ḃí sgamaill ḃeaga ḃána ar an spéir, aċ ḃíodar ana ḟada suas agus ḃí an t-aer fúṫa gan aon ḃlúire ceóiġ ann, i dtreó gur ḟéadas an talaṁ, agus na páirceana, agus na coillte, agus cuid des na h-aiḃníḃ, agus cuid des na teampullaiḃ, agus an ċuid des na tiġṫiḃ cóṁnuiġṫe ná raiḃ ró ḟada uaim, a ḋ'ḟeisgint go soiléir. Ḃí Cill Áirne ansúd ṫíos am' aice, ċóṁ cóṁgaraċ san dom, dar liom, go measainn go ḃféadfainn méaróg ċloiċe do ċaiṫeaṁ síos isteaċ sa tsráid ḃeag.

Ar éadan an ċnuic iseaḋ ḃíos an uair sin. Ḃí an tuitim lasmuiċ díom agus a leiṫéid d'ḟánaiḋ ann go measainn dá sgaoilinn cloċ síos ná stadfaḋ sí go dtí go mbéaḋ sí ag bun an ċnuic. Ḃí bara an ċnuic go breaġ leaṫan leiḃéalta laistiar díom, agus gur ḋóiċ leat nuair a ḋruidfeá isteaċ air náċ ar ṁullaċ cnuic a ḃeifeá i n-aon ċor aċ ar réiḋ ḃreáġ leaṫan. Do ḋruideas isteaċ air. Ní raiḃ aon ċoinne agam, go dtí go raḃas ag siúḃal air anonn 's anall ar an gcuma san, go raiḃ an mullaċ ċóṁ breaġ fada fairsing. Ḃí na cnuic móra eile, agus na cnuic ḃeaga ar a measg, laistiar agus laisteas agus lastoir díom. Ḃa ḋóiċ leat ná raiḃ sa ċuid eile acu aċ cruiceóga ḃeaga seaċas an beiṫiġeaċ cnuic a ḃí fé

m' ċosaiḃ. Ní raiḃ aċ Corán Tuaṫail, a ḃí ansúḋ laistiar ḋíom, go raiḃ aon téagar ná aon aoirde ann, dar liom. Ḃí an Dá Ċí agus Mullaċ an Ois lastoir ḋíom, agus d'ḟéaċadar ana ṡuarać. D'ḟéaċas ó-ḋeas féaċaint an aiṫneóċainn an "Leitir ná léiġtear." Do ṫeip orm glan aon ṗioc d'á ḋeaḃraṁ a ḋéanaṁ amaċ ameasg na sliaḃ eile. Ní raiḃ sa n-áit ar fad aċ gratain sléiḃte. Ḃí radarc siar ó-ḋeas agam ar na h-inḃiriḃ atá ag teaċt isteaċ ó'n ḃfaraige idir na cnucaiḃ, i dtreó gur ḋóiċ le duine gur ḃ'aṁlaiḋ a ḃéaḋ na cnuic ag dul fé uisge, agus nár ḃ' ḟada go mbéaḋ an ḟaraige os a gcionn ; nó gur ḃ' aṁlaiḋ a ḃéaḋ na cnuic ag eiriġe as an uisge, agus nár ḃ' ḟada go mbéaḋ an ḟaraige imṫiġṫe siar ar fad amaċ as na gleanntaiḃ sin atá idir na cnucaiḃ. Ag féaċaint orta dom ṫugas fé ndeara láiṫreaċ an ċosaṁlaċt ċruinn atá idir an radarc a ċonac ansúḋ, idir ċnucaiḃ agus uisge, agus an radarc a ċíon aoinne nuair ḟéaċan sé ar an gcúinne ṫiar ṫeas de ṁapa na h-Éirean ar ḟalla ṫiġe sgoile. Níor ḟéadas gan fanṁaint tamall maiṫ ag féaċaint ar an mapa úd atá ansúḋ anois, agus naċ fios dóṁ-sa ná d'aoinne eile cad é an ḟaid atá ó cuireaḋ ann é.

Tar éis mé ḃeiṫ tamall maiṫ ag féaċaint air agus ag maċtnaṁ air, d'iompuiġeas agus ḃuaileas soir tríd an réiḋ ḃreaġ leaṫan ar an mullaċ. Ní fada soir a ċuas nuair a baineaḋ árd-ġeit asam. Do ċonac ar m' aġaiḋ amaċ poll mór leaṫan doiṁinn, síos ansa ċnuc. Ḃ' é saġas puill díreaċ é 'ná an poll a ḃéaḋ ann dá mb' aṁlaiḋ a bainfí ceann de Ċíoċaiḃ Danann aníos a' lár na Mangartan agus an Ċí sin do ċaiteaṁ ṫall i n-aice na Cíċe eile, mar a ḃfuil

sí anois, an taoḃ a ḃí suas di, sa ċnuc, ar an dtalaṁ, agus an ceann caol di, a ḃí síos sa ċnuc, é suas anois. Ba ḋóiċ leat, dá dtógfaí ó'n dtalaṁ airís í agus í ċur isteaċ sa ṗoll, an ceann caol di síos, go líonfaḋ sí an poll agus go mbéaḋ mullaċ na Mangartan 'n-a réiḋ ḃreaġ leatan, ar aon leiḃéal ó taoḃ taoḃ, mar a ḃí sé sar ar tógaḋ an cnuc eile sin aníos as.

Má ḟanas tamall maiṫ ag féaċaint siar ar na sléiḃtiḃ agus ar na h-inḃiriḃ i n-iartar Éirean, ó Ḃaoí Ḃéara go h-inḃear Neidín agus go h-inḃear Tráġa Lí agus go h-inḃear an Daingin, do ṫugas tamall ba ṁó 'ná é ag féaċaint uaim síos sa ṗoll úd gur baineaḋ, dar liom, an ċí ba ġiora dom de Ḋá Ċíċ Danann aníos as uair éigin fadó. Níor ḟéadas dul ró aċmair do'n ṗoll. Ḃí an tuitim ó 'n-a ḃruaċ síos ró ḋíreaċ agus dá dtéiġinn ró imealaċ ar an mbruaċ ba ḃaoġal dom go n-imteóċ' an fód ó m' ċosaiḃ agus go sgaoilfí le fánaiḋ mé. Ṫánag ċóṁ h-aċmair, áṁṫaċ, agus go raiḃ radarc agam ar an loċ uisge atá ṫíos i mbun an ṗuill. Féaċan an loċ san go fada síos agus go grána agus go h-uaig-neaċ agus go duḃ.

Ṡaṁluiġeas gur ḃ' aṁláiḋ a ḃí draoiḋeaċt éigin ag an loċ san d'á imirt ar mo ṡúiliḃ, d'ḟanas ċóṁ fada san ag féaċaint síos air. Nuair ḟéaċainn am' ṫimpal tamall, soir ar an Dá Ċí nó ó-ḋeas ar na h-inḃiriḃ, níor ḃ' fada go n-iompuiġeaḋ mo ṡúile tar n-ais airís, agus síos ar an loċ grána duḃ úd. D'ḟéaċainn anonn ar an dtaoḃ ṫoir de'n ṗoll agus ċínn radarc áluinn ann, taoḃ an ṗuill 'n-a ṡeasaṁ ṫall, ar m' aġaiḋ anonn agus an ġrian ag taiṫneaṁ air agus sgáileana na sgamall mbeag leaṫta amaċ air agus iad ag gluaiseaċt fan é go breaġ réiḋ, díreaċ mar a

ḃí na sgamaill ḃeaga féin ag gluaiseaċt ṫuas os mo ċionn ar an spéir. Ansan, nuair ḟéaċainn síos airís ar an loċ, agus nuair a ċuirinn cor díom anonn nó anall, ṡamluiġinn go mbíoḋ an loċ, agus bun an ṗuill ar fad, ag suaṫaḋ agus ag luasgarnaiġ anonn 's anall, díreaċ mar a ḃíoḋ mullaċ an ċnuic féin nuair a ḃíos ag féaċaint air andeas ó'n "Leitir ná léiġtear."

Nuair a ḃínn córta de ḃeiṫ ag féaċaint síos ar an loċ gránna duḃ agus anonn ar an dtaoḃ toir de'n ṗoll, agus am' ṡuaṫaḋ féin anonn 's anall go ḃfeicfinn an luasgarnaċ laistíos, d'ḟéaċainn uaim ó-ṫuaiḋ ar an ndúṫaiġ ḃreaġ a ḃí leatta amaċ lastuaiḋ díom. Ḃí um an dtaca san an ḃreacarnaċ ċéadna ar an ndúṫaiġ sin a ḃí ar an dtaoḃ toir de'n ṗoll, mar ḃí na sgamaill ḃeaga tar éis iad féin do leaṫaḋ amaċ ar an spéir go léir, agus ḃí na sgáileana beaga leatta amaċ ar an ndúṫaiġ go léir. Ní ḟeaca riaṁ roimis sin, agus ní ḟeaca riaṁ ó ṡin, radarc ċóṁ breaġ leis an radarc a ḃí leatta fé m' ṡúilib nuair a ḃíos ag féaċaint siar agus ó-ṫuaiḋ agus soir ar an ndúṫaiġ sin, agus an ḃreacarnaċ san, sgáṫa agus soluis, ar leaṫaḋ air. Ḃí an ḃreacarnaċ ċéadna ar an spéir ṫuas, os cionn na dúṫa, aċ so a ḃeiṫ de ḋeifriġeaċt idir an mbreacarnaċ ṫuas agus an ḃreacarnaċ ṫíos, .i. an rud ba sgáṫ laistíos gur ṡolus lastuas é, agus an rud ba ṡolus laistíos go mba sgáṫ lastuas é. Sgamaill ġeala ab eaḋ na sgamaill ḃeaga a ḃí ar an spéir agus ḃíodar níba ġile 'ná mar a ḃí an spéir 'n-a dtímpal. Tríd an spéir a ḃí gan sgamall a tagaḋ solus na gréine anuas, agus an sgamall beag ġeal isé ċuireaḋ an sgáṫ ar an dtír laistíos dé.

Ṫugas oiread san aimsire ag féaċaint ar na

radarcanaib breaġta san, ar na sléibtib agus ar na h-inbirib laisteas díom, ar an ndúṫaiġ, ní h-eaḋ, aċ ar na dúṫaib móra leaṫana lastuaiḋ díom, ar an bpoll uaṫbásaċ a bí ansúd agam' ċosaib, ar an loċ dub draoiḋeaċta a bí ansúd tíos, ag suaṫaḋ agus ag luasgarnaiġ, i mbun an ṗuill, agus ar an mbreac-arnaċ sgáṫa agus soluis a bí orṫa go léir, go raib an tráṫnóna ag teaċt sar ar ṫáinig aon ṗioc d'á ċuimneaṁ ċúġam go raib Cnuc ar Eirbaill tamall maiṫ soir ó-ṫuaiḋ uaim, agus go gcaiṫfinn dul ann i gcóir na h-oíḋċe. Ansan féin ba ró ḋeacair liom imṫeaċt ó'n radarc. Ag dul i mbreaġṫaċt a bí an radarc fé mar a bí an ġrian ag druidim síos agus an solus ag aṫruġaḋ ; an solus ag laguġaḋ agus na sgáṫana ag dorċuġaḋ ; agus an loċ tíos i mbun an ṗuill ag dúbċtaint tuille agus ag dul, ba ḋóiċ le duine, tuille fé 'n ndraoiḋeaċt. Ṫugas iaraċt ar imṫeaċt. Do stadas tamaillín eile. Ṫugas iaraċt eile ar imṫeaċt agus do stadas tamaillín ċun aon ḟéaċ-aint aṁáin eile ṫabairt am' ṫímpal orṫa go léir. Fé ḋeire do riṫeas as an áit.

B' usa go mór agus ba ṡaoráiḋiġe teaċt an cnuc anuas 'ná dul suas. Mar sin féin bíos tamall maiṫ ag teaċt anuas mar, an ḟaid a lean an radarc leaṫan, ní ḟéadainn gan stad anois agus airís ċun mo ṡúile do ṡásaṁ air. Um an dtaca n-a rabas ag bun an ċnuic bí an oíḋċe ann, i dtreó gur b' ar éigin a bí solus mo ḋóiṫin agam ċun na ḟleisge do ġabáil. Do ġabas í, áṁṫaċ, gan mo ċosa do ḟliuċaḋ, agus ċomáineas liom ó-ṫuaiḋ go dtí gur ċuireas mo ċos ar bóṫar Ċille Áirne. Bí an oíḋċe dub ann um an dtaca san ; aċ bí an oíḋċe go breaġ agus go ciúin,

agus níor ḃ' ḟada gur eiriġ an ġealaċ. Nuair a ḃí an ġealaċ 'n-a suiḋe agus an solus agam ba ċuma liom an oiḋċe nó an lá agam. Ċomáineas liom an bóṫar soir. Ṫánag go dtí áit 'n-a raiḃ falla mór árd cloiċe ar an dtaoḃ ṫuaiḋ de'n ḃóṫar, ar mo láiṁ ċlé, agus seana ċaisleán laistiġ de'n ḟalla. Do h-inn-seaḋ doṁ cúpla lá roimis sin go raiḃ droċ ainim ar an seana ċaisleán agus ar an áit sin de'n ḃóṫar; go bḟeicṫí púca nó sprid nó rud éigin mí-nádúrṫa de'n tsórd san ann. Ḃí sé ag déanaṁ amaċ ar uair an ṁeaḋon-oiḋċe nuair a ṫánag go dtí an áit. Ḃíos ag cuiṁneaṁ ar an bpúca, aċ má ḃíos ní le h-aon eagla roimis an bpúca é. Ḃíos 'ġá ráḋ am' aigne gur ṁór an díṫ céille do ḋaoine beiṫ 'ġá ṁeas go bḟéadfaḋ púcaí ḃeiṫ sa n-oiḋċe ann aċ ċóṁ beag agus beidís ann i lár an lae. Le n-a linn sin siúd ċúġam an bóṫar anoir ainiṁiġe éigin uaṫḃásaċ agus é ar cosanáirde go dian. Ḃí crainn ar gaċ taoḃ de'n ḃóṫar sa n-áit, i dtreó nár ḟéadas i n-aon ċor a ḋéanaṁ amaċ cad é an saġas ruda an t-ainiṁiġe. Ḃí baitín beag am' láiṁ agam. D'árduiġeas an baitín d'á luiġeaḋ agus d'á ṡuaraiġe é. Do riṫ an t-ainiṁiġe ċúġam go dtí go raiḃ sé ar m' aġaiḋ amaċ. Díreaċ agus é ag gaḃáil torm siar do leagaḋ ar an mbóṫar é. D'eiriġ a leaṫ agus ġaiḃ sé siar ar cos anáirde agus d'ḟan an leaṫ eile ar an mbóṫar. Ḃíos ag iniúċaḋ ar an leaṫ a ḃí ar an mbóṫar. Aċ níor ḟéadas a ḋéanaṁ amaċ cad é an saġas ruda é. Le n-a linn sin d'eiriġ sé de'n bóṫar agus ḋein se orm.

"Fan uaim amaċ!" arsa mise, "pé rud tú!" agus mo ḃaitín anáirde agam.

Do laḃair sé.

"Ó ṁaise!" ar seisean, "go mbrisiḋ an D——l do

ċosa, mar asal!" agus é ag féaċaint an bóṫar siar i nḋiaiġ an ruda a ḃí imṫiġṫe siar ar cos anáirde. "Gaḃaim pardún agat!" ar seisean liom-sa. "Is aṁlaiḋ a ċaiteas mé féin anuas de'n ḃiteaṁnaċ asail sin. Do leagas é d'aon ġnó ċun teaċt anuas dé. Ag dul soir go Sráid an Ṁuillinn atáim. D'ḟágas Cill Áirne um ṫráṫnóna ċun dul soir go Sráid an Ṁuillinn. Ḃíos ċóṁ fada soir leis an mBara Duḃ nuair a ḃuail an t-asal san umam ar an mbóṫar. Do rugas air agus do léimeas anáirde air ċun é ḃreiṫ liom agus marcaiġeaċt a ḃeiṫ agam as tamall de'n ḃóṫar. Ċóṁ luaṫ agus ḃíos socair anáirde air agus do fuair sé ná féadfaḋ sé mé ċaiteaṁ dé, caḋ a ḋein sé aċ iompáil an bóṫar siar! Níor ḟéadas é ċasaḋ toisg gan srian ná ceannraċ a ḃeiṫ agam air. Ḃéarfaḋ sé siar isteaċ go Cill Áirne mé airís mura mbéaḋ mé 'ġá leagaḋ ansan ar an mbóṫar. Do rugas ar ċluais air a d'iaraiḋ é ċasaḋ soir, agus is aṁlaiḋ a leagas é, an rógaire biteaṁnaiġ!"

Ansan d'inis sé dom cé 'r ḃ' é agus caḋ é an gnó a ḃí soir go Sráid an Ṁuillinn aige. Ó ṫiġ na mboċt i gCill Áirne dob eaḋ a ṫáinig sé agus go tiġ na mboċt i Sráid an Ṁuillinn a ḃí sé ag dul. Garsún ceiṫre mblian ndéag nó cúig mblian ndéag ab eaḋ é. Ċeap sé an éagcóir a ḋéanaṁ ar an asal agus ṫug an t-asal "cor i n-aġaiḋ an ċaim" dó.

Ċomáineamair araon linn ansan an bóṫar soir, agus ḋeineamair cuideaċtanas d'á ċéile go dtí gur ṡroiseamair an bóiṫrín ó-ṫuaiḋ ċun an tiġe ar Cnuc an Eirbaill mar a raiḃ mo ġaolta-sa 'n-a gcóṁnuiġe, agus mar a raiḃ mo ṫriall i gcóir na h-oiḋċe. Do

sgaramair le ċéile ar an áit sin. Ní ḟeaca riaṁ ó ṡin é beó ná marḃ.

Ní raiḃ sé aċ tamall beag roim lá nuair a ṡroiseas an baile. Ḃí muintir an tíġe 'n-a gcodla, níḋ nár ḃ' iongnaḋ. Do fágaḋ biaḋ agus deoċ am' ċóir-se i n-aice na teine. D'iṫeas an biaḋ agus d'ólas an deoċ. Ansan dúḃart mo ṗaidireaċa agus ċuas a ċodla. Ní baoġal ná gur ċodlas go sáṁ.

Eiḋirḟaisnéis iseaḋ an méid sin cainte atá ráiḋte i dtaoḃ na cuarda san a ṫugas go "Mangartain an aeir aoiḃinn," mar aḋúḃairt an file. An "Leitir ná léiġtear" fé ndeara ḋom cuiṁneaṁ ar an gcuaird sin. Do ċuas suas aon uair aṁáin eile go mullaċ na Mangartan, tamall mait i ndiaiġ an lae sin, aċ ní raiḃ an lá ċóṁ breaġ ná an spéir ċóṁ glan, agus ḃí daoine lem' ċois, agus níor ḟéaċ an raḋarc ċóṁ h-áluinn i n-aon ċor, ná ċóṁ h-oirḋeirc, ná ċóṁ h-uasal, agus ḃí sé an ċéad lá úd a ċonac é. Is dóċa gur lá mar an lá san a ḃí ag an ḃfile ṫuas air nuair a ṫug sé "Mangarta an aeir aoiḃinn" ar an gcnuc. D'airiġeas féin "Mangarta an Ċeóiġ," 'á taḃairt ar an gcnuc gcéadna i n-aḃrán eile. Is eagal liom gur minicíġe go mór a ḃíon an cnuc 'n-a "Mangartain ċeóiġ," 'ná mar a ḃíon sé 'n-a "Mangartain aeir aoiḃinn.

XIII

MAĠ NUAḊAT

Sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle oċt gcéad trí fiċid a h-aon iseaḋ do ċuas síos go Coláisde Ṁaiġe Nuaḋat ċun mo ṫéarma aimsire do ċaiṫeaṁ ann am' ollṁuġaḋ ċun ḃeiṫ am' ṡagart.

Ḃ' é dlíġ an Ċoláisde an uair sin go gcaiṫfeaḋ duine oċt mbliana, nó seaċt mbliana, nó sé bliana, do ċaiṫeaṁ ann, ag foġluim na n-ealaḋan a ḃéaḋ riaċtanaċ dó i dtreó go mbéaḋ an t-eólus ceart aige ċun go ndéanfaí sagart de. Do curtí triail ar na h-ógánaiġ ag dul isteaċ dóiḃ, i n-éaġmuis na trialaċ a ċuireaḋ na h-Easboig amuiċ orṫa. Dá dtaisbeánaḋ an triail nár ġáḋ do'n ógánaċ na h-oċt mbliana do ċaiṫeaṁ istiġ do maiṫfí bliain dó. Ansan, dá dtaisbeánaḋ an triail nár ġáḋ dó na seaċt mbliana do ċaiṫeaṁ istiġ do maiṫfí obair dá bliain dó. Do maiṫeaḋ obair dá ḃliain dóṁ-sa. Ḃa ṁór an tairḃe dom é sin mar tá aer na h-áite ana ḋian ar ṡláinte na mbuaċaillí a ṫéiġean isteaċ ann ó'n dtuaṫ. Do ḃí sé dian orṫa an uair sin pé'r doṁan é. Ní ḟeadar an ḃfuil aon ḟeaḃas tar éis dul air nó ná fuil. Ċuaiḋ buaċaillí breaġṫa móra láidire isteaċ ann an bliain céadna do ċuas-sa isteaċ. Ċóṁ luaṫ agus ḃí bliain caiṫṫe istiġ acu ḃí cuid acu seirgṫe go maiṫ. Nuair a ṫéiġdís abaile i gcaiṫeaṁ ráṫa an tSaṁraiḋ do ċuiridís an ḟeóil suas airís agus ṫagaḋ a neart dóiḃ. Aċ d'imṫiġeaḋ an ḟeóil agus an neart airís nuair a ḃídís raint aimsire tar éis teaċt tar n-ais. Nuair a ḃíoḋ deire na h-aimsire caiṫṫe agus iad ag

dul amaċ 'n-a sagartaiḃ críoċnuiġṫe ḃíoḋ na cnáṁa lom go maiṫ acu go léir, go mór mór ag an gcuid acu do tógaḋ ar an dtuaṫ. An ċuid acu do tógaḋ ins na sráideanaiḃ nó ins na bailtiḃ móra, ní ġoilleaḋ an áit istiġ ċóṁ mór i n-aon ċor orṫa. Ní ḃíoḋ an neart ionta, ó ṫosaċ, a ḃíoḋ ins na fearaiḃ óga a ṫagaḋ ó'n dtuaṫ, aċ an méid nirt a ḃíoḋ acu do ċoimeádaidís é i gcaiṫeaṁ na h-aimsire. Ḃídís lag, neambríġeaċ, i gcomparáid le buaċaillíḃ na tuaṫa, ar dtúis ; aċ ag déanaṁ amaċ ar deire na h-aimsire ḃídís-sin ar an gcuma gcéadna náċ mór, agus ḃíoḋ an t-anam sladaiṫe, nó geall leis, as an mbuaċaill a ṫáinig isteaċ ó'n dtuaṫ.

Ṫagaḋ buaċaillí ana ċalma isteaċ ann ó Ċontae Ṫiobraid Áran. Is cuiṁin liom buaċaill a ṫáinig isteaċ an ḃliain ċéadna a ċuas féin isteaċ. Ḃí dé os cionn sé troiġṫe ar aoirde, agus ḃí sé ċóṁ cúmṫa ċóṁ córaċ san 'n-a déanaṁ gur ḃreaġ liom beiṫ ag féaċaint air agus é ag siúḃal i n-aonfeaċt le n-a ċomrádaiṫiḃ. Ḃíodar go léir árd go maiṫ, deaġċúmṫa go maiṫ, aċ do ṁeasainn go mbíoḋ a ċeann agus leaṫ a ṁuiníl suas glan os a gcionn go léir. Ḃí neart uaṫḃásaċ ann. Ḃí sé féin agus triúr eile buaċaillí lá ag imirt ċluiċe le liaṫróid láiṁe. Ḃí ainim an nirt go léir air. Ṫug an triúr eile cogar d'á ċéile go mbéarfaidís i dtriúr air agus go leagfaidís é. Ḃíos féin ag féaċaint ar an imirt. Ní raiḃ puinn ṁaiṫeasa riaṁ ionam ċun aon ċluiċí gleacaiḋeaċta de'n tsórd san. Ba ġearr go ḃfeaca an triúr ag breiṫ isteaċ ar an aoinne aṁáin. Ḃí a láṁa timpal an ċuim air ag beirt acu, agus ḃí greim ar ġlúiniḃ air ag an dtríṁaḋ duine. Do lúḃ an fear láidir a ġlúiniḃ, agus do leig sé síos é féin go dtí go

raiḃ an ḃeirt uaċtaraċ daingean aige fé n-a dá osguil, agus greim le n-a dá láiṁ aige ar dá ċeaṫraṁain an ḟir íaċtaraiġ. Ansan do ḋíriġ sé suas é féin agus ṫóg sé an triúr i n-aonḟeaċt glan ó'n dtalaṁ agus ṡiúbluiġ sé mór-ṫímpal na cúirte leó. Nuair a leig sé uaiḋ iad dob' éigean dóiḃ suiḋe síos ar feaḋ tamaill ċun teaċt ċúċa féin ó'n ḃfásgaḋ a tug sé dóiḃ. Agus ní raiḃ sé aċ ag gáirí an ḟaid a ḃí an gníoṁ san aige 'á ḋéanaṁ. Agus fir luaṫa láidire ċumasaċa ab eaḋ an triúr.

"Seaḋ," ar seisean, nuair a leig sé uaiḋ iad, "an beag liḃ de'n spórt?"

"Ṁeasamair," arsa duine acu, "go mbéaḋ sé le ráḋ againn gur leagamair tú. Aċ cad ba ġáḋ duit mé ḋ'ḟásgaḋ ċóṁ mór? Ḃainis m'anál díom, agus is ar éigin atá ionam labairt fós!"

"Tú féin fé ndeár é," arsa duine eile acu leis an ḃfear a labair. "Mura mbéaḋ tusa ní tabarfaimís féi i n-aon ċor. Tá teinneas am' ḋrom agus suas am' ċúl fós!"

Ḃí catuġaḋ ar an ḃfear mór nuair a ċonaic sé an cás 'n-a rabadar, agus ḃí sé ag gabáil a léaṫsgéil leó agus 'ġá ráḋ nár ṁoṫuiġ sé an neart san aige 'á ċur sa ḃfásgaḋ; nár ṁeas sé gur ṫug sé dóiḃ aċ an fásgaḋ do ċoimeádfaḋ a ġreim orṫa ċun iad do ṫógaint ó'n dtalaṁ.

"Dar fiaḋ," arsa'n tríṁaḋ duine acu, "aċ dá ḃfáisgtá a tuille mise bíos marḃ agat!"

Cúpla bliain 'n-a ḋiaiġ san do ċonac-sa an fear san agus is ró ḃeag an neart a ḃí ann. Do ġoill aer na h-áite air agus do ġoill an biaḋ air, agus do ṫuit sé i gceann a ċos. B'éigean dó dul abaile. Ḃí sé ró imṫiġte, áṁṫaċ, sar ar ċuaiḋ sé abaile. Ní raiḃ

sé aḃfad sa ḃaile agá ṁuintir nuair imṫiġ sé aḃaile ar an síoruiḋeaċt, gura' maiṫ an ṁaise ḋó é !

Dúḃart gur ġoill aer na h-áite air. Do ġoill aċ níor ḃ' aon iongnaḋ é sin. Tá an áit ró íseal agus tá an ċanáil ag gaḃáil tré lár na tíre. Siar, lasmuiċ d'ḟalla an Ċoláisde, agus fliuċan ceó na canáile sin an t-aer i dtreó go mbíon an t-aer mí-ḟoláin do ċliaḃ an duine, agus go músglan sé an uile ṡaġas galair cléiḃ ann.

Aċ dúḃart gur ġoill an biaḋ air. Ba ṁó d'iongnaḋ an ġoilleaṁaint sin 'ná an ġoilleaṁaint eile. Tugtar, nó do tugtí an uair sin ar aon ċuma, an ċaoirḟeóil ab ḟearr d'ár ḃlais aon daonaiḋe riaṁ le n-ite dúinn. Níor ḃ' ḟéidir aon loċt ḟáġail uirti. Ní lúġa 'ná mar ab ḟéidir aon loċt ḟáġail ar an arán a tugtí dúinn. Aċ d'á ḟeaḃas a ḃíoḋ idir ḟeóil agus arán ní ḋeiniḋís puinn tairḃe do ċuid againn. An ċuid againn a téiġeaḋ isteaċ ó'n dtuat ní ḃíoḋ taiṫíġe ar an bḟeóil againn. An gráinne agus an práta agus an bainne iseaḋ ḃíoḋ againn sa ḃaile ar fad. Ní ḃíoḋ an ḟeóil le fáġail aċ go h-anaṁ, nó b'ḟéidir go ró-anaṁ. Ansan, nuair a téiġmís isteaċ sa Ċoláisde ní ḃíoḋ le fáġail aċ an ḟeóil ar fad. Ḃíoḋ an t-aer breaġ foláin agus an biaḋ ar ar tógaḋ sinn fágta i n-ár ndiaiġ lasmuiċ againn. Ḃíoḋ an biaḋ lastiġ go h-ana ṁaiṫ, aċ ní h-ar an mbiaḋ sin a tógaḋ sinn. Ní ḃíoḋ an taiṫíġe againn air. Ní téiġeaḋ sé ċun soċair dúinn. Ḃíoḋ a rian air, nuair a tagaimís aḃaile ar ár laeṫantaiḃ saoire sa tsaṁraḋ, is ar éigin aiṫniġeaḋ ár máiṫreaċa sinn, ḃímís ag féaċaint ċóṁ lom ċóṁ militeaċ ċóṁ h-ocraċ san.

An faid a ḃímís sa ḃaile ḃíoḋ ár ndóiṫin airís againn de'n ḃiaḋ ar ar tógaḋ sinn, an t-arán coirce

agus an t-arán cruiṫneaċtan ó'n muillean, an t-uḃ circe agus an t-uḃ lacan, an leaṁnaċt agus an bainne ramar agus an ḃláṫaċ, an práta agus an gobalaċ, agus an blúire bagúin anois a's arís. Ḃ'ṡiné an biaḋ a ṫéigeaḋ ċun soċair dúinn. Do ċuirimís suas an ḟeóil arís go tiuġ, agus na pluic, agus tagaḋ an neart agus an fuinneaṁ arís ionainn, i dtreó, nuair a ḃíoḋ an trí ṁí laeṫanta saoire caitte agus ṫéiġmis ṫar n-ais go dtí an Ċoláisde, gur ḃ' ar éigin aiṫniġdís na h-uaċtaráin sinn, agus gur ḃ' ar éigin aiṫniġmís a ċéile.

Ċuireas féin an ċéad ḃliain díom ann gan aon léic a ṫeaċt am' ṡláinte, bíoḋ go raḃas ana lom nuair a ṫánag abaile sa tsaṁraḋ. Ċuas ṫar n-ais sa ḃfoġṁar agus mé láidir go maiṫ. Ní raḃas aḃfad istiġ, áṁṫaċ, nuair a ṫosnuiġ an goile ar ḃeiṫ ag cur orm. As san amaċ b' éigean dom cuid ṁaiṫ de m' aimsir do ċaiṫeaṁ i dtiġ na n-easlán ann, agus níor ḟéadas a ṫaḃairt d'aireaċas dom' ċuid léiġinn aċ oireaḋ agus ḃéarfaḋ saor mé tré gaċ sgrúduġaḋ fé mar a ṫagaḋ sé. Ḃíoḋ an trí ṁí go breáġ fada agam sa tsaṁraḋ, agus ba ḃeag ná go leiġseaḋ san an méid díoḃála a ḃíoḋ déanta ag an gcuid eile de'n ḃliain.

I gcaiṫeaṁ na sé mbliain a ṫugas sa Ċoláisde sin ḃínn ag maċtnaṁ go minic ar na coláisdiḃ úd a ḃí i n-Éirinn i dtosaċ aimsire. Ní ḃíoḋ aon tiġṫe breaġṫa móra slinne an uair sin ag múinteóiriḃ ná ag macaiḃ léiġinn. Is aṁlaiḋ a ḃíoḋ a ṫiġ beag féin ag gaċ aoinne, tiġ beag deas clúṫmar agus díon maiṫ tuiġe air agus gan de ṫrioscán istiġ ann aċ an bórd agus an leabaiḋ agus cúpla caṫaoir b'ḟéidir, agus an tinteán. Innstear dúinn gur ġnáṫ leis na macaiḃ léiġinn ḃeiṫ ag dul amaċ mór-timpal ar

ḟuaid na cóṁarsanaċta ag solátar an ḃainne ḋóiḃ féin. Ní raiḃ na fallaí breaġta 'n-a dtímpal, mar a ḃí i n-ár dtímpal-ne, aċ measaim gur ḃ'ḟearr an tsláinte a ḃíoḋ acu 'ná an tsláinte a ḃíoḋ ag macaiḃ léiġinn Ċoláisde Ṁaiġe Nuaḋat, an ḟaid a ḃí aiṫne agam-sa ar an áit, ar aon ċuma. Ḃ'ḟéidir go ḃfuil an sgéal níos fearr anois acu.

XIV

Baoġal ar an nGaeluinn

An ḟaid a ḃíos-sa sa ḃaile agus gan taiṫíġe ná eólus agam aċ ar na cóṁarsain a ḃí am' tímpal i bparóiste Ċluandroċad agus i bparóiste Ḃaile Ṁúirne, níor ṫáinig lá d'á ċuiṁneaṁ riaṁ ċúġam go raiḃ aon ḃaoġal ar an nGaeluinn. Aċ nuair a ċuas isteaċ sa Ċoláisde agus ċuireas aiṫne ar ḃuaċaillíḃ a tógaḋ i n-áiteanaiḃ eile, agus nuair a fuaras ná raiḃ aon ḟocal Ġaeluinne acu, ḃí iongnaḋ agus alltaċt orm. Ansan iseaḋ do buaileaḋ isteaċ am' aigne go raiḃ an Ġaeluinn ag imṫeaċt; go mbéaḋ sí ag imṫeaċt fé mar a ḃéaḋ na seandaoine ag imṫeaċt agus na daoine óga ag teaċt; go n-eireóċaḋ slioċt agus an dá teanga acu, Ġaeluinn agus Béarla i n-aonḟeaċt; ansan go n-eireóċaḋ slioċt i ndiaiġ an tsleaċta san, agus gan aon ḟocal Ġaeluinne acu. Nuair a buaileaḋ an méid sin isteaċ am'

aigne táinig uaigneas tar bárr orm agus brón agus ceann-fé. Ba ḃeag ná gur ḃ' ḟearr liom imṫeaċt go dtí dúṫaiġ éigin iasaċta, agus mo ṡaoġal do ċaiṫeaṁ agus do ċríoċnuġaḋ ann, 'ná beiṫ i n-Éirinn agus Éire ag iompáil 'n-a dúṫaiġ iasaċta. Dar liom níor ḃ' í Éire i n-aon ċor í nuair a ḃéaḋ sí gan aon ḟocal Gaeluinne d'á laḃairt inti.

Isé rud a táinig dom as an maċtnaṁ, agus as an mbrón agus as an uaigneas, 'ná gur ṡocaruiġeas am' aigne, pé rud a déanfaḋ aon duine eile, go gcoimeádfainn féin mo ċion de'n Ġaeluinn gan dul ar neaṁníḋ. Ċromas láiṫreaċ ar ḃeiṫ ag ráḋ na Coróinneaċ Muire as Gaeluinn fé mar a deirimís sa ḃaile í, agus fé mar a deirimís ṫuaiḋ ar Doire na Móna í an faid a ḃíos ann. Do ċoimeád san mé gan dul as taiṫíġe na cainte. Do ċromas, leis, ar ḃeiṫ ag léiġeaḋ na Gaeluinne dom féin as na leabraiḃ Gaeluinne a ġeiḃinn i leaḃarlann an Ċoláisde, agus do sgríḃinn síos aon rud a ṫaiṫneaḋ liom i leaḃar beag a ḃíoḋ am' póca agam.

Ḃínn ag déanaṁ na h-oibre sin, aċ, tríd agus tríd, ḃínn coitċianta 'ġá ḟiafraiġe díom féin an raiḃ aon ṁaiṫ am' ġnó; nó an ḃféadfaḋ mo ḋíċeal cosg do ċur leis an meaṫaluġaḋ a ḃí ar an nGaeluinn. Ḃí a lán rudaí os cóṁair mo ṡúl, am' ṫimpal, a ḃí coitċianta 'á ċur 'n-a luiġe ar m' aigne "gur ḃaoṫ mo ġnó." An ċuid ba ṁó des na buaċaillíḃ eile, nuair a ċídís an obair a ḃíoḋ ar siúḃal agam, ní ḋeinidís aċ a gceann do ċrotaḋ agus gáire ḋéanaṁ agus sgaoileaḋ liom. I ndiaiġ ar ndiaiġ do ṫuigeas am' aigne go mb' ḟéidir go raiḃ dearṁad agam 'á ḋéanaṁ. Ċinn gaċ aoinne a d'iaraiḋ é féin do ċur ar aġaiḋ agus do ḃeaċtuġaḋ i n-eólus agus i

gclisteaċt agus i gcumas ar an mBéarla. Cad féadfaḋ aoinne amáin a ḋéanaṁ?

I ndiaiġ ċéile do ṁaoluiġ an díograis ionam agus tugas aġaiḋ ar na gnóṫaiḃ a ḃain le h-obair an Ċoláisde i mBéarla agus i Laidin agus sa bḞraincis. Do leanas, áṁṫaċ, ar mo Ċoróinn Ṁuire do ráḋ as Gaeluinn nuair a ḃinn ag dul a ċodla. Do sgríḃinn síos am' leaḃar sgríḃinne, anois agus airís, blúire beag Gaeluinne nuair a ḃuaileaḋ sé umam. Is cuiṁin liom conus mar a ḃíos lá ag féaċaint ar leaḃar Gaeluinne sa leaḃarlann. Ċonac ar ciúṁais leaṫanaiġ ann an dán beag so:—

"A ċoluim an ċeóil ḃrónaiġ sa ndún duḃ ṫall,
Is doilḃ an róiṁ nósṁar san fúc go fann.
Tulaċ Uí Róiġ ṁórḋa na múrta meann
Gan ċoire, gan spórt seólta, gan lúḃaḋ lann!"

Ṫuigeas gur b' aṁlaiḋ a ḃí an file ag féaċaint uaiḋ ar ṡeana ċaisleán ḃriste éigin, agus go bḟeaċaiḋ sé colúr 'n-a ṡeasaṁ anáirde ar ḃara an tseana ċaisleáin agus "Cú-ú! cú-ú!" aige, agus gur ḃeartuiġ an file i n' aigne an colúr san a ḃeiṫ "ag éiġeaṁ 's ag osnaḋal," ag caoineaḋ na h-uaisleaċta a ḃí ar an gcaisleán san sar ar deineaḋ seana ċaisleán briste ḋé. Ní raiḃ aon tuairisg sa leaḃar, ná ar ċiúṁais an leaḃair, ar cad é an caisleán é ná ar cá raiḃ sé. Ḃíos féin 'á ċuiṁneaṁ go mb' ḟéidir gur "Tulaċ Uí Ruairc" ba ċeart a ḃeiṫ sa dán agus gur b' ar ṡeana ċaisleán éigin le Brian na Múrta do ċonaic an file an colúr.

Nuair a ḃí sé ag dul 'n-a luiġe ar m' aigne ná raiḃ aċ cailleaṁaint aimsire ḋom ann, ḃeiṫ ag casaḋ

le h-aon rud a ḋéanaṁ a ċuirfeaḋ cosg leis an meaṫaluġaḋ a ḃí ag cur na Gaeluinne as an saoġal, do ċonac i leaḃar éigin caint a dúḃairt Eoġan ó Caṁraiġe i dtaoḃ na h-oibre a ḃí aige féin agus ag cuid de luċt a ċóṁaimsire 'á ḋéanaṁ, .i. "go raḃadar ag cruinniuġaḋ agus ag míniuġaḋ na seana Ġaeluinne a ḃí ins na leaḃraiḃ a sgríoḃaḋ fadó, i dtreó, nuair a ḃéaḋ an Ġaeluinn a ḃí d'á labairt imṫiġṫe as an saoġal, go mbéaḋ fuíġleaċ éigin nó iarsma éigin fágṫa i n-Éirinn 'n-a diaiġ."

"Dar fiaḋ," arsa mise am' aigne, "má ḃíodar súd ċóṁ deiṁniġṫeaċ, agus an Ġaeluinn ċóṁ beó agus a ḃí sí an uair sin, go raiḃ sí ag dul ċun báis agus ná raiḃ aon ḃreiṫ acu féin, d'á ḟeaḃas éirim aigne a ḃí acu, ar í ċoimeád ó ḃás, cad déarfaidís dá mbéidís beó an uair seo agus go ḃfeicfidís conus mar atá an Ġaeluinn imṫiġṫe a' breis agus leaṫ an oileáin! Má ṫuigeadar súd ná raiḃ aon ḃreiṫ acu féin ar an meaṫaluġaḋ do ċosg an uair sin, cad déarfaidís leis an t-é a ṁeasfaḋ go mbéaḋ aon ḃreiṫ ag aoinne ar an meaṫaluġaḋ do ċosg anois!"

Ḃ' é críċ an ṁaċtnaiṁ agam é gur stadas. Aċ, mar adúḃart, do leanas ag ráḋ na Coróinneaċ Ṁuire as Gaeluinn.

Le linn na h-aimsire sin do ṫárla go raiḃ buidean des na macaiḃ léiġinn a ḃíoḋ d'á dtaḃairt i n-aon-ḟeaċt isteaċ i halla mór gaċ aon ṫráṫnóna, ċun rainnt foġluma ḋéanaṁ ar conus Béarla do léiġeaḋ agus do sgríoḃaḋ agus do labairt mar ba ċóir agus mar ba ċuiḃe agus mar ba ċeart do ḋaoine foġlumanta. Do ráinig go raḃas-sa ar an mbuidin sin. Ḃí sagart óg ó ḋóiseas Ċorcaiġe i mbun na h-oibre sin dúinn. Ċuireaḋ sé i n-ár suiḋe sinn uaireanta agus ṫugaḋ

sé ḋúinn níḋ éigin ar a sgríḃfimís aiste Ḃéarla ḋó. Is cuiṁin liom gur tug sé ḋúinn, aon tráṫnóna aṁáin, an ráḋ so ċun na h-aiste do sgrí' air, .i. "Perseverando vinces," .i. "Deirean buan buaḋ."

Ḃíomair go léir i n-ár suiḋe go ciúin, a peann agus a ḋuḃ agus a ḃlúire páipéir ag gaċ aoinne agus é ag maċtnaṁ ar a ḋiċeal a d'iaraiḋ cuiṁneaṁ ar rud éigin a ċuirfeaḋ sé síos. Uair a' ċluig a tugaḋ ḋúinn ċun na h-oibre do ḋéanaṁ. D'imtiġ an aimsir, agus ba ġairid an ṁoill uirti imteaċt. Ba ḋóiċ le duine ná raiḃ tar ċúig neómataí sa n-uair a' ċloig sin. Do buaileaḋ an cloigín. Do ṡín gaċ aoinne suas a ṗáipéirín pé beag mór a ḃí sgríoḃṫa aige air.

Um tráṫnóna aṁáireaċ a ḃí ċúgainn ṫanamair go léir ċun an halla ċéadna. Is orm-sa a ḃí an iongnaḋ nuair a glaoḋaḋ m' ainim ar dtúis. Do síneaḋ ċúġam anuas an páipéirín ċun go léiġfinn amaċ é os a gcóṁair go léir. Ansan d'imtiġ rud greannṁar orm. Ḃí sé air agam mo sgríḃinn féin do léiġeaḋ, rud atá tar éis imteaċt orm go minic ó ṡin, leis. Ḃíos ag treaḃaḋ tríd ar feaḋ cúpla neómat.

"Taḃair ḋóṁ-sa é," arsa'n múinteóir.

Ṡíneas ċuige suas é. Do léiġ sé amaċ é ċóṁ breáġ ċóṁ réiḋ agus dá mb' é féin do ḃéaḋ tar éis é sgrí'. Aḋṁuiġim gur taiṫn sé go maiṫ liom. Taiṫn sé go maiṫ leó go léir. Ṁoladar go mór é pé'r doṁan é.

Nuair a ḃí deire na bliana ag teaċt do ceapaḋ aiste ḋúinn go léir le sgrí' agus ḃí duais aonair le fáġail ag an t-é do sgríoḃfaḋ an aiste ab ḟearr. Siḋé an rud ar a raiḃ orainn an aiste do sgrí' .i. "The Elizabethan Age of English Literature."

Ṫáinig deire na bliana. Ċuamair go léir isteaċ sa halla mór. Ḃí seisear nó mórṡeisear Easbog

ar an árdán ṫuas. Do tugaḋ dóṁ-sa an duais aonair. Ḃí orm raint de'n aiste do léiġeaḋ i láṫair na n-Easbog.

Is cuiṁin liom, i dtosaċ na sgríḃinne, gur ṫráċtas ar léiġean na Gréige agus ṁolas é; gur ṫráċtas ar léiġean na Róṁa agus gur ṁolas é; gur ṫraċtas ar na léiġeanaiḃ eile ar fuaid na h-Euróipe, an Ḟrainncis agus an Almáinnis agus an Spáinnis, na saiġseana leiġinn sin a ṡíolraiḋ ó'n nGréigis agus ó'n Laidin, agus do ṁolas iad. Ansan do ṫráċtas ar léiġean agus ar úġdaraiḃ Ṡasana i n-aimsir Elisabet, agus do ṁolas idir léiġean agus úġdair. Níor ḋeacair dom iad do ṁolaḋ. Ḃí eólus maiṫ agam ar a lán acu. Ḃíodar agam sa ḃaile. Ṫug mo ṁáṫair léi a-dtuaiḋ ó'n Mullaċ Ruaḋ iad, beannaċt Dé le n-a h-anam!

Siné díreaċ an páirt de'n sgríḃinn a marcálaḋ dom le léiġeaḋ os cóṁair na n-Easbog. Do léiġeas amaċ é go h-árd agus go neaṁsgáṫṁar.

Ḃí duine des na h-Easbogaiḃ 'n-a ṡuiḋe ṫuas i lár baill, díreaċ ar m' aġaiḋ amaċ. Nuair a stadas d'eiriġ sé 'n-a ṡeasaṁ agus d'ḟéaċ sé idir an dá ṡúil orm.

"Ḋeinis an méid sin go maiṫ, a ḃuaċaill," ar seisean. "Ṫugais do ċuaird mór-ṫimpal orṫa go léir. Do ṁolais léiġean na Gréige. Do ṁolais léiġean na Róṁa. Do ṁolais léiġean na Frainnce agus léiġean na Spáinne agus léiġean na h-Almáinne. Ansan do ṁolais go h-árd léiġean Ṡasana. Agus féaċ, oiread agus aon ḟocal aṁáin amaċ as do ḃéal ní ḋúḃrais i dtaoḃ léiġinn na h-Éirean."

Dúḃairt sé a lán eile ansan 'á ċur ar mo ṡúiliḃ dom go raiḃ dearmad mór déanta agam, mar go

raiḃ léiġean na h-Éirean níb' ḟearr agus níob' uaisle agus níba ṡine 'ná aon léiġean des na léiġeanaiḃ eile sin a ḋ'ainimniġeas.

Ḃíomair araon ag féaċaint go daingean agus go dlúṫ agus go díreaċ idir an dá ṡúil ar a céile an ḟaid a ḃí sé ag caint.

Seáġan mac Éil, Árd-easbog Ṫuama, isé do ċas an t-asaċán san liom-sa an lá san, i gColáisde Maiġe Nuaḋat, os cóṁair na n-Easbog eile a ḃí ann, agus os cóṁair na n-uaċtarán, agus os cóṁair na gcoláisteánaċ go léir, agus adṁuiġim ó ċroíḋe gur ḃain sé an ṁóráil díom i gceart. D' aṫruiġ m' aigne láiṫreaċ. D'imṫiġ an ṁór-uraim a ḃí tagaiṫe agam do'n Ḃéarla, agus do las airís am' ċroiḋe an meas a ḃí agam riaṁ roimis sin ar an nGaeluinn. Do ċromas airís ar na leaḃraiḃ Gaeluinne sa leaḃarlann do léigeaḋ agus do sgrúdaḋ, agus ar na blúiríní beaga filiḋeaċta do ṫaitneaḋ liom do ċur síos am' leaḃar sgiḃinne. Nuair a ṫagainn abaile ar laeṫantaiḃ saoire ḃínn ag gluaiseaċt anso agus ansúd ar fuid na cóṁarsanaċta ag bailiuġaḋ aṁrán agus seana ċainteana Gaeluinne ó ṡeandaoine go mbíoḋ a leiṫéidí acu. Is cuiṁin liom go ndeiġeas siar lá go dtí an Tóċar, mar a raiḃ Dóṁnall ua Loingsiġ 'n-a cóṁnuiġe, agus go ḃfuaras ó ṡeanduine beag a ḃí 'n-a cóṁnuiġe i n-aice Loċa an Ḃogaiġ, aṁrán ar a dtugtí "An Bodaċ beag tóstalaċ." Tá an t-aṁrán san i gclóḋ anois agus ní gáḋ é ċur síos anso. Fuaras uaiḋ, leis, "An Giolla Ruaḋ," an t-aṁrán a ċuir am' aigne an tuairisg úd ar an gceól siḋe atá curṫa síos agam i "Séadna."

XV

Gnó Sagairt ; agus Teaċt na bḟíníní

Do ġluais na sé bliana a ṫugas sa ċoláisde agus ba ṁar a ċéile, geall leis, iad go léir. Ní raiḃ de ḋeifriġeaċt eatarṫa aċ an deifriġeaċt a ḃí idir na céimeanaiḃ oibre a ḃí againn le déanaṁ. Ḃí a céim oibre féin ceapaiṫe do gaċ bliain díoḃ, bliain abcóidiḋeaċta, bliain ealaḋandaċta, agus ansan, ċeiṫre bliana diaḋaċta. Ċuireas díom iad gan aon rud neaṁċoitċianta do ṫuitim amaċ dom. Ní ḃfuaras a ṫuille duaiseana. Níor ḋeineas aon iaraċt ar iad ḟáġail. Ḃí a ṁalairt de ċúram orṁ. Ó'n gcéad ḃliain amaċ ḃí an tsláinte ag bagairt orm agus ḃí an ḃagairt ag dul i ngéire i n-aġaiḋ gaċ bliana, i dtreó, nuair a ḃí deire na h-aimsire ag druidim liom, gur ċuma liom aċ go mbéarfainn na cosa liom as an áit. Ṫug Dia dom, molaḋ 's buiḋċas leis, gur rugas. Fuaras na h-úird, gaċ órd acu fé mar a ṫáinig mo ṫeidiol ċuige, go dtí gur cuireaḋ fé ġráḋ sagairt mé an t-aonṁaḋ lá déag de Ṁeiṫeaṁ an tSaṁraiḋ sa ḃliain d'aois an Tiġearna, míle oċt gcéad, trí fiċid, a seaċt. Ṫánag abaile, agus ní raḃas sa ḃaile aċ raint laeṫanta nuair a ṫáinig leitir an Easboig ċúġam 'á ráḋ liom dul ag déanaṁ gnóṫa sagairt i bparóiste Ċille Ṡeanaiġ, i n-aice Ṁalla. Paróiste mór fada leaṫan iseaḋ í, ó Nead an Ḟiolair soir go teórainn Ḃaile na Móna agus ó bruaċ Aḃan Móire ó-ḋeas go dtí Áṫ an Dalláin agus go dtí Ḃárr an Ċárṫainn geall leis. Sa taoḃ teas

de'n ṗaróiste a cuireaḋ am' ċóṁnuiġe mé, ar an mBeinn. "Beinn na Míol" an ainim iomlán. "Míol ṁaiġe" a tugtí ar "ġiorḟiaḋ," agus bíoḋ mórán giorḟiḋe sa n-áit, agus uime sin a tugaḋ "Beinn na Míol" ar an sliaḃ san. Sin mar a ṁíniġeadar muintir na h-áite dóṁ-sa an ainim. Is dóċa gur acu b'ḟearr fios an sgéil.

Tá caraig sa taoḃ toir de'n ṗaróiste agus is orm-sa a ḃí an iongnaḋ nuair airiġeas "Caraig Clíoḋna" mar ainim ar an gcaraig sin, agus ar an mbaile n-a bfuil an ċaraig ann. Ní féidir liom a ḋéanaṁ amaċ an bfuil aon baint ag an "gCaraig Clíoḋna" so le "Clíoḋna na Caraige Léite." Deir an "Giolla Ruaḋ" sa n-aṁrán adúḃart, go raiḃ "Aoiḃil agus Meas agus Clíoḋna na Caraige Léite" ag gluaiseaċt ar tosaċ sa tsluaġ síḋe a ċuaiḋ leis go h-Eóċaill ċun an Duineárdaiġ do ċosaint ar an mbás. Ḃí sluaġ síḋe a táinig a-dtuaiḋ ó Ċonnaċtaiḃ a d'iaraiḋ an Duineárdaiġ a ḃreiṫ leó. Do troideaḋ caṫ idir iad agus sluaġ síḋe na Múṁan. Do ḃuaiḋ sluaġ síḋe na Múṁan ar an sluaġ síḋe a-dtuaiḋ, ar "Ḋaoraicme Connaċt," agus táinig an Duineárdaċ saor ó'n mbreóiteaċt a ḃí air. Tá an t-aṁrán le fáġail i gclóḋ anois.

D'inis seanduine éigin sa n-áit dom go raiḃ duin'uasal 'n-a ċóṁnuiġe i n-áit éigin ar bruaċ Aḃan Móire sa tsean aimsir fadó riaṁ ; gur b'ógánaċ ana ḋaṫaṁail é ; gur tuit Clíoḋna na caraige sin Ċille Ṡeanaiġ i ngráḋ leis ; gur ċuir sí ċuige mar teaċtaire seana ċailleaċ ar a dtugtí Caitilín Duḃ ; gur órduiġ sí do Ċaitilín a d'innsint do'n ógánaċ uasal cad é an spré a ḃí le fáġail aige léi dá bpósaḋ sé í :

"Ċúig céad gaḃar oḃar ar aon ḋaṫ ;
Ċúig céad tona d'ór na Gréige ;
Ċúig céad loiliġeaċ ceanḟion, bléinḟion ;
Ċúig céad caoira ar ínse taoḃ leó."

Níor ḟéad sé a ṫuille ṫaḃairt dom, agus ní ḟeadar ar ṫug sé an méid sin sa ċeart dom. B'ḟéidir go bḟuil tuille ḋé ag duine éigin eile.

Ní foláir dom tráċt, sar a ndruideaḋ níos sia ó aimsir an Ċoláisde, ar níḋ do ṫárla an faid a ḃíos ann. I dtreó go dtuigfear an níḋ sin i gceart ní mór dom dul siar tamall. Nuair a ḃíos ag dul ar sgoil go Caraig an Ime ḃí ar an sgoil gcéadna buaċaill gur ḃ'ainim dó Muirċeartaċ ua Muineaċáin. Ḃí sé eiriġṫe suas i n'ḟear, geall leis, an uair sin. Ḃí an ceann agus an éirim agus an ċúil-ḟéiṫ go maiṫ aige. D'imṫiġ sé ó-ḋeas go dtí an Sgibirín, is dóiċ liom, ag múineaḋ sgoile, nuair ḟág se sgoil Ċaraig an Ime.

Níor airiġeas a ṫuille cúntais air go dtí go raḃas ar sgoil i gCeann Tuirc ag foġluim na Laidne. Ansan do ṫáinig ċúġainn ráfla éigin ó'n Sgibirín agus ó'n nDúṫaiġ sin mór-ṫímpal, .i. go raiḃ buiḋean éigin ar bun ann agus go raḃadar ceapaiṫe ar eiriġe amaċ do ḋéanaṁ, agus ar ċóṁaċt Sacsan do ḃriseaḋ i n-Éirinn agus ar Ġaeḋlaiḃ d'ḟuasgailt ó ḋaor-smaċt na Sacsan. "Phœnixmen" a tugtí ar an mbuiḋin sin. Níor ṁeasas gur ċuir riaġaltas na h-Éirean puinn suime ionta. Fé ḋeire do ṡrois ráfla grána sinn 'n-a dtaoḃ. Do h-innseaḋ dúinn gur ḋein duine acu féinig feall ar an gcuid eile acu ; gur imṫiġ sé agus gur ḋíol sé iad ; gur ṫug sé a n-ainimneaċa do'n naṁaid, agus go raiḃ beirṫe orṫa

aᵹus ᵹo raḃadar istiġ i bpríśún ᵹo daingean fé ġlasaiḃ duḃa. Is cuiṁin liom ᵹo bfeaca ainim Ṁuirċeartaiġ uí Ṁuíneaċáin ar ainimneaċaiḃ na bfear a ḃí curṫa isteaċ. De ṁuíntir Śúilliobáin ab eaḋ an fear a ḋein an feall. "Ó Súilliobáin ᵹallda" a tuᵹtí air. An seana sᵹéal i ᵹcóṁnuiġe !

> "Oh for a tongue to curse the slave
> Whose treason like a withering blight
> Comes o'er the counsels of the brave
> To blast them in their hour of might ! "

Ḃa ḋóiċ liom féin ᵹo mbéaḋ an ḟiliḋeaċt níos fearr dá n-abarṫí

> "Oh for a rope to hang the slave," ⁊rl.

Aċ is cuma é. Níor ċuir an easᵹaine ná an téad aon ċosᵹ riaṁ leis an informer i n-Éirinn. Níor ḃ' ḟéidir é an faid a ḃí an éaᵹcóir ċóṁ trom ċóṁ tiubaisteaċ san nár ḃ' ḟéidir le daoine macánta í ḋ'ḟulanᵹ ᵹan iaraċt éiᵹin a ḋéanaṁ fé ċeilt 'n-a coinniḃ, aᵹus ansan, an t-airᵹead ċóṁ flúirseaċ aᵹ luċt na h-éaᵹcóra do ḋéanaṁ, ċun na breibe taḃairt ᵹo fial do'n informer. Ḃa truaġ an sᵹéal é ! "Cloċa ceanᵹailte aᵹus madraí sᵹaoilte ! " Éaᵹcóir i rioċt cirt. An ḃréaᵹ i rioċt na fírinne. Cos-ar-bolᵹ i rioċt dliġe. An éaᵹcóir 'n-a suiḋe tuas ᵹo dána "ar ḃinse an tsaor ċirt," aᵹus daor ḃreit 'á taḃairt ar an macántaċt. Sin mar atá an sᵹéal anso i n-Éirinn aᵹainn an faid atá cuiṁne am' ċeann-sa. Tá súil le h-ataruġaḋ aᵹainn anois aᵹus tá a rian air, tá an éaᵹcóir ar dearᵹ-ḃuile.

Tá eagal uirṫi go gcurfar as an mbínse í. Tá súil agam gur b' é eagla na h-áiriġṫe ḃí é.

Níor cuireaḋ an dlíġ ró ḋian ar na Phœnixmen. Ní peacaṫas sa ġnó aċ rud suaraċ. Do tuigeaḋ gur b' ḟearr gan iomad suime ċur ann. Ċuaiḋ gaċ aon rud ċun suaiṁnis 'n-a ṫaoḃ, ċóṁ fada agus do feiceaḋ ar aon ċuma. Ḃí fear sa ġnó agus Diarmuid ó Donaḃáin Rossa ab ainim dó. Do h-airiġeaḋ an ainim sin airís, agus go minic, 'n-a ḋiaiġ san.

Ní ró ḟada a ḃíos istiġ sa ċoláisde nuair a tosnuiġ ráflaí ar teaċt ċúġainn isteaċ i dtaoḃ uisge-fé-ṫalaṁ eile a ḃí ar siúḃal ar fuid na h-Éirean i gcoinniḃ Ṡasana. "Fíníní" a tugtí ar an mbuiḋin a ḃí ag déanaṁ na h-oibre an uair sin. Ó'n sean ainim .i. "Fiana Éirean" a ṡíolraiḋ an ainim "Fíníní." Is dóċa gur "Fiana" a tugaḋ ar dtúis orṫa; ansan gur cuireaḋ "Fenians" mar Ḃéarla ar an ḃfocal; ansan gur cuireaḋ "Fíníní" mar Gaeluinn airís ar an ḃfocal Béarla Fenians. Ṁeasadar go ḃféadfaidís iad féin do ċosaint ar an informer aċ gan aon eólus a ṫaḃairt d'aoinne ar a ngnó aċ eólus ná féadfí a ḋíol, eólus ná béaḋ aon tairḃe do'n naṁaid ann, agus, d'á ḃríġ sin, ná ceannófaí ó aoinne. Níor ḋein san, áṁtaċ, aċ an t-eólus tairḃeaċ do ċoimeád ag uaċtaránáiḃ áiriġṫe, agus d'ḟág san ag na h-uaċtaránáiḃ sin rud a ceannófaí go daor uaṫa dá mba ṁaiṫ leó é ḋíol. Ansan, dá mbéaḋ fiċe duine acu ná díolfaḋ é, b' ḟéidir go mbéaḋ aoinne amáin do ḋíolfaḋ, agus, donas an sgéil—do ḃí. Níor ḃ' ḟéidir gan a ḃeiṫ.

Airiġim daoine, uaireanta, ag tromaiḋeaċt ar ṁuintir na h-Éirean, 'á ráḋ, "dá gcurtí Éireanaċ

ar ḃior os cóṁair na teine go ḃfaiġfí Éireanaċ eile do ċasfaḋ an bior.” Is fíor é, b’féidir. Aċ tá rud eile ċóṁ fíor leis. Dá gcurtí duine de ṁuintir Ṡasana ar ḃior os cóṁair teine do ġeóḃfaí duine eile acu do ċasfaḋ an bior. Dá gcurtí Spáinneaċ, nó Almáinneaċ, nó Franncaċ, nó duine ó aon náisiún eile sa doṁan, ar ḃior os cóṁair teine do ġeóḃfaí duine eile de’n náisiún céadna, ní h-eaḋ aċ beirt, triúr, ceaṫrar, do ċasfaḋ an bior. Tá maoiḋeaṁ ana ṁór d’á ḋéanaṁ le breis agus céad blian as an gcuma ’n-ar ṫroid muintir America i gcoinniḃ Ṡasana agus as an gcuma ’n-ar ḃuaḋdar orṫa, agus as an gcuma ’n-ar ċaiṫeadar díoḃ smaċt Ṡasana. Léiġeaḋ aoinne tuairisg an troda san agus ċífiḋ sé go soiléir náċ fiú tráċt ar an ḃfeallaire Éireanaċ seaċas na feallairí a ḃí tímpal ar Washington gaċ aon ré ṡoluis, ag dul isteaċ ’n-a ḃéal le dílse ḋó, mar ’ḋ eaḋ, agus sa n-am gcéadna na breabana móra ’n-a bpócaiḃ acu ar é ṫaḃairt suas, beó nó marḃ, do ċóṁaċt Ṡasana. Dá ndeintí comórtas idir na tíorṫaiḃ isé mo ṫuairim láidir go ḃfaiġfí níos mó daoine dílse ar Ġaeḋlaiḃ ’ná mar a ġeóḃfí i náisiúnaiḃ eile, agus níos lúġa ropairí. Ní ró ṁór an sásaṁ aigne é sin, áṁ, agus go ḃféadfaḋ aon ropaire aṁáin, go mór mór dá mbéaḋ iontaoiḃ as agus eólus aige ar na neiṫiḃ bunaiḋ, na mílte do ċroċaḋ agus a saoṫar do ċur ar neaṁníḋ.

Nuair a ċonaic na Phœnixmen an rud a ḋein Ó Súillioḃáin Gallda leó do ṡocaruiġeadar a n-aigne ar an gcluiċe d’imirt feasta ar ċuma ná fágfaḋ ar ċumas Súillioḃáin Ġallda eile an feall san do ḋéanaṁ orṫa. D’aṫaruiġeadar a n-ainm, leis. Ṫugadar Fíníní orṫa féin. Ċuadar siar go h-aimsir

Ḟinn ṁic Cúṁail ċun na h-ainme ḋ'ḟáġail. Ḋar leó, agus dob' ḟíor ḋóiḃ é, do ḋein Fionn agus Fiana Éirean an tír seo na h-Éirean do ċosaint ar gaċ naṁaid iasaċta an faid a ṁair a réim i n-Éirinn. Níor neaṁoireaṁnaċ an ainim "Fiana" le tabairt, 'n-a n-aimsir féin, ar ḃuiḋin a ḃí ceapaiṫe ar an naṁaid iasaċta do ḋíbirt a h-Éirinn.

"Nár ḃ' ḟearr an ċiall ḋóiḃ," aḋéarfaiḋ duine, b'ḟéidir, "éiriġe as an obair ar fad, ó ḃí fios acu, pé díċéal a ḋéanfaidís air, nár ḃ' ḟéidir ḋóiḃ gan Ó Súilliobáin Gallda éigin do ḃeiṫ le fáġail, luaṫ nó mall, istiġ i lár na cóṁairle ba ṗríoṁóiḋiġe a ḃéaḋ ar bun acu?"

D'eireóċaidís as an obair tapaiḃ go maiṫ dá mb' ḟéidir ḋóiḃ é. Níor ḃ' ḟéidir ḋóiḃ eiriġe as an obair, mar ḃí an cos-ar-bolg nó tiubaisteaċ ar fad 'á ḋéanaṁ ar ṁuintir na h-Éirean. Na cíosana ag eiriġe go dtí ná raiḃ biaḋ ná deoċ, ná fiú balcais éadaiġ ar aon tslaċt, ag an dtineóntaiḋe. Na daoine ar ṁullaċ a gcinn ag obair ó ḋuḃ go duḃ agus ó ċeann ceann de'n ḃliain, agus an uile ḃlúire de ṫoraḋ na sgláḃaiḋeaċta go léir agus de ṫoraḋ an alluis go léir ag imṫeaċt sa ċíos. Níor ḃ' ḟéidir cur suas leis. Níor cuireaḋ suas leis.

Ḃí cúpla bliain caiṫte istiġ i Maiġ Nuaḋat agam sar ar h-airiġeaḋ, i mbéalaiḃ daoine, puinn tráċt ar na Fíníniḃ. Ansan do tosnuiġeaḋ ar ḃeiṫ 'ġá innsint go raiḃ a leiṫéidí ann; go mbídís amuiċ sa n-oíḋċe i n-áiteanaiḃ uaigneaċa ag foġluim conus arm teine agus arm faoḃair do láiṁseáil. Buiḋean fé ċeilt ab eaḋ iad, aċ ní rabadar fé ċeilt ar fad. Ḃí páipéar poiḃiliḋe i mBaile Áṫa Cliaṫ acu agus níor daoine maola ná daoine gan acfuinn aigne an

ṁuintir a ḃí i mbun an ṗáipéir sin. Ḃí eólus acu agus ḃí tabairt suas orṫa agus ḃí tuisgint acu. Ḃí Diarmuid ua Donaḃáin Rossa i n'ḟear eagair ar an bpáipéar, agus ba láidir dána neaṁsgáṫṁar an fear é. Ḃí daoine ag sgrí' do'n ṗáipéar san agus, ċóṁ fada 's ċuaiḋ mo ḃreiṫeaṁantas féin, ó'n raḋarc a ġeiḃinn anois agus airís ar an bpáipéar, ba ró ḋeacair fir ba ṫreise aigne ná ba ġéire caint a ḋ'ḟáġail an uair sin i n-aon ṗáirt de'n doṁan go raiḃ Béarla d'á laḃairt ann. Béarla ar fad a ḃí sa ṗáipéar. Ní raiḃ aon ḟocal Gaeluinne ag dul i n-aon ṗáipéar an uair sin. Níor ḋóiċ leat ar ċaint an ṗáipéir go raiḃ aon níḋ i n-aon ċor ag an mbuiḋin d'á ḋéanaṁ ná raiḃ acu d'á innsint sa ṗáipéar. Ċuiridís síos an uile ġníoṁ éagcórta a ḋeineaḋ tiġearna talṁan ar tineóntaiḋe, agus deiridís go dána, mura gcuireaḋ muintir Ṡasana, ó's acu a ḃí déanaṁ na ndliġṫe, cosg leis na h-éagcóraiḃ sin gur ḋóiḃ ba ṁeasa ; go n-eireóċaḋ muintir na h-Éirean 'n-a gcoinniḃ agus go gcomáinfaidís amaċ as oileán na h-Éirean iad idir ċorp ceart.

Ḃí san go maiṫ, aċ ḋein muintir an ṗáipéir sin níḋ eile, níḋ nár ċeart dóiḃ a ḋéanaṁ. Ḃí sean aiṫne ag cléir na h-Éirean agus ag seandaoine na h-Éirean, an uair sin, ar na h-iaraċtaiḃ a deintí ar eiriġe amaċ i gcoinniḃ cóṁaċta Ṡasana. Ċonacadar cad é an deire a ḃí ar an iaraċt a ḋein an [1] Ḃrianaċ. Ċonacadar cad é an deire a ḃí ar obair na mBuaċaillí mBán. Ċonacadar an feall agus an croċaḋ a ḋein M'leaċlainn ó Dúḃgáin. Ḃí sé daingean 'n-a n-aigne ná béaḋ ar obair na ḃFíníní aċ deire de'n

[1] Smith O'Brien.

tsagas céadna, fir óga d'á seólaḋ ar aiṁleas ar feaḋ tamaill, agus ansan, feall agus éiteaċ agus airgead fola agus croċaḋ agus ruagaḋ ṫar na farraigíḃ ar ḟearaiḃ óga na h-Éirean, agus an "Times," diaḃal coiṁdeaċta Ṡasana, ag tromaiḋeaċt orṫa go malluiġṫe, agus ag suiḋe gur ḃ' imṫeaċt gan teaċt orṫa é. Do ṫuig an ċléir agus na sagairt an méid sin go dian ṁaiṫ agus, níḋ nár ḃ' iongnaḋ, ḃíodar a d'iaraiḋ na mbuaċaillí do ċóṁairliuġaḋ agus do ċur ar a leas, agus iad a ċoimeád amaċ a' buiḋniḃ na bḟíníní. Do ṫuig na cinn a ḃí ar na buiḋniḃ sin an taoḃ san dé'n sgéal.

"Ní h-aon ṁaiṫ dúinne," ar siad le n-a ċéile, "ḃeiṫ a d'iaraiḋ na bfear óg so do ġléasaḋ mar is cóir i gcoinniḃ Ṡasana an faid atá greim ċóṁ daingean ag na sagartaiḃ seo orṫa. Ní foláir dúinn aġaiḋ a ṫaḃairt ar an ngreim sin do ḃogaḋ."

Ṫugadar aġaiḋ air. Ṫug an páipéar a ḃí acu aġaiḋ ḃéil ar aon tsagart n-a raiḃ sé de ṁisneaċ aige a ráḋ le buaċailliḃ óga a ṗaróiste fanaṁaint amaċ ós na Fíníniḃ nó go mbéaḋ caṫuġaḋ orṫa; gur ḃ' í an ċroċ a ġeóḃaidís ar ball, nó an loċ amaċ. Ḃí an páipéar san coitċianta 'á ċur 'n-a luiġe ar na buaċailliḃ go raiḃ na sagairt sin ag gaḃáil páirte le muintir Ṡasana. Bréag ġrána ab eaḋ é sin. Ḃí a lán neiṫe ċun na bréige sin do ċur i bfeiḋm. Ḃí na buaċaillí ró óg. Ní raiḃ cuiṁne acu ar an sean aimsir, ar aimsir na mBuaċaillí mBán, agus ar Ṁ'Leaċlainn, agus ar ċroċaḋ na gCártaċ. Ḃí fios acu go maiṫ, áṁ, conus a ḃí a saoġal acu féin 'á ċaiṫeaṁ; conus mar a ḃí ar an uile duine acu ḃeiṫ ag obair go cruaiḋ gaċ aon lá 'an tseaċtṁain, agus an uile ḃlúire do ṫoraḋ na h-oibre sin ag imṫeaċt

sa cíos. Agus anois, dar leis an bpáipéar úd, b' ṡiniad na sagairt ag cabruġaḋ leis an éagcóir sin. Do cuireaḋ 'n-a luiġe orta gur naṁaid gur b' eaḋ an sagart, go raiḃ sé 'n-a naṁaid ag Éirinn agus 'n-a ċaraid ag naṁadaiḃ na h-Éirean.

Nuair a ċíḋinn féin an obair sin 'á ḋéanaṁ sa páipéar san do ḃínn ar buile ċun an páipéir. Ḃí fios agam go maiṫ go raiḃ an cos-ar-bolg ag muintir Sasana 'á ḋéanaṁ ar Éirinn. Ḃí fuaṫ fíoċṁar agam do ṁuintir Sasana mar ġeall air sin. Ní cuiṁin liom riaṁ gan an fuaṫ san a ḃeiṫ ar lasaḋ istiġ am' ċroíḋe. Is cuiṁin liom, agus mé ana ḃeag, gur taisbeánaḋ dom caint éigin a ḃí sa "Times" 'á ráḋ ná raiḃ dliġṫe Sasana cruaiḋ a ndóiṫin i n-aon ċor ar na cuirpteaċaiḃ sin, .i. muintir na h-Éirean. Is cuiṁin liom gur rugas ar an bpáipéar, agus gur ċuireas anuas ar an dtalaṁ é, agus gur ġaḃas do ċosaiḃ ann go dtí go raiḃ sé 'n-a ġiobalaiḃ. Agus b'ṡiné anois an páipéar Éireanaċ so 'ġá innsint os cóṁair an doṁain go raḃas am' ċaraid ag an Sasana céadna san agus am' naṁaid ag Éirinn!

Rud ba ṁeasa 'ná san féin. Ċuaiḋ an ḃréag i ḃfeiḋm ar a lán des na buaċaillíḃ. Ċuaiḋ an ḃréag i ḃfeiḋm ar feaḋ tamaill orta pé'r doṁan é. Ṫagainn aḃaile gaċ aon tsaṁraḋ, mar adúḃart, ó'n gcoláisde. Nuair a ḃuaileaḋ na buaċaillí umam ar an dtuaṫ, nó ar ḃóṫar Maġċromṫa, ḃídís go léir ana ṁuintearṫa liom agus ana uramaṁail d'aḃḃar an tsagairt, dar leó. An dá ṡaṁraḋ deirineaċa tugas fé ndeara ataruġaḋ, ataruġaḋ grána, ataruġaḋ a ċuir seirḃṫean agus diombáḋ agus buairt ṁór go léir orm. Do ḃuaileaḋ ceatrar nó cúigear buaċaillí umam ar ḃóṫar Maġċromṫa agus iad ag

siúḃal go dásaċtaċ, a gcosa acu 'á "tarac i n-aoin-ḟeaċt," mar a deirtear i dTáin Bó Cuailgne. Nuair a ḃídís ag gaḃáil torm do ḋúḃaḋ agus do ḋoirċiġeaḋ ar na gnúiseanaiḃ acu, agus d'ḟéaċaidís a' cúinníḃ a súl orm mar ḟéaċfaḋ duine ar ropaire biṫeaṁnaiġ.

XVI

"A Ḋia, saor Éire!"

Do ġluais an dá ḃliain. Táinig an t-earaċ deirineaċ a ṫugas i Maiġ Nuaḋat. I gcaiṫeaṁ an trí ráṫa a táinig roim Lá Ḟéil' Pádraig an earaiġ sin ḃí gaċ aon tsaġas ráflaí ag gluaiseaċt i dtaoḃ na bḟininí. Ḃí an t-eiriġe amaċ le beiṫ ann Lá Saṁna. Ansan ḃí sé le teaċt Lá Coille. Ansan ḃí sé le teaċt gan aon dabt Lá Ḟéile Bríġde. Fé deire táinig sé. Do ġluais deiċ míle fear amaċ ó ċaṫair Ċorcaiġe. Fir ḃreaġṫa óga láidire ab eaḋ iad. Dá mbéaḋ na h-airm acu, agus an ċóir orta, agus an stiúruġaḋ ceart orta, ḋéanfaidís obair a ḃainfeaḋ cuid de'n ṁóráil de'n "Times." Mar a ḃí, do ċuireadar criṫ ċos agus láṁ ar a raiḃ de landlordibh agus de ṡeóiníḃ i n-Éirinn ó Ḋoṁnaċ Ḋiaġ go Tiġ Ṁáire. Aċ ḃí aon níḋ amáin sa n-eiriġe amaċ san agus ċuir sé áṫas mór orm-sa. Ḃí na buaċaillí go léir sin, 'n-a gcéadtaiḃ agus 'n-a míltiḃ, ar a nglúiniḃ i láṫair sagart, fé mar ḟéadaidís na

sagairt d'ḟágail, ag déanaṁ a bfaoisdine dóiḃ féin i dtreó go mbeidís ollaṁ ċun dul i láṫair Dé nuair a ṫuitfidís sa ċaṫ a ḃí le teaċt, dar leó. Ċuir san i n-úil dom ná raiḃ sa droċ féaċaint úd a ṫug-aidís orm, bliain nó cúpla bliain roimis sin, aċ an éagcóir is gnáṫ le duine a ḋéanaṁ, uaireanta, ar a aigne agus ar a ċroiḋe féin, agus ar a ċoinsias féin, nuair a ċuirean droċ ċóṁairle agus droċ ċóṁ-luadar suas é ċun rud a ḋéanaṁ a ḃíon lom díreaċ i gcoinniḃ a ṫuisgeana agus i gcoinniḃ a ċroiḋe.

Ḃíomair go léir istiġ sa ċoláisde an ṁaidin do ġluais an t-eiriġe amaċ. Ḃí an uile ṡaġas ráflaí ag teaċt ċúġainn. “Traénana lán de ṡaiġdiúiriḃ dearga ag gluaiseaċt ó-ḋeas! Gaċ aon traéin acu leaṫ-ṁíle ar faid! Traénana eile ag teaċt andeas agus iad lán de ṡaiġdiúiriḃ gonta! Sruṫáin fola ar na bóiṫriḃ iarainn ós na saiġdiúiriḃ gonta a ḃí d'á dtabairt andeas. An Ċuraċ agus a raiḃ de ḃaraiciḃ air i láṁaiḃ na bḟíníní!” Mar sin dóiḃ.

Ṫáinig an sneaċtaḋ. Ḃíomair go léir ag cur a's ag cúiteaṁ féaċaint conus a raiġmís ó-ḋeas aḃaile, nó an gcaitfimís an tsliġ do ṡiúḃal.

Do lean an sneaċtaḋ. Ansan ṫáinig aṫarraċ na sgéal. Ansan ṫáinig an dliġ; na prísúnaiġ; an ċúirt; na trialaċa; agus—an seana sgéal i gcóṁ nuiġe—an t-informer. Agus cé r' ḃ' é an t-informer, an dóiċ leat? Duine des na cinn uraid. Fear go raiḃ eólus agus fios a ngnóṫaí go léir aige! Fear a ḃí ag taḃairt an eóluis sin go léir do naṁaid na bḟíníní, do ṁuintir an Ċaisleáin i mḃ'l' Áṫa Cliaṫ, ar feaḋ mórán aimsire roimis sin, a gan fios d'aoinne beó. Fear gur ṁeas an uile ḋuine des na Fíníniḃ nár ṁair an fear san riaṁ a ḃí niba dílse 'ná é. Ḃíoḋ

sé ansúd 'n-a measg, sáiḋte ins gaċ cóṁairle leó ba ḋiaṁaire agus ba ḋisgréiḋiġe 'ná 'ċéile ; a n-ainimneaċa go léir curṫa síos go Baile Áṫa Cliaṫ aige agus fiaċa a gcod' fola geallta ḋó, agus a lán de'n airgead fola 'n-a ṗóca aige an uair sin féin ! Ba ṫúisge leó go mór a cóṁairle ġlacaḋ 'ná cóṁairle sagairt a ġlacaḋ—go dtí go bḟeacadar ansúd é, sa cúirt, ag freagairt ceisteana, agus gaċ aon ḟocal d'á dtagaḋ as a ḃéal ag fásgaḋ na cnáibe níba ḋéine ar a muineálaiḃ. Ba truaġ an raḋarc é !

"Aċ," adéarfaiḋ duine, b'ḟéidir, "má ḃí aoinne aṁáin 'n-a ropaire fill féaċ ar na míltiḃ a ḃí fíor-ḋílis, daoine do ċaillfeaḋ an t-anam seaċt n-uaire níba ṫúisge 'ná mar a ḋéanfaidís feall de'n tsórd san."

Agus náċ ṡiné donas an sgéil ar fad ! Na mílte ann d'ḟearaiḃ breaġṫa cróḋa dílse deaġ-aigeanta, agus neart d'aon ropaire aṁáin iad go léir do ċroċaḋ nó do ċur an loċ amaċ, agus an gnó, gur ċailleadar a raiḃ an tsaoġal acu leis, i dteannta a sláinte, b' ḟéidir, do ċailleaṁaint leis, neart ḋó an gnó san do ċur ar neaṁníḋ i n-aon lá tiubaisteaċ aṁáin, tar éis blianta fada ḃeiṫ caiṫte 'ġá ṡaoṫruġaḋ agus 'ġá tabairt ċun raṫṁaireaċta. Cuirean an t-aon informer aṁáin saoṫar na mílte fear fóġanta ar neaṁníḋ.

"Agus náċ ait an sgéal a ráḋ ná féadfaí gnó ḋéanaṁ ar ṡlíġ ná fágfaḋ ar ċumas aon informer doċar a ḋéanaṁ ḋó ? "

Ní féadfaí. Níor féadaḋ riaṁ agus ní féadfar go deó. Ní féidir é. An fad a ḃeiḋ droċ ḋliġṫe d'á nḋéanaṁ, dliġṫe a ċuirfiḋ rómpa éagcóir a ḋéanaṁ ar daoine macánta, beiḋ na daoine macánta san

ag eiriġe i gcoinniḃ na ndroċ ḋliġte sin. Ansan beiḋ luċt na ndroċ ḋliġte do ḋéanaṁ ag breabaḋ na ropairí ċun sgéiḋ ar na daoine macánta agus iad a ṫaḃairt ċun na croiċe. Dliġte éagcórta, dliġte ċun robála, fé ndear an droċ obair go léir. As na droċ ḋliġte a ḋ'ḟásan an t-informer.

Ċuir an dlíġ agus an t-informer deire leis an eiriġe amaċ. An deiċ míle fear a ġluais amaċ ó Ċorcaiġ níor ḃ' ḟada go ḃfeacadar ná raiḃ aon ṁaiṫ 'n-a ngnó ; go raiḃ na cinn a ḃí ċun na h-oibre go léir do stiúruġaḋ, go raḃadar daingean fé ġlasaiḃ na bprísún. Ansan ní raiḃ le ḋéanaṁ ag gaċ aoinne aċ dul fé ċeilt go dtí go ḃféadfaḋ sé imṫeaċt tar faraige a gan ḟios dos na slóiġte luċt faire a ḃí ag muintir Ṡasana ar na cuantaiḃ.

Ṫánamair go léir abaile ó'n gcoláisde nuair a ṫáinig an saṁraḋ, agus ní raiḃ orainn siúḃal abaile. Ḃíos féin, mar a dúḃart, ag déanaṁ gnóṫa sagairt sa ṗaróiste sin Ċill Ṡeanaiġ. Ḃí an t-informer tar éis oibre na ḃfíníní do ḃriseaḋ agus do sgaipeaḋ agus do ċur ar neaṁníḋ. Ḃí forṁór na gceann-uraid daingean fé ġlasaiḃ na bprísún nó díbearta an loċ amaċ le daor-ḃreiṫiḃ dliġe. An dlíġ nár ḟéad an ceart a ḋéanaṁ agus muintir na h-Éirean do ċosaint ar an éagcóir a ḃí ag an landlord 'á ḋéanaṁ orta ḃí sí ollaṁ go maiṫ ar ṁuintir na h-Éirean do ḋaoraḋ agus do ċur tar faraige nuair a ṁeasadar féin iad féin do ċosaint as an éagcóir sin.

Aċ bíoḋ go raiḃ forṁór na gceann-uraid fé ġlasaiḃ, nó curta anonn, ḃí raint acu fós gan taḃairt ċun láṁa. Ḃí ar an raint sin ceann-uraid oirḋeirc de ṁuintir Ceallaiġ. Ḃí an tóir 'n-a ḋiaiġ go teiṫ, aċ

do ṡleamnuiġ sé anonn go Sasana, é féin agus Captaen Déiseaċ. Nuair a bíodar tall i Manchester do ċonaic duine éigin de'n luċt faire é agus d'aiṫin sé é. Do gaḃaḋ é láiṫreaċ. Ḃí sé féin agus an Captaen i gcarra dúnta d'á mbreiṫ ċun an prisúin. D'airiġ Fíníní na caṫaraċ an sgéal. Ċruinniġeadar tímpal ar an gcarra. Do ḃriseadar an glas agus do leigeadar an ḃeirt amaċ. Do marḃuiġeaḋ an fear a ḃí 'ġá gcoimeád, aċ tionóisg ab eaḋ an marḃuġaḋ. D'imṫiġ an ḃeirt, aċ do rugaḋ ar ċúigear de'n luċt fuasgalta, agus do trialaḋ i marḃuġaḋ an duine iad, agus do daoraḋ ċun báis iad, ċun a gcroċta. Do fuaraḋ ar ball go raiḃ duine de'n ċúigear agus ná raiḃ sé sa n-áit i n-aon ċor an lá san. Ḃí duine eile de'n ċúigear agus Cúnún ab ainim dó. Americánaċ ab eaḋ é ó ġéillsine. Ní raiḃ aon úġdarás ag dlíġ Ṡasana ós a ċionn. Ċóm luaṫ agus do h-airiġeaḋ tall i n-America go raḃtas ċun é ċroċaḋ táinig teaċtaireaċt dána anall ó riaġaltas America 'ġá ráḋ le muintir Ṡasana gan baint le h-é ċur ċun báis nó gur dóiḃ ba ṁeasa. Do sgaoileaḋ ċun siúḃail é. Do croċaḋ an triúr eile. Ḃíos i gCeann Tuirc ar Caibidiol, mé féin agus na sagairt eile a ḃain leis an áit, agus táinig an tásg ċúġainn. Ḃí iongnaḋ agus fearg orainn go léir. Ḃí fios againn go léir gur le tionóisg a marḃuiġeaḋ an duine ; ná raiḃ aoinne ciontaċ 'n-a ḃás. Ḃí fios againn, leis, go raiḃ muintir Ṡasana ag imṫeaċt as a meaḃair le sgannraḋ roimis na Fíníní agus go raḃadar ar buile le feirg, a ráḋ gur ḟéad na Fíníní a leiṫéid de sgeón a ċur ionta. Mar ġeall ar an ngráin a ḃí ag muintir Ṡasana ar na Fíníniḃ agus ar ṁuintir na h-Éirean iseaḋ do croċaḋ an triúr fear

san. Mura mbéaḋ an sgeón agus an sgannraḋ agus an ġráin a ḃí istiġ i gcroiḋe ṁuintir Ṡasana ní croċfaí na fir.

Nuair a ḃí an triúr 'n-a seasaṁ ar ċlár na croiċe agus an téad ar ṁuineál gaċ fir acu, do ṗógadar a ċéile agus díreaċ sar ar baineaḋ an clár ó n-a gcosaiḃ, "A Ḋia, saor Éire!" ar siad. Do lean an focal san i mbéalaiḃ Éireanaċ ó ṡin, agus leanfaiḋ an ḟaid a beiḋ duine de ṡlioċt Gaeḋal beó ar talaṁ na h-Éirean. Agus, an ḟaid céadna díreaċ, beiḋ clú an trír sin ag dul i méid agus i n-oirḋearcas, agus beiḋ aitis Ṡasana ag dul i ngráinneaṁlaċt.

XVII

i gCill Ṡeanaiġ agus i gCill Úird

An ḟaid a ḃíos i bparóiste Ċill Ṡeanaiġ ḃí orm dá Aifrean do ráḋ gaċ aon Doṁnaċ agus gaċ aon lá saoire. Tugainn seanmóin uaim ag gaċ Aifrean díoḃ, seanmóin as Béarla ag Aifrean díoḃ, agus seanmóin as Gaeluinn ag an Aifrean eile. Tá trí séipéil sa paróiste, séipéal i gCill Ṗeadair, séipéal sa Ġleanntán, agus séipéal ag Beinn na Míol. Ní foláir Beinn na Míol a ṫaḃairt air, mar tá Beinn eile siar ó-ḋeas uaiḋ agus Beinn na Leaċt a tugtar air. Is minic a ṫáinig glaoḋaċ ola sa n-oiḋċe ċúġam ó Ḃeinn na Leaċt.

Is cuiṁin liom aon ġlaoḋaċ ola aṁáin díoḃ agus

ní baoġal ná go gcoimeádfaḋ cuiṁne air. Do riṫ buaċaill ċúġam isteaċ agus saoṫar air i dtreó gur ar éigin ḟéad sé labairt.

“Tá fear ag fáġail ḃáis, a Aṫair,” ar seisean.

“Canad?” arsa mise.

“Ṫiar ar Beinn na Leaċt, a Aṫair,” ar seisean.

“Cad ’tá air?” arsa mise.

“Do ṡloig sé a ṫeanga, a Aṫair!” ar seisean.

“Aililiú!” arsa mise, “conus ḟéadfaḋ sé a ṫeanga do ṡlogaḋ?”

“Ḃí sé ag ól bainne ráiṁir, a Aṫair,” ar seisean, “agus do ṡloig sé siar a ṫeanga i n-aonḟeaċt leis an mbainne. Ní’l aon ḟocal cainte aige,” ar seisean, “agus nuair ḟéaċamair isteaċ ’n-a ḃéal níor ḟéadamair aon raḋarc fáġail ar a ṫeangain. Is baoġalaċ na béarfair ’n-a ḃeaṫaiġ air, a Aṫair,” ar seisean.

Ċomáineas liom siar. Do rugas ’n-a ḃeaṫaiġ air. Ḃí a ċaint aige nuair a ṡroiseas é.

“Airiú, cad fé ndeara ḋuit do ṫeanga ṡlogaḋ!” arsa mise leis.

“Ó ṁaise!” ar seisean, “an breallán buaċalla san!” ar seisean. “Ḃí tart orm agus d’ólas an deoċ ró ṫapaiḋ, agus ṫáinig crampa nó rud éigin de’n tsórd san am’ sgórnaiġ i dtreó gur ċrap mo ṫeanga siar ar fad am’ ċúlcraos agus gur ṁeas sé siúd gur b’ aiṁlaiḋ a ṡloigeas mo ṫeanga! Ní’l aon ċiall aige!”

Ḃí an crampa imṫiġṫe a’ sgórnaiġ an ḟir ḃoiċt i dtreó ná raiḃ aon ġáḋ le h-ola aige, agus ṫánag-sa aḃaile air mo ṡuaiṁneas.

Ní gan ċúis a tugtar Beinn na Leaċt ar an mbaile sin. Táid na leaċtana ann. Tá ar dtúis ann dá roṫ ṁóra leaṫana cloċ, roṫ mór lasmuiċ agus an roṫ

eile laistiġ de sin agus iad aoninneaċ. De ċloċaiḃ, curta 'n-a seasaṁ, mar ḃéaḋ cloċa roilige, atá an dá roṫ san déanta. Tá ansan, siar ó-ḋeas ó'n roṫ amuiċ, dá líne cloċ agus na cloċa 'n-a seasaṁ ar an gcuma gcéadna, agus an dá líne fan a ċéile, agus gan iad ró ḟada amaċ ó ċéile. Ní cuiṁin liom anois cad é an ḟaid a déarfainn atá ionta, aċ is dóiċ liom go raḃadar ceaṫair nó cúig de ṡlataiḃ nó mar sin. Ḃí cúpla cloċ nó trí ṫiar ag an gceann ṫiar díoḃ 'ġá dtaḃairt ċun a ċeile i dtreó gur parallelogram iad. Tá breis agus ċeiṫre bliana agus daċad ó ċonac iad.

Tá bóṫar siar ó Ḃeinn na Míol go Nead an Ḟiolair agus go Cill Ċóirne. Mórán blianta sar a dtánag-sa go Ḃeinn na Míol ḃí sagart áiriġṫe 'n-a ċóṁnuiġe i gCill Ċóirne. Do buaileaḋ breóiṫe é. Ċeap sé go mbéaḋ sé tagaiṫe ċuiġe féin i gcóir an Ḋoṁnaiġ a ḃí ċuiġe, aċ ní raiḃ. Ḃí sagart a ḃí báiḋeaṁail leis ṫoir i mḂaile na Móna. Ċomáin sé teaċtaire soir um tráṫnóna Dé Saṫarainn 'ġá iaraiḋ ar ṡagart Ḃaile na Móna teaċt, dá mb' ḟéidir é, agus an t-Aifrean do ráḋ tar a ċeann i gCill Ċóirne. Ḃí capall ana ṁaiṫ ag sagart Ḃaile na Móna agus "Gríosaċ" an ainim a ḃí aige ar an gcapall. D'eiriġ sé go moċ ar maidin Dé Doṁnaiġ agus siúd siar é, siar Áṫ an Dalláin, siar Ḃeinn na Míol, siar Gleann na h-Aiṫriġe, siar go Nead an Ḟiolair agus go dtí séipéal Ċill Ċóirne. Dubairt sé an t-Aifrean díreaċ ar an uair a ḃí ceapaiṫe, gan aon neómat riġnis. Is dóċa go mb' ḟéidir go raiḃ taiṫíġe ag cuid de'n pobul ar an Aifrean a ḃeiṫ tamall beag deireanaċ. Pé sgéal é, ḃí a lán acu déanaċ ċun an Aifrinn an ṁaidean san. Ḃí an sagart ag dul soir

a ḃaile airís tar éis an Aifrinn do ráḋ, agus ḃuail cuid de'n ṗobul uime ar an mbóṫar. Iadsan ag teaċt go dtí an t-Aifrean agus an t-Aifrean ráiḋte aige-sean. Ḃí air beiṫ i n-am ċun Aifrinn do ráḋ an lá céadna i mBaile na Móna tar éis dul abaile ḋó. Do labair sé le cuid des na daoine a ḃí déanaċ.

"Ohó!" ar seisean.

"Gríosaċ, a ċodail i mBaile na Móna,
Do sgioḃ sé an t-Aifrean ó ṁuintir Ċill Ċóirne!"

Ṫagaḋ glaoḋaċ ola ċúġam go minic aníos ar fad ó ḃruaċ Aḃan Móire, agus is minic gur i lár na h-oiḋċe tagaḋ sé. Uaireanta, b' ḟéidir, ḃeinn tar éis beiṫ ṫíos ann i gcaiṫeaṁ an lae, ag déanaṁ gnóṫa Doṁnaiġ nó ag tabairt turus ar sgoileanaiḃ. Ansan b' ḟéidir, nuair a ḃeinn am' ṡáṁ-ċodla, i lár na h-oiḋċe, ṫiocfaḋ an glaoḋaċ ola, agus ċaiṫinn eiriġe agus imteaċt síos airís. Aċ ḃíos óg láidir an uair sin agus ní ḃíoḋ puinn binne agam ar neiṫiḃ de'n tsórd san.

Gaeluinn a labraḋ gaċ aoinne liom an uair sin nuair a ṫéiġinn mar sin ag cur na h-ola orta. Na teaċtairí féin, bíoḋ go mbíoḋ cuid acu óg go maiṫ, is Gaeluinn a labraidís liom.

An sagart paróiste a ḃí os a gcionn ḃí Gaeluinn ḃreaġ aige. An t-Aṫair Tomás ua Muiriṫe ab ainim ḋó. Andeas ó Ċairbre a ṫáinig sé. Ṫáinig sé andeas sar ar deineaḋ dá ḋóiseas de ḋóiseas Ċluanaċ agus Rosa. Ḃí sé suas le deiċ mbliana agus trí fiċid nuair a ḃíos-sa agus é féin i bparóiste Ċille Ṡeanaiġ. Do ṁair sé go dtí go raiḃ sé aon ḃliain

déag agus ceiṫre fiċid. Nuair a ḃíos-sa blian agus ráta i gCill Ṡeanaiġ ċuir an t-Easbog soir go Cill Úird mé, agus beagán aimsire 'n-a ḋiaiġ san ċuaiḋ an t-aṫair Tomás ó-ḋeas go h-Iniscairte. Ansan iseaḋ fuair sé bás agus é aon ḃliain déag agus ceiṫre fiċid, tar éis é ḃeiṫ trí fiċid blian 'n-a ṡagart. Ḃí obair ċruaiḋ air cuid de'n aimsir sin. Ċonaic sé an droċ ṡaoġal go léir. Ċonaic sé na daoine ag fáġail ḃáis cois na gclaṫaċ agus ar na bóiṫriḃ —— agus an biaḋ ag imṫeaċt tar faraige ċun cíosa ḋéanaṁ dos na máiġistiriḃ talṁan. Ní féidir liom cuiṁneaṁ air anois féin gan buile feirge teaċt orm.

Is cuiṁin liom go maiṫ an lá fágas Ḃeinn na Míol agus mé ag dul go Cill Úird soir. Do cuireaḋ ríġneas éigin ar leitir an Easboig. Níor táinig sí ċúġam go dtí ar maidin Dé Saṫarainn. Níor ṁór ḋom ḃeiṫ i gCill Úird ar maidin Dé Doṁnaiġ a ḃí ċúġainn ċun dá Aifrean do ráḋ, an ċéad Aifrean acu amuiċ i n-Araiġlinn, agus Aifrean a dóḋéag i gCill Úird.

Ḃí láir ṁaiṫ agam agus trap beag deas éadtrom. Ċomáineas liom isteaċ go Malla agus an bóṫar soir ó Ṁalla. Nuair a ḃíos cúpla míle soir ó Ṁalla ṫugas fé ndeara an lá ag dorċuġaḋ.

"Tá eagal orm go mbeiḋ tóirtneaċ againn," arsa mise am' aigne féin.

Le n-a linn sin d'áiriġeas fotram trom láidir éigin nár airiġeas riaṁ a leiṫéid eile.

"Ní tóirtneaċ é sin!" arsa mise am' aigne.

Do stadas an láir agus d'fanas tamall am' stad féaċaint an aireoċainn airís é. Níor airiġeas. Ḃíos ag cuiṁneaṁ agus ag cuiṁneaṁ féaċaint cad leis

go samhlóċainn é. Ṫeip orm cuiṁneaṁ ar aon tsaġas foṫraim a ċuirfinn i gcomparáid leis. Ḃí sé ana láidir, ana ṫrom. Ba ḋóiċ le duine go raiḃ sé sa spéir agus fé talaṁ i n-aonḟeaċt. Dá gcuireaḋ sé an tarna guṫ as d'ḟéadfainn, b' ḟéidir, tuairim éigin a ṫaḃairt fé cad é an saġas foṫraim é, aċ níor ċuir. Ċomáineas liom agus d'imṫiġ sé as mo ċeann.

Fuaras an bóṫar ó Ṁalla go Cill Úird níba ṡia go mór 'ná mar a ṡíleas. Ḃí sé ag déanaṁ amaċ ar a ḋóḋéag sa n-oíḋċe nuair a ṡroiseas an áit. Do ċailleas raint ṁaiṫ aimsire, tar éis na h-oíḋċe ṫeaċt orm, ag glaoḋaċ ar ḋaoine a ḃí 'n-a gcodla agus ag cur tuairisge na slíġe orṫa. Do ṡroiseas Cill Úird. Ḃí na dóirse go léir dúnta agus na daoine 'n-a gcodla. Ċonac solus i n-aon tiġ aṁáin. Ṫugas aġaiḋ ar an solus. Do ġlaoḋas ar ṁuintir an tíġe. Ṫáinig bean ċun an doruis ċúġam. D'innseas di cé r' b' é mé, agus d'ḟiafraiġeas di a' ḃféadfaḋ sí ḃeiṫ istiġ a ṫaḃairt dom go lá, mar go raiḃ orm dul amaċ go moċ ar maidin go h-Araiglinn ċun an Aifrinn do ráḋ ann.

"Oċón, a Aṫair," ar sisi, "taḃarfad agus fáilte; agus go deiṁin féin ní ró ṁaiṫ an ċóir is féidir dom a ċur ort, a Aṫair," ar sisi. "Aċ bíoḋ an ċóir olc nó maiṫ ní ró ḟada a ḃeiḋ an tiġ seo againn ċun ḃeiṫ istiġ a ṫaḃairt d'aoinne ann. Táimíd féin le cur amaċ as ar maidin Dé Luain! Tar isteaċ, a Aṫair," ar sisi.

Ċuas isteaċ. Ḃí tiġ folaṁ amuiċ sa ċlós agus ċuireas mo láir isteaċ ann agus ṫugas rud le n-iṫe di. Ḃí san agam sa trap ḃeag. Do cuireaḋ cóir ċodlata orm féin ċóṁ maiṫ agus d'ḟéad na daoine boċta é. Ḃíos am' ṡuiḋe ar maidin ar an gcéad

ṡolus. Tug bean an tiġe stiúruġaḋ agus cóṁarṫaí an ḃóṫair dom agus do ġluaiseas, am' ċarra ḃeag, soir go dtí an droċad atá ar aḃainn Araiglinn ; soir ó-tuaiḋ tré Ḃaile na Páirce, mór-timpal i raḋarc an tseana ċaisleáin atá 'n-a ṡeasaṁ ar ṁullaċ cnucáin ar an dtaoḃ tiar de'n aḃainn, d' aḃainn Araiglinn ; fan na h-aḃan airís, soir ó-tuaiḋ, go dtí gur ṡroiseas an crosaire mar a n-iompuiġtear siar go dtí Cúil Múċan. Do leanas an bóṫar díreaċ soir ó-tuaiḋ fé bun Ḃaile na mḂodaċ. Ansan do ṡroiseas droċad eile agus ċuaḋas tar aḃainn siar agus suas cnucán, agus ḃíos ag séipéal Araiglinn. Séipéal nua ab eaḋ é. Ḃí sé ana árd, agus do luiġeaḋ an ġaoṫ go mór ar an gcnucán nuair a ḃíoḋ aon puinn nirt inti. Tá ḋá ṡruṫán ḋeasa ag teaċt ċun a ċéile toir ṫíos ag bun an ċnucáin, agus deinean an cnucán poitín mór do'n inse beag atá ṫíos idir an dá ṡruṫ. Níor ḟéadas gan a ṁeas gur ṁór an truaġ nár deineaḋ an séipéal ṫíos ar an inse sin i n-ionad é ḋéanaṁ ṫuas ar ṁullaċ an ċnucáin. Ínse an Ċlampair an ainim a tugtar ar an inse sin.

Nuair a ḃí an pobal cruinniġṫe duḃairt an t-Aifrean dóiḃ, agus ansan tugas aġaiḋ siar ó-ḋeas airís ar Ċill Úird, agus ḃíos ann ar a dóḋéag ċun an tarna h-Aifrinn do ráḋ ann. Ḃí iongnaḋ a ċroiḋe ar an sagart paróiste nuair a ċonaic sé ag teaċt mé. Ḃí ḟios aige go raiḃ an sagart a ḃí aige róṁam imṫiġṫe, aċ ní raiḃ ḟios aige go raḃas-sa tagaiṫe. Ḃí sé ar buile ċúġam nuair nár tugas aġaiḋ ar a ṫiġ féin. D'innseas dó conus mar a ḃí sé ró ḋéanaċ sa n-oiḋċe nuair a ṡroiseas an áit agus ná raiḃ ḟios agam cá raiḃ a ṫiġ.

Ar maidin Dé Luain a ḃí ċúġainn ḃíos ag féaċaint

ar páipéar. Níor chuireas suim ró mhór i n-aon rud d'á bhfeaca ann go dtí gur luigh mo shúil ar an méid seo, .i. " Extraordinary occurrence. About 2 o'clock p.m. on Saturday last a distinct shock of earthquake was felt in the neighbourhood of Mallow. It was accompanied by a loud subterranean noise which lasted only a moment. Several persons felt the shock and heard the sound."

Thuigeas ansan cad é an brígh a bhí leis an bhfuaim úd d'airigheas agus mé cúpla míle soir ó Mhalla Dé Satharainn roimis sin. Tráth éigin sa bhfóghmhar, sa bhliain d'aois an Tighearna míle ocht gcéad trí fichid a h-ocht, iseadh do h-airigheadh an fothram san agus do mothuigheadh an t-aon luasgadh talmhan amháin sin, i n-aice Mhalla. Níor mhothuigheas-sa an luasg, toisg mé bheith sa charra, is dócha, agus an carra ag gluaiseacht.

An fhaid a bhíos i gCill Úird an uair sin thugas breis agus bliain am' chómhnuighe i dtigh atá ar chnucán os cionn drochaid Araiglinn, timpal míle soir síos ó'n mbaile bheag ar a dtugtar Cill Úird. Do h-innseadh dom go raibh an Barún Pigott 'n-a chómhnuighe sa tigh céadna nuair a bhí sé óg, nuair a bhí sé 'n-a mhacléighinn, agus go raibh seómra beag aige ar mhullach caraige laistiar de'n tigh agus go dtugadh sé a lán d'á aimsir sa tseómra san i n'aonar ag déanamh foghluma. Bhí sé 'n-a bhreitheamh i mB'l'Átha Cliath nuair a bhíos-sa am' chómhnuighe sa tigh. Tigh ana dheas chun cómhnuighthe iseadh an tigh an fhaid a bhíon an samhradh ann, ach tá sé 'n-a sheasamh ar ghruadh an chnucáin ar an dtaobh thuaidh, agus nuair a thagan an geimhre beirean an fuacht air go h-ana dhian. Baile-idir-dhá-abhainn an ainim a tugtar ar an mbaile. Ruithean abha Araiglinn isteach

sa n-Aḃainn Ṁór lastoir de'n ḃaile, agus ruiṫean an Ḟuinsion isteaċ sa n-Aḃainn Ṁór ċéadna laistiar de'n ḃaile, agus fágan san an baile idir an dá aḃainn. Tá seana ċaisleán tamall ó-ḋeas ó'n áit 'n-a ḃfuil an tiġ, agus an Ríġteaġlaċ a tugtar mar ainim air. " Rathealy " a tugtar i mBéarla air, i dtreó gur ḋóiċ le duine gur ó ḋuine éigin de ṁuintir Éalaiġte a tugaḋ an ainim. Sin mar a loitean an Béarla gaċ aon rud Gaeḋlaċ go mbíon aon teangabáil aige leis. Tá bóṫar breaġ réiḋ fan ḃruaċ Aḃan Móire soir go h-Ínse an Léime agus go dtí an Baile Duḃ agus go Lios Mór, agus as san go Ceapaċ Ċuinn.

Ní fada a ḃíos ar an gcnucán úd i mBaile-'dir-ḋá-Aḃainn nuair a ḃí eolus maiṫ curṫa agam ar na bóiṫriḃ go léir, a ḃfuil tríd an bparóiste díoḃ. Do h-innseaḋ dom go raiḃ tobar beannuiġte sa ċúinne toir de'n paróiste agus gur "Tobar na h-Ola " a tugtí air. Ċóṁ luaṫ agus d'airiġeas é ḃeiṫ ann ċuas soir go ḃfeicfinn é. Áit ana uaig-neaċ iseaḋ an áit 'n-a ḃfuil sé. Tobairín deas iseaḋ é, agus uisge ana ḃreaġ ann. D'ólas deoċ as agus taiṫn sé go mór liom. Do h-innseaḋ dom go mbíoḋ daoine ag tabairt turus ann, mór-tímpal an tobair, agus go mbíoḋ cóṁċalán ann uair sa mbliain. Do h-innseaḋ dom gur ṫárla, nuair a ḃí cóṁċalán éigin acu ann agus mórán daoine cruinn-iġte ann, gur eiriġ bruiġean fíoċṁar eatarṫa agus gur doirteaḋ fuil ann, mórán dé, agus ansan gur cuireaḋ mallaċt ar an áit, agus gur tugaḋ " Tobar na Ḟola " ar an dtobar i n-ineaḋ " Tobar na h-Ola,"

XVIII

Séamus Fréiní, an Foġluiḋe

An bóṫar mór ó Ċorcaiġ go Baile Áṫa Cliaṫ, bóṫar an ċóiste, mar a tugtar air, is tré Ċill Ṁird ó-ṫuaiḋ a ġaḃan sé, tré lár na gcnuc. Táid na cnuic ana uaigneaċ. Raint aimsire ó ṡin ḃíodar níos uaigniġe go mór 'ná mar atáid siad anois, agus 'ná mar a ḃíodar nuair a ḃíos-sa sa ṗaróiste. Ḃíoḋ foġluiḋe ar an mbóṫar san agus ḃíoḋ sé ag robáil na ndaoine. Do ṫárla go raiḃ file n-ar ḃ' ainim ḋó Éamonn de Ḃál ag gaḃáil an bóṫar lá. Ṫáinig sé ċun áite a ḃí ana uaigneaċ. Do ṗreab an foġluiḋe ċuige amaċ ó ċlaiḋ an ḃóṫair. Séamus Fréiní ab ainim do'n ḟoġluiḋe. Ṫóg sé suas a ṗiostal ar aġaiḋ an ḟile amaċ.

"Sín ċúġam aon airgead atá agat," ar seisean.

"Ní'l aon leatṗinne airgid agam-sa, a ṁic ó," arsa'n file. "Tar anso agus cuardaiġ mé má's dóiċ leat go ḃfuil," ar seisean.

D'ḟéaċ Fréiní air.

"Pé 'cu 'tá airgead agat nó ná fuil," ar seisean, "ní'l puinn d'á ḋeaḃraṁ ort. Ċím go ḃfuil bróga nua ort," ar seisean, "pé ball 'n-a ḃfuarais iad." D'ḟéaċ sé síos ar a ċosaiḃ féin agus ar na seana ḃróġaiḃ briste a ḃí orta. "Is dóiċ liom," ar seisean, "go n-oireaṁnfaḋ na bróga nua san mise. Ḃain díot iad." B'éigean ḋó. "Caiṫ ċúġam a leiṫ iad," arsa Fréiní. Do ċaiṫ. "Druid uaim síos ansan tamall anois," arsa Fréiní.

Do ḋruid. Ansan do ḃain Fréiní ḋé a ṡeana

ḃróga féin agus ċuir sé uime na bróga nua. Nuair a ḃíodar ar a ċosaiḃ do ṡeasaiṁ sé suas agus do ḃreiṫniġ sé conus a ḋ'oireaṁnadar é.

"Ó," ar seisean, "táid siad go h-áluinn! go h-áluinn ar fad! Táid siad ċóṁ h-oireaṁnaċ dom agus dá mba ḋom féin a ḋéanfaí iad. Seo," ar seisean, "bídís sin agat-sa," agus caiṫ sé na seana ḃróga ċun an ḟile.

Ċuir an file na seana ḃróga uime agus ċomáin sé leis ar a ċuaird féin agus d'imṫiġ Fréiní an cnuc amaċ.

D'airiġ file eile sgéal na mbróg. Ḋein sé an ḃérsa so:—

"Is brón liom an sgeón so do ġlacais, a Éamoinn,
Mar ċóbaċ neaṁċróḋa gan neart 'n-a ġéagaiḃ;
'S gur ḋóiċ linn, dar nDóċaint, gur ċeap le céad tú!
'S do ḃróga do ṡeólaḋ 'n-a ġlaic ċun Fréiní!"

Ḃí an ḃérsa san ag dul ó ḃéal go béal. D'airiġ Éamonn é. Tug sé an freagra so air:—

"A óigḟir naċ feóllta do ċanas ḃérsa,
Ní dreóileaċt neaṁċróḋa do ḃain dom féinig,
Aċ rógaire ar ḃóṫar do ġread le pléir mé,
'S nár ṁó aige siúd feóirling 'ná anam Éamoinn!"

Do h-innseaḋ dom gníoṁ eile a ḋein an Fréiní céadna. Do ġluais an cóiste lá ó Ċorcaiġ. Ḃí bean ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ ar an gcóiste agus níor ḟéad sí gan ḃeiṫ ag caint. Níor stad a béal aċ 'ġá ḟiafraiġe de gaċ aoinne eile d'á raiḃ ar an gcóiste ar

ḋóiċ leis go raiḃ aon ḃaoġal go mbuailfeaḋ Fréiní úmpa.

“Tá míle púnt anso agam,” adeireaḋ sí, anois agus airís, “agus cad a ḋéanfad i n-aon ċor má ḃuailean sé umainn!”

Do ċuireadar an bóṫar díoḃ gan aon ḃárṫan go dtí gur ḟágadar Cill Úird laisteas díoḃ agus go raḃadar ag déanaṁ ar an sliaḃ. Nuair a ḃíodar sa n-áit ab uaigniġe de'n tsliaḃ siúd ċúca Fréiní. Ċóṁ luaṫ agus do labair Fréiní le fear na gcapall do stad an cóiste. Ṫáinig Fréiní go dorus an ċóiste agus a ṗiostal ar leiḃéal aige.

“Seaḋ, a ċáirde ionṁuine, ná bíoḋ aon aċran againn, aċ síniḋ amaċ ċúġam pé airgead atá agaiḃ.”

Ḃí fear ann nár labair puinn ó ḟág sé Corcaiġ. Do ḃéic sé amaċ, agus é ag gol le sgannraḋ, ċóṁ luaṫ agus do labair Fréiní.

“Ó, a ḋuin'uasail,” ar seisean, agus ṫarraing sé amaċ a raiḃ d'airgead 'n-a ṗóca aige, lán a ġlaice de ṁion-airgead, “sin a ḃfuil d'airgead agam-sa agus ná láṁaiġ mé! Seo ḋuit é aċ gan mé ṁarḃuġaḋ. Ní ḟeadar an mór an t-airgead atá ag aoinne eile anso, aċ féaċ, tá míle púnt ag an mnaoi uasail sin ansan. Sín ċuige an míle púnt san atá agat, a ḃean uasal, i dtreó ná láṁfaiḋ sé sinn!”

Ḃ'éigean di an míle púnt a ṫaḃairt do Fréiní. Ḃí Fréiní ag gáirí agus a ċúis aige. Níor ċuaiḋ sé ró ḋian ar an gcuid eile acu. Ṫóg sé pé méid a ṫugadar dó agus d'imṫig sé. Ansan iseaḋ ḃí an ċaint ag an mnaoi a ċaill an míle púnt. Níor stad a béal aċ ag mallaċtaiġe agus ag spídiúċán ar an ḃfear a sgéiḋ uirṫi. Níor labair seisean a ṫuille. Do ṡroiseadar caṫair Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Ċóm luaṫ agus

do stad an cóiste, istiġ sa ċaṫair, ċuir an fear ciúin a láṁ 'n-a póca agus taraing sé amaċ blúire páipéir agus ṡín sé ċun mná na cainte é.

“Seo,” ar seisean, “siné do ṁíle púnt agat.” Órduġaḋ míle púnt ar banc Ḃaile Áṫa Cliaṫ ab eaḋ an blúire páipéar.

“Féaċ,” ar seisean, “tá deiċ míle púnt anso agam-sa, agus tá an t-airgead san agam 'á ṫabairt anso ó ḃanc Ċorcaiġe go dtí banc Ḃaile Áṫa Cliaṫ. I n-ór atá sé agam. Ḃí eagal orainn an t-ór d'ḟáġáilt i gCorcaiġ mar d' airiġeamair go raḃtas ar tí an banc i gCorcaiġ do ḃriseaḋ. Ḃ'éigean dom mo ṡeans a ġlacaḋ le Fréiní agus an t-ór a ṫabairt liom. Mura mbéaḋ tusa agus do ṁíle púnt ḃí mo ḋeiċ míle imṫiġṫe uaim-se.”

Nuair a ċonaic an bean an ainim a ḃí tíos ar an mblúire páipéir ḃí sí sásta. Ḃí aiṫne ṁaiṫ aici ar an ḃfear n-a raiḃ a ainim ar an mblúire páipéir. Ḃ' é an fear céadna a ṫug di an blúire páipéir, aċ níor aiṫin sí i n-aon ċor é ḃí an ċeilt ċóṁ maiṫ san air. Nuair inis sé ḋi cé r' ḃ' é ḃí aṫar mór uirṫi.

Ní ḟeadar-sa an fíor an sgéal. Ní'lim aċ 'á innsint fé mar a h-innseaḋ dom é.

Do h-innseaḋ dom conus a marḃuiġeaḋ Fréiní sa deire. Do ḃuail sé uime duin'uasal a ḃí tar éis raint ṁaiṫ airgid d'ḟáġail an lá san.

“Sín ċúġam an t-airgead san atá ansan agat,” arsa Fréiní leis.

“Is dóċa ná fuil aon dul uaiḋ agam,” arsa'n duin'uasal, agus ċaiṫ sé sparán trom ar an dtalaṁ uaiḋ. Do ċrom Fréiní ċun an sparáin do ṫógaint. Le n-a linn sin do ṡnap an duin'uasal piostal as a

póca féin, agus ċuir sé pléar tríd an bḟear a ḃí ar a ċromaḋ. Do ġoin an pléar san é, aċ níor ṁairḃ sé ar an spota é. Do ḋírig sé é féin agus ṫug sé aġaiḋ a ṗiostail féin ar an nduin'uasal. Ṁeas an duin'-uasal go raiḃ uair a ḃáis tagaiṫe. Do stad Fréiní gan an t-urċar do ċaiṫeaṁ.

“Ní ḃeiḋ t'anam-sa orm,” ar seisean. “Táim ag dul i láṫair Dé. Ní beag dom a ḃfuil am' ċoinniḃ.”

D'imṫiġ sé ṫar claiḋ. Raint laeṫanta 'n-a ḋiaiġ san do fuaraḋ marḃ é tamall ó'n áit.

Ḃí ana ḃáiḋ ag na daoine leis. Do rainneaḋ sé ar ḋaoiniḃ boċta cuid ṁór de'n airgead a ḃaineaḋ sé de ḋaoiniḃ saiḋḃre. Gan aṁras ní raiḃ sa rab-áirne sin aċ “fial stial de leaṫar ḋuine eile.” Mar sin féin ḃíoḋ daoine buiḋeaċ de, agus ṫugaidís beiṫ istiġ ḋó nuair a ḃíoḋ gáḋ aige leis go minic.

Ní le daoine boċta aṁáin a ḃíoḋ sé fial uaireanta. Ḃuail duin'uasal uime oiḋċe.

“Sín ċúġam a ḃfuil d'airgead agat!” arsa Fréiní leis.

Do ṡín an duin'uasal ċuige sparán mór airgid a ḃí aige.

“Féaċ anois, a Ṡéamuis,” arsa'n duin'uasal, “ní h-é mo ṫuairim go ndéanfá an méid sin orm dá dtuigfá i gceart conus atá an sgéal agam.”

“Cad 'tá sa sgéal ná tuigim?” arsa Séamus.

“Ní liom-sa an t-airgead san i n-aon ċor, arsa'n duin'uasal. “Cíos é sin atá fáġalta agam indiu ó ṫineóntaiṫiḃ a leiṫéid seo de ṫiġearna talṁan,” 'ġá innsint dó cé r' ḃ' é, “agus caiṫfead-sa an cíos san do ṫabairt do'n tiġearna talṁan san pé ball

'n-a ṡoláṫróċad é. Ní ḃeiḋ sé siúd aon leaṫṗinne ċun deiriġ leis an obair seo."

"An mar sin é?" arsa Séamus.

"Iseaḋ go deiṁin," arsa'n fear eile.

"Tá go maiṫ," arsa Séamus. "Ní ċuirfead-sa an cruaḋtan san ort-sa. Dá ḃféadainn an t-airgead a ḃaint dé féin ḃeinn sásta, aċ ní díot-sa is ceart dom a ċuid siúd a ḃaint. Seo ḋuit do sparán, aċ tabair dom uait féin cúpla púnt ar iasaċt. Tá gnó áiriġṫe agam dé."

Do ṫug. Agus is 'mó lóisdín oiḋċe agus béile ṁaiṫ ḃiḋ a ḟuair Séamus i dtiġ an duin'uasail sin 'n-a ḋiaiġ san nuair a ḃíoḋ gáḋ go cruaiḋ aige le lóisdín oiḋċe agus le béile ḃiḋ.

Tá baile sa taoḃ ṫoir ṫuaiḋ de'n ṗaróiste agus Gort na Sgeiṫe an ainim a tugtar air. Tá an baile sin naoi míle ó Ċill Ḃúird. Is minic a ṫagaḋ glaoḋaċ ola ċúġam ó'n mbaile sin i lár na h-oiḋċe. Do ḃínn am' ḋúiseaċt uaireanta agus d'airiġinn an teaċtaire agus é ag teaċt, ar sodar, ar muin capaill, agus "Gort na Sgeiṫe! Gort na Sgeiṫe!" adeireaḋ cosa an ċapaill sa tsodar ar an mbóṫar, agus mise am' ḋúiseaċt sa leabaiḋ ag éisteaċt leis an sodar, "Gort na Sgeiṫe! Gort na Sgeiṫe!" agus mé ag cuiṁneaṁ ar an naoi míle 'ṡlíġ a ḃíoḋ róṁam. Ní ġoilleaḋ an sgéal puinn orm, áṁṫaċ. Ċóṁ luaṫ agus ḃínn sa n-iallait agus ar an mbóṫar níor ḃ' ḟearr liom ḃeiṫ sa leabaiḋ. Ḃíos óg an uair sin.

Tá áit ag bun Ġort na Sgeiṫe agus na Mianaċa a tugtar ar an áit. Do h-innseaḋ dom go raiḃ iaran d'á ṫógaint as an dtalaṁ ann raint aimsire ó ṡin, agus go ndéintí corcáin ann agus go gceannaiġeaḋ na cóṁarsain na corcáin sin, agus gur ċorcáin ṁaiṫe

iad aċ gur ḃ' ana ḋeacair iad a ċoimeád glan ar an dtaoḃ istiġ ; gur ḋóċa ná glantí an t-iaran i gceart sa teine, nó sa ḃfúirnéis. Tugtar "an ḟúirnéis," leis, mar ainim ar an mbaile.

XIX

AN STAONAḊ Ó'N ÓLAĊÁN

Ní ró ḟada a ḃíos tagaiṫe amaċ as an gcoláisde, críoċnuiġṫe am' ṡagart agus ag déanaṁ oibre sagairt ameasg na ndaoine, nuair a ṫugas níḋ fé ndeara. Ṫugas fé ndeara an díoḃáil ṫiubaisteaċ a ḃí ag an ólaċán 'á ḋéanaṁ do ṁuintir na h-Éirean. Ċonac an ceárdaiḋe sáiḋte i dtiġ an tabairne gaċ aon tráṫnóna Dé Saṫarainn, agus é ag fanṁaint ann go dtí go mbíoḋ páġ na seaċtṁaine imṫiġṫe, nó an ċuid ba ṁó dé, agus an ḃean agus an ċlann sa ḃaile gan béile na h-oíḋċe acu, gan, b' ḟéidir, balcuis éadaiġ ar aon tslaċt ; ansan, an fear san ar a leabaiḋ ar maidin Dé Doṁnaiġ agus gan é ábalta ar eiriġe ná ar dul fé ḋéin aon Aifrinn. Ċonac an ḃean agus a meabair bainte ḋi ó ḃeiṫ a d'iaraiḋ aire ṫabairt do'n ḟear san agus d'á ċlainn agus d'á ṫiġ, agus gan an t-airgead aici ċuige, í féin leaṫ lomraċta agus an ċlann leaṫ lomraċta agus an tinteán fuar folaṁ, gan teine ná aḋbar teine, gan teas gan compórd. Ċonac an feirmeoir ag teaċt aḃaile

ar meisge ó'n aonaċ nó ó'n margaḋ, agus é féin agus a ċapall i gcontaḃairt tuitim i ndíg an ḃóṫair agus ḃeiṫ báiṫte nó basgaiṫe, agus an t-airgeaḋ ba ċeart dó a ṫaḃairt leis abaile fágṫa aige ins na tiġṫiḃ taḃairne a ḃí ar na crosairiḃ roimis; fáġaltas fial fágṫa ins gaċ tiġ acu aige; nár ṁó leis seile tobac 'ná leaṫ ċoróinn ġeal do ċaiteaṁ uaiḋ ins gaċ tiġ taḃairne acu; agus ansan, nuair a ṫagaḋ a ċiall dó amáireaċ 'n-a ḋiaiġ san, gur ḋóiċ le duine air gur ḃ' fiú leaṫ-ṡoḃran an leaṫṗinne ruaḋ nuair a ḃéaḋ raint ḃeag éigin aige 'á ṫaḃairt d'á ṁnaoi ċun rudaí ṡoláṫar do'n tiġ! Ċonac na h-uilc sin go léir agus na mílte olc eile 'n-a dteannta, agus do buaileaḋ isteaċ am' aigne gur ċeart dom iaraċt éigin do ḋéanaṁ ar ċur 'n-a gcoinniḃ, a ḃeag nó a ṁór; dá mba ná tiocfaḋ liom a ḋéanaṁ aċ a ḃeag féin, gur ḃ' fearr é ḋéanaṁ 'ná gan aon rud a ḋéanaṁ.

Seo mar a tuigeaḋ dom ba ċeart taḃairt fé'n obair, .i. a iaraiḋ ar gaċ aoinne staonaḋ ó gaċ deoċ meisgeaṁail. Ḃí fios agam go maiṫ go mbéaḋ mórán daoine agus gur ḋeacair iad do ṫaḃairt ċun an staonaḋ san do ḋéanaṁ. Ḃí fios agam, leis, nár ḃfoláir dom éadan ana ḋána ḃeiṫ orm ċun a iaraiḋ ar aon duine an staonaḋ san do ḋéanaṁ gan mé féin 'á ḋéanaṁ ċóṁ maiṫ le cáċ. Ṫuigeas nár ḃfoláir dom féin an tosnuġaḋ do ḋéanaṁ. Ċóṁ maiṫ do ḋeineas. Do ḋeineas an tosnuġaḋ. Ṡocaruiġeas m' aigne i láṫair Dé ar gan deoċ meisgeaṁail a ḋ'ól a tuille. Ansan do ċromas ar ḋaoine eile do ċóṁairliuġaḋ ċuige. Is cuiṁin liom aon fear aṁáin agus ḃíos 'á ráḋ leis gur ċeart dó an staonaḋ ḋéanaṁ. Ḃí gaċ aon leaṫsgéal aige ar ḃara a teangan dom ċun gan é ḋéanaṁ. Gaċ aon cúis d'ár tug

sé dom ċun gan é ḋéanaṁ, ṫugas-sa cúis i gcoinniḃ na cúise sin dó ċun a ḋéanta. Fé ḋeire do ḃris ar an ḃfoiḋne aige agus dúḃairt sé mar seo :

“ Maise go deiṁin féin, a Aṫair, ní fearr beiṫ siar ná aniar ar an sgéal, is maiṫ leis an sagart féin, nuair a ḃíon dínnéar maiṫ iṫte aige, a ḃraon beag puins do ċur anuas ar an ndínnéar ! ”

“ Tá dearmad sa méid sin ort,” arsa mise. “ Ní ḃlaisim aon ḃraon puins coíḋċe ná aon ḃraon d’aon tsaġas eile diġe a ċuirfeaḋ meisge ar ḋuine.”

Do stad sé ar feaḋ tamaill agus iongnaḋ air. Ansan : “ Asdó, a Aṫair,” ar seisean, “ caiṫim-se beiṫ amuiċ sa n-oíḋċe fé ḟuaċt agus fé ḟliuċra, agus do raġaḋ an fuaċt tré m’ ċroíḋe dá mba ná h-ólfainn braon biotáile nó braon de rud éigin teit mar sin.”

“ Bím-se amuiċ sa n-oíḋċe, fé ḟuaċt agus fé ḟliuċra níos miniciġe ’ná mar a ḃíon tusa,” arsa mise. “ Bíon tú go sáṁ ar do leabaiḋ go minic nuair a ḃím-se sa n-iallait, ar ḃótar Ġort na Sgeiṫe, nó ar ḃótar Ínse an Léime, agus fearṫainn d’á stealladh orm le fuinneaṁ gaoiṫe, agus ní ḃíon aon ġáḋ agam le h-aon ḃraon biotáile nuair a ṫagaim abaile.”

“ Asdó, a Aṫair,” ar seisean, “ b’ḟéidir ná goillean anróḋ ort-sa ċóṁ mór agus ġoillfeaḋ sé ar ḋuine eile. Dá ḃfaiġinn droċ ḟliuċaḋ ṫiocfaḋ, b’ḟéidir, luiġċán trom orm mura n-ólfainn deoċ ṁaiṫ láidir biotáile ċun an ḟuaċta do ċur amaċ as mo ċroíḋe.”

“ Tá dearmad sa méid sin ort,” arsa mise leis. “ Is aṁlaiḋ a cuirean an biotáile tuille fuaċta

isteaċ ionat i ndeannta an fuaċta a ḃíon istiġ ionat roimis."

D'féaċ sé idir an dá ṡúil orm agus sult ar lasaḋ 'n-a ṡúiliḃ féin.

"Dar fiaḋ, a Aṫair, aċ siné an sgéal is greannṁaire d'ár airiġeas-sa de sgéaltaiḃ greannṁara riaṁ! Nuair ólaim braon de ḃiotáile ṁaiṫ, motuiġim an teas aige d'á ċur isteaċ am' ċroíḋe agus tré ṁ' ballaiḃ beaṫa go léir."

"Teas bréagaċ iseaḋ an teas san," arsa mise leis. "Imtiġean sé go luat 'n-a ḋiaiġ san, agus beirean sé leis, as do ċuid fola, pé teas a ḃí ann roimis. Ansan téiġean an fuaċt isteaċ ad' ċroíḋe dáiríriḃ, agus ní ṁotuiġean tú an fuaċt san mar bainean an biotáile an motuġaḋ asat."

B' éigean dom eiriġe dé. Ḃí raint cainte de'n tsaġas céadna agam leis uaireanta 'n-a ḋiaiġ san. Ní raiḃ aon ṁait dom ann. Ní ḟéadfainn a ċur 'n-a luiġe ar a aigne go raiḃ aon ḋíoḃáil sláinte sa "ḃraon ḋiġe." Aċ pé caint a ḃí eadrainn ní dúḃairt sé focal amaċ as a ḃéal, airís, i dtaoḃ "gur ṁait leis an sagart féin a ḃraon puins a ḋ'fáġail."

Nuair a ḃíos am' ċóṁnuiġe ṫíos ar an gcnucán os cionn droċaid Araiglinn ḃíoḋ orm teaċt aníos go Cill Ṁird ċun an Aifrinn do ráḋ agus ċun glaoḋaċ ola d'ḟreagairt sa tsráid ḃeag. Agus is minic gur i lár na h-oíḋċe do ṫagaḋ an glaoḋaċ ola. Ṫuigeas dá mbeinn am' ċóṁnuiġe ṫuas sa tsráid ḃeag go mbeinn i n-aice mo ġnóta ann, do ló agus d'oíḋċe. Aċ ní raiḃ tiġ le fáġail sa tsráid ḃeag.

Do lean an sgéal ar an gcuma san ar feaḋ breis agus bliain. Fé ḋeire do ṫáinig ataruġaḋ. Ḃí doċtúir 'n-a ċóṁnuiġe sa tsráid. Ṡocaruiġ sé ar

ḋul ċun cóṁnuiġṫe ó-ṫuaiḋ go Baile Ṁistéala. Ċóṁ luaṫ agus ḃí sé imṫiġṫe as an dtiġ a ḃí i gCill Úird aige do ṫógas-sa an tiġ, agus ṫánag aníos ċun cóṁnuiġṫe ann. Ḃíos i n-aice mo ġnóṫa ansan. D'á éaġmuis sin ḃíos meadonaċ sa paróiste, agus ná bóiṫre díreaċ ó'n dtiġ agam soir go h-Ínse an Léime; agus soir ó-ṫuaiḋ go Baile na mBodaċ agus go Gort na Sgeiṫe; agus ó-ṫuaiḋ go dtí an barrac, mar a mbíoḋ an foġluiḋe, lá éigin; agus siar ó-ṫuaiḋ go dtí Bearna na Gaoiṫe, agus go dtí Caṫair Druinne, agus go dtí an Cnucán. Bóiṫre fada iseaḋ iad go léir, aċ bíoḋ dúbailt faid ionta nuair a ḃíos ṫíos ag droċad Araiglinn, mar do ċaiṫinn teaċt aníos ċun na sráide ċun dul ar na bóiṫriḃ eile aċ aṁáin bóṫar Gort na Sgeiṫe agus bóṫar Ínse an Léime.

Bíoḋ gur teip cuid de na seandaoiniḃ orm agus cuid des na daoiniḃ a ḃí i meadon aois, i dtaoḃ an ólaċáin, níor teip na daoine óga orm. Ní raḃas abfad am' cóṁnuiġe sa tsráid ḃeag nuair a ṫugas fé ndeara na garsúin ḃeaga agus iad ag imṫeaċt fiain ar fuid na h-áite gaċ aon ṫráṫnóna. Ċuiṁniġeas gur ṁaiṫ an rud seómra beag a ḋ'ḟáġail dóiḃ, agus leabair ḋeasa, agus iad do ċruinniuġaḋ ag léiġeaḋ na leaḃar ar feaḋ uair a' ċluig nó cúpla uair a' ċluig gaċ aon ṫráṫnóna. Ní raiḃ aon leaḃar Gaeluinne le fáġail i n-aon ḃall an uair sin, mura soláṫróċaḋ duine Bíobla Gallda, aċ níor ḃ'ḟéidir baint i n-aon ċor leis an mBíobla san toisg an droċ ainim a ḃeiṫ faċta aige ós na Soupers.

Do sgríoḃas go Baile Áṫa Cliaṫ agus fuaras leaḃair a ḃí cóṁ Gaeḋlaċ agus d'ḟéadfaḋ leaḃair Ḃéarla ḃeiṫ; an "Story of Ireland," agus "Poets and Poetry of Ireland," agus "Speeches from the Dock,"

agus mar sin. Ḃí an t-árd Ḃarún Pigott beó an uair sin i mBaile Áṫa Cliaṫ. D'airiġ sé an sgéal i dtaoḃ na mbuaċaillí agus i dtaoḃ na leaḃar, agus ċuir sé deiċ bpúint ċúġainn ċun tuille leaḃar do ċeannaċ. Ansan do ċeannaiġeamair tuille des na leaḃraiḃ, leaḃair ṁaiṫe bunúsaċa Ḃéarla, Shakespeare, agus Milton, agus a leiṫéidí, agus ḃí cuid ṁaiṫ leaḃar againn ansan, leaḃair nár airiġ na buaċaillí aon tráċt riaṁ orṫa go dtí san. Ṫagaidís isteaċ gaċ aon tosaċ oíḋċe, nuair a ḃíoḋ na h-oíḋċeanta fada againn, agus ḃídís ag léiġeaḋ na leaḃar, a leaḃar féin ag gaċ duine, go dtí go mbíoḋ sé i n' am staid. Ansan do léiġinn féin blúire beag de ḃeaṫa naoiṁ éigin dóiḃ, agus ċuirinn aḃaile iad. Is cuiṁin liom gur ṫugas mórán oíḋċeanta ag léiġeaḋ Ḃeaṫa an Ċuré d'Ars dóiḃ, agus gur ċuireadar ana spéis ann.

Tar éis tamaill do ṁeallas iad ċun staonaḋ ó gaċ deoċ meisgeaṁail, agus do ḋeineadar é go fonnṁar. Ḋeineas cárta beag dóiḃ agus ċuireas an ġeallaṁaint ar an gcárta, i gcló, mar seo :

> "Mar ṡásaṁ am' peacaiḃ, agus ċun gaċ peaca do ṡeaċaint feasta le congnaṁ Dé, agus i n-onóir do Ḃríġid Naoṁṫa, staonfad ó gaċ deoċ meisgeaṁail."

Ḃí an obair go léir, agus sinn féin, agus an leaḃarlann, fé ċomairce Ḃríġde Naoṁṫa againn. D'airiġeas 'n-a ḋiaiġ san gur lean a lán acu de'n ġeallaṁaint sin ar feaḋ aḃfad, agus gur lean cuid acu ḋé i gcaiṫeaṁ a saoġal.

Nuair a ṫagaḋ Lá Ḟéile Ḃríġde ḃíoḋ féasta beag againn ; misleáin, agus cácaí, agus sóġluistí eile de'n tsórd san. Ḃíoḋ ólaċán áiriġṫe, leis, againn,

agus d'ólaimís sláinte ár naoiṁ, sláinte Ḃríġde, “Muire na nGaeḋal,” mar a tugtí uirṫi fadó. Tá tobar breaġ fioruisge ṫíos i mBaile-'Dir-ḋá-Aḃainn agus “Tobar an Dúna” an ainim atá ar an dtobar san. Ċuirimís capall agus trucail, agus meadar ḃreaġ ṁór istiġ sa trucail, síos ċun an tobair sin agus do tugtí ċúġainn aníos lán na meidire de'n uisge sin, agus i nglaine de'n uisge sin iseaḋ d'ólaḋ gaċ duine againn sláinte Ḃríġde Naoṁṫa.

Ḃí cárta eile againn agus sidiad na smuínte a ḃí ar an gcárta san.

Mo ġráḋ Dia!
Mo ġráḋ an Creideaṁ!
Mo ġráḋ Éire!

Gráin ar uaḃar aigne!
Gráin an ainḃfios!
Gráin ar easaontaċt!

Ní ḋéanfad maoideaṁ.
Ní déanfad aċaran.
Ní ḃéad ar meisge.

Cárta bán ab eaḋ an carta san. Cárta glas ab eaḋ an cárta eile. Ḃí an dá ċárta san ag gaċ duine d'ár mbuiḋin. Do rugadar leó abaile na cártaí. Ní deirim ná go ḃfuil pot ċárta acu le fáġail fós i gcuid des na tiġṫib ar fuid na paróiste sin.

I mBéarla iseaḋ ḃí na focail ar na cártaiḃ. Níor ḃ'ḟéidir na focail do ċur orṫa i nGaeluinn an uair sin, bíoḋ gur ṁó go mór an Ġaeluinn a ḃí d'á labairt sa paróiste 'ná an Béarla a ḃí d'a labairt inti.

D'á éaġmuis sin, ḃí an Ġaeluinn a labarṫaí ḃí sí ar áilleaċt. Ba ḃreaġ liom ḃeiṫ ag éisteaċt leis na seandaoiniḃ 'ġá labairt. Nuair a ċuirinn an ola ḋéanaċ an ṡeanduine acu, agus nuair a ṫugainn an Corp Naoṁṫa ḋó, agus nuair adeireaḋ sé ansan, ó ċroíḋe amaċ, "Mo ġráḋ mo Ṫiġearna Íosa Críosd! Mo ġráḋ go daingean é!" do stadaḋ m' anál orm agus tagaḋ luas croíḋe orm agus do sgeinneaḋ deóraċa ó'm ṡúiliḃ i dtreó go n-iompuiġinn i leiṫ taoiḃ beagán.

Siní an ċaint go raiḃ an creideaṁ inti. Siniad saġas daoine naoṁṫa a ḃí i n-Éirinn an uair sin agus roimis sin, agus gan aon ḟocal Béarla acu. Ba ḃaoṫ an gnó do'n naṁaid ḃeiṫ a d'iaraiḋ a ċur ḟéaċaint orṫa súd an creideaṁ do ṡéanaḋ.

Ḃí ceiṫre sgoileana "Náisúnda" sa ṗaróiste, agus ní raiḃ oiread agus aon ḟocal aṁáin Gaeluinne ag aon duine des na múinteóiriḃ a ḃí ag múineaḋ aos óg ins na sgoileanaiḃ sin. B'uaṫḃásaċ an éagcóir é d'á ḋéanaṁ ar ṁúinteóiriḃ agus ar aos óg i n-aonḟeaċt. Na múinteóirí 'ġá marḃuġaḋ féin a d'iaraiḋ múineaḋ ḋéanaṁ le caint nár tuigeaḋ, agus aigne an luċt foġluma d'á ciapaḋ agus d'á dallaḋ agus d'á cur amú, ó ḃeiṫ a d'iaraiḋ eóluis do ġlacaḋ tré ċaint nár tuigeaḋ. Agus ansan, éagcóir eile ba tiubaistiġe ná an dá éagcóir i dteannta ċéile, cigire, nó "inspector," ag teaċt ó'n mBórd agus ag dul isteaċ ins na sgoileanaiḃ sin, 'ġá ḃféaċaint agus ag breiṫniuġaḋ orṫa, agus gan aon léus eóluis aige ar an dá éagcóir úd, an éagcóir ar na múinteóiriḃ agus an éagcóir ar an aos óg.

Tá so agam le ráḋ, áṁṫaċ. Ċóṁ fada agus ċuaiḋ

an obair a deineaḋ ins na sgoileanaiḃ, an méid oibre dob' féidir a ḋéanaṁ i n-aiṁḋeóin na n-éagcórta go léir, do deineaḋ é ar ċuma do ċuir iongnaḋ orm-sa. Do tugaḋ an t-eólus do'n ṁuíntir óg agus do ġlac an ṁuíntir óg an t-eólus, tré ḃótar ċruaiḋ an Ḃéarla, tré ḃótar iasaċta an Ḃéarla, ar ċuma do ḋéanfaḋ creideaṁaint do ṁúinteóiriḃ agus do luċt foġluma i n-aonfeaċt dá mba ná béaḋ an bótar cruaiḋ ná iasaċta. An éirim aigne a ḃí ar gaċ taoḃ fé ndear an toraḋ san a ḃeit ar an obair.

Aċ na daoine a ḃí i meaḋon aois an uair sin, na daoine a ḃí idir na seandaoine agus muíntir na sgoileana, ḃí Béarla acu san d'a labairt agus ní dóiċ liom gur labraḋ riaṁ amaċ a' béalaiḃ daoine caint ba ġráinne 'ná an Béarla san. Féaċ ansan an sglábaiḋeaċt a ḃí ar na múinteóiriḃ agus ar na leanḃaiḃ. An Béarla grána san d'á labairt coitċianta leis na leanḃaiḃ sa ḃaile, agus ansan na múinteóiri, a d'iaraiḋ Béarla éigin slaċtṁar a ṁúineaḋ dos na leanḃaiḃ sin ar an sgoil. Ansan, an cigire ag teaċt agus ag gaḃáil de ċosaiḃ ins gaċ aon ruḋ ; ag spídiúċán ar na múinteóiriḃ, os coṁair na leanḃ go minic, nuair ná cuiridís Béarla cruinn i mbéalaiḃ na leanḃ, agus ag spídiúċán ar na leanḃaiḃ nuair a déarfaḋ leanḃ acu, " I do be," nó, " We does be."

Ḃíos ag éisteaċt le cigire acu lá. Ċuir sé ceist éigin ċun leinḃ i dtaoḃ cad a ċoimeád sa ḃaile é an lá roimis sin, nó ruḋ éigin de'n tsórd san.

" I does be thinning turnops, sir," arsa'n leanḃ.

" And what does your brother be doing? " arsa'n cigire.

" He do be minding the cows, sir," arsa'n leanḃ.

" ' I does be,' ' He do be.' That is nice teaching ! "

ar seisean leis an múinteóir. "Well, Mr. 'Do be,'" ar seisean leis an leanḃ, "how are you to-day, Mr. 'Do be'? And how is old Mr. 'Do be'? And how is Mrs. 'Do be'? And how are all the other little 'Do be's' and 'Does be's'?"

B' ṡin iad aṫair agus máṫair an leinḃ, agus an ċuid eile de'n ċlainn a ḃí i nḋiaiġ an leinḃ sin sa ḃaile. Féaċ air sin mar ṫarcuisne 'á ṫaḃairt do'n lín-ṫíġe sin! Tarcuisne poiḃilíde, os cóṁair na sgoile go léir!

Ná measaḋ aoinne ná tuiteaḋ rud de'n tsórd san amaċ aċ go h-anaṁ. Do ṫuiteaḋ sé amaċ go minic, go h-ana ṁinic. Tá sé ag tuitim amaċ fós, uaireanta. Do ċonac féin cigire go minic ag rástáil isteaċ i sgoil agus a hata ar a ċeann aige, agus gan aige do'n ṁúinteóir, os coṁair na leanḃ, aċ an focal ba ṫarcuisniġe 'n-a ṗluic.

Ṫugas ceiṫre bliana i gCill Úird an uair sin. Ḃí an leaḃarlann mór go maiṫ i nḋeire na h-aimsire sin. I gcaiṫeaṁ na h-aimsire sin iseaḋ ṫáinig an cogaḋ mór úd idir an Ḟrainnc agus an Almáinn. I gcaiṫeaṁ bliana an ċogaiḋ sin do ḃíoḋ na páipéir againn sa leaḃarlann agus sinn ag faire ar an gcuma 'n-a raiḃ an cogaḋ ag gluaiseaċt, agus gan aṁras is leis an bḞrainnc a ḃíoḋ ár mbáiḋ go léir idir óg agus críona againn. Ḃí brón mór orainn nuair a ċonacamair an buaḋ ag an Almáinn.

I gcaiṫeaṁ na h-aimsire sin, leis, iseaḋ ḃí ár bḟeisirí Éireanaċa, agus Isaac Butt 'n-a ċeann-uraiḋ orṫa, "ag seasaṁ a gcirt" ṫall i bPárlimint Ṡasana. Ḃíoḋ cruinniuċáin ṁóra againn ins gaċ aon páirt d'Éirinn ag gaḃáil páirte le Butt sa ġnó san, agns le n-a ḃuiḋin. Is cuiṁin liom go nḋeiġ gasra mór

de ṁuintir Ċill Úird ó-tuaiḋ go Baile Ṁistéala lá Doṁnaiġ, go dtí cruinniuġaḋ mór díoḃ a ḃí ann, agus go mb' éigean dom dul leó, agus gur ṁeasamair go raiḃ árd obair déanta againn nuair a ḃí obair an lae sin déanta againn. Ba ḃeag ná go raiḃ Éire saor againn ó ḋaor-smaċt Gall, dar linn.

XX

ÁR SGOIL I RÁṪ ĊORMAIC

Nuair a ṫáinig an t-am, do réir mar a ṫuig an t-Easbog, do cuireaḋ ó-ḋeas mé, treasna na h-aḃan, treasna Aḃan Móire, go Ráṫ Ċormaic. Ní raḃas aḃfaḋ sa ṗaróiste sin nuair a ṫosnuiġeas ar an obair ċéadna a ḃí ar siúḃal agam i gCill Úird. Ċruinniġeas cuid de ḃuaċaillíḃ na sráide bige sin agus do laḃras leó. D'innseas dóiḃ i dtaoḃ na h-oibre a ḃíoḋ ar siúḃal agam i gCill Úird an ḟaid a ḃíos ann, i dtaoḃ na leaḃar agus i dtaoḃ an dá ċárta, agus i dtaoḃ staonaḋ ó'n ólaċán go mór mór. Do tógaḋ na cártaí agus do geallaḋ an staonaḋ. Do ṫógamair tiġ agus do ceannaiġeaḋ na leaḃair agus ḃí an leaḃarlann againn, fé ċomairce Ḃríġde Naoṁṫa, díreaċ mar a ḃí i gCill Úird.

Níor ḃ' ḟada gur ṫugas fé ndeara go raiḃ tuisgint i gceól agá lán des na buaċaillíḃ i Ráṫ Ċormaic. Ḃíoḋ aṁráin againn, aṁráin Ḃéarla ab eaḋ iad,

áṁṫaċ. Ní raiḃ aon focal Gaeluinne d'á labairt sa tsráid beag. Aċ má b' aṁráin Ḃéarla féin iad, ḃídís ar áilleaċt le feaḃas gutaí agus le binneas glórṫa agus le fuaim árd agus le h-uċtaċ.

Ḃí eólus maiṫ, leis, ag cuid des na buaċaillíḃ ar ċeól úirlisí, ar ċeól fliúite agus ar ċeól ḃeidlín. Do tuigeas am' aigne go mb' féidir gur ṁaiṫ an rud, ó ḃí an dúil sa ċeól acu agus an éirim ċeóil ċóṁ maiṫ san acu, na h-úirlisí práis do ṡoláṫar agus banna práis a ḃeiṫ againn. Ḋeineamair suas daċad púnt agus ċuireamair fios ar raint des na h-úirlisíḃ práis. Do laḃras le fear de luċt ceóil an airm istiġ sa [1] Ṁainistir agus d'iaras air teaċt ċúġainn amaċ go Ráṫ Ċormaic cúpla uair sa tseaċtṁain agus a ṁúineaḋ dos na buaċaillíḃ conus na h-úirlisíḃ práis do láiṁseáil agus an ceól do ḃaint asta. Ṡocaruiġeamair ar an ndíoluiġeaċt a ġeóḃaḋ sé agus ṫáinig sé. Ḃí sé ag teaċt ar feaḋ raint aimsire; níor ró ḟada é. Do ṗioc cuid des na buaċaillíḃ suas an t-eólus go tiuġ i dtreó go raḃadar-san ábalta ar an gcuid eile do ṁúineaḋ agus gur ḟéadamair comáint linn agus gan ḃeiṫ ag díol ár gcod' airgid le fear na casóige deirge. Sar a raiḃ mórán aimsire curṫa díoḃ ag na buaċaillí ḃíodar ábalta ar na h-úirlisíḃ do láiṁseáil go cliste, agus do ṡeinnidís an ceól ċóṁ maiṫ agus d'ḟéadfaḋ aon ḃanna airim é ṡeinnt.

Ḃíos i Ráṫ Ċormaic timpal dá ḃliain is dóiċ liom nuair a ḃí an méid sin gnóta déanta. Ansan díreaċ iseaḋ ṫáinig leitir ċúġam ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ 'ġá innsint dom go raiḃ buiḋean ar bun sa ċaṫair

[1] .i. Mainistir Ḟear Muiġe (Fermoy).

sin, buidhean "cun na Gaedhilge do choimeád beó."

"Dar fiadh," arsa mise am' aigne féin, "má's maith é is mithid é!"

Chomáineas leitir chúcha 'ga iaraidh orta na leabhríni a bhí acu do chur chúgham. Tháinig an chéad cheann des na leabhríníbh. D'innseas dos na buachaillibh cad a bhí déanta agam. D'airighdís mé go minic ag tabhairt seanamóna as Gaeluinn uaim do'n phobal Dé Domhnaigh. Dúbhradar go léir láithreach gur mhaith leó an Ghaeluinn d'fhoghluim. Chuireas macshamhail do'n leabhrín i láimh gach buachalla agus chromadar ar na focalaibh d'fhoghluim. Bhí focail beaga ana shimplidhe ins na ceachtanaibh tosaigh, mar seo, chómh fada agus is cuimhin liom anois:

lá=a day.	breagh=fine.
bó=a cow.	bán=white.
gé=a goose.	dubh=black.
cat=a cat.	mór=big.
bean=a woman.	beag=little.

Ansan bhí ceacht eile mar seo:—

lá breagh=a fine day.	bean beag=a little woman.
bó mór=a big cow.	bean mór=a big woman.
gé bán=a white goose.	bó maith=a good cow.
cat dubh=a black cat.	bó dubh=a black cow.

Chuireamair dínn raint des na ceachtanaibh. Ansan, nuair a bhí raint des na ceachtanaibh foghlumtha ag na buachaillibh do h-innseadh an méid seo sgéil dúinn:—

'The true Irish for "a big cow" is really, not "bó mór," but "bó mhór." So also with those other instances; the true Irish is, not "bean mór," but

"bean ṁór"; not "bean beag," but "bean ḃeag"; not "bó maiṫ," but "bó ṁaiṫ"; not "bó duḃ," but "bó ḋuḃ." We really considered it better not to burthen the learner at the beginning with the mysteries of Irish aspiration,' nó rud éigin mar sin.

Ċóṁ luaṫ agus ċonaic na buaċaillí an méid sin, "What is this!" ar siad. "We were first taught to say 'bó duḃ,' and now we are told that 'bó duḃ' is wrong, and that we must say 'bo ḋuḃ'! Why were we not told the right word from the start?"

Ċuireadar stailc suas. Ní ḟoġlumóċaidís a ṫuille Gaeluinne as na leaḃraiḃ sin. Ċuireas-sa stailc suas ċóṁ maiṫ leó. Tuigeas am' aigne aon daoine do ċeap go ḃféadfaí an Ġaeluinn a ċoimeád beó leis an saġas san oibre nár ḃ' aon ṁaiṫ ḃeiṫ ag braṫ orta. Nuair airiġeaḋ duine des na seana ċainnteóiriḃ "bó mór," agus "bó duḃ," agus "bean beag," ḃídís ag cur an anama amaċ ag gáirí.

Tugas fé ndeara go raiḃ cuid des na buaċaillíḃ agus go raiḃ éirim aigne acu agus solus breiṫeaṁ-antais agus cúil-ḟéiṫ ṫar an gcoitċiantaċt, cuid acu aḃfad ṫar an gcoitċiantaċt. Do buaileaḋ isteaċ am' aigne gur ṁór an truaġ gan caoi ṫaḃairt dóiḃ ar úsáid éigin tairḃeaċ a ḋéanaṁ de'n éirim sin agus de'n tsolus san agus de'n ċúil-ḟéiṫ sin.

Ḃí mo ċuid eóluis féin ar na seana teangṫaċaiḃ, ar an Laidin agus ar an nGréigis, ag dul i ndúire agus i neaṁċruinneas agus i ndoirċiġe.

"Dar fiaḋ," arsa mise liom féin, "b'ḟéidir nár ḃ' ḟearra dom rud a ḋéanfainn 'ná mo ṡeana leaḃair Laidne agus Gréigise do ṫarang ċúġam airís agus diriuġaḋ ar na seana teangṫaċaiḃ uaisle sin do ṁúineaḋ do ḋuine nó do ḃeirt des na buaċaillíḃ seo.

Cá ḃ'ḟios cad a ṫiocfaḋ as 'n-a ḋiaiġ so ? Pé rud a ṫiocfaḋ as 'n-a ḋiaiġ so ná ná tiocfaḋ, do ṫiocfaḋ as anois go ndéanfainn m' eólus féin ar na seana ṫeangṫaċaiḃ d'aṫnuaċaint, agus níor ṁisde ḋom san."

Ṫaraingeas ċúġam na seana leaḃair agus ġlanas an ceó ḋíoḃ agus cromas ar ḟéaċaint tríota. Ba ġearr go ḃfeaca go raiḃ gáḋ leis an aṫnuaċaint. Do laḃras le duine des na buaċaillíḃ, an fear ab ḟearr ḋíoḃ. Tomás Ua Mórḋa ab ainim ḋó. B' é an fear ab ḟearr é ar an gceól agus ar léiġeaḋ na leaḃar agus ar gaċ aon tsaġas eile oibre aigne d'á mbíoḋ ar siúḃal againn. D'ḟiafraiġeas ḋé ar ṁaiṫ leis Laidion a ḋ'ḟoġluim.

"Cad é an gnó ḃéaḋ agam ḋé, a Aṫair ?" ar seisean.

"Cá ḃ' ḟios ná go ndéanfaḋ Dia sagart ḋíot," arsa mise. "Má's maiṫ leat Laidion d' ḟoġluim," arsa mise, "múinfead-sa ḋuit í, agus ní ḃeiḋ agat le díol as an obair aċ aon níḋ aṁáin."

"Agus cad é an níḋ é sin, a Aṫair ?" ar seisean.

"An níḋ seo, a Ṫomáis," arsa mise ; "má osgalan Dia an bóṫar duit ċun ḃeiṫ ad' ṡagart go ndéanfair féin leanṁaint de'n staonaḋ ó'n ól agus go ndéanfair do ḋíċeal ċun a ċur ḟéaċaint ar ḋaoine eile an staonaḋ céadna ḋéanaṁ."

"Déanfad an níḋ sin, a Aṫair," ar seisean, "agus go deiṁin, dá mb' é toil Dé ḋom é, do ṫaḃarfainn an saoġal go léir ar ḃeiṫ am' ṡagart."

"Tá go maiṫ," arsa mise. "Sidé an leaḃar, féaċ, agus sidí an ċéad ċeaċt atá agat le foġluim, agus tá sé ċóṁ maiṫ againn tosnuġaḋ anois."

Agus do tosnuiġeamair. Níor ḃ'fada go raiḃ an

tarna buaċaill i n-aonḟeaċt linn sa n-obair. Sar a raiḃ trí seaċtṁaine curtá ḋínn againn ḃí mór-ṡeisear buaċaillí agam ag foġluim na Laidne uaim. Ġeallaim go mb' éigean dom féaċaint ċúġam féin go maiṫ, agus mo ċuid sean' eóluis do ġlanaḋ agus do líoṁaḋ agus do ċur i dtreó agus i n-eagar. Is uaṫḃásaċ an sás ceistiúċáin buaċaillí idir a dóḋéag agus a cúigdéag! Is fearr an t-eólus a ċuireas-sa an uair sin ar an Laidin leis an aṫnuaċaint sin, agus leis an múineaḋ, 'ná mar a ċuireas uirti nuair a ḃíos 'ġá foġluim i Maġċromta nó i gCeann Tuirc, nó i gColáisde na Mainistreaċ féin. Is fearr go mór a ṁúinean múineaḋ duine 'ná mar a ṁúinean foġluim é.

Ḃí buaċaill 'n-a ċóṁnuiġe tuaiḋ i n-aice Ḃaile Ṁistéala agus Toirḋéalḃaċ ua Siaḋail ab ainim dó. Ḃí bean 'n-a cóṁnuiġe i n-aice Ráṫa Ċormaic, bean ċreideaṁnaċ, agus ḃí gaol aici le Toirḋéalḃaċ. Ḃí ḟios aici go raiḃ aiḋm ana ṁór ag Toirḋéalḃaċ ar ḃeiṫ 'n-a ṡagart. D'inis sí ḋó i dtaoḃ na h-oibre a ḃí agam-sa 'á ḋéanaṁ. Siúd ċúġam aduaiḋ é. Do ṫosnuiġ sé ar an obair. Ḃí sé an uair sin, is dóiċ liom, timpal dá ḃliain déag nó trí bliana déag. Ṫugas fé ndeara go luaṫ go raiḃ an éirim aige, agus an ċúil-ḟéiṫ, agus féiṫ, agus féiṫ na foġluma.

Ḃí an sgoil ar siúḃal ansan, agus ḃí an ceól ar siúḃal, agus ḃí léiġeaḋ na leaḃar ar siúḃal, agus ḃí gaċ aon rud ag dul ċun cínn go h-áluinn. Ní raiḃ aon ċeangal ċun oibre orm féin ná ar na buaċaillí. Nuair a ṫagaḋ gnó paróisde orm-sa d'imṫiġeaḋ na buaċaillí aḃaile ḋóiḃ féin, agus ḃídís ag déanaṁ na h-oibre sa ḃaile cóṁ maiṫ agus d'ḟéadaidís é, agus ag cuiṁneaṁ ar ċeisteanaiḃ le cur

ċúġam-sa nuair a ṫiocfainn tar n-ais ag triall orta.

Ḃí ana ṡaoġal againn, agam-sa agus acu-san, mise 'ġá múineaḋ agus iadsan ag foġluim uaim, agus aoiḃneas aigne orainn ar gaċ taoḃ. Ní dóiċ liom go ḃfuil aoiḃneas le fáġail ar an saoġal so a ḋ'ḟéadfaḋ ḃeiṫ níos aoiḃne 'ná an t-aoiḃneas aigne sin a ḃíon ar ṁúinteóir agus ar luċt foġluma nuair a ḃíd siad ar aon aigne sa n-obair, agus nuair a ṫuigid siad féin a ċéile, agus nuair ná bíon de ṫoisg ná de ḃun ná d'aiḋm acu leis an obair aċ onóir do Ḋia agus tairḃe do'n ċreideaṁ. Ḃí an t-aoiḃneas san againne an uair sin, agus ḃíomair ag dul ar aġaiḋ leis an obair go buacaċ.

XXI

I MAĠĊROMṪA

I lár an aoiḃnis dúinn do ṫáinig aṫaruġaḋ. Ṫáinig leitir ó'n Easbog 'á ráḋ liom-sa dul siar go Maġċromṫa agus gnó sagairt do ḋéanaṁ ann. Ċuir san stad leis an obair i Ráṫ Ċormaic. D'imṫiġeas siar. Ní fada a ḃíos ṫiar nuair a lean an ċuid ba ṁó des na buaċaillíḃ mé. Ġlacadar lóisdín sa tsráid agus ṫagaidís ċun mo ṫiġe-se gaċ aon lá agus do ġluais an múineaḋ agus an ḟoġluim airís.

Suim aimsire tar éis na h-oibre do tosnuġaḋ i Maġċromṫa ṫáinig leitir ċúġam ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ, ó'n "gCuman" úd "ċun na Gaeḋilge do ċoimeáḋ

beó." Do ṫráċtaḋ liom ar an ngáḋ a ḃí leis an obair a ḃí ag an gCuman 'á ḋéanaṁ, agus ar an ngáḋ a ḃí le h-airgead ċun na h-oibre do ḋéanaṁ. Ḋá ḟírinne ġlan ab eaḋ an dá níḋ sin gan aṁras. Ċuireas púnt airgid ċúċa agus do sgríoḃas leitir ċúċa, agus is i nGaeluinn do sgríoḃas í. Ṫugas iaraċt, sa leitir, ar raint neiṫe do ċur ar a súiliḃ dóiḃ i dtaoḃ an ċuma 'n-ar ċeart an obair a ḃí curṫa rómpa acu do ḋéanaṁ. Ċuireadar freagra ċúġam ar mo leitir ag gaḃáil buiḋeċais an airgid liom. Agus ċuireadar ċúġam cló de'n Freeman's Journal agus mo leitir Ġaeluinne i gcló air, díreaċ mar a sgar mo láṁ léi. Do ṫugadar le tuisgint dom, áṁṫaċ, i dtaoḃ na cóṁairle a ḃí taḃarṫa agam dóiḃ, ná raiḃ aon gáḋ le diṫineas. Ḃa ṁar a ċéile an sgéal agus a ráḋ: "A ḋuine ṁacánta, taḃair-se aire do d' ġnó féin agus leig dúinne an rud céadna ḋéanaṁ."

Ní dúḃraḋ an ċaint tur ar an gcuma san, aċ siné bríġ a ḃí leis an gcaint. Ní raiḃ aon ṁilleán i n-aon ċor agam orṫa. Ní féidir do ḋuine a ṫuisgint conus is ceart an Ġaeluinn do ċoimeád beó mura dtuigean sé cad é an saġas ruda an Ġaeluinn atá beó. Níor ṫuigeadar súd cad é an saġas ruda Gaeluinn beó ná cad é an saġas ruda Gaeluinn ṁarḃ. Ḃí sé daing-ean 'n-a n-aigne gur ṫuigeadar an dá níḋ sin níb' ḟearr go mór 'ná mar a ṫuigeas-sa aon níḋ acu. D'á ḃríġ sin níor ḃ' ḟéidir dóiḃ cóṁairle do ġlacaḋ uaim-se 'n-a dtaoḃ, agus ní raiḃ aon ṁilleán agam orṫa. Aċ níor ḋeineas a ṫuille cur isteaċ orṫa le leitreaċaiḃ—ná le h-airgead. An t-Aṫair Eóin Ó Nualláin, sagart riaġalta, isé ḃí an uair sin 'n-a ċeann ar an gCuman san. Sagart ana ṁaiṫ, ana

6—1337

naoṁṫa, ana ḋeaġċroiḋeaċ, ab eaḋ é gan aon ḋabṫ. Ḋein sé mórán oibre ar son na Gaeluinne, agus obair ċruaiḋ ab eaḋ an obair a ḋein sé. Aċ caḋ é an tairḃe obair ċruaiḋ gan eólus ?

Ḃí buiḋean fear i Maġċromṫa an uair sin. Is ḋóiċ liom gur “Young Men's Society” gur ḃ' eaḋ iaḋ. Ċonaic cuiḋ acu an leitir i nGaeluinn ar an ḃFreeman. Ṫánadar ċúġam agus d'iaradar orm teaċt ċun a seómra tamall beag i dtosaċ gaċ oiḋċe agus iaraċt a ḋéanaṁ ar Ġaeluinn a ṁúineaḋ ḋóiḃ. Dúḃart go dtiocfainn. Do ṫánag. Ní rabas ḋá neómat sa tseómra ag caint leó nuair a ċonac go raiḃ eólus maiṫ acu ar an nGaeluinn ċeana féin, agus ná raiḃ agam le ḋéanaṁ aċ a ṫaisbeáint ḋóiḃ conus í léiġeaḋ agus do sgrí'. D'aimsiġ gaċ duine acu a ṗeann agus a ḋuḃ agus a ṗáipéar, agus do ġluais an obair. Ċóṁ luaṫ agus ḃí na leitireaċa acu do ṡuiġdís ċun an ḃúird agus do ċromainn-se ar sgéal éigin a ḋ'innsint, agus do sgríḃidís-sin síos ar ṗáipéar gaċ focal fé mar a ṫagaḋ sé as mo ḃéal.

Ní raiḃ puinn trioblóide sa n-obair sin ḋóṁ-sa. Ní ḃíoḋ orm dul ag triall orṫa aċ cúpla oiḋċe sa tseaċtṁain, agus ní ḃíoḋ orm fanṁaint aċ leaṫ uair a' ċluig gaċ oiḋċe. Ní raiḃ orm aon ṁúineaḋ cainte ḋéanaṁ. Ḃí an ċaint agá ḃformór ċóṁ maiṫ díreaċ agus ḃí sí agam féin.

Ḃí an obair ar siúḃal ar an gcuma san, go h-éasga agus go h-anamaṁail. Ḃí beirt nó triúr buaċaillí ó'n gcóṁarsanaċt tagaiṫe ċúġam ċun na Laidne ḋ'foġluim agus iad tar éis na geallaṁna do ṫaḃairt go staonfaidís ó gaċ deoċ meisgeaṁail. I lár na h-oibre ḋúinn áṁṫaċ ṫáinig maṫalong crosta

orainn. Do labair an sagart paróiste liom agus tug sé le tuisgint dom nár taitn leis mé ḃeiṫ ag múineaḋ na mbuaċaillí. Dúbart leis, go breaġ réiḋ, gur istiġ am' tiġ féin a ḃíos 'ġá múineaḋ, agus go raiḃ sé ċóṁ maiṫ agam ḃeiṫ ag déanaṁ na h-oibre sin istiġ am' tiġ féin le ḃeiṫ ag imirt ċártaí nó le ḃeiṫ ag tuitim am' ċodla.

Tamall 'n-á ḋiaiġ san ṫáinig leitir ċúġam ó'n Easbog 'ġá ráḋ liom go raiḃ sagart paróiste ṫuaiḋ sa [1] Ráṫ agus go raiḃ dúil ana ṁór aige sgoil Laidne ċur ar bun sa ḃaile sin.

"Tá," arsa'n t-Easbog liom, "airgead éigin le fáġail ó'n Riaġaltas ċun sgoile de'n tsórd a ċoimeád suas sa n-áit agus tá an t-airgead san díoṁaoin toisg gan an sgoil a ḃeiṫ ann. Ba ḋóiċ liom gur ṁaiṫ an rud duit-se dul ó-ṫuaiḋ go dtí an Ráṫ agus an obair seo atá agat 'á ḋéanaṁ i Maġċromṫa do ḋéanaṁ ṫuaiḋ."

Ḃí fios agam cad é an bríġ a ḃí leis an gcaint sin. Ḃí fios agam nár labair an t-Easbog mar sin gan sagart paróiste Maġċromṫa ḃeiṫ ag gearán orm-sa agus ar mo sgoil. Aċ do sgaoileas leis.

"Tá go maiṫ, a Ṫiġearna Easboig," arsa mise. "Comáin ó-ṫuaiḋ mé."

Do buaileaḋ isteaċ am' aigne, leis, go mb' ḟéidir gur b' é toil Dé mé dul ó-ṫuaiḋ. B' ḟearr liom go mór fanṁaint i Maġċromṫa dá bfáġtí ann mé. Aċ do tuigeas go mb' ḟéidir nár b' é sin toil Dé. Ṫuigeas go mb' ḟéidir go raiḃ gnó éigin ceapaiṫe ag Dia ḋom le déanaṁ sa Ráṫ nár b'ḟéidir dom a ḋéanaṁ i Maġċromṫa. Sin í an fírinne. Ḃí uaigneas

[1] Ráṫ Luirc (Charleville).

orm mar ġeall ar a ḃeiṫ orm imṫeaċt a' Maġċromṫa, mar d'á ġioraċt a ḃíos ann ḃí báiḋ ana ṁór agam féin agus ag na daoine le n-a ċéile. Aċ ḃí aon tsásaṁ aigne amáin agam ag imṫeaċt dom. Ní h-ag leanṁaint mo ṫoile féin a ḃíos. Ċuireas mo ṫoil le toil Dé.

"Cá b' ḟios dóṁ-sa," arsa mise am' aigne féin, "cad 'tá beartuiġṫe ag Dia sa ġnó so? Ní ċun mo ṫoile féin do leanṁaint a ḋein Dia sagart díom!"

Ní ċuirfinn an méid sin cainte síos anso anois aċ ċun a ṫaisbeáint nár ċeart aon ṁilleán a ḃeiṫ ar ṡagart paróiste Maġċromṫa. Má b' é toil Dé mise do ḋul ó-ṫuaiḋ go dtí an Ráṫ, ní raiḃ sa méid a ḋein an sagart paróiste sin, leis, aċ rud a ċeaduiġ toil Dé dó a ḋéanaṁ. Níor ċuaiḋ an duine boċt ó ḃéalaiḃ na ndaoine sa ġnó. Ḃí leaṫ-amadán sa tsráid agus d'airiġeaḋ sé na daoine ag caint agus 'á ráḋ gur ḋíbir an sagart paróiste an sagart óg mar ġeall ar ḃeiṫ ag múineaḋ Laidne dos na buaċaillíḃ.

"Is ait an sgéal é sin!" arsa'n t-amadán. "Cad é an díoḃáil do ṡagart ḃeiṫ ag múineaḋ buaċaillí? Dá mba ag múineaḋ cailíní óga a ḃéaḋ sé ba ċeart, b' ḟéidir, a ráḋ leis gan ḃeiṫ 'ġá ḋéanaṁ. Aċ ag múineaḋ buaċaillí!"

Ċuaiḋ caint an amadáin i mbéalaiḃ na ndaoine agus ḃí raint spóirt acu. Dúḃradar go tapaiḋ go raiḃ an ceart ag an amadán, agus do cuiṁniġeaḋ ar an sean-ḟocal: "Dealg múnlaiġe, fiacal ċon nó focal amadáin, na trí neiṫe is géire ar biṫ."

XXII

An Sgoil sa Ráṫ

Ḃailiġeas ċúġam mo ċuid triosgáin agus mo ċuid leaḃar agus siúd ó-ṫuaiḋ mé. Ċuas ċun cainte leis an sagart paróiste ṫuaiḋ. D'inis sé ḋom conus a ḃí gaċ aon rud le socaruġaḋ; gur i seómra am' tiġ cóṁnuiġṫe féin a ḃéaḋ an sgoil; go ndíolfaḋ gaċ duine des na sgoláiriḃ a deiċ fiċid sa ráta, .i. sé púint sa mbliain; go dtosnóċaḋ obair an lae ar a deiċ ar maidin agus go gcríoċnófaí ar a dó sa lá. An t-airgead a ḋíolfaḋ na sgoláirí as a sgolaiḋeaċt go gcurfí sa ċiste é, i dteannta na h-ofrála, agus ansan go rainnfí ar na sagartaiḃ é díreaċ mar a rainntí an ofráil. Ar an gcuma san go mbéaḋ mo ċion dé ag teaċt ċúġam-sa fé mar a ḃí mo ċion de'n ofráil ag teaċt ċúġam. Go mbéaḋ ar na sagartaiḃ eile gnó na paróiste ḋéanaṁ agus ná béaḋ orm-sa a ḋéanaṁ aċ obair na sgoile.

D'éisteas leis an socaruġaḋ san gan aon focal do ráḋ amaċ as mo ḃéal. Do h-osgalaḋ an sgoil. Ṫáinig raint buaċaillí. Ċuireas ag obair iad. I gcionn raint laeṫanta ṫáinig cuid dem' buaċaillíḃ féin ċúġam. Ṫáinig beirt nó triúr ó Ráṫ Ċormaic agus duine ó Ṁaġċromṫa. Agus ṫáinig Toirḋealḃaċ ua Siaḋail ó Ḃaile Ṁistéala. Ṫógadar lóisdín dóiḃ féin sa tsráid. Ċuireas isteaċ sa n-obair iad, fé mar a ḃíodar oireaṁnaċ ċuige.

Ḃí an obair ar siúḃal ansan, aċ ḃí aon níḋ aṁáin ag ḋéanaṁ buarṫa ḋóṁ-sa. Ċonaċ an cruinneas a ṫaisbeáin an sagart paróiste i dtaoḃ an airgid,

agus ṫáinig maċtnaṁ dom. Cóm luaṫ agus d'ḟéadas é do ġlacas caoi ar labairt leis an sagart paróiste i dtaoḃ an ṁaċtnaiṁ a ḃí am' aigne.

“A leiṫéid seo, a Aṫair,” arsa mise leis. “Tá raint buaċaillí tagaiṫe anso am' ḋiaiġ. Ḃíos 'ġá múineaḋ i Maġċromṫa agus i Ráṫ Ċormaic. Ní raiḃ aon tráċt riaṁ eadrainn ar aon airgead, níḋ nár ḃ' iongnaḋ. Ní foláir an múineaḋ a ġeóḃaid siad anso do ṫaḃairt dóiḃ i n-aisge, fé mar a ḃíodar 'ġá ḟáġail i Ráṫ Ċormaic agus i Maġċromṫa.”

Do ċroṫ sé a ċeann.

“Ó,” ar seisean, “ní ḋéanfaḋ san an gnó i n-aon ċor! Caiṫfid siad díol anso ar nós gaċ sgoláire eile d'á ḃfuil ag teaċt ċun na sgoile.”

Do stadas, agus admuiġim gur ċoruiġ mo ċuid fola. Ḋéanfainn sgéal ana ġairid dó ḋe mura mbéaḋ aon níḋ aṁáin. Mura mbéaḋ an t-aon níḋ aṁáin sin déarfainn leis mar seo: “Má 'sí sin aigne atá agat i dtaoḃ na sgoile seo, caiṫfir duine éigin eile do ṡoláṫar ċun na sgoile do ṁúineaḋ.” Ní dúḃart an ċaint sin. Ċoimeádas istiġ í. Ċuireas srian leis an ḃfeirg. Nuair a ḃí mo láṁ daingean agam ar an sriain do laḃras mar seo.

“Tá go maiṫ, a Aṫair,” arṡa mise, “aċ ó 'sé an t-Easbog a ċuir mise anso, caiṫfiḋ an t-Easbog an puínte seo do ṡocaruġaḋ eadrainn.”

Nuair a ṫáinig an t-Easbog do h-innseaḋ an sgéal dó. Dúḃairt sé láiṫreaċ go raiḃ an ceart agam-sa.

Déarfaiḋ duine, b'ḟéidir, “Cad 'n-a ṫaoḃ nár éiriġis as an obair láiṫreaċ nuair a h-iaraḋ ort an ḃeart spriúnlaiṫe sin do ḋéanaṁ?”

Neósfad-sa san duit. D'innseas ċeana conus mar a ḃí an leaḃarlann i gCill Úird fé ċoṁairce

Ḃríġde Naoṁṫa againn, agus conus mar a ḃí an leaḃarlann i Ráṫ Ċormaic, agus an banna práis, agus an ceól, fé ċomairce Ḃríġde againn. Ḃí an obair go léir fé ċomairce Ḃríġde. Ċóṁ luaṫ agus d'osgalas an sgoil sa Ráṫ ċuireas an sgoil agus an obair agus mé féin agus gaċ aon rud a ḃain leis an ngnó, fé ċomairce Ḃríġde. Agus go mór mór, ḃí an staonaḋ ó gaċ deoċ meisgeaṁail fé n-a comairce agam. Ḃríġid Naoṁṫa, Muire na nGaeḋal, isí fé ndeara dóṁ-sa an ḟearg do ḃrúṫ fúm an uair úd, nuair a h-iaraḋ orm an ḃeart spriúnlaiṫe úd a ḋéanaṁ. Ní ḟéadainn gan gáire ḋéanaṁ, i gcaiṫeaṁ an lae 'n-a ḋiaiġ san, nuair a ċuiṁniġinn ar a luiġead d'á ḟios a ḃí ag an sagart boċt úd gur ḃ' ar Ḃríġid Naoṁṫa ba ċeart dó a ḃuiḋeaċas a ḃeiṫ aige nár ċaiṫeas ċuige an sgoil, agus ná dúḃart leis, " Má's maiṫ leat airgead a ḋéanaṁ as an sgoil, múin féin í, dein féin an obair."

Ḃí cúis eile agam, leis, le gan an sgoil do ċaiṫeaṁ ċuige. Ṫeastuiġ uaim an gnó do ċríoċnuġaḋ dos na buaċaillíḃ a lean mé. D'á gcaiṫinn uaim an sgoil do ċaillfinn orṫa san. Ḃéaḋ san spriúnlaiṫe, leis. Ní ḟeadar ná gur ṫúisge leó an t-airgead do ḋíol 'ná mise d'éiriġe as an obair. Is dóiċ liom gur ṫúisge. Aċ pé 'cu ba ṫúisge nó nár ṫúisge ní ṫógfainn-se aon airgead uaṫa.

D'á éaġmuis sin airis, ḃí cuid des na buaċaillíḃ a ḃí tagaiṫe ċun na sgoile ó'n sráid agus ó'n gcóṁarsanaċt, agus ḃí aiṫne curṫa agam orṫa, agus ḃí fáġalṫa amaċ agam go raiḃ árd éirim aigne acu. Ṫuigeas gur ḃ'ḟiú iad raint d'á nduaġ ḋ'ḟáġail. Do ḃrúṫfainn a lán feirge fúm ní ba ṫúisge 'ná mar a stadfainn d'iad a ṁúineaḋ agus iad cóṁ maiṫ

san ċun an eóluis do ġlacaḋ. D'á éaġmuis sin go léir, ḃí an ġeallaṁaint i dtaoḃ staonaḋ ó'n ndeoċ meisgeaṁail déanta ag an uile ḋuine des na buaċaillíḃ a ḃí tagaiṫe ċúġam ó'n áit. Dá n-eiriġinn as an obair an uair sin ḃí gaċ aon ċontaḃairt go raġaḋ an ġeallaṁaint sin ar neaṁníḋ i n-aigne a lán de'n ṁuíntir a ḃí tar éis í ḋéanaṁ. Ḃí greim eile leis, orm. An obair a ḃí agam 'á ḋéanaṁ ċóṁ fada roimis sin i n-onóir do Ḃríġid Naoṁṫa, i n-onóir do Ṁuire na nGaeḋal, obair ab eaḋ í ná féadfainn a ċur uaim. Gan aṁras ḃí iongnaḋ ar na daoine a ċonaic mé ag déanaṁ na h-oibre sin, aċ níor ṫuigeadar na greamana a ḃí orm. Do socaruiġeaḋ ná ḃéaḋ aon ċuid d'obair na paróiste orm, aċ neaṁníḋ ab eaḋ an socaruġaḋ san. Ḋeineas mo ċion d'obair na paróiste ċóṁ maiṫ le các. Is dóiċ liom gur ṁeas a lán daoine gur diṫ céille a ḃí orm. Níor ḃ' aon iongnaḋ iad 'ġá ráḋ. Aċ níor ṫuigeadar na greamana a ḃí orm.

"Fágaimís siúd mar atá sé!"

XXIII

An LAND LEAGUE

Is dóiċ liom gur díreaċ agus mé ag imṫeaċt ó Maġċromta do leigeaḋ Miċeál Daiḃéid amaċ as an bprisún. Ṫáinig samraḋ ana ḟliuċ, agus fóġṁar ana ḟliuċ. Ní raiḃ aon ḃreiṫ ag daoine ar

ċíosanaiḃ do ḋíol. Do ṫuig cuid des na tiġearnaiḃ talṁan ṫiar i gConaċtaiḃ go mbéaḋ na feirmeóirí a d'iaraiḋ locáiste ḋ'ḟáġail. Níor ṁaiṫ leis na tiġearnaiḃ aon locáiste ṫaḃairt uaṫa. Ċuireadar glaoḋ amaċ ċun a ċéile agus ṫánadar i bfoċair a ċéile ar aon láṫair, agus ṡocaruiġeadar ar gan aon locáiste ṫaḃairt d'aon tineóntaiḋe. Is cuiṁin liom go dtáinig ana ḃrón agus ana ḃuairt orm nuair airiġeas an sgéal san. Ḃí ḟios agam ná béaḋ aon ḃreiṫ ar na cíosanaiḃ do ḋíol. Ṁeasas ansan go gcaiṫfí na daoine go léir amaċ as a gcuid talaiṁ, agus go mbéaḋ airís againn an léirsgrios a deineaḋ ar Éirinn i mbliain a h-oċt a's daċaḋ. Ḃíoḋ an maċtnaṁ san ag baint codla na h-oíḋċe ḋíom. Níor ḃ'ḟada go dtáinig sgéal eile aniar ċúġainn. Do ċonaic Míċeál Daiḃéid an rud a ḃí déanta ag na tiġearnaiḃ. Ċuir sé amaċ glaoḋ ċun na dtineóntaiṫe 'ġá iaraiḋ orṫa teaċt i bfoċair a ċéile ar aon láṫair. Ṫánadar. Do labair sé leó. Ḃ'é toraḋ a ċainte gur socaruiġeaḋ ar gan aon leaṫṗinne cíosa ṫaḃairt d'aon tiġearna talṁan ná taḃarfaḋ locáiste maiṫ uaiḋ. Ṫug san "cor i n-aġaiḋ an ċaim" dos na tiġearnaiḃ. Ṫuigeadar féin gur ṫug. Ḃíodar ar buile. Do rugaḋ ar Ṁíċeál Daiḃéid agus do sáḋaḋ isteaċ airís é sa prísún. Ní raiḃ sé amuiċ aċ ar ṫicéad. Do briseaḋ a ṫicéad agus do cuireaḋ isteaċ airís é. Aċ ní mar a meastar a ḃítear go minic. Ḃí Disraeli 'n-a príoṁṁinistir nuair a briseaḋ ticéad Ṁíċíl Daiḃéid. Trí seaċtṁaine díreaċ 'n-a ḋiaiġ san do caiṫeaḋ Disraeli agus a ḃuiḋean amaċ a' h-obair an Riaġaltais, agus ċuaiḋ Gladstone isteaċ. An túisge 'n-a raiḃ Gladstone istiġ do h-osgalaḋ dorus an prísúin

airís, agus do leigeaḋ Daiḃéid amaċ. Ansan iseaḋ tosnuiġ an ġleic idir na tineóntaiṫiḃ agus na tiġearnaiḃ.

Ḃain san an ḃuairt mór díom-sa, aċ mar sin féin ní raḃas gan eagla. Ḃí eagal orm ná béaḋ sé de ṁisneaċ ag na tineóntaiṫiḃ an fód do ṡeasaṁ. Ḃí eagal orm ná creidfidís go mbéaḋ aon ḃreiṫ acu ar an gcíos do coimeád gan an sirriaṁ do teaċt láiṫreaċ agus iad do ċaiteaṁ amaċ. Nuair a conacadar Miċeál Daiḃéid tagaiṫe amaċ as an bprísún i n-aiṁḋeóin na dtiġearnaí talṁan is ar éigin féadadar an sgéal do ċreideaṁaint. Aċ níor ḃ' fadá go raiḃ sé ansúd tiar 'n-a measg airís 'gá innsint dóiḃ conus a ḋéanfaidís na tiġearnaí do troid. Ḃa ró ḋeacair a ċur 'n-a luiġe orṫa gur ḃ' féidir an troid sin do ḋéanaṁ i n-aon ċor. Ḃí sé daingean 'n-a n-aigne ná raiḃ ag an landlord aċ teaċt agus iad do ċaiteaṁ amaċ ċóṁ luaṫ agus diúltóċaidís do'n ċíos a ḋíol.

" Má ṫéiġean siḃ ag triall air i nḃúr nduine agus i nḃúr nduine féadfaiḋ sé siḃ a ċaiteaṁ amaċ i nḃúr nduine agus i nḃúr nduine. Féadfaiḋ sé an duine a ḋiúltóċaiḋ do ċaiteaṁ amaċ láiṫreaċ. Aċ má ṫéiġean gaċ buiḋean tineóntaiṫe ag triall air i n-aonḟeaċt agus an diúltuġaḋ ḋéanaṁ i n-aonḟeaċt, cé féadfaiḋ sé a ċaiteaṁ amaċ? Ní ḃeiḋ an diúltuġaḋ aige le cur i leiṫ aon duine fé leiṫ. Ní féidir dó an dlíġ ċur oraiḃ go léir i n-aonḟeaċt. Téiġeaḋ an buiḋean ag triall air agus tairgidís an cíos dó, aċ amáin an locáiste a ḃeiḋ uaṫa. Má diúltuiġean sé do'n locáiste ṫaḃairt tagaḋ an buiḋean uaiḋ gan aon ċíos a ṫaḃairt dó. Tá easḃa airgid ar a lán acu, agus taḃarfaid siad

uata an locáiste d'fonn an chuid eile d'fágail láithreach."

Ní ró mhór an meas a bhí ag cuid acu ar an gcómhairle. Bhí an taithíghe acu riamh ar a toil féin do thabhairt do'n tighearna talmhan; ar aon chíos a h-iarrfí orta do dhíol níba thúisge 'ná eagla an eviction a bheith ag baint codla na h-oídhche díobh. Ach bhí cuid acu, leis, agus ba thúisge leó aon tsaghas troda dhéanamh, pé rud a thiocfadh as dóibh, 'ná beith ag sglábhaidheacht ag déanamh airgid do dhaoinibh díomhaoine agus 'gá síneadh amach chúcha agus gádh acu féinig leis. Do cuireadh an Land League ar bun. I ndiaigh ar ndiaigh do leath an obair go dtí go raibh buidhean de'n chonnradh san ins gach paróiste. Do cuireadh buidhean acu ar bun go luath sa Ráth. Is cuimhin liom an lá go maith. Bhí cruinniughadh mór daoine ann, i bpáirc ná raibh abhfad ó m' sgoil. Chuas féin agus mo sgoláirí go léir go dtí an cruinniughadh.

Tháinig smaointe áirighthe chun m' aigne nuair a chuas isteach ameasg na ndaoine. Chuimhnigheas ar an am úd nuair a bhíos istigh sa choláisde i Maigh Nuadhat agus an páipéar úd i mBaile Átha Cliath ag tromaidheacht go dian orm féin agus ar an gcuid eile againn, 'gá rádh go rabhamair ag gabháil páirte le cómhachtaibh Sasana, agus a fhios againn féin istigh i n-ár gcroídhe gur b' éitheach é sin; nách ag gabháil páirte le cómhachtaibh Sasana a bhíomair ach ag gabháil páirte le n-ár ndaoine féin, le muintir na h-Éireann, a d'iaraidh iad do choimeád o dhul isteach i n-imreas le cómhachtaibh Sasana an faid a bhí an t-arm go léir acu san agus san ag muintir na hÉireann ach láma folama. Bhí fios againn go dian mhaith dá dtéigheadh muintir na n-Éireann i ngleic de'n tsórd san le cómhachtaibh

Ṡasana an uair sin nár ḃ'ḟéidir a ḃeiṫ ar an ngleic aċ an t-aon deire aṁáin, caṫ fuilteaċ b'ḟéidir, agus ansan an t-informer agus an ċroċ, agus an t-airgead fola, agus an loċ amaċ, agus croíḋte briste ag aiṫreaċaiḃ agus ag máiṫreaċaiḃ agus ag daoine muínteartṫa sa ḃaile. Ḃí fios againn go dian ṁaiṫ, dá mḃéaḋ a ṡeaċt n-oiread armála ag muíntir na h-Éirean agus a ḃí acu an uair sin, dá mḃéaḋ oiread armála acu, agus oiread saiḋḃris, agus oiread nirt slóġ, agus go ḃféadfidís an ġleic do ċoiméad ar siúḃal i gcoinniḃ Ṡasana ar feaḋ fiċe blian, go gcaillfeaḋ Sasana a raiḃ an tsaoġal aici, ó ċroicean amaċ, go gcaillfeaḋ sí an croicean féin, go gcaill-feaḋ sí an t-anam, níba ṫúisge 'ná mar a leigfeaḋ sí do ṁuíntir na h-Éirean an láṁ uaċtair a ḋ'ḟáġail. Cá raiḃ an gustal ? cá raiḃ an púdar ? cá raiḃ na gunaí móra, ná na gunaí beaga ? Cá raiḃ an neart slóġ ? Cá raiḃ aon rud i n-aon ċor a ċuirfeaḋ ar a gcumas do ṁuíntir na h-Éirean gleic de'n tsórd san do ṡeasaṁ i n-aġaiḋ Ṡasana ?

Aċ nuair a ṫáinig an ġleic eile seo, an ġleic idir na feirmeóirí agus na máiġistirí talṁan, ḃí an sgéal ataruiġte ar fad. Ní faoḃar ná fuil ná púdar ná teine ná gunaí móra ná gunaí beaga a ḃí i gcás feasta, aċ gaċ aoinne do ċoiméad a ġreama ar a ċuid féin. Ní ḃrisean duine dlíġ Dé ná dlíġ ríġeaċta nuair ná déinean sé aċ a ċuid féin a ċoiméad. Siné an teagasg a ḃí le taḃairt ó'n árdán do'n ṗobul a ḃí cruinniġte ansúd an lá úd sa ṗáirc úd i n-aice an Ráṫa. Ní raiḃ ar mo ċumas-sa, nuair a ḃíos istiġ sa ċoláisde ná nuair a ṫánag amaċ as an gcoláisde, páirt do ġaḃáil leis na Fíníniḃ, ná cóṁairle taḃairt a ċomáinfeaḋ ar aġaiḋ iad sa ḃfuadar a ḃí fúṫa

Ní raiḃ aon ruḋ ċun mé ċosg ar ċóṁairle ṫaḃairt do ṗobul feirmeóirí, agus a ráḋ leo imṫeaċt ar agaiḋ sa ḃfuadar a ḃí fúṫa.

Ṫuigeas go raiḃ gáḋ le cóṁairle acu. Ḃíodar ansúd am' tímpal agus iad go dúr agus go gruamḋa. An seana sgannraḋ orṫa. An t-eagla orṫa go mbéarfaí orṫa ar ball agus go gcuirfí an dlíġ orṫa, mar ba ġnáṫ riaṁ, agus gur ḃaoġal ná tiocfaidís saor, bíoḋ ná raiḃ dlíġ Dé ná dlíġ ríġeaċta 'á ḃriseaḋ acu. Ḃíos ag faire orṫa agus ċonac 'n-a ngnúiseanaiḃ an ġruaim, agus an sgannraḋ, agus an droċ iontaoiḃ asta féin agus as a ċéile. Sgannraḋ ar gaċ aoinne le h-eagla go neósfaí do'n ṁáigistir go raiḃ sé sa ṗáirc sin an lá san. Ní raiḃ aoinne ar an árdán fós aċ triúr nó ceaṫrar garsún. Ansan ṫáinig sagart óg láidir ó Ċontae Luimniġe agus ċuaiḋ sé anáirde ar an árdán. Ċuas féin anáirde i n-aonfeaċt leis. Ṫosnuiġ sé ar ċaint, agus ba ḋian ṁaiṫ ċuige é. Do laḃair sé go ṗána 'ġá ṁíniuġaḋ conus mar a ḃí na máiġistirí ag déanaṁ éagcóra ar na feirmeóiriḃ, ag éileaṁ ċíosa nár ḃ' ḟéidir a ḋeanaṁ as an dtalaṁ. Ḃí na feirmeóirí ag éisteaċt leis an gcaint agus iongnaḋ orṫa a ráḋ go raiḃ sé de sgairt ag aoinne an ḟírinne ḋ'innsint amaċ cóṁ neamḃalḃ san. Ḃí seisean ag caint agus ḃíos-sa ag faire orṫa-san. Ṫáinig tuille sagart. Do léim gaċ sagart, fé mar a ṫáinig sé, do léim sé suas ar an árdán, go dtí go raiḃ oiread san againn ann gur ḃ' ar éigin a ḃí slíġ d'á tuille againn ann.

Seo ruḋ a tugas fé ndeara an lá san, agus nior sgar sé le m' ċuiṁne riaṁ ó sin ná ni sgarfaiḋ go deó. Nuair a ċonaic na daoine an brúċ sagart

ṫuas ar an árdán agus gaċ aon tsagart acu, pé mar a láḃraḋ sé, ag labairt níba ḋána agus níba ḋásac-taiġe 'ná an t-é a labair roimis, do ṫosnuiġ an ġruaim agus an t-eagla agus an droċ iontaoiḃ ar imṫeaċt as a ngnúisiḃ. D'ḟéadas a léiġeaḋ i n-aġaiḋ gaċ duine acu, ċóṁ soiléir díreaċ agus dá labraḋ sé liom, an ċaint seo: "Seaḋ! an faid atáid na sagairt sin go léir ansúd ṫuas ar an árdán ní baoġal dúinn!" Ċonac an méid sin agus ḃí áṫas mór orm, agus ḃíos ana ḃuiḋeaċ des na sagart-aiḃ mar ġeall ar ṫeaċt agus ar ṡeasaṁ ansúd, idir na feirmeóiriḃ boċta agus na h-annsgiain a ḃí ag fásgaḋ an anama asta. Ḃí áṫas mór eile orm leis, agus cúis ba ṁó 'ná san féin agam ċun an áṫais. Pé deire ṫiar ṫall ḃí le feisgint ag an saoġal mór náċ aon ḃáiḋ le muintir Ṡasana ná le n-a ndliġṫiḃ pé ndeara do ṡagartaiḃ na h-Éireann beiṫ i gcoinniḃ na bḟíníní, agus gur ṁór agus gur tiubaisteaċ an éagcóir a deineaḋ orṫa nuair a dúḃ-raḋ gur ḃ' eaḋ.

XXIV

AṪARUĠAḊ AR AN SAOĠAL

Do cuireaḋ buiḋean de'n Land League ar bun sa Ráṫ. Ṫagaḋ na feirmeóirí ó'n gcóṁarsanaċt isteaċ ann cúpla lá sa tseaċtṁain. Do ḋíolaḋ gaċ aoinne acu roinnt beag airgid ċun costais na buiḋne. Roinnt

ḃeag ab eaḋ é, agus ríġin go leór á ḃíḋis ’ġá ḋíol, go dtí gur tosnuiġ neiṫe áiriġṫe ar tuitim amaċ ar fuaid na tíre agus gur tosnuiġ a dtuairisgí ar teaċt amaċ ins na páipéaraiḃ.

Ṫáinig tuairisg amaċ i bpáipéar lá ar ġníoṁ a ḋein buiḋean tineóntaiṫe i n-áit éigin. Gur ċuir an máiġistir a teaċtaire ċúca mar ba ġnáṫ ’ġá ráḋ leó go tur teaċt a leiṫéid siúd de lá agus an cíos do ḋíol. Gue ġluaiseadar an lá a ḃí ainimniġṫe dóiḃ, aċ gur i n-aonḟeaċt a ġluaiseadar. Gur ċuadar i n-aonḟeaċt i láṫair an ṁáiġistir. Go ndúḃradar leis ná tabarfaidís aon ċíos dó gan a cúig fiċid fé’n gcéad locáiste ḋ’ḟáġail uaiḋ, .i. an ceaṫraṁaḋ pingin, .i. coróinn fé’n bpúnt. Gur eiriġ sé ar buile agus go ndúḃairt sé ná tabarfaḋ, ná oiread agus leaṫpinne. Gur éisteadar leis go ciúin go dtí go raiḃ an fearg curṫa ḋé aige. Ansan go raiḃ aiġneas mór agus aragóint ṁór idir iad féin agus é féin. Fé ḋeire gur leag sé an cúigṁaḋ pingin dóiḃ, .i. a fiċe fé’n gcéad .i. ceiṫre sgillinge fé’n bpúnt.

D’osgail gaċ aoinne a ṡúile, agus do leaṫ gaċ aoinne a ḃéal, agus do taraing gaċ aoinne anál breaġ fada, nuair a léiġeaḋ an tuairisg sin amaċ as an bpáipéar dóiḃ. Ḃí iongnaḋ agus alltaċt orṫa. I gcionn raint laeṫanta do léiġeaḋ amaċ dóiḃ tuairisg eile de’n tsaġas céadna. I gcionn seaċtṁaine tuairisg eile. Aċ aiḋe! As san amaċ do ċífeá láṁ gaċ aoinne acu síos i bpóca a ḃriste go fonnṁar, agus an t-airgead geal ag teaċt ’n-a ċruaċaiḃ ar an mbórd ċúġainn.

Ḃí iongnaḋ a gcroíḋe orṫa. Níor airiġeadar a leiṫéid d’obair riaṁ. Dlíġ, agus prisún, agus

caiṫeaṁ amaċ, agus tógáilt sealḃa, agus imṫeaċt le fuaċt agus le fán iseaḋ ceapadar a ṫiocfaḋ a' diultuġaḋ do'n ċíos a ḋíol, agus b'ṡin coróinn fé'n bpúnt tagaiṫe as dóiḃ siúḋ, agus ċeiṫre sgillinge fé'n bpúnt dóiḃ siúd eile! Cad é mar aṫaruġaḋ ag teaċt sa tsaoġal!

Ċuiṁniġeas féin ar an aimsir a ḃí curta ḋíom agam, ar Ṡaunders agus ar Ḃroderick, agus ar an ndliġ agus ar an gclampar, agus ar an "smut de ġé úd a h-iteaḋ fadó nuair a ḃí an Nodlaig ann," agus go deiṁin do ġaḃas mo ḃuiḋeaċas ó ċroiḋe le Dia na Glóire a ḃreiṫ am' ḃeaṫaiġ orm go bfeaca an t-aṫaruġaḋ aimsire sin, agus an sgeiṁle sin agus an briseaḋ caṫa san tagaiṫe ar na biṫeaṁnaiġ. An láṁ uaċtair fáġalta againn orṫa ċóṁ crioċnuiġṫe agus dá mbeimís tar éis éirliġ Cluana Tairḃ a ḋ'imirt orṫa ṫíos ar ṁaċaire Ċille Dara!

Duine anoir ó Ċill Moċeallóg a ḃíoḋ sa ċaṫaoir againn i gcaiṫeaṁ na h-aimsire sin. Ṫagaḋ sé anoir gaċ aon lá a ḃíoḋ cruinniuġaḋ buiḋne againn. Ṫéiġinn-se ann uaireanta, aċ ní ḟéadainn dul ann i gcóṁnuiġe toisg cúram na sgoile ḃeiṫ orm. Ḃí gaċ aon ruḋ ag eiriġe linn go h-áluinn go dtí gur ṫáinig lá áiriġṫe. Ṫáinig cúntas sa ṗáipéar ar ruḋ a ṫuit amaċ ṫiar i dTráiġ Lí. Ḃí buiḋean Ṫráġa Lí cruinniġṫe 'n-a seómra agus iad ag déanaṁ a ngnóṫa. Go h-oban, agus gan blúire coinne acu leis, do ṗreab ċúca isteaċ buiḋean luċt airm, agus do gaḃaḋ 'n-a bprísúnaċaiḃ a raiḃ sa tseómra. Do ġluais an tuairisg sin ar fuaid na h-Éirean. Ṫáinig crit ċos agus láṁ ar a lán de ṁuintir an Land League. Cúpla lá 'n-a ḋiaiġ san a ḃí buiḋean an Ráṫa le cruinniuġaḋ ċun gnóṫa. Do ċruinniġ an buiḋean,

aċ níor ṫáinig fear na cataoireaċ. Níor ḟéadaḋ aon obair a ḋéanaṁ an lá san. Siúd isteaċ sa sgoil ċúġam-sa an ḃuiḋean go léir tar éis na h-oíḋċe tuitim. Do ṡuiġeadar isteaċ ins na suiḋċánaiḃ mar a ṡuiġeaḋ na buaċaillí i gcaiteaṁ an lae. Do laḃair duine acu.

“Tá níḋ againn le h-iaraiḋ ort, a Aṫair,” ar seisean, “agus tá súil againn ná tógfair orainn é, agus ná h-eiteóċair sinn.”

“Tá go maiṫ,” arsa mise. “Cad tá uaiḃ?”

“Ní’l aon ḟear cataoireaċ againn,” ar seisean. “Ar ḃ’ é do toil-se, a Aṫair, teaċt agus ḃeiṫ ad’ ḟear cataoireaċ againn?”

“Aċ! mura ḃfuil uaiḃ aċ an méid sin,” arsa mise, “ní deacair siḃ a ṡásaṁ. Ṁeasas gur rud éigin ana ṁór a ḃí uaiḃ. Tiocfad agus fáilte,” arsa mise. “Catain a ḃeiḋ an ċéad ċruinniuġaḋ eile agaiḃ?”

“Ba ṁaiṫ linn é ḃeiṫ againn amáireaċ ar a sé ’ċlog um tráṫnóna, i dtreó ná beifeá ag obair sa sgoil le n-a linn,” ar seisean.

“Tá go maiṫ,” arsa mise. “Ḃéad-sa agaiḃ ar a sé ’ċlog um tráṫnóna amáireaċ, le congnaṁ Dé.”

Ċuas go dtí an seómra ar a sé ’ċlog um tráṫnóna amáireaċ a ḃí ċúġainn. Ḋeineamair ár ngnó go breaġ réiḋ socair. Níor ṫáinig “peeler” ná saiġdiúir ċúġainn. Níor ṫáinig a tuille tuairisge ċúġainn ó Ṫráiġ Lí. Do ġluais an obair ar fuaid na tíre, na feirmeóirí ag dul ’n-a mbuiḋnib i n-aonḟeaċt ag éileaṁ na locáistí, agus na locáistí acu d’á ḟáġail tar éis aiġnis, agus misneaċ na ndaoine ag borraḋ agus ag neartuġaḋ i n-aġaiḋ an lae.

Ní raiḃ aon ḃáiḋ, áṁtaċ, ag an sagart paróisce

leis an Land League. Ḃí sé aosta. Is dóċa gur ċeap an duine boċt ná raiḃ sa Land League aċ Fíníní fé ainim eile, agus ná raiḃ i gcóṁairle an Land League aċ cóṁairle aiṁleasa. Pé rud a ċeap sé ní raiḃ aon ḃáiḋ aige leis an obair. Is dóiċ liom gur sgríoḃ sé ag triall ar an Easbog 'ġá iaraiḋ air cóṁairle taḃairt dóṁ-sa, agus a ráḋ liom nár ḃeag dom cúram na sgoile agus gan cúram an Land League a ḃeiṫ orm 'n-a teannta. Ṫáinig leitir ċúġam ó'n Easbog 'á ráḋ liom go raiḃ eagal air go ḃfanfaḋ cuid des na buaċaillíḃ ó'n sgoil mar ġeall ar mise ḃeiṫ sáiḋte sa Land League. Do sgríoḃas ċuige agus dúḃart leis mar seo.

"A Ṫiġearna Easboig," arsa mise, "i n-ineaḋ aon ḋíoḃála ḋéanaṁ do'n sgoil is tairḃe a ḋéanfaiḋ sé ḋi mé ḃeiṫ sa Land League. Is clann feirmeóirí na buaċaillí go léir atá ag teaċt ċun na sgoile, aċ aṁáin beirt, agus tá báiḋ ana ṁór ag aiṫreaċaiḃ na beirte sin féin leis an Land League.

"Agus tá níḋ eile sa sgéal, a Ṫiġearna Easboig," arsa mise. "Dá n-abrainn-se leis na fearaiḃ úd a ṫáinig ċúġam an oiḋċe úd, 'á iaraiḋ orm ḃeiṫ am' stiúrtóir orṫa, dá n-abrainn ná féadfainn é mar nár ḃeaġ dom cúram na sgoile ḃeiṫ orm, cad is dóiċ leat a ḋéarfaiḋís? Déarfaiḋís gur eagla roimis na "peelers" a ḃí orm. Náċ deas a ḃéaḋ an sgéal ansan agam? Go mór mór nuair ná raiḃ an t-eagla san orm, ná aon níḋ d'á ṡórd. Conus ḟéadfainn féaċaint ins na súiliḃ ar na fearaiḃ úd go deó dá dtaisbeánainn an ṁeattaċt an uair sin? Go mór mór nuair ná raiḃ an ṁeattaċt ionam!"

Ní ḃfuaras a tuille "cóṁairle" ó'n Easbog. Níor ċuir san aon iongnaḋ orm. Ní raiḃ 'á ḋéanaṁ

agam aċ an ruḋ a ḋéanfaḋ sé féin dá mbéaḋ sé am' ineaḋ. Cártaċ ab eaḋ é. Níor ḋual ḋó aon ṁeat-taċt a ḃeiṫ ann; agus ní raiḃ.

Do ġluais obair na sgoile agus an obair eile i n-aonfeaċt, agus ḃíomair ag cur an tsaoġail ḋínn. Ḃí an sagart paróiste flaiteaṁail. Ḃímís, mé féin agus an sagart óg eile, ar dinnéar aige go minic. Ḃíomair 'n-a tiġ lá áiriġte ar dinnéar. Ḃí seisear nó mór ṡeisear eile ann, leis. Daoine ab eaḋ a ḃformór ná raiḃ aon ḃáiḋ acu leis an Land League aċ ċóṁ beag agus ḃí ag fear an tiġe. Do ġluais caint eatarta, mar seo.

“Náċ ar a ṁargaḋ a ṁairean gaċ aoinne? Nuair a ḋéanfaiḋ duine margaḋ, náċ ceart ḋó an margaḋ do ṡeasaṁ? Nuair a ḋéanfaiḋ feirmeóir margaḋ le tiġearna talṁan agus nuair a ġeallfaiḋ sé cíos áiriġte do ḋíol a' feirm tailiṁ, ná fuil ceangailte air an cíos san do ḋíol nó an talaṁ do ṫabairt tar n-ais do'n t-é gur leis é?”

Ḃíos ag éisteaċt leis an gcaint agus fearg ag éiriġe istiġ ionam. Fé ḋeire do laḃras.

“Ba ṁaiṫ liom ceist a ċur ċúġat, a Aṫair,” arsa mise le fear an tiġe, “má 'sé do toil é.”

“Ó, cuir, cuir, a Aṫair,” ar seisean.

“Ḃí aiṫne agam ar ḟear,” arsa mise, “agus ḃí feirm tailiṁ aige, agus ḃí deiċ bpúint a's daċad cíosa aige 'á ḋíol as an ḃfeirm. Ḃí léas aige ar an ḃfeirm. Do ṫuit an léas timpal doséan blianta ó ṡin. Ṫáinig an máiġistir ċuige. ‘Tá an ḟeirm seo agat le fada ar deiċ bpúint a's daċad sa mbliain,’ ar seisean. Níor laḃair an fear eile focal. ‘Caiṫfir céad púnt sa mbliain cíosa do ḋíol as an ḃfeirm seo feasta,’ arsa'n máiġistir. Níor laḃair an fear eile focal.

'Tá tiġ nua déanta anso agat,' arsa'n máiġistir. 'Is dóċa gur ċaillis cúpla céad púnt leis. Laṁálfar dá ċéad duit as pé rud a ċaillis leis. Do réir ċúig púint fé'n gcéad ḋéanfaḋ san deiċ bpúint sa mbliain. Leagfar an cíos an méid sin duit. Fágfaiḋ san deiċ bpúint 's ceiṫre fiċid sa mbliain cíosa ort féasta. An bḟuilir sásta leis sin?' Níor laḃair an fear eile focal. Do stad an máiġistir ar feaḋ tamaill ag feiṫeaṁ féaċaint cad déarfaḋ an tineóntaiḋe. Níor laḃair an tineóntaiḋe focal. Fé ḋeire do laḃair an máiġistir airís. 'Is cuma liom sa diaḃal cé'cu taoí sásta nó ná fuilir,' ar seisean, 'aċ siné an cíos a ċaiṫfir a ḋíol feasta!' An dtaḃarfá-sa margaḋ ar an méid sin deiġleála, a Aṫair?" arsa mise leis an sagart paróiste.

Is dóċa go raiḃ faoḃar ar mo ċaint, mar níor laḃair sé féin ná aoinne ar feaḋ tamaill.

"Ó," ar seisean fé ḋeire, "cás fé leiṫ iseaḋ é sin."

"Ní h-eaḋ, a Aṫair," arsa mise. "Cás coitċian iseaḋ é. Táim ag féaċaint ar ġnóṫaiḃ talṁan idir ṁáiġistiriḃ agus tineóntaiṫe anois le daċad éigin bliain, agus ní ḟeaca riaṁ fós a ṁalairt sin de ṡaġas margaiḋ 'á ḋéanaṁ eatarṫa. Ní ḟeaca riaṁ aċ cíos d'á árduġaḋ gaċ aon uair a ṫuiteaḋ léas, nó gaċ aon uair a ḋeineaḋ an tineóntaiḋe aon ḟeaḃas do ċur ar an bfeirm le n-a ṡaoṫar féin."

Ḃí firín beag seaḃcaiḋe, camṡúileaċ, 'n-a ṡuiḋe ar m' agaiḋ anonn ar an dtaoḃ eile de'n ḃórd. D'ḟéaċ sé anall orm agus do laḃair sé.

"Agus, a Aṫair," ar seisean, "mura raiḃ sé sásta le deiċ bpúint 's ceiṫre fiċid cíosa do ḋíol as ar

ḃfeirm, caḋ 'n-a ṫaoḃ nár laḃair sé agus a ráḋ ná raiḃ sé sásta ? ”

“ Tá go breaġ, a ṁic ó,” arsa mise leis. “ Dá n-abraḋ sé ná raiḃ sé sásta do caiṫfí amaċ é as an dtiġ a ḋein sé féin dó féin agus d'á ṁnaoi agus d'á ċlainn. Ansan is dóċa go dtaḃarfá-sa beiṫ istiġ dóiḃ ! ”

Níor laḃair sé sin a ṫuille. Do taraingeaḋ aḋḃar éigin eile cainte anuas an ċuid eile de'n tráṫnóna. Níor ḃeag leó de'n “ ṁargaḋ ” úd, margaḋ an leaṫ-taoiḃ, “ raint na cailliġe, mar is áil léi féin é.”

Táinig sagart riaġalta ċun an Ráṫa ag taḃairt misiúin uaiḋ. Ċonaic sé an sgoil. “ Sgoil Ḃríġde Naoṁṫa,” an ainim a ḃí agam ar an sgoil. Do taiṫn an sgoil leis go mór. Ċuir sé aiṫne ar ċuid des na buaċaillíḃ. Ḃí sgoil curta ar bun aige féin ṫíos i gcaṫair Luimníġe. Ċun buaċaillí do ṁúineaḋ agus sagairt a ḋéanaṁ díoḃ, dá mb' é toil Dé é, agus iad do ċur anonn i ndúṫaiḃ iasaċta ag leaṫaḋ an ċreidiṁ iseaḋ ċuir sé an sgoil sin ar bun. De ṁuintir Rónáin ab eaḋ é. Deireaḋ sé go raiḃ ana iontaoiḃ aige as buaċaillíḃ boċta na h-Éirean ; go raiḃ mianaċ fóġanta ionta ; gur ó ríogra Éirean a síol-raḋar ; go raiḃ an braon uasal ionta bíoḋ go mb' féidir ná raiḃ saiḋḃreas saoġalta acu ; gur ḃ' fearr na sagairt a ḋéanfaidís 'ná mar a ḋéanfaḋ clann na ndaoine saiḋḃre a ḃí againn ; mura raiḃ an saiḋ-ḃreas acu go raiḃ an uaisleaċt aigne ionta ó ḋúṫċas. “ An Sgoil Asboltaċ ” an ainim a ḃí ar an sgoil aige. Do casaḋ mo ḃuaċaill-se, Toirḋealḃaċ ua Siaḋail, air. Ċuireadar aiṫne ar a ċéile. Nuair a ḃí sé ag imṫeaċt d'imṫiġ Toirḋealḃaċ i n-aonfeaċt leis.

I gCualaċt Íosa iseaḋ ḃí an t-Aṫair Ua Rónáin.

Ċuir sé Toirḋéalḃaċ isteaċ sa Sgoil Asbolṫaċ. Tá Toirḋéalḃaċ 'n-a ṡagart anois, i gCualaċt Íosa, ṫiar i n-America, agus is creideaṁaint é do'n Ċualaċt san, agus d'á ṁuintir, agus d'á tír ḋúċais, agus dóṁ-sa, ó's mé ċuir an ċéad láṁ ann.

Ḃí buaċaill eile agam sgoil. Leis an áit iseaḋ ḃain sé. [1] Doṁnall ó Mainċín ab ainim dó. Tá sé anois i n-a Árdeasbog ṫall i Melbourne. Tá a lán eile des na buaċaillíḃ a ḃí agam ar an sgoil tar éis dul ċun cinn go maiṫ, cuid acu 'n-a sagartaiḃ agus cuid acu i ngairmiḃ bunúsaċa eile.

XXV

Éagcóir agus Díoġaltas agus Smaċt-dliġṫe

Seo ceist. Conus a ṫárla gur ḟéad na feirmeóirí, an uair sin, a leiṫéid de ḃriseaḋ caṫa ḋéanaṁ ar na tiġearnaiḃ talṁan? Sidé an freagra. Gladstone fé ndear é.

Do ċonaic Gladstone abfad roimis sin an ċos-ar-bolg a ḃí ag na tiġearnaiḃ talṁan 'á ḋéanaṁ ar ḟeirmeóiriḃ na h-Éirean. Le neart gastaċta agus le neart aicillíġeaċta ċuir sé dliġ tríd an bPárlimint sa ḃliain 1870 ċun a ċur ḟéaċaint ar aon

[1] Daniel Mannix.

tiġearna talṁan a ċuirfeaḋ amaċ tineóntaiḋe leórġníoṁ a ḋéanaṁ leis mar ġeall ar é ċur as a inead cóṁnuiġṫe. Ḋein na tiġearnaí sgiot sgot de'n dliġ sin. Do leanadar ag caiteaṁ na ndaoine amaċ agus 'ġá gcur le fuaċt agus le fán i n-aiṁḋeóin Gladstone agus a dliġe. Ansan, nuair a ḃí an Land League eiriġṫe 'n-a gcoinniḃ do ḋiúltuiġ Gladstone d'aon ċongnaṁ a ṫaḃairt dóiḃ i gcoinniḃ an Land League. Siné a ṁairḃ iad. Ní raiḃ aon rud 'á ḋéanaṁ ag na feirmeóiriḃ i gcoinniḃ aon dliġe. Ní raḃadar aċ ag diúltuġaḋ do ċíos a ḋíol a ḃí ró árd agus a ċuireaḋ orta d'á n-aiṁḋeóin. Níor ṫuig Gladstone go raiḃ féaċaint ar aoinne congnaṁ a ṫaḃairt dóiḃ ċun an ċíosa san do ḃaint amaċ. Ṫaisbeánadar féin ná raiḃ aon uraim do dliġ acu nuair a ḋeineadar sgiot sgot de'n dliġ úd an leórġníṁ. Gan congnaṁ ó'n riaġaltas ní raiḃ aon ḃreiṫ acu ar aon tsaġas cíosa ḃaint amaċ. Ḃíodar i gcruaḋ-ċás. Dá leanaḋ an sgéal aḃfad ar an gcuma san ḃéaḋ gaċ aon rud ar a dtoil ag na feirmeóiriḃ. Aċ níor lean.

Ḃí riaġail déanta ag an Land League, nuair a cuirfí feirmeóir as a ċuid tailiṁ tré gan é ḃeiṫ ábalta ar raṁar-ċíos do ḋíol, gan aon duine eile do ṫógaint na feirme sin. Siní an riaġail a ḃris a gcroíḋe ins na tiġearnaiḃ. Dá ndeintí beart do réir na riaġlaċ san go beaċt, níor ḃ' aon ṁaiṫ d'aon landlord tineóntaiḋe do ċaiteaṁ amaċ, mar do fágfaí an talaṁ díoṁaoin aige. Do coimeádaḋ an riaġail maiṫ go leór i n-áiteanaiḃ. Aċ do briseaḋ an riaġail anso agus ansúd. Ḃí fear le fáġail anso 's ansúd a ġéill do'n tsaint agus do tóg feirm as ar cuireaḋ duine eile amaċ. Ċuir san an fear a

cuireaḋ amaċ ar dearg-buile. Gan aon dabt ba ḋeacair feall ba ġráinne 'ná é do ḋéanaṁ. Ṫáinig as gur deineaḋ díoġaltas anso 's ansúd ar an ngrabber. B'ṡiné an céad aoiṫeó a fuair na tiġearnaí. Ḃí ḟios acu go gcaiṫfeaḋ Gladstone an dlíġ ċur i bfeiḋm i gcoinniḃ an saġas san díoġaltais, agus ḃí átas cléiḃ orṫa.

Fé mar a deintí gníoṁ díoġaltais de'n tsórd san do h-innstí an sgéal tall ar fuaid Ṡasana, agus do méaduiġtí tar na beartaiḃ é. Nuair a ḃíoḋ feirm ar a láiṁ ag landlord tar éis duine boċt éigin do ċaiteaṁ amaċ as, ḃíoḋ sé ag faire féaċaint an dtiocfaḋ fear na sainte ċuige ċun na feirme do ṫógaint. Dá dtagaḋ fear na sainte do tugtí an ḟeirm dó ana ṡaor, d'aon ġnó, ċun na riaġlaċ úd do ċur ar neaṁníḋ dá mb' ḟéidir é. Uaireanta do tugtí an ḟeirm d'ḟear na sainte gan aon ċíos ar feaḋ bliana nó ḋó, ar an inntinn gcéadna, aċ is i gan ḟios a ḋéintí é sin. Do ṁéaduiġ ar na gníoṁartaiḃ díoġaltais mar ġeall ar an gcamastuíol san. Fé ḋeire do gortuiġeaḋ daoine. Ansan do marḃuiġeaḋ daoine. Níor ḃ'ḟéidir do Ġladstone an saġas san oibre do leigint ar aġaid. Níor ḃris an tineóntaiḋe aon dlíġ nuair a ḋiúltuiġ sé do'n raṁar-ċíos a ḋíol. Níor ḃris an landlord dlíġ na ríġeaċta nuair a ċait sé amaċ an tineóntaiḋe. Ní luġa 'ná mar a ḃris sé dlíġ na ríġeaċta nuair a ḋein sé a ḋíċeal ar tineóntaiḋe eile ċur isteaċ sa ḃfeirm. Níor ḃris fear na sainte dlíġ na ríġeaċta nuair a ṫóg sé an feirin. Gan aṁras do ḃris sé dlíġ an ċirt nuair a ḋein sé ar a ċóṁarsain rud nár ṁaiṫ leis a ḋéanfaḋ an cóṁarsa air féin. Ba leis an gcóṁarsain an feirm, mar is le h-éagcóir a cuireaḋ

amaċ as an bfeirm é. Níor ċosain dlíġ na ríġeaċta ar an éaġcóir é. Níor ḋein san ceart de'n éaġcóir. Aċ do ḃris an cóṁarsa dlíġ Dé agus dlíġ na ríġeaċta i n-aonfeaċt nuair a ċuir sé an pléar tré fear na sainte mar ġeall ar an bfeirm do ḃreiṫ uaiḋ.

Timpal na h-aimsire sin do ċonac féin páipéar a táinig anall ó Lúndain: *Punch* an ainim a ḃí ar an bpáipéar san. Ḃíoḋ peictiúirí magaiḋ air, aċ bíoḋ gur peictiúirí magaiḋ iad bíoḋ bríġ doiṁinn leó uaireanta. Ḃí peictiúir acu ar an bpáipéar a ċonac; Gladstone agus culaiṫ policeman uime agus é 'n-a ċoilġ-ṡeasaṁ ar aġaiḋ siopa amaċ, agus a ḋrom le dorus an tsiopa agus é ag féaċaint uaiḋ ar ḃun an aeir. Istiġ sa tsiopa, ag an gcúntar, raint fear agus éadaċ duḃ ar a ngnúisiḃ acu, agus iad ag ceannaċ arm, gunaí agus piostail, agus claiḋṁte, agus picí. Sagart laistiġ de'n ċúntar agus é ag díol na n-arm leo. Disraeli 'n-a ṡeasaṁ amuiċ i n-aice Gladstone agus é ag féaċaint suas air agus a ṁéar sínte aige ċun an tsiopa agus an ċaint seo, mar 'ḋ eaḋ, ag teaċt as a ḃéal: "I say, Mr. Pleeceman, I think it is about time that you should look in here!"

Ansan do táinig na smaċt-dliġte i ndiaiġ 'céile, gaċ smaċt-dlíġ acu níba ġéire 'ná an smaċt-dlíġ roimis, go dtí go raiḃ fir ċreideaṁnaċa, ó gaċ aon páirt d'Éirinn, sáiḋte isteaċ ins na prisúnaiḃ, gan triail dlíġe gan breiṫ dáréag, agus go ndúḃairt Gladstone an focal úd, "The resources of civilisation are not yet exhausted."

Ḃí airgead 'á ḋéanaṁ suas ins gaċ aon áit dos na daoine a ḃí ins na prisúnaiḃ. Ċuiṁniġeas féin ar ṡliġ ċun raint airgid a ḋéanaṁ suas dos na fearaiḃ

a ḃí istiġ ó'n Ráṫ. Ṡocaruiġeas ar ṡaġas raffle a ḋéanaṁ, agus siḋiaḋ na duaiseana a ḃí ar ticéaḋ an raffle.

"A splendid Bengal tiger called 'Resources of Civilisation.' Warranted sound in wind and limb."

"A huge African elephant called 'Passive Resistance.'"

"An Egyptian mummy called 'Rackrent,' said to be as old as the days of Moses."

"A magnificent puck goat called 'Peel,' alias 'Fix Bayonets.'"

With many other highly interesting and valuable prizes.

Do ḋíolaḋ na ticéadaí go tiuġ. Ċonaic an sagart paróiste ceann acu. Ḃí sé ar buile. Ṫáinig sé ċúġam agus ticéad acu 'n-a láiṁ aige.

"Is tusa ċuir amaċ iad so, a Aṫair," ar seisean.

"Is mé gan amras," arsa mise, "ná feicean tú m'ainim ṫíos orṫa?"

"Agus cad ċuige iad?" ar seisean.

"Ċun airgid a ḋéanaṁ," arsa mise.

"Agus cad ċuige an t-airgead?" ar seisean.

"Neósfad-sa san duit go cruinn," arsa mise, "ó ċuiris an ċeist ċúġam. Ċun é ċur ag triall ar na fearaiḃ ó'n sráid seo atá istiġ sa ṗrísún ag Buckshot."

Ḃí fearg i nglór gaċ duine againn an fad a ḃíomair ag caint.

Níor ḃ' ḟada 'n-a ḋiaiġ san gur ċuir an t-Easbog mise soir go Cill Úird i n-inead an tsagairt paróiste a ḃí ann, mar ḃí an duine boċt ró ċríona agus ḃí ag dul d'á ċiall, agus ní raiḃ sé oireaṁnaċ ċun na n-oibre.

XXVI

" BARRY THE RAKE "

Nuair a ḃíos socair toir i gCill Úird airís, tar éis Ráṫ Ċormaic agus Maġċromṫa agus an Ráṫ do ċur díom, ṁotuiġeas mo ṡláinte ag géilleaḋ ar ċuma éigin. Dúḃairt na daoine liom go raḃas ag féaċaint ana ḃuailte amaċ. Is dóċa go raiḃ an obair ró ḋian orm sa Ráṫ, an sgoil, agus obair na paróiste, agus obair an Land League, agus iad ar siúḃal i n-aonḟeaċt. Níor ġlacas a tuille oibre sgoile orm. Ḃí obair an Land League ċóṁ dian i gCill Úird an uair sin agus ḃí sí i n-aon ball eile, aċ má 'seaḋ ḃí daoine i mbun na h-oibre ann ċeana agus ní raiḃ orm-sa aċ dul agus cóṁairle taḃairt uaim anois agus airís. D'ḟág san mé gan aon ċúram aċ aṁáin cúram na paróiste, agus níor ḃ' ḟada go raiḃ mo lán neart agus mo lán ṁisneaċ airís ionam.

Ḃínn amuiċ ar fuaid na paróiste gaċ aon lá breaġ, i gcaráiste beag a ḃí agam, nó ar muin capaill. Ḃa ṁór an t-aṫaruġaḋ é ó ḃeiṫ istiġ i sgoil. Do ḃuailinn féin agus na daoine umá ċéile go minic, agus Gaeluinn a labraimís i gcóṁnuiġe le n-a ċéile. Ṫáinig duine beag isteaċ ó Ġort na Sgeiṫe ċúġam, lá, ġá iaraiḋ orm dul amaċ cun na h-ola ċur ar duine a ḃí breóite 'n a tiġ. Fírín beag aosta ab eaḋ é. 'N-a ċuis a táinig sé. Ḃí fios agam nár ḃ' ḟéidir dó gan ḃeiṫ tuirseaċ. Ċuireas isteaċ am' aice sa ċaráiste beag é, agus tugas marcaiġeaċt abaile dó. Ḃí an fear boċt ana ḃuideaċ.

Ċromamair ar caint. Ċromas-sa ar ḃeiṫ ag cur

tuairisge na gcóṁarsan air, féaċaint cé r' ḃ' iad a ḃí imṫiġṫe anonn, nó tar éis ḃáis, ó ḟágas an ṗar-óiste naoi nó deiċ de ḃlianaiḃ roimis sin. Sa ċeis-tiúċán dom d'ḟiafraiġeas dé cá raiḃ "Barry the Rake," nó an raiḃ sé tar éis ḃáis.

"Tá sé tar éis ḃáis, an fear boċt," ar seisean, "gura maiṫ an ṁaise d'á anam é!"

"File ab eaḋ Barry the Rake," arsa mise.

"Dob' eaḋ go deiṁin, a Aṫair," ar seisean, "agus d'airiġeas-sa blúire filiḋeaċta a ḋein sé agus go deiṁin do ḋein sé go h-ana ḋeas é."

"Abair dom é," arsa mise leis, "má tá sé agat."

"Tá sé agam, a Aṫair," ar seisean. "Sa ḋroċ ṡaoġal an eaḋ é," ar seisean, "agus ḃí an t-ocras ar gaċ aoinne. Ḃí duine boċt gur ḃ' ainim dó Seáġan Ó Gríoḃṫa 'n-a ċóṁnuiġe tuaiḋ ansan ar Caṫair Druinne, agus duine boċt ná raiḃ ró ġasta ann féin ab eaḋ é. Ḃí sé pósta, agus ní raiḃ aon ġastaċt ṁór sa ṁnaoi aċ ċóṁ beag leis féin. Ḃí ingean acu agus ba lúġa an ġastaċt a ḃí sa n-ingín 'ná mar a ḃí i n-aoinne de'n ḃeirt. Téiġeaḋ Barry the Rake go dtí an tiġ go minic, agus ḃí aiṫne ṁaiṫ aige orṫa. Geiḃeaḋ sé ḃeiṫ istiġ uaṫa uaireanta, agus béile ḃíḋ. Ḃí sagart paróiste tuaiḋ i mḃaile Ṁistéala an uair sin, agus is dóċa gur cuiṁin leat é, a Aṫair. Murċaḋ ua Ḃriain ab ainim dó."

"Is cuiṁin liom é go maiṫ," arsa mise, "agus ḃí aiṫne ṁaiṫ agam air."

"Ḃail, ar seisean, "ḃí an t-ocras i sráiḋ Ḃaile Ṁistéala cóṁ dian agus ḃí sé i n-aon ḃall, mar ḃí a lán daoine boċta ann agus ḃíodar ana ḋealḃ. Ḃí an sgéal cóṁ h-olc san acu go raiḃ an t-Aṫair Murċaḋ ag ceannaċ mine agus 'ġá raint orṫa i dtreó

ná faiġdís bás do'n ġorta. D'airiġ an Barraċ go raiḃ an ṁin d'á tabairt amaċ i mBaile Ṁistéala. Ċeap sé, níḋ nár ḃ' iongnaḋ, go raiḃ Seáġan ua Gríoḃṫa boċt ag fáġail na mine, agus go ḃfaġaḋ sé féin béile de'n ṁin le n-iṫe aċ dul ó-ṫuaiḋ go Caṫair Druinne. Siúḋ ó-ṫuaiḋ é agus an t-ocras air. Ċuaiḋ sé isteaċ.

" ' An ḃfuil aon ruḋ anso a ḋ'iosfaḋ fear ocrais ? ' ar seisean.

" Ní raiḃ aon ḃlúire bíḋ fé ḋíon 'tiġe !

" ' Ṁeasas go mbéaḋ cuid de'n ṁin agaiḃ,' arsa'n Barraċ.

" ' Cad í an ṁin ? ' arsa Seáġan.

" ' An ṁin seo atá d'á tabairt amaċ ṫuaiḋ ansan i mBaile Ṁistéala,' arsa'n Barraċ.

" ' Níor airiġeas focal 'n-a taoḃ,' arsa Seáġan.

" ' Greadaḋ ċúġat,' arsa'n Barraċ, ' imṫiġ ó-ṫuaiḋ láiṫreaċ agus tabair ċúġainn cuid di ! '

" ' Ní'l aon airgead agam,' arsa Seáġan.

" ' Tá an sagart paróiste ag tabairt na mine úd amaċ gan aon airgead. Tá sé 'ġá bronnaḋ ar na daoine boċta. Imṫiġ láiṫreaċ agus tabair ċúġ-ainn cuid di. Fanfad-sa anso go dtagair. Táim ag dul i laige leis an ocras ! '

" D'imṫiġ Seáġan ó-ṫuaiḋ. Tar éis raint ṁaiṫ aimsire táiniġ sé.

" ' Ar ṫugais leat an ṁin ? ' arsa'n Barraċ.

" ' Níor ṫugas,' arsa Seáġan.

" ' Cad 'n-a ṫaoḃ ? ' arsa'n Barraċ.

" ' Mar ní ḃfuaras í,' arsa Seáġan.

" ' Cad 'dúḃraḋ leat ? ' arsa'n Barraċ.

" ' Do fiafraiġeaḋ díom an raiḃ ocras orm,' arsa Seáġan.

“ ‘ Agus cad dúḃrais leó ? ’ arsa’n Barraċ.

“ ‘ Dúḃart ná raiḃ,” arsa Seáġan.

“ ‘ Airiú, greadaḋ ċúġat, cad ’n-a ṫaoḃ nár innsis an ḟírinne dóiḃ ? ’ arsa’n Barraċ.

“ ‘ Ní ṫaḃarfainn le ráḋ dóiḃ é,’ arsa Seáġan.

“ ‘ Ó ṁaise, Dia linn ! Dia linn a’s Muire ! ’ arsa’n Barraċ.

“ Ṫaraing sé peann agus duḃ agus blúire páipéir as a ṗóca. Ḃídís aige ċun beiṫ ag sgrí’ na filiḋeaċta. Ṡuig sé agus do sgríḃ sé síos an béarsa so :

A Aṫair Murċaḋ atá go gunta líoṁta,
Taḃair-se cuid de’n ṁin seo do Ṡeáġan ua Ġríoḃta.
Tá a bean ’n-a h-óinsiġ, agus a ingean ċríona.
Tá sé féin ’n-a ḃreall, agus beiḋ sé aṁlaiḋ ċoiḋċe !

“ ‘ Seo,’ ar seisean le Seáġan. ‘ Beor leat an páipéirín sin, agus eiriġ go dtí tiġ an tsagairt féin agus taḃair dó é, isteaċ ’n-a láiṁ féin, agus ġeóḃair an ṁin. Imṫiġ anois agus ná bí aḃfad.’

“ D’imṫiġ Seáġan agus do rug sé leis an páipéirín. Ṫáinig sé go dorus tiġe an tsagairt.

“ ‘ Cad ’tá uait-se ? ’ arsa’n bean-tiġe.

“ ‘ Dúḃraḋ liom an páipéar so taḃairt isteaċ ’n-a láiṁ féin do’n tsagart paróiste,’ arsa Seáġan.

“ Do ṡnap sí an páipéar as a láiṁ agus d’imṫiġ sí isteaċ.

“ Seo, a Aṫair,’ ar sise, ‘ agus deir an teaċtaire é ṫaḃairt isteaċ ad’ láiṁ féin duit.’

“ Do léiġ sé a raiḃ ar an bpáipéar. Do léim sé as an gcaṫaoir

"'Cé tug duit é seo?" ar seisean.

"'Duine boċt atá amuiċ ag an ndorus, a Aṫair,' ar sise.

"'Cuir ċúġam anso isteaċ é,' ar seisean.

"Do cuireaḋ isteaċ Seáġan.

"'Cé tug an páipéar so ḋuit?' arsa'n sagart.

"D'inis Seáġan a sgéal dó ċóṁ maiṫ agus d'ḟéad sé é.

"'Agus an tusa Seáġan ua Gríoḃṫa?' arsa'n sagart.

"'Is mé, a Aṫair,' arsa Seáġan.

"'Tuigim,' arsa'n sagart. Do baineaḋ an t-ocras de Ṡeáġan, agus do tugaḋ oiread mine ḋó agus d'ḟéad sé a ḃreiṫ leis.

"'Agus,' arsa'n sagart leis, 'abair leis an ḃfear a tug an páipéar so ḋuit teaċt ċúġam anso ar maidin, go ḃfuil gnó agam dé.'

"Amáireaċ a ḃí ċúġainn d'imṫiġ an file ó-ṫuaiḋ go Baile Ṁistéala, agus do tugaḋ a ḋóiṫin le n-iṫe ḋó, agus nuair a ḃí a ḋóiṫin iṫte aige do tugaḋ culaiṫ éadaiġ ḋó, agus dúḃraḋ leis teaċt airís nuair a ḃéaḋ gáḋ aige le biaḋ nó le h-éadaċ."

Aoinne do léiġfiḋ le h-aireaċas an blúire filiḋeaċta san a sgrioḃ an Barraċ ċífiḋ sé níḋ is fiú ḋó a ṫabairt fé ndeara. Ċífiḋ sé ná fuil sa ḃéarsa aċ fíor ḃeagán cainte aċ go ḃfuil oiread ráiḋte sa ḃeagán cainte sin agus ná déarfaí as Béarla le n-a ṡeaċt n-oiread cainte.

Tá fabar ag an ḃfile le h-iaraiḋ ar an Aṫair Murċaḋ. Molan sé a "ġuntaċt" agus a "líoṁṫaċt." Níor ṁór caint fada sa Ḃéarla ċun an dá ṁolaḋ san do ḋéanaṁ, agus ní ḋéanfaḋ an ċaint fada Béarla an dá ṁolaḋ leat ċóṁ deas agus

ḋeinean an dá focal sa Ġaeluinn iad. Ansan, ní mór do'n file truaġ do Ṡeáġan ua Ġríoḃta do ṁúisgilt i gcroiḋe an Aṫar Murċaḋ. Agus cá ḃfuil an fear san 'n-a ḃeaṫaiḋ is mó de truaġ 'ná an fear atá pósta le h-óinsiġ mná? Dá mbéaḋ aon ċiall ag an inġín b' ḟéidir gur ḃ' ḟusaide é, aċ ḃí dúbailt miḟortiúin ar an ḃfear mboċt nuair a ḃí an inġean 'n-a h-óinsiġ ċóṁ maiṫ leis an máṫair. Ansan, donas an sgéil ar fad, "É féin 'n-a ḃreall," agus mar ḃara ar an ndonas san féin—"Beiḋ sé aṁlaiḋ ċoíḋċe!" Ní h-aon iongnaḋ gur léim an t-Aṫair Murċaḋ as an gcaṫaoir nuair a léiġ sé an páipéar.

Tá aiṫne agam ar a lán filiḋeaċta Béarla, agus ar a lán d'ḟiliḋeaċt na Gréige agus d'ḟiliḋeaċt na Róṁa. Ní h-eól dom i n-aon filiḋeaċt dár cúmaḋ riaṁ i n-aon teangain acu, beó ná marḃ, aon ċeiṫre líne ċóṁ maiṫ leis na ċeiṫre líntiḃ sin a ċúm Barry the Rake an uair sin agus an t-ocras air! "Brevis esse certo," arsa Horatius, "et obscurus fio." Tá caint an Ḃarraiġ sa ḃéarsa so ċóṁ "brevis" agus do b' ḟéidir í ḃeiṫ, níos cruinniġṫe go mór 'ná mar ab ḟéidir í ḃeiṫ i n-aon teangain eile, agus i n-inead aon "obscuritas" a teaċt de'n ċruinniġ-teaċt is breis soluis a tagan d'á druim. Is aṁlaiḋ a glantar agus do neartuiġtear an solus ar an maċtnaṁ.

XXVII

Tineóntaiṫe agus Tiġearnaí

I gcaiteaṁ na h-aimsire a ṫugas i gCill Úird an uair sin ḃíos ag faire ar an ngleic a ḃí ar siúḃal idir na feirmeóiriḃ agus na tiġearnaiḃ talṁan, agus ba ḋeas an raḋarc é. Nuair a ḋeintí froċ ġníoṁarṫa díoġaltais ar luċt na sainte, a ṫóġaḋ talaṁ as a mbíoḋ tineóntaiḋe éigin díbearṫa, do h-innstí an sgéal ins na páipéaraiḃ ṫall i Sasana, agus do méaduiġtí é. Ansan do ṫagaḋ an ḟearg ar ṁuintir Ṡasana, agus do caittí na smaċt-dliġṫe do ċur i bfeiḋm. Ansan ṫagaḋ misneaċ do'n landlord agus ṫaraingeaḋ sé ċuige an seana ḋoiṫiġeas. Do ċomáineaḋ sé litir ċun tineóntaiḋe ag éileaṁ cíosa uaiḋ. Do taisbeántí ḋom an leitir. Síḋí an saġas cainte a ḃíoḋ inti :

"Carey,

"Come in here on Saturday and pay your rent. The next application will be a writ.

"George Smith."

Nuair a ċonac leitir acu ċóṁairliġeas do Ċarey dul agus an cíos do ḋíol, le h-eagla go gcurfaí tuille cosdais air. D'imṫiġ sé isteaċ Dé Sataraínn a ḃí ċúġainn. Ṫaraing sé lán a ḋuirn d' airgead as a póca agus ṡín sé ċun an agent é. Ċóṁairiṁ seisean é. Ḃí raint pinginí i n-easnaṁ air. Ṫóg an t-agent suas an t-airgead 'n-a láiṁ agus do

steall sé anonn i gcoinniḃ an ḟalla é i dtreó gur ġluais na píosaí ag rinnce ar fuaid an úrláir.

"Pick it up now," ar seisean, "and go and bring me in the full amount!"

Do ṗioc Carey suas an t-airgead agus ċuir sé 'n-a ṗóca é, agus tug sé aġaiḋ ar an ndorus. Díreaċ agus é ag gaḃáil an dorus amaċ dúḃairt sé, "When I give it to you again you will keep it."

Ṫáinig sé aḃaile. Ṫáinig an writ. Má ṫáinig níor ċuir Carey aon tsuim ann.

Fé ċeann beagán aimsire ṫáinig atarugaḋ dlíġe. Ḃí an cluiċe i bfaḃar do'n tineóntaiḋe agus i gcoinniḃ an landlord. Do lean an sgéal mar sin ar feaḋ tamaill. Ansan ṫáinig leitir eile ó'n agent gcéadna ag triall ar Ċarey.

"Dear Mr. Carey,

"I shall feel much obliged if you will come in next Saturday and let me have the rent. The amount you owe is——(gan aon tráċt ar an ndeiċ agus daċad do'n writ).

"I remain,

"Yours sincerely,

"G. Smith."

Níor ċuaiḋ Carey isteaċ, agus ní ḃfuair Smith an t-airgead, an uair sin ná riaṁ ó ṡin.

Sin mar a ḃíoḋ na tiġearnaí, mín agus garḃ, cneasta agus doiṫiġeasaċ, gaċ re dturas, fé mar a ġluaisiġeaḋ an cluiċe leó nó 'n-a gcoinniḃ, síos nó suas. Ċuiriḋís i gcuiṁne ḋom rud a ṫuit amaċ i n-aice tíġe feirmeóra mórán blianta roimis sin. Ḃí beirt ḃacaċ sa n-áit. Ḃí láṁ le duine acu gan

aon lúth inti, agus bhí cos leis an nduine eile crapaithe, chómh crapaithe sin gur dhóich le duine air nuair a bhíodh an fear bocht ag siúbhal gur ag cromadh agus ag éirighe a bhíodh sé. Do tharla go raibh an bheirt ag teacht i n-aonfheacht chun tighe an fheirmeóra um thráthnóna, lá áirighthe. Ní raibh aon choinne acu le n-a chéile, agus go deimhin ní raibh aon fháilte acu d'á chéile. B'fhearr le gach duine acu gan an duine eile do theacht. Cheap fear na coise crapaithe go dtabharfadh sé priocadh beag géar do'n fhear eile.

"Nách leathlámhach an aimsir í seo againn, a Sheághain!" ar seisean. Bhí an aimsir ana bhriste.

Do phrioc an focal "leathlámhach" Seághan bocht, ach má phrioc thug sé priocadh chómh géar leis uaidh.

"Ach, ní'l inti ach síos agus suas, síos agus suas, a mhic ó!" ar seisean.

Do tharla go raibh fear an tighe ag éisteacht leis an gcaint. Do sgeart sé ar gháirí.

"Dar fiadh," ar seisean, "ach do thugabhair d'á chéile é chómh deas agus d'airigheas 'á dhéanamh riamh é! 'Leathlámhach,' agus 'síos agus suas'!"

Chuir sé fhéachaint ar an mbeirt dul isteach agus beith síothchánta le n-a chéile. Ach sin mar a bhí na landlordaí agus na h-agenti i gcaitheamh na h-aimsire sin, "síos agus suas, síos agus suas, a mhic ó," lá mín agus lá garbh, lá sibhialta agus lá doithigheasach, lá béasach agus lá droch mhúinte, fé mar a bhíodh an cluiche ag gabháil leó nó ag gabháil 'n-a gcoinnibh.

Ba ró dheacair i n-aon chor a dh'áiteamh orta nár bh' éagcóir ana throm orta gan leigint dóibh dlígh d'imirt 'n-a lán neart ar na feirmeóiribh, agus an cíos d'fháisgadh asta dá bhfáisgtí an t-anam asta i n-aon-

ḟeaċt leis. Ḃíos lá ar dinnear i dtiġ duin'uasail sa n-áit. Ḃí tiġearna talṁan ag an mbórd. Ḃí focal anois a's airís aige 'á sgaoileaḋ amaċ i dtaoḃ na h-éagcóra a ḃí 'á ḋéanaṁ ar na tiġearnaiḃ boċta. Ní rabas-sa 'ġá leigint orm gur tuigeas cad a ḃí ar siúḃal aige. Fear boċt fóġanta ab eaḋ é ar gaċ aon ċuma eile, agus níor teastuiġ uaim ḃeit 'ġá ġríosaḋ. Ḃí duin'uasal eile ag an mbórd agus ḃí ḟios agam gur leis na tiġearnaiḃ talṁan a ḃí a ḃáiḋ go léir, agus níor ṁisde liom clabtóg a ḃualaḋ air dá dtugaḋ sé an ċúis agus an ċaoi ḋom. Doċtúir ab eaḋ é. Do tug. Do ġluais caint i dtaoḃ cé'cu ag na feirmeóiriḃ a ḃí an ceart nó ag na máiġistriḃ, agus ansan i dtaoḃ conus ba ċeart cosg do ċur leis na gníoṁartaiḃ díoġaltais. Ní raiḃ aon ḟocal agam-sa d'á ráḋ. Fé ḋeire do labair an doċtúir liom lom díreaċ.

"Inis an méid seo ḋom, a Atair," ar seisean. "Cad 'tá uaiḃ?"

Ċeap sé go dtabarfainn caoi ḋó ar a ráḋ gur ḃ' é rud a ḃí uainn 'ná talaṁ gan ċíos a taḃairt dos na feirmeóiriḃ, agus go raoḃfaḋ san an seaċtṁaḋ aitne, ná raiḃ ann aċ cuid na cóṁarsan do tógaint go h-aindleaġtaċ.

"Neósfad-sa ḋuit, a Ḋoċtúir," arsa mise, "cad 'tá uainn. Sidé atá uainn; gan a ḃeit ar ċumas duine cuid duine eile do ḃreit leis agus do ċoiméád. An t-é a ḋeinean saotar is leis toraḋ an tsaotair. An t-é a ḃainfiḋ de'n duine sin toraḋ an tsaotair sin déanfaiḋ sé éagcóir. Isé rud atá uainn 'ná cosg do ċur leis an éagcóir sin le dliġ."

Níor ċuir an doċtúir an tarna ceist ċúġam.

Ní rabas aċ dá ḃliain sa paróiste nuair ab é toil

Dé ġlaoḋaċ ar an seana ṡagart. Duḃairt gaċ aoinne gur ḃ' é mo ċeart-sa an paróiste d'ḟáġail ansan. Ní ḃfuaras í, ámṫaċ. Dúḃairt an t-Easbog go raiḃ sé ar aigne an paróiste ṫaḃairt dom dá maireaḋ an seana ṡagart cúpla bliain nó trí eile, aċ ná féadfaḋ sé í ṫaḃairt dom an uair sin mar go raiḃ mórán sagart eile aige a ḃí aḃfad níba ṡia sa n-obair 'ná mar a ḃíos-sa, agus gur ḃ' éagcóir orṫa san an paróiste ṫaḃairt dóṁ-sa an uair sin. Dá laḃrainn-se d'ḟiafróċainn dé cad 'n-a ṫaoḃ náċ duine acu san a cuireaḋ ag déanaṁ oibre na paróiste nuair a cuireaḋ mise 'á ḋéanaṁ. Aċ níor laḃras. Ní dúḃart aon focal. Ṫugas dá bliain eile sa paróiste ansan fé'n sagart paróiste a ṫáinig, ag taisbeáint na mbóiṫre dó agus ag cur aiṫne aige féin agus ag na daoine ar a ċéile. Ní raiḃ aon focal Gaeluinne aige ḃíoḋ gur i sráid Maġċromṫa a tógaḋ é.

Ṫugas dá bliain i gCill Úird i dteannta an tsagairt paróiste sin, agus ansan do cuireaḋ ó-ṫuaiḋ mé go Dún ar Aill. Ní fada ḃíos sa n-áit sin nuair eiriġ ana ċoiṁeasgar idir an tiġearna talṁan ba ṁó a ḃí ann agus a ṫineóntaiṫe. Lord Doneraile an teidiol a ḃí aige. Ḃíoḋ sé 'ġá ṁaoiḋeaṁ nár ċuir sé féin aon tineóntaiḋe amaċ riaṁ. Ṫéiġdís amaċ, ámṫaċ. Seo mar a ḋeineaḋ sé a ġnó. Ḃí na feirmeaċa go léir curṫa ana ḋaor aige. Nuair a ṫagaḋ tineóntaiḋe ag díol ċíosa do glacṫí uaiḋ, go breaġ réiḋ, pé méid a ḃíoḋ aige le taḃairt uaiḋ, agus do curṫí an ċuid eile síos 'n-a ċoinniḃ i leaḃar an ċúntais. Do ḋíolaḋ sé i gcóṁnuiġe an méid ba ṁó a féadaḋ sé díol ; 'sé sin le ráḋ do ḋíolaḋ sé breis agus an méid ba ṁó ba ċeart a ḃeiṫ mar ċíos air. Aċ ḃíoḋ an cúntas 'n-a ċoinniḃ ag méaduġaḋ i

n-aġaiḋ an lae, i dtreó go mbíoḋ a ċroíḋe briste ó ḃeiṫ ag cuimneaṁ air, agus a ḟios aige ná béaḋ aon ḃreiṫ go deó aige ar an leaḃar san do ġlanaḋ. Do ṡleaṁnuiġeaḋ an sgéal amaċ. Do ḃíoḋ a ḟios ag na cóṁarsain an t-airgead mór a ḃeiṫ sa leaḃar i gcoinniḃ an ḟir sin. Ḃíoḋ duine des na cóṁarsain sin go mbíoḋ raint éigin airgid cruinniġṫe aige, le gráséireaċt b' ḟéidir. D'airiġeaḋ sé sgéal na feirme úd. Ṫagaḋ sé ċun cainte leis an agent.

"A leiṫéid seo, a ḋuin'uasail," adeireaḋ sé. "D'airiġeas go raiḃ an ḟeirm úd Ṡeáġain uí Ruḋaiḋe le cur, agus is aṁlaiḋ mar atá an sgéal d'oireaṁnfaḋ an áit mise go h-ana ṁaiṫ."

"Ní'l an ḟeirm le cur fós," adeireaḋ an t-agent, "aċ tá an cíos ċeiṫre ċéad púnt i ndiaiġ láṁa. Ní'l ó'n máiġistir aċ a ċuid féin. Ní maiṫ leis ḃeiṫ dian ar Ṡeáġan ua Ruḋaiḋe boċt, aċ ní mór do gaċ aoinne a ċuid féin ḟáġail. Má ḋíolan tusa an ċeiṫre ċéad púnt ġeoḃair an ḟeirm ar an gcíos gcéadna atá ar Ṡeáġan ua Ruḋaiḋe."

"Tá go maiṫ, a ḋuin'uasail," adeireaḋ fear an airgid, agus d'imṫiġeaḋ sé.

Ċuireaḋ an t-agent fios ar Ṡeáġan ua Ruḋaiḋe. Ṫagaḋ Seáġán ua Ruḋaiḋe boċt agus crit ċos a's láṁ air.

"A leiṫéid seo, a Ṡeáġain," adeireaḋ an t-agent. "Tá do ċíos ċeiṫre ċéad púnt i ndiaiġ láṁa anso sa leaḃar so."

"Tá go macánta, a ḋuin'uasail," adeireaḋ Seáġan.

"Is aṁlaiḋ mar atá an sgéal, a Ṡeáġain," adeireaḋ an t-agent, "ní maiṫ leis an máiġistir ḃeiṫ dian ort. D'ḟéadfaḋ sé a ḃfuil agat do ṫógaint le ceart dliġe dá mba ṁaiṫ leis é, agus tú ċur amaċ gan

feóirling. Ní maiṫ leis é sin a ḋéanaṁ ort féin agus ar do ṁnaoi agus ar do ċlainn. Ḃéaḋ sé sásta dá n-imṫiġteá as an áit agus a bḟuil agat do ṫógaint leat. Tá láir agus trí cínn de ḃuaiḃ agat agus cúpla caoira. D'ḟéadfaḋ sé iad san a ḃaint díot le dlíġ dá mba ṁaiṫ leis é, aċ ḃéaḋ sé sásta dá dtógtá leat iad agus an tseilḃ a ṫaḃairt dó. Aċ tá ḟios agat féin dá dtéiġeaḋ an sgéal ċun dlíġe go gcaiṫfí a bḟuil sa n-áit a ṫógaint."

Ṫuigeaḋ Seáġan ua Rudaiḋe cad é an bríġ a ḃíoḋ leis an gcaint sin. Ṫugaḋ sé uaiḋ an tseilḃ agus ṫógaḋ sé leis pé éifeaċtaí beaga a ḃíoḋ aige, agus do "maittí" an ċeiṫre ċéad púnt dó ! Agus dar nóin ba "ṁórċroíḋeaċ" an fear an máiġistir tar éis an ċeiṫre ċéad púnt san do "ṁaiteaṁ" ! Do ġeiḃeaḋ fear an airgid an ḟeirm, agus do ġeiḃeaḋ an máiġistir an ċeiṫre ċéad púnt úd a "maiteaḋ" do Ṡeáġan ua Rudaiḋe.

Ní ḃíoḋ ag fear an airgid, b'ḟéidir, aċ trí ċéad. Ṫógaḋ sé an céad eile ar iasaċt as an mbanc. Ċuireaḋ san sé púint sa mbliain de ḃreis ar an gcíos dó, cíos a ḃí ró árd ar fad ċeana. Ċomáineaḋ sé leis ag briseaḋ a ċroíḋe ag obair ar an bḟeirm go dtí go mbíoḋ, b'ḟéidir, naoi nó deiċ de ḃlianaiḃ curṫa ḋé aige. Ní ḃití ró ḋian ċoíḋċe air i dtaoḃ cíosa. Aċ nuair a ḃíoḋ raint blianta caitte aige sa n-áit ḃíoḋ, i n-aimḋeóin a ḋíċil ḃáis agus ḃeaṫa, ċeiṫre ċéad púnt eile sa leaḃar 'n-a ċoinniḃ.

Do h-imirtí an cluiċe céadna díreaċ airís, ar an gcuma gcéadna. Do "maittí" an ċeiṫre ċéad púnt airís d'ḟear an airgid nuair a ġeiḃtí é ó ḟear airgid eile. Mar sin dóiḃ ag teaċt agus ag imṫeaċt i ndiaiġ ċéile. Sin mar a h-innseaḋ an sgéal dóm-sa

nuair a ċuas ann agus nuair a ḃíos a d'iaraiḋ fírinne an sgéil a ḋéanaṁ amaċ eatarta.

D'eiriġ an t-imreas, mar teastuiġ ós na tineóntaiṫiḃ locáiste d'ḟágail sa ċíos a ḃí orta, fé mar a ḃí d'á ḟáġail ag na tineóntaiṫiḃ ar gaċ aon estát eile sa dúṫaiġ. Ní ṫaḃarfaḋ Lord Doneraile aon locáiste uaiḋ. Ṫáinig na tineóntaiṫe go léir ċúġam-sa agus d'iaradar orm an t-airgead do ṫógaint ar mo láiṁ féin, 'sé sin an cíos aċ aṁáin an locáiste, agus é ċoimeád go dtí go dtoileóċ' an máiġistir ċun é ġlacaḋ gan an locáiste. Ṫógas an t-airgead agus ċuireas isteaċ sa ḃanc é. Ṫug luċt dlíġe an ṁáiġistir iaraċt ar garnishee ḋéanaṁ ar an airgead nuair a ḃí sé sa ḃanc. Do ṫeip orta. Ní ḋéanfaḋ an banc rud orta. Ṫáinig órduġaḋ ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ 'ġá ráḋ leis na bancairiḃ i nDún ar Aill an t-airgead do ċoimeád go dtí go dtaḃarfaidís tar n-ais dóṁ-sa é. D'ḟan an sgéal ar an gcuma san ar feaḋ leaṫ-ḃliana. Ḃí an máiġistir ró ġasta dúinn áṁṫaċ. Níor ċuir sé an dlíġ ar aoinne des na tineóntaiṫiḃ. Nuair a fiafraiġtí ḋé an dtaḃarfaḋ sé an locáiste uaiḋ ní ḃíoḋ d'ḟreagra ċoíḋċe aige aċ ná raiḃ aon diṫneas air féin leis an gcíos; go nglacfaḋ sé pé méid a taḃarfaí ḋó, pé uair ba ṁaiṫ le h-aon tineóntaiḋe é ṫaḃairt dó. Níor ḃ' féidir aon rud a ḋéanaṁ le fear de'n tsórd san. Fé ḋeire do ḃris ar an ḃfoiḋne ag cuid des na tineóntaiṫiḃ. Ṫánadar ċúġam agus dúḃradar nár ḃ' aon ṁaiṫ ḃeiṫ ag fágaint an sgéil mar a ḃí sé. Go mb' féidir go raiḃ cuid acu agus dá dtugtí ḋóiḃ an locáiste féin ná ḃéaḋ ar a gcumas an ċuid eile de'n ċíos a ḋíol; go mb' féidir gur lúġa a ḃéaḋ le díol acu gan an locáiste d' fágail 'ná dá ḃfaiġdís é.

Ċonac cad é an fuadar a ḃí fúṫa agus ċaiṫeas ċúċa an t-airgead. Is dóiċ liom go ḃfuaradar go léir níos mó búntáiste 'ná mar a ġeóḃaidís dá ngeartí amaċ an locáiste ḋóiḃ agus an ċuid eile d'éileaṁ orṫa go léir sa timpal. Ḃí a lán acu lasmuiċ de ṗaróiste Ḋún ar Aill agus d'á ḃríġ sin níor ḃ' ḟuiriste iad a ċoimeád dlúiṫṫe le ċéile ar aon aigne ar feaḋ aon ḟaid ṁór aimsire. Ṫáinig aon toraḋ aṁáin fóġanta ó'n obair. Do cuireaḋ deire leis an gcleas úd a déintí ar " Seáġan ua Rudaiḋe " agus ar " ḟear an airgid." Ḃ'éigean d' " ḟear an airgid," feasta, úsáid éigin eile ṡoláṫar do'n airgead i n-éaġmuis é ċur isteaċ i bfeirm " Seáġain uí Rudaiḋe." Dá ndeineaḋ sé an úsáid sin de'n airgead do liúġfaí " Grabber ! " 'n-a ḋiaiġ. Ḃ'ḟearra ḋó teiṫeaḋ as an ndúṫaiġ 'ná an liúġ san do ḋul amaċ air. Ḃ' éigean dó a leas do ḋéanaṁ bíoḋ gur d'á aiṁḋeóin é.

XXVIII

" MADAM ANNE "

Ḃínn ag gaḃáil do'n Ġaeluinn an faid a ḃíos i nDún ar Aill, aċ ní mór ḟéadainn a ḋéanaṁ. Do laḃrainn í le h-aoinne do laḃaraḋ liom í; agus do léiġinn í as aon leaḃar á casṫí orm n-a mbíoḋ aon tsaġas Gaeluinne ann. Ḃíoḋ ainim na Gaeluinne

orm ar aon ċuma, agus ḃíoḋ ceisteana ag teaċt ċúġam le réiḋteaċ anois a's arís, tríd an bpost.

Ṫáinig leitir ċúġam lá ó ṁnaoi uasail a ḃí pósta ag mac, nó ag mac mic, do Ḋóṁnall ua Ċonaill. Ingean ab eaḋ í do Ḃianconi, an fear úd go mbíoḋ na cóistí go léir ar na bóiṫriḃ aige go dtí gur ċuir na traenana deire leó. Dúḃairt sí liom sa leitir go raiḃ sgríḃinn aici a fuair sí ṫíos i gContae Luimniġe agus gur ḃ' é sgríḃinn é 'ná an caoine úd a ḋein Eiḃlín ní Ċonaill ar ḃás Airt uí Laoġaire, nuair a láṁaḋ é ar Inse Ċaraig an Ime. Dúḃairt sí go raiḃ fear éigin ṫíos i Luimniġ ag casaḋ le Béarla ċur ar an sgríḃinn di, agus go raiḃ eagal uirṫi ná raiḃ eólus a ḋóiṫin ar an nGaeluinn aige ċun na h-oibre sin do ḋéanaṁ mar ba ċeart. D'ḟiafraiġ sí díom ar ṁisde liom leigint di an sgríḃinn a ċur ċúġam-sa ċun Béarla ċur ar an gcaint. Do ċuireas freagra ċúiċi láiṫreaċ 'ġá ráḋ léi nár ṁisde, agus go ndéanfainn an obair di cóṁ maiṫ agus d'ḟéadfainn é. Ċuir sí ċúġam an sgríḃinn agus ċuir sí leitir ċúġam i n-aonḟeaċt leis an sgríḃinn 'ġá insint dom go raiḃ aon líne aṁáin ann agus gur ṫeip glan ar an bfear ṫíos a ḋéanaṁ amaċ cad é an bríġ a ḃí leis an gcaint a ḃí sa líne sin. Dúḃairt sí go raiḃ tráċt sa líne ar "Madam Anne" éigin, agus ná féadfaḋ an fear ṫíos a ḋéanaṁ amaċ ó ṫalaṁ an doṁain cé r' ḃ'í "Madam Anne."

"Is léir," ar sisi, "gurab ar an Madam Anne seo a ḃí an milleán go léir ag Eiḃlín i dtaoḃ ḃáis Airt. Ba ṁaiṫ liom a ḋ'ḟáġail amaċ, má's féidir é, cé r' ḃ' í féin agus cad a ḋein sí i gcoinniḃ Airt, nó an aṁlaiḋ a ḃí éad ar Eiḃlín mar ġeall uirṫi."

Is i mBéarla do sgríḃ sí an leitir, níḋ náċ

iongnaḋ, aċ siné bunús na cainte a bí sa leitir. D'inis sí dom cá bḟaiġinn an líne sa sgríbinn. Ċuarḋaiġeas an sgríbinn agus fuaras an líne agus fuaras an dá líne roimis an líne sin. Sidiad iad.

" Art ua Laoġaire
Atá anso traoċta
Ó ṁaidin anné agam."

Aḋṁuiġim gur baineas leataḋ as mo béal agus gur deineas sgearta gáire, i dtreó gur airiġeaḋ ins gaċ aon ṗáirt de'n tiġ mé, nuair a ċonac an cuirpteaċ mná, droċ aigeanta, díoblaíḋe, Madam Anne a bí eiriġte ċúġam, amaċ as an bfocailín mbeag neaṁtuairimeaċ san " Ó ṁaidin anné "—" since yesterday morning " ! Ní h-ar an mnaoi uasail a sgrib an leitir ċúġam a bí aon ṁilleán agam, níḋ náċ iongnaḋ, aċ ar an bfear tíos a bí 'gá leigint air gur tuig sé an Ġaeluinn.

Ċuireas féin ċúiċi an bríġ ceart, agus dúbart léi nár airiġeas féin riaṁ aon tráċt ar aon éad a beit ar Eiblín ní Ċonaill ċun aon " Madam Anne," ná ċun aon tsaġas " Madam " eile.

Ansan do sgríobas amaċ an caoine go léir i mBéarla, ċóṁ cruinn agus d'ḟéadas é, agus ċuireas ċúiċi é. Níḋ náċ iongnaḋ, ní h-ar deiseaċt an Béarla a bíos-sa ag cuiṁneaṁ nuair a bíos ag déanaṁ na h-oibre, aċ ar deiseaċt na Gaeluinne, agus ar conus a tabarfainn liom sa Béarla deiseaċt na Gaeluinne agus neart na Gaeluinne, agus fuinneaṁ na Gaeluinne, agus an dásaċt agus an ġluaiseaċt fola a ċuireaḋ an Ġaeluinn sin am' ċroiḋe féin nuair a labrainn amaċ í go h-árd. Ċuireas mo sgríbinn Béarla ag triall ar an mnaoi

uasail i n-aonfeacht leis an sgríbinn Gaeluinne a chuir sí chúgam. Ní dóich liom gur thaitn mo Bhéarla i n-aon chor léi. Do sgríbh sí féin Béarla eile, le congnamh an Bhéarla a thugas-sa dhi. Ach dar liom-sa do bhain sí deiseacht na Gaeluinne as an obair ar fad. Mar seo, féach. Sa n-áit 'n-a n-abradh Eibhlín " Mo ghrádh go daingean tu ! " chuireadh an bhean uasal Béarla ar an gcaint mar seo :—" Beloved of my steadfast heart ! " Ní fhéadfainn-se blas ná cuma ná cruth fhághail air sin. Is dócha, ámhthach, go raibh sé go maith mar Bhéarla. D'airigheas daoine tuisgionacha 'ghá mholadh.

Tamall beag 'n-a dhiaidh san do sgríbh an bhean uasal chéadna chúgam airís. Dúbhairt sí gur airigh sí blúire éigin Gaeluinne d'á labhairt ; gur airigh sí daoine a thuig an chaint ag moladh na cainte go mór ; gur sgríbh sí féin síos an chaint do réir fuaimeana na bhfocal, fé mar fhéad a cluasa greim fhághail ar na fuaimeanaibh ; go raibh sí ag cur na sgríbhinne sin chúgam-sa, istigh sa leitir sin, féachaint an bhféadfainn brígh na cainte dhéanamh amach. D'fhéachas ar an bpáipéar ar ar dhein sí an sgríbhinn. Thugas iarracht ar focalaibh a dhéanamh as na leitireachaibh. Nuair a chuireas na focail i n-aice 'chéile ní raibh aon bhrígh leó. Thugas iarracht eile. Bhí na focail a tháinig an tarna h-uair bun os cionn ar fad leis na focalaibh a tháinig an chéad uair, agus ní raibh aon bhrígh leó ach chómh beag. Thugas an trímhadh h-iarracht. Táinig na focail, an trímhadh h-uair, bun os cionn leis na focalaibh a tháinig an dá uair eile, agus teip orm airís aon bhrígh bhaint asta. Is dóich liom dá mbeinn ag gabháil dóibh ó shin gur b' é an sgéal céadna bhéadh agam. Chuir an obair i gcuimhne dhom leabhar a léigheas mórán blianta roimis sin.

"Vathek" ab ainim do'n leabar. Innstear sa leabar conus mar a bí rí uasal árd-cómaċtaċ sa doṁan toir, agus gur buail ċuige lá ceannaiḋe éigin a bí ag díol arm. Ċeannaiġ an rí claiḋeaṁ ana ḃreaġ uaiḋ. D'imṫiġ an ceannaiḋe. Ar maidin amáireaċ a bí ċúġainn bí an rí ag féaċaint ar an gclaiḋeaṁ agus ag déanaṁ iongnaḋ de, bí sé ċóṁ breaġ san. 'Gá iniúċaḋ dó tug sé fé ndeara, ar a lann, sgríbinn éigin. Ṫug sé iarraċt ar an sgríbinn do léiġeaḋ. Do teip air. Ċuir sé fios ar na sgoláiríḃ móra a bí ar a teaġlaċ. Do teip orta aon ḃríġ baint as an sgríbinn. Ḃí féasóg ḃreaġ ṁór trom ḟada ar gaċ aoinne acu. Ċeap an rí na cinn a baint díoḃ, aċ dúḃairt sé go ndéanfaḋ sé an gnó na féasóga do ḃearraḋ díoḃ. Do bearraḋ an féasóg de gaċ aoinne acu. Ṫáinig sgoláirí móra ó gaċ aon ṗáirt de'n ríġeaċt, gaċ aoinne acu deiṁniġteaċ go léiġfeaḋ sé féin an sgríbinn. Do baineaḋ an ḟéasóg de 'n uile ḋuine riaṁ acu. Fé deire ṫáinig seanduine beag suaraċ duḃ agus dronn air, agus féasóg air níba ḃreaġta go mór 'ná mar a bí ar aoinne de'n ċuid eile. Do léiġ sé an sgríbinn agus do noċt sé a ḃríġ. "An claiḋeaṁ is fearr sa doṁan do'n rí is fearr sa doṁan," nó rud éigin de'n tsórd san, iseaḋ adúḃairt an sgríbinn. Ḃí áṫas mór ar an rí, agus do tugaḋ onóir ana ṁór d'ḟear na druinne. Ar maidin amáireaċ a bí ċúġainn dúḃairt an rí le fear na druinne an sgríbinn do léiġeaḋ airís dó. Ċóṁ luaṫ agus d'ḟéaċ fear na druinne ar an lann ṫáinig toċt air.

"Léiġ amaċ dom é!" arsa'n rí.

"Á, a rí," arsa'n fear, "ní h-é an sgríbinn céadna é a bí indé ann!"

"Léiġ é, pé rud é!" arsa'n rí.

Seo mar a léiġ sé amaċ:

"Is mairg do'n ríġ a ṡanntuiġean eólus atá os cionn a tuisgiona agus gníoṁ atá os cionn a ċumais."

"Baintear leat na féasóige dé," arsa'n rí, "agus imtiġeaḋ sé as mo raḋarc!" Do baineaḋ, agus d'imtiġ. 'N-a ḋiaiġ san bíoḋ an rí féin ag casaḋ leis an sgríḃinn do léiġeaḋ, aċ do teipeaḋ air i gcóṁnuiġe. Ċíoḋ sé, áṁtaċ, bíoḋ na féadaḋ sé an sgríḃinn do léiġeaḋ, nár ḃ' é an sgríḃinn céadna é aon dá lá as a ċéile. B'ṡiné an úḋálta agam-sa agus ag an sgríḃinn a fuaras ó'n mnaoi uasail úd. D'innseas an méid sin di sa leitir a ċuireas ċúiċi. Is dóċa gur ṁeas sí gur ag magaḋ fúiti a ḃíos, mar níor sgríḃ sí ċúġam ó ṡin.

XXIX

BAILE ṀISTÉALA

I lár an ċoiṁeasgair a ḃí ar siúḃal i nDún ar Aill, idir tineóntaitiḃ agus máiġistirí talṁan, do ṡrois tuairisg sinn ar ċoiṁeasgar eile a ḃí eiriġte i mBaile Ṁistéala toir. Do ṡuiḋ cúirt i mBaile Ṁistéala. Ḃí beirt ġiúistísí ar an mbínse ann, .i. fear d'ár ḃ' ainim Eaton, R. M., agus Captaen Stokes, R. M. Agus ḃí aturnae coróinneaċ ann agus Edward Carson ab ainim dó; Sir Edward Carson a tugtar air anois, sa ḃliain seo d'aois an Tiġearna míle

naoi gcéad a dóidéag. Ach isé an Carson céadna é a bhí 'n-a aturnae coróinneach ansúd sa bhliain úd d'aois an Tighearna míle ocht gcéad ceithre ficid a seacht. Níor chuir na cúig bliana fichid atá imthighthe ó shin aon feabhas air.

Is chuige do shuidh an chúirt sin 'ná chun Liam Ua Briain, M.P., agus Seághan Mandeville do chur ar a dtriail mar gheall ar chaint éigin poiblidhe a bhí curtha 'n-a leith, agus a bhí, dar le riaghaltas na h-uaire sin, i gcoinnibh na dlighe.

Bhí órdughadh fághalta ag an mBrianach agus ag Seághan Mandeville teacht agus a dtriail do sheasamh i dtaobh na cainte a bhí curtha 'n-a leith. Níor thug aoinne acu aon toradh ar an órdughadh. Níor thánadar chun na cúirte. Murar thánadar-san, amhthach, tháinig daoine eile, agus ní chun na cúirte do thánadar. Thánadar go Baile Mhistéala chun a chur i n-úil go raibh fearg agus fioch orta féin agus ar an bpoiblidheacht go léir mar gheall ar an éagcóir a bhí le déanamh sa chúirt sin an lá san, nuair a bhí briseadh dlighe le chur i leith daoine toisg gur labhradar ar son an chirt agus i gcoinnibh éagcóra.

Chuaidh mórán daoine ó Dhún ar Aill go Baile Mhistéala an lá san. Chuas féin ann i n-aonfheacht leó. Nuair a shroiseamair Baile Mhistéala ní feacamair puinn daoine ann. Bhí na daoine a shrois an áit romhainn bíodar imthighthe amach as an sráid, ar bhóthar Luimnighe, i gcoinnibh na ndaoine a bhí ag teacht an treó san, chun go ndéanfaidís siúbhal i n-aonfheacht leó tar n-ais isteach sa tsráid. Bhíomairne tamall maith ag feitheamh leó ag dorus tighe an Athar Tomás mac Muiris. Tá spás breagh fada fairsing ó'n dtigh go raibh an sagart 'n-a chómhnuighe

ann, ó-thuaidh agus ó-dheas agus soir síos go dtí bóthar poiblidhe na sráide. Bhíomair ag feitheamh, ag féachaint soir síos ar tighthibh na sráide, agus i n-inead aon choinne bheith againn go n-eireóchadh toirmeasg is amhlaidh a bhí eagal orainn ná béadh againn ach cruinniughadh ana bheag.

Fé dheire chonacamair an tsluagh ag teacht. Is cuimhin liom féin go bhfeaca Seághan Díolúin sa tsluagh. Bhí sé 'n-a shuidhe i gcaráiste. Chómh luath agus tháinig sé i radharc an chearnaigh mhóir mar a raibh an cruinniughadh le bheith, thóg sé a cheann agus d'fhéach sé suas mór-thimpal an chearnaigh. Bhí an áit go léir folamh. Bhíos ag féachaint air agus is dóich liom go raibh diombádh air. Ach fé mar a tháinig an tsluagh isteach do shiubhluigheadar suas i dtreó tighe an tsagairt. Ansan do thosnuigh an áit ar bheith ag líonadh. Ar ball bhí cruinniughadh maith daoine ann i dtreó go rabhamair geall le bheith sásta. Bhí dó nó trí charáistibh fada curtha ar aghaidh dorais tighe an tsagairt amach i dtreó go bhféadfadh na caint-eóirí seasamh anáirde ar na caráistibh sin agus labhairt leis na daoine.

Bhí a lán daoin'uaisle anall ó Shasana ann. Thánadar díreach mar a thánamair go léir, 'ghá chur i n-úil go raibh gráin acu ar an gcuma 'n-a raibh dlighthe d'á gcur i bhfeidhm i n-Éirinn. Bhí Henry Labouchère, M.P., ann, agus John Brunner, M.P., agus Thomas Ellis, M.P., agus tuille nár bh' iad. Tháinig mná uaisle anall ó Shasana, leis, ar a raibh Miss Mander. Bhí fir eagair ann ó-s na páipéaraibh móra thall, ar a raibh Fred Higginbotham agus Bennett Burleigh, agus Seághan mac Domhnaill ó'n *Daily News*.

Bhí an t-Athair Párthalán mac Cárthaigh, D.D., sa

ċataoir, agus na h-uaisle a ḃí ċun cainte ḋéanaṁ ḃíodar ar na caráistiḃ fada lasmuiċ de ḋorus tíġe an Aṫar Tomás mac Muiris. Ċóṁ luaṫ agus ċonaic na daoine go raiḃ an ċaint le tosnuġaḋ do ḃrúġadar isteaċ tímpal ar na caráistiḃ fada. Deir daoine a ḃí ann agus do tuig an sgéal, go raiḃ tímpal oċt míle duine bailiġte isteaċ tímpal ar na caráistiḃ. Má ḃí, do ġeóḃaḋ, gan aon daḃt, fiċe míle duine slíġ ar an gcearnaċ. Ḃíos féin ar ċeann des na caráistiḃ, agus ḃí radarc maiṫ agam ar na daoine a ḃí ann agus ar an slíġ a ḃí lasmuiċ díoḃ mór-tímpal. Ní feaca oiread agus aon "peeler" aṁáin i n-aon áit ar an ḃfaṫa, ná tíos ar an sráid.

Ní raiḃ an ċaint aċ díreaċ ag tosnuġaḋ nuair a ṫugas fé ndeara suaṫaḋ éigin ṫoir ṫíos ar imeal an tslóiġ. Ḃí tímpal fiċe "peeler" agus fear nótaí tógaint eatarṫa, agus iad a d'iaraiḋ é ḃreiṫ leó suas ċun na h-áite 'n-a raiḃ an ċaint le déanaṁ. Ní raiḃ aon ḃac i n-aon ċor orṫa gaḃáil tímpal, agus níor tímpal mór é, ar an dtaoḃ ṫuaiḋ nó ar an dtaoḃ ṫeas des na daoine. Ní raiḃ aon ḃreiṫ i n-aon ċor acu ar é ḃreiṫ leó isteaċ tré lár na ndaoine, mar ḃí na daoine ró ḃruiġte ar a ċéile. I n-inead gaḃáil tímpal is aṁlaiḋ a ḃrúġadar isteaċ ins na daoine. Ḃí na daoine a d'iaraiḋ slíġ ḋéanaṁ dóiḃ, aċ ḃí san ag teip orṫa, niḋ nár ḃ' iongnaḋ. Ansan, nuair ná déanfaḋ na daoine an rud nár ḃ' féidir a ḋéanaṁ, d'árduiġ na "peelers" a mbaitíní agus ḃuaileadar na daoine. Má ḃuaileadar, ḃí baitíní láṁ ag formór na ndaoine agus nuair buaileaḋ iad do ḃuaileadar i ḃfreagairt. Do ṫeiṫ na "peelers" láiṫreaċ, iad féin agus an fear nótaí. Ċeapas go mbéaḋ suaiṁneas againn ansan, aċ ní

suaiṁneas a ḃí ag teaċt. I gceann timpal ċúig neómataí táinig deiċniúḃar agus daċad des na “peelers” agus a ġuna ag gaċ fear díoḃ. Ḃí, go dtí san, lasmuiċ des na daoine a ḃí ’n-a gcois, mórán fear agus iad ar a gcapailliḃ. Nuair a ċonacadar an ḃreis des na “peelers” ag teaċt agus na gunaí acu, siúd timpal iad go dtí go raḃadar ’n-a marcṡluaġ láidir daingean idir na daoine agus na “peelers.” Ní raiḃ aon ḃreiṫ, ansan, ag na “peelers” ar ḟear na nótaí do ḃreiṫ leó suas ċun na cataoireaċ. Ḃí timpal trí fiċid fear acu ann, agus ní raiḃ aon ġnó eile acu le déanaṁ aċ an fear san do ḃreiṫ leó suas.

Dá ngaḃaidís timpal ḃéaḋ sé tuas acu gan aon ríġneas, agus rud eile, ḋéanfaimís slíġ tuas dó láiṫreaċ. Ní raiḃ aon ċur ’n-a ċoinniḃ ag aoinne. I n-a inead san is aṁlaiḋ a ṁeasadar é ḃreiṫ leó suas tré idir ṁarcṡluaġ agus daoine. Ċromadar ar na capaill do ḃualaḋ. Má ċromadar d’iompuiġ na marcaiġ cosa deiriġ na gcapall leó agus ḃrúġadar na capaill siar isteaċ ’n-a measg. Ṫóg na “peelers” na gunaí agus ḃuaileadar idir ċapaill agus marcaiġ leó. D’iompuiġ na marcaiġ orta agus ḃuaileadar ’ad ċóṁ maiṫ agus d’ḟéadadar é le pé arm a táinig ċun láṁa. Ḃí an obair go teiṫ acu ar feaḋ timpal ċúig neómataí sar ar teiṫ na “peelers” as an áit. Do lean raint des na daoine ar a dtóir. Ċuaiḋ na “peelers” isteaċ sa ḃarrac uata. Ḃí gaċ aon rud go breaġ socair ansan. Ḃíos am’ ṡeasaṁ ar an gcaráiste, ag braṫ air ná béaḋ a tuille toirmisg againn. Ḃa ġearr gur airiġeas, go breaġ láidir fuaiminteaṁail, urċar ó’n mbarrac. Ḃí iongnaḋ orm. Ní raiḃ troid ná cóṁrac ar siúḃal.

Cad ċuige an t-urċar agus gan aon naṁaid ag cur orta ? Ṫáinig an tarna h-urċar. Do léim Seáġan Diolúin anuas de'n ċaráiste, agus siúd síos i dtreó an ḃarraic é féin agus an t-Aṫair Pádraig ua Ceallaċáin. D'airiġeas an tríṁaḋ h-urċar. Ċóṁ fada agus téiġean mo ċuiṁne níor airiġeas aċ na trí h-urċair. Do h-innseaḋ dom 'n-a ḋiaiġ san go ndeiġ Seáġan Diolúin agus an sagart isteaċ sa ḃarraċ agus suas ċun na finneóige, ṫuas i mbarr an tiġe mar a raiḃ an " peeler " ar a leaṫ ġlúin agus é ag láṁaċ agus ag líonaḋ, agus gur rug Seáġan air agus gur strac sé siar ó'n ḃfinneóig é. Mura mbéaḋ san go mbéaḋ a lán eile marḃ aige sar a gcurfaḋ aoinne d'á uaċtaránaiḃ féin cosg leis. Nuair a fuair na daoine go raiḃ triúr marḃ, do sgaipeadar. Ċuaiḋ na mná uaisle Gallda isteaċ i dtiġ an tsagairt.

Do h-innseaḋ dom go raiḃ raint saiġdiúirí sa tsráid agus nuair airiġeadar an láṁaċ gur ṫánadar amaċ. Pé fear a ḃí 'n-a ċeann orta ċonaic sé láiṫreaċ ná raiḃ aon ċiall leis an láṁaċ. Ḋein sé cordon des na saiġdiúiriḃ a ḃí aige, agus ḃí na daoine ar ṫaoḃ de'n ċordon agus na " peelers " ar an dtaoḃ eile agus ċoiméad sé amaċ ó n-a ċéile iad. Mura mbéaḋ san do ṁarḃóċaḋ na " peelers " tuille. Ḃíodar féin agus na h-uaċtaráin a ḃí orta as a meaḃair glan. Duine des na h-uaċtaránaiḃ sin ab eaḋ an Captaen Pluincéad úd a fuair, i n-Eoċaill toir, suim beag aimsire roimis sin, ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ, an t-orduġaḋ ud, " Don't hesitate to shoot." Níor ḃ' iongnaḋ fonn láṁaig air.

D'airiġeas 'n-a ḋiaiġ san gur ṫuit rud amaċ i gcaiṫeaṁ an lae sin agus gur ċuir sé iongnaḋ a

ċroíḋe ar an nduin'uasal Gallda Henry Labouchère. Ḃí súsa aige 'n-a ċaráiste féin agus súsa de ċlúṁ ana ḋaor ab eaḋ é. Nuair a ḃí an cruinniuġaḋ ag sgaipeaḋ agus gaċ aon rud tré n-a ċéile, ḃí Labouchère deiṁniġṫeaċ ná feicfeaḋ sé an súsa breaġ go deó arís. Ṫáinig sé ċun na h-áite 'n-a raiḃ an caráiste. Fuair sé an súsa ann roimis, gan aon níḋ imṫiġṫe air aċ raint daoine ḃeiṫ ag féaċaint air agus ag déanaṁ iongnaḋ ḋé agus 'ġá ráḋ leó féin gur deacair d'aon ḟuaċt dul tríd isteaċ.

“Seaḋ!” arsa Labouchère, “dá mba ṫall i Lúndain, nó i n-aon áit eile sa doṁan, a ṫuitfeaḋ an méid sin amaċ dóṁ-sa, is ró ḃeag an ḃreiṫ a ḃéaḋ agam ar mo ṡúsa d'ḟeisgint arís! Deirim anois, agus déarfad as so amaċ é; isiad muíntir na h-Éirean na daoine is macánta sa doṁan.”

Ċun na beirte, Liam ua Briain agus Seáġan Mandeville, do triail iseaḋ do ṡuiḋ an ċúirt an lá san. Níor ḟreagair aoinne de'n ḃeirt an glaoḋ, níḋ nár ḃ' iongnaḋ. Do ċuir an ċúirt barántas amaċ ċun beirṫe orṫa agus iad do ṫaḃairt ċun láṁa. Do rugaḋ orṫa agus do cuireaḋ isteaċ i bprísún iad. Nuair a ṫáinig an t-am ċuige do tugaḋ go Baile Ṁistéala iad, ċun na cúirte céadna, ċun iad do ṫriail, mar 'ḋ eaḋ. Deirim “mar 'ḋ eaḋ,” mar ḃíos féin ag an gcúirt agus ċonac an “triail,” agus go deiṁin ní raiḃ sa triail aċ “triail mar 'ḋ eaḋ.” Do glaoḋaḋ an cúis. B'é Liam ua Briain an prísúnaċ an lá san. Do glaoḋaḋ finné 'n-a ċoinniḃ. An “peeler” a ṫóg nótaí a ċainte a ḃí mar ḟinné 'n-a ċoinniḃ. D'inis sé a sgéal. Ṫaisbeáin sé an páidéar beag ar ar sgríḃ sé na nótaí.

Tadg ó h-Arractáin[1] a bí mar aturnae ag cosaint an Brianaig.

"Leig dom féacaint ar an bpáipéar san," arsa Tadg.

Do sínead cuige an páipéar. D'féac sé air go géar. Ansan d'féac sé ar an bfinné go géar.

"Ní h-é seo an páipéar ar ar tógais-se na nótaí seo ar dtúis," ar seisean.

"Isiad san na nótaí a tógas," arsa'n finné.

"Tabair dom an páipéar ar ar tógais ar dtúis iad," arsa Tadg. Do stad an finné bocht agus d'féac sé ar aturnae na coróinneac agus suas ar an mbínse.

"Ní'l féacaint ort ac na nótaí tabairt dó," arsa aturnae na coróinneac.

"Ní cuirfid an cás cor eile dé," arsa Tadg, "go dtí go dtabarfar an páipéar eile dóm-sa."

Do lean an t-aigneas ar fead tamaill. Fé deire b' éigean do'n finné bocht a lám a cur isteac 'n-a póca agus a sparán do tabairt amac agus an seana páipéar do tógaint as an sparán agus é sínead anonn cun Taidg. Tóg Tadg an seana páipéar leat-briste agus d'féac sé air agus do léig sé é Cuir sé gaire beag as agus taisbeáin sé an páipéar do'n Brianac. Cuir an Brianac gáire mait láidir as. Cad a cuir ag gáirí iad? Sidé an rud a cuir ag gáirí iad. Bí an páipéar tar éis dul go Baile Áta Cliat agus teact tar n-ais, agus bí órdugad ó'n Rúnaire Mór i mBaile Áta Cliat sgríobta treasna air, .i. "Not to be used." Féac air sin! Órdugad ó Baile Áta Cliat gan aon úsáid a déanam,

[1] Timothy Harrington.

i gcoinniḃ an Ḃrianaiġ, des na nótaiḃ a tógaḋ d'á ċaint nuair a ḃí an ċaint ag teaċt as a ḃéal, aċ úsáid a ḋéanaṁ 'n-a coinniḃ des na nótaiḃ eile úd a cuireaḋ le ċéile 'n-a ḋiaiġ san! Sin dliġ agat! Ar an gcuma san díreaċ a ḃí dliġ Sasana 'á cur i ḃfeiḋm i n-Éirinn gaċ aon lá riaṁ, ó'n lá san i mBaile Ṁistéala, siar ar fad go dtí an lá úd a ċuir Tomás Duḃ Wentworth dliġ Sasana i ḃfeiḋm ar uaisliḃ Conaċt, ní h-eaḋ, aċ siar go dtí an ċéad lá a ṫáinig dliġ Sasana isteaċ i n-oileán na h-Éirean.

An t-é ṁaċtnóċaḋ air is dóiċ liom go dtuigfeaḋ sé nár deineaḋ marḃaḋ daoine riaṁ a ḃí níba ġráinne níba ḋéistiniġe, níba neaṁġátaraiġe, 'ná an marḃaḋ san a deineaḋ i mBaile Ṁistéala an lá san. Ba ṁar a ċéile díreaċ é agus dá dtugtí aġaiḋ ar aonaċ, nó ar pobul Aifrinn, agus tosnuġaḋ ar na daoine do láṁaċ gan ċúis gan aḋḃar. Dá ngaḃtí timpal, mar a raiḃ an tsliġ folaṁ, d'ḟéadfaí fear na nótaí do ċur ar ceann des na caráistiḃ fada ċóṁ luat agus ċuaiḋ aoinne des na cainteóiriḃ suas orta. Dá gcurtí teaċtaireaċt ag triall ar ḟear na caṫaoireaċ 'ġá iaraiḋ go leigfí fear na nótaí suas ann, do ḋéanfaimís go léir sliġ ḋó láiṫreaċ, níḋ náċ iongnaḋ. Cad ċuige go raiḃ caint againn le déanaṁ aċ i dtreó go raġaḋ ár gcaint ċun cinn ag triall ar ṁuintir an riaġaltais? Pé sgéal é, ní raiḃ le déanaṁ aċ cead d'iaraiḋ agus ḃí an cead le fáġail.

Nuair a ḃíos-sa sa Ráṫ, díreaċ nuair a ḃí an ċaismirt ag tosnuġaḋ idir ṫineóntaiṫiḃ agus máiġistiriḃ talṁan, do cuireaḋ tuairisg ċúġam lá, go raiḃ cruinniuġaḋ mór tineóntaiṫe le ḃeiṫ ṫiar i dTulaċ Lias agus 'ġá iaraiḋ orm dul ann. Ċuas

ann. Ḃí cruinniuġaḋ breaġ ann. Nuair a ḃí an obair ag tosnuġaḋ agus na cainteóirí ag dul suas ar an árdán, ċuas féin suas air. Cé ċífinn guala le gualainn liom ar an árdán aċ fear na nótaí. Do h-iaraḋ cead dó agus do fuaraḋ, agus ḃí sé ansúd ṫuas agus gan aon ċur isteaċ ag aoinne 'á ḋéanaṁ air. Ḃí sagart sa ċaṫaoir againn, an t-Aṫair Maitias mac Maṫġaṁna, sagart paróiste an Ḃóṫair Ḃuiḋe, áit atá timpal sé nó seaċt de ṁíltiḃ siar ó Ċeann Tuirc. Ḃí an t-Aṫair Séamus ua Mórḋa 'n-a Ċóadiútor an uair sin i dTulaċ Lias agus is air a ḃí cúram oibre an lae, agus ba ṁait an díol air é. Tá sé 'n-a ṡagart paróiste anso am' aice anois, i Ráṫ Ċormaic, agus 'n-a Ċanónaċ. Ċuir sé gaċ aoinne i n-a áit féin, agus do ġluais an ċaint, do réir úird. Ḋein fear na caṫaoireaċ a ċuid cainte. Ḋein an t-Aṫair Séamus a ċuid cainte, agus ba ṁait agus ba stuamḋa an ċaint a ḋein sé. Níor ṁisde an gnó ḟágaint fé.

Ṫáinig an t-am dom féin ċun mo ċuid cainte ḋéanaṁ. Ḃí fios agam go raiḃ an Ġaeluinn go mait an uair sin ag na daoine a ḃí ag éisteaċt liom, agus i dtreó go mbéaḋ raint spóirt agam ar ḟear na nótaí, a ḃí agam' ġualainn, do ċromas ar mo ċaint a ḋéanaṁ as Gaeluinn. Do las súile na ndaoine go léir láiṫreaċ leis an spórt. Ṫugas fé ndeara gaċ 're ḃféaċaint ag gaċ aoinne 'á ṫaḃairt orm féin agus ar ḟear na nótaí. Diarmuid ab ainim dó, Diarmuid Stringer. Ċomáineas liom ar feaḋ tamaill go dtí go raiḃ na daoine go léir ag sgigeaḋ. Ansan d'iompuiġeas agus d'ḟéaċas ar Ḋiarmuid. Ḃí sé ansúd 'n-a ṡeasaṁ agus a pinsil 'n-a ḃéal aige. Do stadas ag féaċaint air, agus

mé ag gáirí, go dtí go raiḃ na daoine go léir ag faire féaċaint cad 'déasfainn, ansan d'iompuiġeas ċun na ndaoine agus, " Ní deirim," arsa mise, " ná go ḃfuil breall ar Ḋiarmuid." Níor ḟéadas a tuille do ráḋ, d'eiriġ a leiṫéid d'uaill ġáirí. Ṁeasas go dtuitfeaḋ an t-Aṫair Maitias as an gcaṫaoir ṫáinig a leiṫéid sin de ṫriteaṁ gáirí air.

Ḋeineamair ár ngnó agus ní raiḃ lámaċ ná marḃaḋ againn. Ṫug an t-Aṫair Séamus (an Canónaċ anois), tug sé dínnéar breaġ brotalaċ dúinn. Do deineaḋ a lán cainte ag an ndinnéar, leis. Ḃí cuid de'n ċaint feargaċ, feargaċ go maiṫ. Aċ ḃí an ċúil-ḟéiṫ ċóṁ maiṫ san ag an Aṫair Séamus, agus an stuaim ċóṁ daingean san ann, go mbaineaḋ sé an faoḃar de'n ḟeirg i gcóṁnuiġe sar a ḃféadaḋ sí aon díoḃáil a ḋéanaṁ.

Dá ndeintí an gnó i mḃaile Ṁistéala an lá úd mar a deineaḋ i dTulaċ Lias tímpal seaċt mbliana roimis sin, agus mar a deineaḋ i n-a lán áiteana eile i gcaiteaṁ na h-aimsire, ní ḃéaḋ lámaċ ná marḃaḋ ann.

XXX

Ó Ḋún ar Aill go Caisleán Ua Liaṫáin

An faid a ḃíos i nDún ar Aill ṫáinig taom breóiteaċta orm agus ba ró ḋóbair dó mé ḃreiṫ as an saoġal. Ḃíos am' lán neart an lá sar a dtáinig sé orm. Ṫáinig sé orm go h-ana oban, fé mar a taḃarfaí

niṁ do ḋuine. Ḃíos am' luiġe leis ar feaḋ dó nó trí ṡeaċtṁainiḃ. Ansan b'é toil an Tiġearna gur ċuireas díom é. Ḃí doċtúir maiṫ tuisgionaċ de ṁuintir Ríordáin sa tsráid an uair sin, agus ṫug sé aire ṁaiṫ dom. Tá sé tar éis báis, beannaċt Dé le n-a anam !

Níor ṫuigeas an uair sin cad fé ndeár an taom san do ṫeaċt orm, agus mé ċóṁ láidir, ċóṁ deaġ-ṡláinteaċ, díreaċ sar a dtáinig sé orm. Do ṫuigeas 'n-a ḋiaiġ san é go maiṫ.

Tá an Aḃa Ḃeag ag gaḃáil aniar ó Ċill na Mullaċ go Dún ar Aill. Gaḃan sí fé ḋroċad atá ṫuaiḋ ag bun sráide Ḋún ar Aill. Aḃa beag ṡalaċ iseaḋ í. Is isteaċ inti a ṫéiġean salaċar sráide Ċill na Mullaċ agus salaċar na tíre go léir as san soir go Dún ar Aill agus ansan salaċar Ḋún ar Aill féin, i dtreó náċ féidir do 'n uisge gan ḃeiṫ lán de niṁ an tsalaċair sin. Ní ḃíoḋ aon ċoṫrom uisge againn i nDún ar Aill aċ buaċaill agus asal aige agus tubán aige, istiġ i dtrucailín an asail, agus é ag tarang an uisge ċun na ndóirse, ċun na ndaoine, agus na daoine ag díol as an uisge. Ṫógaḋ sé an t-uisge ag an ndroċad, díreaċ mar a raiḃ an salaċar go léir, ó'n sráid, ag dul isteaċ sa n-aḃainn. Ṫéiġeaḋ muintir mo ṫiġe-se agus ṫugaidís uisge búird leó ó ṫobar fíoruisge a ḃí tamall ó'n sráid, mar ḃíoḋ an t-eagal againn roim uisge na h-aḃan. Nuair a ḃí an sgéal ar an gcuma san ba ró ḋeacair gan dearmad a ḋéanaṁ uaireanta, agus uisge na h-aḃan do ċur ar an mbórd agus é ḋ'ól. Pé 'r doman é, do buaileaḋ isteaċ am' aigne-se gur ḃ' é uisge na h-aḃan san a ċuir an taom breóiteaċta orm.

Ḃí sagart paróiste sa tsráid, agus do ṫuig sé

contaḃairt an uisge, agus bíoḋ sé go minic a d'iaraiḋ a ċur ḟéaċaint ar Ḃórd na mḂoċt cotrom uisge do ṫaḃairt isteaċ sa tsráid tré ṗíopaiḃ, ó ṫobar éigin fíoruisge sa ċóṁgaraċt. Aċ do ṫeipeaḋ air. Dá ndéinti é do ċaiṫfeaḋ muintir na cóṁarsanaċta breis ḃeag éigin cánaċ a ḋíol as. Ní ṫoileóċaidís ċuige sin. "An t-uisge a ḃí maiṫ a ndóiṫin dóiḃ riaṁ roimis seo tá sé maiṫ an ndóiṫin dóiḃ anois," adeiridís.

Na daoine gan ċiall! Ba ċóir go dtuigfidís, dá dtagaḋ droċ ḃreóiteaċt sa tsráid, ó ḃeiṫ agċúsáid an uisge sin, go leaṫfaḋ an droċ ḃreóiteaċt ar fuaid na tuaṫa agus ansan go ndíolfaḋ muintir na tuaṫa go daor as an spriúnlaiteaċt.

Cóṁ fada agus téiġean mo ċuiṁne is dóiċ liom gur tar éis mé teaċt ó'n dtaom san a ċuas go Cill Ċaoi go dtí an sáile, agus gur b' é sin uair a ḃuail an Sbáinneaċ úd umam a ṫug dom an laḃairt ceart ar "Don Quixote" .i. "Don Ciocóté"; nó b'ḟéidir gur uair éigin eile é, mar ḃíos cúpla uair eile sa n-áit.

Sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle oċt gcéad ceiṫre fiċid a deiċ, ag déanaṁ amaċ ar ḋeire na bliana, do leaṫ eadrainn an sgéal, go raiḃ an sagart paróiste a ḃí anso i bparóiste Ċaisleáin Ua Liaṫáin, go raiḃ sé ag dul ċun báis. Fuair sé bás i ndeire an ċéad ṁí de 'n ḃliain nua. Beannaċt Dé le n-a anam! Ansan, an deiċṁaḋ lá de'n tarna mí de'n ḃliain míle oċt gcéad ceiṫre fiċid a h-aondéag, do ċuir an t-Easbog leitir ċúġam-sa 'gá ráḋ liom dul am' ṡagart paróiste go paróiste Ċaisleáin Ua Liaṫáin. Táim anso ó ṡin.

XXXI

Obair Ċosanta na Gaeluinne

Is dóiċ liom go rabas dá ḃliain anso nuair a ṫosnuiġ obair na Gaeluinne, dáiríriḃ, i mBaile Áṫa Cliaṫ. Do ṫuigeas ó'n gcaint a ḃí ar siúḃal, agus as na fógraí a ṫagaḋ amaċ, go raiḃ socair ar an nGaeluinn ḃeó a ḃí i mbéalaiḃ na ndaoine do ṡaoṫruġaḋ. Ḃí ḟios agam go dian ṁaiṫ gur mar sin ba ċeart an obair a ḋéanaṁ má ḃí sí le déanaṁ i n-aon ċor. Ḃí leaḃair Eoġain uí Ċaṁraiḋe agam agus an graiméar Gaeluinne do sgríḃ Ua Donaḃáin, agus ḃí ḟios agam ná raiḃ aon ḃreiṫ ag leaḃraiḃ de'n tsórd san ar oireaḋ agus aon lá aṁáin sa mbreis do ċur le saoġal na Gaeluinne. Ḃí ḟios agam gur aḋṁuiġ na fir sin féin ná raiḃ uaṫa aċ oiread agus d'ḟéadfaidís de'n Ġaeluinn a ḃeiṫ socair daingean i leaḃraiḃ acu, i dtreó go mbéaḋ an méid sin di le fáġail ins na leaḃraiḃ sin nuair a stadfaḋ muintir na h-Éirean d' í labairt. Do ċonaic Ua Donaḃáin agus Ua Caṁraiḋe go raiḃ sí ag imṫeaċt, ag imṫeaċt go réiḋ, aċ ag imṫeaċt go deiṁniġteaċ, agus ṫuigeadar go maiṫ ná raiḃ aon ḃreiṫ ag an obair a ḃí acu féin 'á ḋéanaṁ ar aon ċosg do ċur leis an imṫeaċt san.

Tá sé daingean am' aigne, áṁṫaċ, nár ṫuigeadar an díoḃáil a ḃí sa n-imṫeaċt san. Is dóiċ liom gur ṫuigeadar, agus gur ṫuig a lán nár ḃ' iad an uair sin, agus aḃfad 'n-a ḋiaiġ san, gur tairḃe mór a ḋéanfaḋ an t-imṫeaċt. Ḃí cúiseana troma acu féin agus ag daoine eile le n-a ṫuisgint go mbéaḋ tairḃe sa n-imṫeaċt. Na daoine a ḃí beó i n-Éirinn

an uair sin agus gan acu' aċ an Ġaeluinn, is amlaiḋ a ḃí ceangal na gcúig gcaol ar a n-aigne ċóṁ fada agus ċuaiḋ gnóṫaí saoġalta. I n-aon tsaġas gnóṫaí dlíġe, cuir i gcás, ḃí fear an Ḃéarla ábalta ar an nduḃ do ċur 'n-a ġeal orta agus ar an ngeal do ċur 'n-a ḋuḃ orta, agus ní raiḃ aon ċaoi acu ar iad féin do ċosaint. Dá n-innsidís a sgéal féin as Gaeluinn ní tuigfeaḋ aon duine iad, aċ amáin, b'ḟéidir, an fear a ḃéaḋ ceapaiṫe ar an éagcóir a ḋéanaṁ orta. Ḃíoḋ an fear teangan acu, aċ dá mbéaḋ breab glacaiṫe ag an bfear teangan san conus a ḃéaḋ an sgéal acu? Pé taoḃ ó n-a bféaċtí isteaċ an uair sin sa ċuma ar a raiḃ an duine ná raiḃ aon Ḃéarla aige, do ċítí go raiḃ sé i gcruaḋ-ċás go tiubaisteaċ. Siné fé ndeara do Ḋóṁnall ua Conaill a ráḋ gur ḃ' fearr leis go mbéaḋ an Ġaeluinn seaċt míle síos fé uisge na faraige ṫiar. Ċonaic sé os cóṁair a ṡúl an éagcóir uaṫḃásaċ 'á ḋéanaṁ ag fear Ṡasana, coitċianta, ar an Éireanaċ, agus gan ar ċumas an Éireanaiġ aon ḟocal do laḃairt ċun é féin a ċosaint aċ focal ná tuigfí. Dein Dóṁnall ua Conaill féin obair mór ag cosaint na nGaeḋal ar an éagcóir a ḃí 'á ḋéanaṁ orta. Ṫuig sé go h-áluinn ná béaḋ aon ḃreiṫ aige ar an obair sin a ḋéanaṁ mura mbéaḋ an Béarla ḃeiṫ ċóṁ maiṫ aige, agus é ḃeiṫ ábalta ar luċt an Ḃéarla do ṫroid as a gcaint féin, as Béarla.

Níor ċuiṁniġ aoinne ar an dá teangain do ċur ar siúḃal i n-aonḟeaċt. Do ṁeas gaċ aoinne nár ḃaoġal ná go mbéaḋ tuille agus a ḋóitin Gaeluinne ag gaċ Éireanaċ pé cuma 'n-a ngeóḃaḋ an saoġal i dtaoḃ Béarla. Ní raiḃ aċ luċt maċtnaiṁ, mar Ua Caṁraiḋe agus Ua Donaḃáin, a ṫug fé ndeara go

raiḃ an Ġaeluinn ag imteaċt. Níor tugas-sa féin fé ndeara go raiḃ aon ḃaoġal uirti go dtí gur ċuas isteaċ sa ċoláisde, agus go ḃfeaca buaċaillí eiriġte suas agus gan aon ḟocal Gaeluinne acu.

Do tuig luċt maċtnaiṁ, agus luċt faire aimsire, go raiḃ an Ġaeluinn ag imteaċt. Do tuig luċt gnóta poiḃilíḋe, agus luċt cosanta na nGaeḋal ar an ḃfeall a ḃí 'á ḋéanaṁ orta ag muintir an Ḃéarla, do tuigeadar d'á luatact a ḃéaḋ an Ġaeluinn imtiġte agus an Ḃéarla i mbéalaiḃ na n-Éireanaċ go léir gur ḃ' eaḋ ab ḟearr é. Níor tuig aoinne an uair sin an ḋíoḃáil ḃunaiġ a ḋéanfaḋ sé do ċine Gaeḋal an Ġaeluinn d'imteaċt uata; gur ṁar a ċéile ḋóiḃ é agus a nádúr féin d'imteaċt asta amaċ. Níor tuig aoinne an léirsgrios marḃuiġteaċ a ḃéaḋ ḋéanta ar an aigne Ġaeḋlaċ nuair a ḃéaḋ an Ġaeluinn imtiġte, agus gan i gcroiḋe ná i mbéal an Éireanaiġ, ó Ḋoṁnaċ Ḋiaġ go Tiġ Ṁáire, aċ Ḃéarla briste. Caḋ é an tairḃe ḋéanfaḋ saotar Uí Ċaṁraiḋe, nó saotar Uí Ḋonaḃáin, do'n ḋuine ná béaḋ de ċaint 'n-a ḃéal aige aċ Ḃéarla briste, agus ná béaḋ de ṁaċtnaṁ 'n-a ċroiḋe aige aċ an maċtnaṁ a taḃarfaḋ an Ḃéarla briste ḋó? Is ḋóċa gur ṁeas Dóṁnall ua Conaill, dá mbéaḋ an Ġaeluinn seaċt míle fé'n ḃfaraige, agus an Ḃéarla i mbéalaiḃ na n-Éireanaċ go léir, go mbéaḋ an Ḃéarla acu ċóṁ mait agus ḃí sé aige féin. Má ṁeas, do ḋein sé dearṁaḋ. Gan aṁras ḃí Ḃéarla briste go tiuġ i n-Éirinn le linn Ḋóṁnaill uí Ċonaill, agus níor ċuir an Ḃéarla briste sin aon ḋealḃas aigne ar an muintir a ḃí 'ġá laḃairt. Níor ḋein, agus caḋ 'n-a taoḃ nár ḋein? Níor ḋein mar ḃí saiḋḃreas áluinn, uasal, fórleiteadaṁail na Gaeluinne istiġ 'n-a n-aigne acu, laistiġ

de'n Ḃéarla ḃriste. Tá an saiḋḃreas san imṫiġṫe anois ó'n méid de ṁuintir na h-Éirean go ḃfuil an Ġaeluinn imṫiġṫe uata. Tá raint acu do ṫuigean an ċreaċ, agus tá iaraċt acu 'á ḋéanaṁ ar an saiḋḃreas do ċruinniuġaḋ ċúċa airís. Is usa go mór sgaraṁaint le saiḋḃreas 'ná teaċt suas airís leis.

Dá ndeinti an dá teanga do ṡaoṫruġaḋ i n-aonfeaċt ó'n úair a ṫosnuiġ muintir na h-Éirean dáiríriḃ ar an mḂéarla do laḃairt eatarta féin, do ċaḃróċaḋ an dá teanga le n-a ċéile, agus ċuirfidís neart i n-a ċéile agus cruinneas nár ḃ' ḟéidir a ḃeiṫ i n-aon teanga acu 'n-a h-aonar. Níor deineaḋ san. Ḃí a rian air. Nuair a ṁeasg an dá teanga ar a ċéile agus gan saoṫruġaḋ 'á ḋéanaṁ ar aon teangain acu, is aṁlaiḋ a ḃí a lán daoine ag dul amú ins gaċ teangain acu. Siné fé ndeara do Ḋiarmuid ua Muíneaċáin an focal úd do ráḋ,

"Na daoine is lúġa ciall i n-Éirinn
Daoine gan Ḃéarla gan Ġaeluinn!"

Aċ d'airiġeas an ċaint agus na ráflaí, ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ, 'gá ráḋ go raiḃ buiḋean le cur ar bun ċun na Gaeluinne ṡaoṫruġaḋ agus ċun í ċoimeád beó, mar ċóṁráḋ, d'á laḃairt a' béalaiḃ na ndaoine. Ḃí áṫas mór orm nuair airiġeas an méid sin. D'airiġeas, leis, gur sagart óg a ḃí i Maiġ Nuaḋat ba ḃun leis an iaraċt san.

Do ġluais na blianta. Ní gáḋ dóṁ-sa aon ṫuairisg a ṫaḃairt anso ar obair agus ar ċúrsaiḃ na mblianta san. B'ḟéidir áṁtaċ nár ṁisde dom aon focailín aṁáin do ráḋ i dtaoḃ na h-oibre. Do ċonac, ag tosnuġaḋ na h-oibre dúinn, gur ar an aos óg a ḃí

ar seasaṁ i gcóir na h-aimsire a ḃí róṁainn. Ag maċtnaṁ dom air sin do tuigeas am' aigne ná raiḃ aon rud i n-aon ċor againn, i ḃfuirm leaḃair, le cur i láiṁ aon leinḃ ċun na Gaeluinne do ṁúineaḋ dó. As mo ṁaċtnaṁ do ṡocaruiġeas ar leaḃar fé leiṫ do sgrí' d'ár n-aos óg, leaḃar go mbéaḋ caint ann a ḃéaḋ glan ós na loċtaiḃ a ḃí i ḃforṁór cainte na ḃfilí ; leaḃar go mbéaḋ an ċaint ann oireaṁnaċ do'n aos óg, leaḃar go mbéaḋ caint ann a ṫaiṫnfaḋ leis an aos óg. Siné an maċtnaṁ a ċuir ḟéaċaint orm "Séadna" do sgrí'. Do ṫaiṫn an leaḃar le gaċ aoinne, óg agus aosta. Do léiġeaḋ é dos na seandaoine agus do ṫaiṫn sé leó. D'airiġeadar, rud nár airiġeadar riaṁ go dtí san, a gcaint féin ag teaċt amaċ a' leaḃar ċúċa. Do ṫaiṫn sé leis na daoiniḃ óga mar ḃí cosṁalaċt ṁór idir Ġaeluinn an leaḃair sin agus an Ḃéarla a ḃí 'n-a mbéalaiḃ féin.

XXXII

ONÓIR DO'N OBAIR

Do ġluais an aimsir. Do leanas de'n obair. Ḋeaḃróċaḋ an sgéal gur tuigeaḋ gur deineas mo ċion de'n obair maiṫ go leór. Ṫuit rud amaċ sa ḃliain d'aois an Tiġearna míle naoi gcéad a dóḋéag, rud a taisbeáin gur tuigeaḋ ; rud ná tuitfeaḋ amaċ i n-aon ċor mura mbéaḋ gur tuigeaḋ. An tarna

lá ficid d'Abrán na bliana san do ḃronn uaisle caṫaraċ Ḃaile Áṫa Cliaṫ saoirse na caṫaraċ san orm féin agus ar an Ollaṁ Kuno Meyer, mar ġeall ar a raiḃ déanta againn ar son na Gaeluinne. Do ḃronnaḋ an onóir air-sean mar ġeall ar an saoṫar a ḃí déanta aige ar ṡeana Ġaeluinn na h-Éirean, agus do ḃronnaḋ an onóir orm-sa mar ġeall ar an saoṫar a ḃí déanta agam ar son na Gaeluinne atá beó i n-Éirinn fós. Ġaḃamair araon ár mbuiḋeaċas le h-uaisliḃ na caṫaraċ. Le linn a ḃuiḋeaċais féin a ġaḃáil leó do'n Doċtúir Kuno Meyer dúḃairt sé focal a ċur i n-úil dúinn go léir náċ indiu ná indé do ṫosnuiġ sé féin ar ḃeiṫ ag cur suime i neiṫiḃ Gaelaċa. (Do laḃair sé as Béarla.) Tar éis raint cainte do ráḋ dó dúḃairt sé mar seo.

"Dúḃairt mo ṡean-aṫair liom, agus mé am' leanḃ, ṫall i gcaṫair Hamburg, go raiḃ, go deiṁin, caint idir é féin agus Napper Tandy, agus gur rug Napper Tandy 'greim ar láiṁ air,' lom dáiríriḃ, nuair a ḃí sé 'n-a ġarsún. D'inis sé an méid sin dom aḃfaḋ sar ar airiġeas-sa aon tráċt ar 'The Wearing of the Green.'"

Do ṫaisbeáin san go raiḃ báiḋ ag Kuno Meyer, agus agá aṫair, agus agá ṡeanaṫair, le h-Éirinn agus le muintir na h-Éirean, aḃfaḋ sar ar ṫosnuiġ an obair seo na Gaeluinne.

Nuair a ḃí an onóir sin taḃarṫa dúinn ag muintir Ḃaile Áṫa Cliaṫ ċuamair siar go Coláisde Ṗádraig Naoṁṫa i Maiġ Nuaḋat, mar ḃí cuireaḋ fáġalta againn ó Uaċtarán an Ċoláisde, an sagart oirdeirc agus an t-ollaṁ diaḋaċta Monsignor Ua Mainċín, atá anois i n-a Árdeasbog ṫall i Melbourne. Ṫug sé cuireaḋ do ṫriúr againn, do'n Ollaṁ Kuno Meyer

agus do Ḋochtúir Ua h-Aimhirgin agus dómh-sa. Ċuamair siar ó Ḃaile Átha Cliath ar mhótor.

Tar éis an dínnéir do ċruinnig buidhean Ċoluim Cille sa halla mór agus deineamair go léir a lán cainte. Ar an nGaeluinn agus ar gach aon rud a bhain leis an nGaeluinn iseadh deineamair an ċaint.

I gcaitheamh na cainte dúinn agus i gcaitheamh an tráthnóna, do ċuimhnigheas féin go minic ar thuama atá ansúd sa roilig beag lastiar de'n Ċoláisde. Tá cómhra trom iarainn istigh sa tuama san agus táid cnámha duine, cnámha sagairt, istigh sa ċómhrainn sin. Do tugadh an ċómhra san agus an méid atá istigh inti aniar ar fad ó'n dtaobh thiar de'n ċruinne, ó Los Angeles, treasna na mílte míle tíre agus uisge, agus do cuireadh isteach sa tuama san í agus tá sí ann. Isiad cnámha an Athar Eoghan ua Gramhna atá istigh sa ċómhrainn. Tá sé féin thuas i n-aoibhneas na bhflaitheas. Ḃí sé ag féachaint anuas orainn an oíḋche úd, agus bhí áthas air. Ċonaic sé an obair ag dul chun cinn go beó agus go bríoghmhar, tar éis na mblianta go léir, an obair a bhris a shláinte féin agus do shlad an t-anam as i dtosach a shaoghail, an obair dá mbéadh beatha trír aige go dtabharfadh sé an beatha san go léir chun na h-oibre sin do chur chun cinn.

Nuair airigh uaisle cathrach Ċorcaighe an rud a bhí déanta ag uaislibh Ḃaile Átha Cliath tuigeadar gur ċeart dóibh féin rud éigin de'n tsaghas céadna do déanamh. Socaruigheadar ar shaoirse Cathrach Ċorcaighe thabhairt do Ḋochtúir Kuno Meyer agus dom féin. Ċeapadar lá chuige, agus ar ádhbharaí an tsaoghail cad é an lá a ċeapfaidís chuige ach an cúigmhadh lá fichid de Ṁhitheamh an Ḟóghmhair, .i. lá

Ḃarra Naoṁṫa, lá naoiṁ an Ġuagáin, an naoṁ go ḃfuil caṫair Ċorcaiġe ar a comairce.

Ní raiḃ aon ċoinne agam-sa go ḃfeicfinn an raḋarc a ċonac an lá san. Nuair a ṫánag féin agus Kuno Meyer amaċ as an dtraen i gCorcaiġ ḃí mór-ṡluaġ leanḃ ann ag cur fáilte róṁainn. Do ġaḃadar aṁrán dúinn, aṁrán Gaeluinne, aṁrán a ċúm an t-Aiṁirgineaċ dóiḃ. Ḃí Maor na Caṫaraċ ann agus caráiste aige dúinn ċun sinn a ḃreiṫ go dtí halla na Caṫaraċ. Ḃí gárda luċt airm 'ġár dtionnlacan, róṁainn amaċ agus i n-ár ndiaiġ agus ar gaċ taoḃ de'n ċaráiste, agus iad gléasta i n-arm 's i n-éide do réir mar a ḃíoḋ a leiṫéidí i n-aimsir Ċúċulainn. Nuair a ċonac iad do ċuiṁniġeas ar lá a ḃíos i gCorcaiġ, suas le deiċ mbliana fiċid ó ṡin. Ḃí toirmeasg na talṁan ar siúḃal ar buile an uair ċéadna. Ṫáinig an [1]t-Iarla Ruaḋ go Corcaiġ mar 'ḋ eaḋ ċun sgeóin a ċur ionainn go léir, agus smaċt do ċur orainn. Ċonac é ag teaċt amaċ as an dtraen. Ḃí gárda luċt airm ar an láṫair roimis, ċun é ċosaint orainne, mar 'ḋ eaḋ. Ċuiṁniġeas ar an Iarla Ruaḋ san nuair ḟéaċas am' ṫimpal agus ċonac mo ġárda féin.

"Dar fiaḋ," arsa mise am' aigne, "aċ is fearr an gárda atá agam-sa indiu 'ná an gárda a ḃí ag an Iarla Ruaḋ an lá úd!"

Ċuamair tríd an gcaṫair; anonn treasna an droċaid móir; siar go dtí an tsráid mór leaṫan úd mar a mbíoḋ an "Capall Buiḋe" fadó; soir airís agus anonn treasna an droċaid eile; go dtí halla na Caṫaraċ. I gcaiṫeaṁ na sliġe sin go léir

1 Earl Spencer

ḃí na daoine, óg agus aosta, brúiġte ar a ċéile ar gaċ taoḃ dínn, agus iad ag liúiriġ agus ag greadaḋ na mbas ag cur fáilte rómainn. Nuair a ċuamair isteaċ sa halla mór ḃí na daoine bailiġte istiġ ann. Ḃí sé lán, ċóṁ lán agus nár ḃ' ḟéidir d'á ṫuille dul isteaċ ann. Ḋeineamair caint ansan agus do deineaḋ caint linn, agus ḃí iongnaḋ ár gcroiḋe orainn araon a ḟeaḃas do laḃair na buaċaillí óga an Ġaeluinn linn.

Measaim náċ misde ḋom stad anso, agus a ráḋ, mar adeireaḋ luċt sgéalaiḋeaċta i n-Éirinn fadó :

Gonaḋ é sin mo sgéal-sa go nuige sin.

Déanta agus clóḃuailte i nÉirinn le Ḃrún ⁊ Ó Nualláin, Teór.
An Cló Richview, Cluain Sceaċ.

LIBRARY
UNIVERSITY
OF TORONTO
19 AUG 1976

B.11

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY